




Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Banc Ceannais na hÉireann **Tuarascáil Bhliantúil 2022 & Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2022 -2023**



Clár

Réamhrá ón nGobharnóir	4
Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2022 & Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2022-2023	8
Caibidil 1: Ár Straitéis 2022-2026	10
Caibidil 2: Ár gCuid Freagrachtaí a Chomhlíonadh.....	14
Cobhsaíocht Praghsanna	14
Cobhsaíocht Airgeadais.....	16
Réiteach	20
Córais Íocaíochta agus Airgeadra.....	23
Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh.....	27
Rialáil agus Maoirseacht Airgeadais.....	29
Caibidil 3: Ag Tacú lenár nEagraíocht	53
Caibidil 4: Ár dTosaíochtaí don bhliain 2023.....	68
Caibidil 5: Ráiteas Iniúcháireachta Inmheánaí.....	74
Cuid 2: Oibríochtaí Airgeadais.....	77
Torthaí Airgeadais don bhliain 2022.....	77
Ráiteas Cuntas Bhanc Ceannais na hÉireann.....	82
Tuarascáil Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin.....	83
Ráiteas ar Rialú Inmheánach.....	91
Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022.....	101
Clár Comhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2022.....	102
Nótaí a ghabhann leis na Cuntais.....	104

Cé muid féin, cad a dhéanaimid, & conas a dhéanaimid é.

Is muidne **banc ceannais na hÉireann** agus táimid freagrach as cobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimeád ar bun agus as a chinntiú go mbíonn an córas airgeadais ag obair ar mhaithe le leas an phobail.

Táimid mar chuid d'aontais airgeadaíochta agus baincéireachta na hEorpa, agus den líonra domhanda rialtóirí airgeadais.

Tá **cosaint daoine** i gcroílár gach a ndéanaimid. Cuirimid anailís, staidreamh agus tráchtas eacnamaíoch ar fáil mar bhonn eolais do chinntí a bhaineann le riachtanais na tíre. Socraímid caighdeáin chun tomhaltóirí a chosaint, agus déanaimid rialáil agus maoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus ar mhargaí, agus glacaimid gníomh forfheidhmiúcháin nuair is gá dúinn. Táimid freagrach as córais íocaíochta na hÉireann agus as airgeadra na tíre a sholáthar.

Is í **an fhís atá againn** go mbeidh muinín ag an bpobal asainn, go mbeidh meas ag ár bpiaraí orainn agus go mbeidh ionad oibre sásúil ann dár bhfoireann. Bímid ag obair go dlúth le daoine ar fud na hÉireann mar aon le comhghleacaithe ar fud na hEorpa, agus ar fud an domhain, chun ár misean a bhaint amach.

Creidimid go diongbháilte i bhfeidhmíocht an Bhainc agus i bhfoireann an Bhainc agus **tá an-dóchas againn astu**. Bímid ag gníomhú ar bhealach inbhuanaithe. Táimid tiomanta don éagsúlacht agus don ionchuimsiú chun muid a neartú mar dhaoine agus mar eagraíocht. Déanaimid mionanailís ar na sonraí is fearr atá ar fáil. Creidimid sa rannpháirtíocht agus i gcumarsáid oscailte, shoiléir, rialta.

Tá **ár luachanna** mar bhonn taca faoin gcaoi ina mbímid ag plé lena chéile agus léiríonn siad na spriocanna atá againn, dúinn féin agus don phobal:



Ionracas agus bá, sa chaoi go ndéanaimid an rud ceart, go ndéanaimid beart de réir ár mbriathair agus go mbeidh bá againn le daoine;



Misneach agus umhlaíocht, sa chaoi go mbeimid diongbháilte i mbun gnímh, go mbeimid ullamh chun dul i mbun nuálaíochta agus athraithe agus go mbeimid sásta i gcónaí éisteacht agus foghlaim;



Obair foirne agus sármhaitheas, sa chaoi go mbainfidimid torthaí d'ardchaighdeán amach trí leas a bhaint as ár mbuanna coiteanna, trí dhearcthaí éagsúla a chur san áireamh agus trí iarracht a dhéanamh forghníomhú dea-rialaithe a bhaint amach.

Creidimid go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh banc ceannais neamhspleách ann a bheidh trédhearcach, cuntasach agus nasctha le gach réimse beartais phoiblí, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Ár bpríomhaidhm i gcónaí is ea **leas mhuintir na hÉireann**.

Is muidne **Banc Ceannais na hÉireann**.



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Ár Misean



Déanaimid freastal ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choinneáil agus trína chinntiú ag an am céanna go n-oibríonn an córas airgeadais ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus an gheilleagair i gcoitinne.

Ár bhFís



Aon Bhanc Amháin: Muinín ag an bPobal asainn, Meas ag ár bPiaráí orainn, agus Ionad Oibre Sásúil dár bhFoireann.

Ár bhFeidhmeanna Reachtúla



Cobhsaíocht Airgeadais

Cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine.



Rialáil Airgeadais

Rialáil chuí éifeachtach soláthraithe seirbhíse airgeadais agus margaí, á chinntiú lena linn sin go ndéantar leasanna tomhaltóirí seirbhísí airgeadais a chosaint.



Cobhsaíocht Praghsanna

Mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais, tá sé mar phríomhchuspóir ag an mBanc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.



Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra

Oibriú éifeachtach agus éifeachtúil córas íocaíochta agus socraíochta.



Réiteach

Deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa, i ngnólaigh infheistíochta agus i gcomhair chreidmheasa áirithe a réiteach.



Anailís agus Staidreamh Eacnamaíoch

Anailís agus tráchttaireacht a chur ar fáil chun tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch.

Réamhrá ón nGobharnóir



Ag féachaint siar ar an mbliain 2022, tá mé sásta leis an dul chun cinn atá déanta againn maidir le bheith ag cur lenár bhfocal i ndáil lenár sainordú (de réir ár straitéise nua) le linn bliain arbh iomaí dua a bhain léi. Bhí dúshlán eacnamaíocha éagsúla romhainn, lena n-áirítear cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus a muintire nach raibh cúis leis, an ghéarchéim fuinnimh, boilsciú a bhí ag ardú, staid margáí saothair agus slabhraí soláthair, agus tionchar chur chuige na Síne i leith an phaindéim a bhainistiú. Bhain turraingí boilscitheacha preab asainn go mion minic i gcaitheamh na bliana, turraingí a bhí á spreagadh go príomha ag an gcur isteach ar an slabhra soláthair de dheasca na paindéime, agus ag an éileamh láidir a bhí ann nuair a maolaíodh na srianta, chomh maith le harduithe géara ar phraghsanna fuinnimh agus bia mar gheall ar ionsaí na Rúise.

Agus muid ag déileáil le héiginnteacht den sórt sin, cuireann an Banc Ceannais béim ar an tábhacht a bhaineann le bheith réamhbreathnaitheach agus sofhreagrúil sa chur chuige atá againn, chun a chinntiú go mbeidh muid in ann gluaiseacht go mear nuair a thiocfaidh dúshlán nua chun cinn, agus muid ag obair i gcomhar lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta agus le páirtithe leasmhara eile. B'ionann 2022 agus an chéad bhliain a rabhamar ag cur lenár bhfocal maidir le straitéis nua an Bhainc Ceannais, ina leagtar amach treo uailmhianach iontach don Bhanc Ceannais. Múnlaítear an treo sin ag castacht na timpeallachta ina mbímid ag feidhmiú, castacht a bhíonn ag síorathrú, mar aon leis na dúshlán eagraíochta riachtanacha a theastaíonn lena chinntiú go leanfaimid dár misean a chomhlíonadh, anois agus sa mheántéarma araon. Le ceithre théama nasctha na Straitéise - dírithe ar an todhchaí, oscailte & rannpháirteach, bunathrú agus cosaint - déantar athnuachan agus athshuíomh lena chinntiú go mbeidh treo agus uailmhianta an Bhainc Ceannais freagrúil agus réamhbhreathnaitheach araon.

Gníomhóidh an Banc Ceannais ar mhaithe le leas an phobail i gcónaí, beag beann ar na dúshlán a bheidh romhainn. Tá leas an phobail i gcoitinne i gcroílár obair an Bhainc Ceannais. Téann cumais, saineolas agus gairmiúlacht fhostaithe an Bhainc Ceannais chun tairbhe dúinn gach uile lá lena chinntiú go ndéanfaimid beart de réir ár mbriathair maidir leis an sainordú atá againn.

Sonraítear sa Tuarascáil Bhliantúil & Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil seo cuid de phríomhéachtaí an Bhainc Ceannais an bhliain seo caite, lena n-áirítear tabhairt chun críche an Athbhreithnithe ar Chreat na mBeart Morgáiste, ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara a neartú trí chreat níos struchtúrtha a chur i ngníomh, seoladh athbhreithniú an Bhainc Ceannais ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí, na fiosrúcháin ar ghnólachtaí a bhí ag plé le morgáistí rianúcháin a thabhairt chun críche, rialacha nua macrastuamachta i leith cistí réadmhaoina a thabhairt isteach, an obair a rinneamar chun athléimneacht gnólachtaí i ndáil le rioscaí a bhain leis an aeráid agus rioscaí aistrithe a neartú, agus an ghluaiseacht chuig obair hibride agus cur ar fáil champas cheantar na ndugaí, an campas comhtháite atá againn.

Beidh dúshlán chomh mór céanna i gceist i mbliana agus a bhí anuraidh, mar gheall ar an timpeallacht macra-airgeadais agus na dúshlán leanúnacha a eascraíonn ó chogadh na Rúise agus an t-athrú atá ag teacht ar chaidrimh dhomhanda eacnamaíoch thar aon ní eile. Beidh an Banc Ceannais dírithe i gcónaí ar a chinntiú go bhfeidhmeoidh an córas airgeadais chun tacú leis an ngeilleagar agus le leasanna na dtomhaltóirí. Áireofar ar phríomhghníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais cur i bhfeidhm éifeachtach bheartas airgeadaíochta an Bhainc Ceannais Eorpaigh d'fhonn cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach, an t-athbhreithniú atá á dhéanamh againn ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí a thabhairt chun críche, leanúint de ról ceannaireachta a bheith againn i bhforbairt beartais dhomhanda maidir le rialáil cistí, athbhreithniú ar Mhol Nuálaíochta an Bhainc Ceannais a sheoladh agus córas nua an Chreata Cuntasachta Aonair a thabhairt isteach.

Go bunúsach, is iad fostaithe an Bhainc Ceannais bunús an Bhainc, agus is iad luachanna an Bhainc Ceannais - ionracas agus aire, misneach agus umhlaíocht, obair foirne agus barr feabhais - a bheidh mar threoir againn agus muid ag dul tríd an tréimhse seo d'athruithe agus de dhúshlán. Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil & Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil seo an méid a bhain fostaithe an Bhainc Ceannais amach in 2022 agus, thar ceann an Choimisiúin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas agus a ndúthracht i leith leas an phobail agus leas na tíre i gcoitinne.

Gabriel Makhlouf
An Gobharnóir
28 Aibreán 2023

Coimisiún an Bhainc Ceannais (amhail an 31 Nollaig 2022)



Gabriel Makhoul*
Gobharnóir an
Bhainc Ceannais
(Cathaoirleach)



Patricia Byron
Athcheaptha
Eanáir 2019 go
ceann 5 bliana



Shay Cody
Ceaptha
Nollaig 2020 go ceann
5 bliana




Sharon Donnery*
Leas-Ghobharnóir
Rialáil Airgeadais



John Hogan*
Ard-Rúnaí
na Roinne
Airgeadais




Sarah Keane
Ceaptha
Nollaig 2020 go ceann
5 bliana




Vasileios Madouros*
Leas-Ghobharnóir
Cobhsaíocht Airgeadais
agus Airgeadaíochta




David Miles
Ceaptha
Nollaig 2020 go ceann 5
bliana



Niamh Moloney
Ceaptha
MF 2018 go ceann 5
bliana



John Trethowan
Ceaptha
MF 2018 go ceann 5
bliana



Neil Whoriskey
Rúnaí
an Bhainc Ceannais

* Comhalta ex-officio

Is é an tAire Airgeadais a cheapann gach comhalta eile den Choimisiún


Coiste Ceannaireachta Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais (amhail an 31 Nollaig 2022)




Gabriel Makhoul
Gobharnóir an
Bhainc Ceannais
(Cathaoirleach)



Sharon Donnery
Leas-Ghobharnóir
Rialáil Airgeadais



Vasileios Madouros
Leas-Ghobharnóir
Cobhsaíocht Airgeadais
agus Airgeadaíochta



Gerry Quinn
An Príomh-Oifigeach
um Bunathrú




Derville Rowland
Leas-Ghobharnóir
Cosaint Tomhaltóirí
agus Infheisteoirí

Cuid 1:

Tuarascáil Bhliantúil
2022

&


Ráiteas Feidhmíochta
Bliantúil 2022-2023



Cuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2022 & Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2022-2023

2022: Sracfhéachaint ar Gheilleagar na hÉireann


Boilsciú HICP na hÉireann



Foinse: Eurostat

Nóta: HICP - Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí


Glanfhiúchas Teaghlach



Foinse: Banc Ceannais na hÉireann


Nóta eolais: Is ionann na sonraí do 2022 agus an meán do na chéad 3 ráithe de 2022

Gníomhaíocht Réadach i nGeilleagar na hÉireann



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)


Rátaí Athraithe Bliantúla Dheireadh Bliana ar Iasachtú



Foinse: Banc Ceannais na hÉireann

Nóta eolais: Tá rátaí fáis bunaithe ar idirbhearta bunúsacha, i.e., tar éis coigeartú a dhéanamh do laghdúithe, d'urrúsú, agus d'aistríthe chuig GNBS, etc. Léiríonn rátaí fáis teaghlach iarmhéideanna laistigh den chlár comhardaithe agus iarmhéideanna urraithe araon.


Fiachas na hÉarnála Príobháidí i leith OIN*



Foinse: Banc Ceannais na hÉireann

Nóta eolais: Is ionann na sonraí do 2022 agus an meán do chéad 3 ráithe de 2022. Folaíonn fiachas na hearnála príobháidí earnáil na bhfiontar ilnáisiúnta (FINanna) in Éirinn.

Ráta Dífhostaíochta




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)

Nóta: Ráta dífhostaíochta ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS)

Caibidil 1:

Ár Straitéis 2022-2026



Caibidil 1:


Ár Straitéis 2022-2026

B'ionann 2022 agus an chéad bhliain a rabhamar ag cur [Ár Straitéis 2022 - 2026](#) i ngníomh. In Ár Straitéis, leagtar amach treo nua uaillmhianach iontach don Bhanc Ceannais. Múnlaítear an treo sin ag castacht na timpeallachta ina mbímid ag feidhmiú, castacht a bhíonn ag síorathrú, mar aon leis na dúshláin eagraíochta riachtanacha a theastaíonn lena chinntiú go leanfaimid dár misean a chomhlíonadh, anois agus sa mheántearma araon. Sa bhliain 2022, le tiomantas fhostaithe an Bhainc Ceannais, tá na chéad chéimeanna riachtanacha glactha againn i dtreo na huaillmhianta in Ár Straitéis a bhaint amach.

Nuair a leagadh amach Ár Straitéis, rinneamar machnamh ar na tosca ar fad a bhfuil seans láidir ann go múnlóidís an timpeallacht oibre atá ann faoi láthair agus an timpeallacht oibre atá ag teacht chun cinn. Áirítear orthu sin, go suntasach, cineál agus fairsinge na bhforbairtí maidir le hearnáil na seirbhísí airgeadais, impleachtaí an athraithe aeráide, caidrimh trádála dhomhanda agus patrúin fáis eacnamaíocha atá ag athrú, agus eabhlóid na coireachta airgeadais agus na cibearchoireachta. Rinneamar teagmháil le réimse leathan páirtithe leasmhara freisin chun a gcuid tuairimí a fháil ar an ról atá againn agus ar an gcaoi ina bhféadfaidís sin eolas a dhéanamh dár gcuid tosaíochtaí straitéiseacha.

Leis na spreagthaí seo i dteannta a chéile, agus le spreagthaí eile nach iad, sainaitníodh treo straitéiseach an bhainc, mar a leagtar amach é faoi cheithre théama nasctha Ár Straitéise: **Dírithe ar an Todhchaí, Oscailte & Rannpháirteach, Bunathrú** agus **Cosaint**. Le linn na bliana 2022, chonaiceamar chuid de na spreagthaí sin ag dul i ndéine agus ag titim amach trí fhorbairtí casta seachtracha éagsúla, lena n-áirítear teannas geopholaitiula ardaithe ag eascairt as cogadh na Rúise san Úcráin agus bogadh suntasach i gcoinníollacha macra-airgeadais a raibh tionchar aige ar staid an bheartais airgeadaíochta. Bhí impleachtaí fairsinge aige sin don gheilleagar, don earnáil airgeadais agus dár gcuid tosaíochtaí rialála.

Sa chéad bhliain dár Straitéis, tá dul chun cinn déanta ag an mBanc Ceannais ar an obair is gá a dhéanamh chun a bheith Dírithe ar an Todhchaí, Oscailte & Rannpháirteach agus chun Bunathrú, fad atá sé meáite fós ar an gcóras airgeadais agus leas an phobail i gcoitinne a Chosaint.



Ceithre théama nasctha Ár Straitéise:

Dírithe ar an Todhchaí, Oscailte & Rannpháirteach, Bunathrú agus Cosaint

Ár dTéamaí Straitéiseacha

Dírithe ar an Todhchaí

Tá sé riachtanach go mbeidh an Banc Ceannais Dírithe ar an Todhchaí chun go mbeidh sé ábalta tuiscint níos fearr a fháil ar na hathruithe forleathana atá ag tarlú sa tionscal seirbhísí airgeadais, na hathruithe sin a thuar agus é féin a oiriúnú chun dul i ngleic leo, agus béim ar leith á leagan ar nuálaíocht teicneolaíochta, ar an aistriú aeráide, ar athrú geopholaitiúil, agus ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn i gcomhthéacs phaindéim COVID-19.

In 2022, rinneamar dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar impleachtaí an athraithe aeráide agus an aistrithe go neodracht charbóin don gheilleagar agus don chóras airgeadais, chomh maith le hathléimneacht gnólachtaí i leith rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus leis an aistriú a threisiú tríd an gcur chuige maoirseachta atá againn a fheabhsú. Leanamar de bheith ag pleanáil don ról a bheidh ag airgead tirim agus íocaíochtaí leictreonacha amach anseo freisin.

Oscailte & Rannpháirteach

Trína bheith Oscailte & Rannpháirteach, tá béim á leagan againn ar an tosaíocht ríthábhachtach atá ag an mBanc Ceannais chun cluas éisteachta a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara, agus chun idirphlé agus foghlaim a chothú, sa chaoi gur féidir linn cur leis an muinín atá sa chóras airgeadais agus chun tuiscint níos fearr ar ról an Bhainc Ceannais a chothú.

Le linn na bliana 2022, d'oibríomar chun an bhaint atá againn le páirtithe leasmhara a neartú trí chreat níos struchtúrtha a chur i ngníomh, lena n-áirítear Comhdháil tionscnaimh an Bhainc Ceannais ar an gCóras Airgeadais, trínar tugadh le chéile páirtithe leasmhara as Éirinn agus as gach cearn den Aontas Eorpach chun plé agus díospóireacht a dhéanamh ar na mórspreagthaí atá ag múnú an chórais airgeadais.

Bunathrú

Le Bunathrú, teastaíonn uainn athshamhlú uailmhianach a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an eagraíocht, le béim ar leith ar éifeachtacht agus ar sholúbthacht bhreise, faoi shamhail nua hibrideach oibre. Chuige sin, tá ról lárnach ag sonraí agus ag an teicneolaíocht chun próisis éifeachtacha, éifeachtúla a spreagadh agus chun tacú le baill foirne a gcúraimí a bhaint amach.

Príomhréimse fócais sa bhliain 2022 ab ea dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis an gclár atá againn chun úsáid sonraí agus anailísíochta a fheabhsú. D'aistríomar freisin chuig an samhail Future@Work atá againn, agus thugamar cur i bhfeidhm ár gcampaís chomhtháite i gceantar na ndugaí chun críche.

Cosaint

Le Cosaint, léirítear ár dtiomantas diongbháilte chun ceapadh, cur chun feidhme agus oibriú ár gcreataí lárnacha beartas agus maoirseachta a neartú. Is trí na creataí seo a bhainimid ár bhfeidhmeanna reachtúla amach.

Le linn na bliana 2022, leanamar dár bpríomh-shainordú a fhorbairt tríd an Athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí a sheoladh. Thugamar chun críche gach fiosrúchán ar ghnólachtaí a bhí ag plé le morgáistí rianúcháin agus chríochnaíomar an tAthbhreithniú ar Chreat na mBeart Morgáiste. Thugamar isteach rialacha nua macrastuamachta i leith cistí réadmhaoine freisin.


D'fhone spriocthorthaí Ár Straitéise a bhaint amach, éilítear orainn leanúint dár gcuid acmhainní, rioscaí agus tosaíochtaí a bhainistiú de réir mar atáimid ag déanamh ár mbealaigh tríd an gcomhthéacs casta síorathraitheach ina mbímid ag obair. Sa bhliain 2022, mar aon le bheith ag díriú ar réimsí fócais straitéisigh ar leith, rinneamar dul chun cinn ar obair a bhaineann le cúig réimse tosaíochta laistigh den Bhanc Ceannais, ina bhfuiltear ag féachaint le hathruithe a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

1. An bealach a ndéanaimid rialú agus maoirseacht ar ghnólachtaí seirbhísí airgeadais agus ar an gcóras airgeadais, a bhfuil sé mar aidhm leis sin comhtháthú, éifeachtacht agus inscálaitheacht níos fearr a bhaint amach dár sainordú atá ag méadú in éiceachóras airgeadais atá ag athrú go gasta.
2. An bealach a mbainimid leas as taighde, anailís agus staidreamh, d'fhone an chríochnúlacht anailíseach atá mar bhonn faoinár seasamh beartais, cinntí agus bearta a neartú ar fud réimse shainordú an Bhainc Ceannais, agus an comhoibriú le taighdeoirí seachtracha a fheabhsú ag an am céanna, chun go mbeidh teacht níos éasca ag an bpobal ar na sonraí agus an anailís atá againn.
3. An bealach a n-eagraímid príomhghnéithe den Bhanc Ceannais, go háirithe feabhas a chur ar leagan amach tosaíochtaí, cinnteoireacht, feidhmíocht eagraíochta agus ar shannadh agus úsáid tallainne agus acmhainní.
4. An bealach a gcothaímid rannpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha, a bhfuil sé mar aidhm leis sin iontaoibh a chothú agus éifeachtacht a léiriú trí theagmháil oscailte fhollasach a dhéanamh le páirtithe leasmhara, tuiscint an phobail ar a ndéanaimid agus ar an bhfáth a ndéanaimid é a threisiú, teagmháil éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara i dtíortha eile agus, trí bheith ag éisteacht, cinntí a dhéanamh a mbeadh tuairimí páirtithe leasmhara mar bhonn eolais fúthu.
5. An bealach a gcuirimid athrú straitéiseach i ngníomh, a bhfuil sé mar aidhm leis sin mórchumas athraithe eagraíochta a fheabhsú.

Trí thús áite a thabhairt do na réimsí fócais seo, is é an aidhm atá againn a chinntiú go mbeidh leas maith á bhaint againn as na hinfheistíochtaí in athruithe atá déanta againn agus go mbeidh samhail inbhuanaithe i bhfeidhm againn chun torthaí níos fadtéarmaí Ár Straitéise a bhaint amach.

Caibidil 2:

Ár gCuid Freagrachtaí a
Chomhlíonadh



Caibidil 2:

Ár gCuid Freagrachtaí a Chomhlíonadh

Cobhsaíocht Praghsanna

I rith na bliana, chuir an Banc Ceannais go gníomhach le ceapadh beartais airgeadaíochta agus le cinnteoireacht san Eurochóras trí chomhaltas an Ghobharnóra ar Chomhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus trí rannpháirtíocht ghníomhach ball foirne sinsearach i gcoistí ábhartha an Eurochórais.

Cinntí Beartais Airgeadaíochta

Tháinig athrú ó bhonn ar thimpeallacht an bheartais airgeadaíochta le linn na bliana 2022. Bhí baint ag an gcogadh san Úcráin agus athoscailt an gheilleagair de réir mar a mhaolaigh an phaindéim le rátaí boilscithe níos airde ar fud an domhain. Praghsanna fuinnimh agus pragsanna bia ba mhó ba chúis leis an ardú ar bhoilsciú príomha, pragsanna a chuaigh in airde go mór tar éis thús chogadh na Rúise san Úcráin i mí Feabhra. Bhí brúnna pragsanna breise i gceist de thoradh scrogaill soláthair i gcomhthéacs éileamh a bhí ag ardú arís tráth a maolaíodh srianta na paindéime. B'ionann an ráta boilscithe sa limistéar euro in 2022 agus 8.4% ar an meán, méadú suntasach ó 2.6% in 2021. Mar fhreagairt ar dhinimic bhoilscitheach a bhí ag ardú, rinne Comhairle Rialaithe BCE coigeartú ar a bearta beartais airgeadaíochta arís agus arís eile lena chinntiú go bhfillfeadh ráta boilscithe an limistéir euro go pras ar sprioc 2% sa mheántearma, i gcomhréir lena shainordú chun féachaint le cobhsaíocht pragsanna a bhaint amach.

Ag a céad chruinniú den bhliain, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Rialaithe a cinneadh (Nollaig 2021) chun deireadh a chur le glancheannacháin sócmhainní faoin gClár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paindéime (PEPP) faoi dheireadh mhí Márta 2022.¹ Le hathinfheistiú leanúnach solúbtha PEPP, i dteannta na hlonstraime Cosanta Tarchurtha a tugadh isteach i mí Iúil 2022 - ar féidir í a ghníomhachtú chun cur i gcoinne dinimic mhí-ordúil gan údar sa mhargadh atá ina bagairt thromchúiseach do tharchur beartais airgeadaíochta ar fud an limistéir euro - cuirfear ar chumas na Comhairle Rialaithe seasamh lena focal i ndáil lena sainordú cobhsaíochta pragsanna ar bhealach níos éifeachtaí.

Mar fhreagairt ar an mborradh forleathan leanúnach faoi bhoilsciú le linn na bliana 2022, d'ardaigh gach mórbhanc ceannais ar fud an domhain na rátaí beartais a bhí aige. I mí Iúil 2022, thosaigh Comhairle Rialaithe BCE ag ardú phríomhrátaí boilscithe BCE. Ó shin i leith, tá méadú 350 bonnphointe carnach tagtha ar na rátaí, sa chaoi gurb ionann ráta na saoráide taise agus 3% (i ndiaidh an chinnidh is déanaí ón gComhairle Rialaithe i mí an Mhárta 2023). Is ionann ráta na saoráide taise agus an phríomhuirlis chun staid an bheartais airgeadaíochta a threorú, i gcomhthéacs na ndálaí reatha na róleachtachta fairsinge. Tá Comhairle Rialaithe

¹ Fógraíodh deireadh na nglancheannachán sócmhainní faoin gClár Ceannaithe Sócmhainní (CCS) i mí an Mheithimh 2022.

BCE fós ag rá go dteastaíonn cur chuige solúbtha céimseach atá ag brath ar shonraí i leith beartas airgeadaíochta a normalú mar gheall ar an éiginnteacht mhór atá mar chomhartha sóirt den timpeallacht mhaicreacnamaíoch gheopholaitiúil reatha.

Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta an Eurochórais

I gcaitheamh na bliana 2022, lean BCE den phróiseas chun beartas airgeadaíochta a normalú, próiseas ar cuireadh tús leis i mí Nollag 2021. D'éirigh leis an Eurochóras laghdú céimseach a dhéanamh ar ghlancheannacháin sócmhainní gan aon deacracht faoi PEPP agus APP, agus tháinig deireadh le glancheannacháin sócmhainní i mí an Mhárta 2022 agus i mí an Mheithimh 2022 faoi seach, agus rinneadh príomhíocaíochtaí ó urrúis a bhí ag teacht in aibíocht agus a ceannaíodh faoin dá chlár a athinfeistiú ina dhiaidh sin. Sa chás go dtarlódh ilroinnt an mhargaidh arís ar fháthanna a bhainfeadh leis an bpaindéim, d'fhéadfaí athinfeistíochtaí PEPP a choigeartú go solúbtha de réir ama, aicme sócmhainne agus dlínsí.

Mar aon leis sin, rinne an tEurochóras coinníollacha an tríú sraith d'oibríochtaí athmhaoinithe spriocdhírithe fadtéarmacha (OASFna) a chalabhrú arís d'fhonn comhsheasmhacht leis an bpróiseas níos leithne maidir le normalú beartais airgeadaíochta a chinntiú agus chun tarchur na méaduithe ar rátaí beartais chuig coinníollacha iasachtaithe bainc a threisiú. Tugadh isteach trí dháta dheonacha le haghaidh aisíocaíochtaí luath a dhéanamh ar mhaithe le bainc ar mhian leo deireadh a chur le hiasachtaí nó iasachtaí a laghdú sula dtiocfaidís in aibíocht. B'ionann glanéifeacht leachtachta na n-oibríochtaí aisíocaíochta sa bhliain 2022 agus laghdú €826.1bn ar iasachtú fadtéarmach spriocdhírithe an Eurochórais go €1,317.6bn amhail ag deireadh mhí na Nollag 2022.

D'fhan úsáid na bpríomhoibríochtaí athmhaoinithe seachtainiúla agus na n-oibríochtaí athmhaoinithe fadtéarmacha trí mhí ag na leibhéil b'ísle riamh i rith na bliana, nó gar dóibh. Leanadh de bhuanoibríocht seacht lá le haghaidh dhollar na Stát Aontaithe a chur i bhfeidhm ar bhonn seachtainiúil, cé nach raibh mórán rannpháirtíochta inti mar gheall ar an bhfeabhsú leanúnach ar dhálaí maoinithe dhollar na Stát Aontaithe. Ar deireadh, tháinig trí oibríocht athmhaoinithe fadtéarmacha le haghaidh éigeandáil na paidéime (PELTROna) a rinne an tEurochóras le linn na bliana 2021 in aibíocht sa bhliain 2022, agus leis sin, laghdaíodh iasachtaí PELTRO gan íoc ó €2.3bn go dtí €1.1bn ag deireadh mhí na Nollag 2022.

De thoradh an phróisis maidir le normalú beartais airgeadaíochta, tháinig laghdú ar an róleachtacht ar fud an Eurochórais le linn 2022, agus laghdaigh sé ó €4,136.3bn ag deireadh mhí na Nollag 2021 go €3,829.1bn ag deireadh mhí na Nollag 2022, rud a léiríonn go príomha an laghdú ar mhéideanna iasachtaí TLTRO gan íoc, a fritháiríodh i bpáirt trí ghníomhaíocht cláir ceannaigh.²

² Déantar figiúirí maidir le leibhéal na róleachtacha san Eurochóras a ríomh mar seo a leanas: iarmhéideanna cuntais reatha, móide iarmhéideanna na saoráide taisce, lúide ceanglais chúlchiste iomlána, lúide iarmhéideanna na saoráide iasachta imeallaí.

Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta na hÉireann

Mar thoradh ar ghlancheannacháin le linn na chéad ráithe agus ar athinfheistíochtaí ina dhiaidh sin, tháinig méadú ar shealúchais an Bhainc Ceannais de bhannaí rialtas na hÉireann iad faoi PEPP ó €21.4bn ag deireadh na bliana 2021 go €22.4bn ag deireadh na bliana 2022.

Laistigh den APP, cheannaigh an Banc Ceannais bannaí faoi chlár ceannaigh na hearnála poiblí agus faoin tríú clár ceannaithe bannaí faoi chumhdach. Tháinig méadú ar shealúchais chlár ceannaigh na hearnála poiblí ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais, a choinnítear ar a phriacal féin, go €36.0bn ag deireadh 2022, ó €34.5bn ag deireadh 2021. Thit sealúchais na mbannaí faoi chumhdach faoin tríú clár ceannaithe bannaí faoi chumhdach, a ndéantar comhroinnt riosca ina leith san Eurochóras, go €1.5bn ag deireadh 2022 ó €2.5bn bliain roimhe sin.

Maidir le hoibríochtaí athmhaoinithe, b'ionann líon iomlán na n-iasachtaí beartais airgeadaíochta gan íoc ag contrapháirtithe na hÉireann agus €219m ag deireadh 2022, ar laghdú suntasach é sin i gcomparáid le €21.0bn ag deireadh 2021, agus arbh iad aisíocaíochtaí OASF ba chúis leis. Thug an Banc Ceannais ardú leanúnach ar leibhéal na sealúchas cúlchistí faoi deara agus mhéadaigh an rólechtacht mheánach ó €84.1bn ag deireadh 2021 go €98.3bn ag deireadh 2022.

Rinne an Banc Ceannais faireachán ar chomhlíonadh na n-íoscheanglas cúlchiste d'institiúidí creidmheasa le linn 2022, i gcomhréir le nósanna imeachta an Eurochórais.

Cobhsaíocht Airgeadais

Déanann an Banc Ceannais freastal ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadais a chosaint, ag cinntiú go n-oibríonn an córas airgeadais ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus an gheilleagair i gcoitinne.



Measúnú agus Anailís ar Chobhsaíocht Airgeadais

D'fhoilsigh an Banc Ceannais dhá Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais (ACAnna) in 2022.³ Leis an ACA, cuirtear in iúl gníomhartha beartais an Bhainc Ceannais chun cobhsaíocht airgeadais a chosaint agus chun a chinntiú go mbeidh athléimneacht an chórais airgeadais i gcomhréir leis na rioscaí atá roimhe. I gcaitheamh na bliana 2022, chuaigh geilleagar an domhain le conair níos lú fáis agus mhéadaigh na rioscaí don chóras airgeadais de réir mar a d'éirigh boillsiú níos fairsinge agus níos seasmhaí. Cé go raibh níos mó rioscaí ar an taobh thíos roimh gheilleagar na hÉireann de dheasca na géarchéime leanúnaí fuinnimh agus brúnna praghsanna agus fíorioncaim níos leithne, bhain gnóthais agus bainc tairbhe as na deich mbliana d'iompar stuama iasachtaithe agus an athléimneacht a cothaíodh sular baineadh an preab seo asainn, trínar cuireadh ar fáil acmhainn chun drochthoradh a sheasamh.

Tá neartú na tuisceana atá ag an mBanc Ceannais ar rioscaí agus leochaileachtaí atá ann don chóras macra-airgeadais agus ar na himpleachtaí do bheartas macrastuamachta mar ghné lárnach a threisiú an sainordú chun cobhsaíocht a chosaint. Áiríodh sa taighde agus anailís

³ [Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais 2022:I](#) agus [Athbhreithniú ar Chobhsaíocht Airgeadais 2022:II](#).

dhomhain a rinneadh le linn 2022 machnamh ar ghnéithe de chreat na mbeart morgáiste agus an iarmhairt a bhíonn ag boilsciú agus ag timpeallacht ráta úis níos airde ar theaghlaigh, ar ghnólaigh agus ar bhainc. Cuireadh an taighde seo in iúl trí chainéil éagsúla, lena n-áirítear foilsíú [Nótaí Cobhsaíochta Airgeadais](#) agus [Páipéar Teicniúil Taighde](#).

Beartas Macrastuamachta

Tá trí cholún leathana i gcreat beartais macrastuamachta an Bhainc Ceannais, le beartais a bhaineann le bainc (maoláin caipitil macrastuamachta), le hiasachtóirí (na bearta morgáiste) agus le neamhbhainc (atá dírithe faoi láthair ar chistí maoine). Rinne an Banc Ceannais gach colún a athbhreithniú agus a uasdátú in 2022. Leis seo, cuireadh deis ar fáil chun machnamh a dhéanamh ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, ar cheachtanna a foghlaimíodh ó chur i bhfeidhm an chreata macrastuamachta le deich mbliana anuas (lena n-áirítear le linn thréimhse shuaite COVID-19) agus ar chineál an gheilleagair dhomhanda agus an chórais airgeadais atá ag athrú agus ag forbairt, lena chinntiú go mbeidh na creataí cuí agus oiriúnach don fheidhm i gcónaí agus timpeallacht oibriúcháin atá ag athrú go mear os ár gcomhair.

I mí Meithimh 2022, d'fhoilsigh an Banc Ceannais a chreat nuashonraithe maidir le caipiteal macrastuamachta.⁴ Agus an straitéis nua á socrú aige, d'fhéach an Banc Ceannais le breathnú go hiomlánaíoch ar na maoláin chaipitil agus rinne sé machnamh ar na hidirghníomhaíochtaí idir na maoláin chaipitil éagsúla agus an idirghníomhaíocht le codanna eile den chóras stuamachta. Cuireadh cinntí beartais macrastuamachta a bhain leis an maolán d'institiúidí eile a bhfuil tábhacht shistéamach leo, mar aon leis an maolán fritimthriallach, in iúl trí na ACanna sa bhliain 2022.

Tugadh an t-athbhreithniú ar chreat na mbeart morgáiste chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2022 nuair a fógraíodh creat athnuaite, lena n-áirítear athruithe nuashonraithe ar chalabrá na mbeart.⁵ Bhí anailís an Bhainc Ceannais ina bonn eolais do chonclúidí an athbhreithnithe, bunaithe ar réimse leathan fianaise, ceachtanna ó thaithí idirnáisiúnta agus aiseolas a fuarthas trí rannpháirtíocht leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile.⁶

D'fhógair an Banc Ceannais teorainneacha nua macrastuamachta ar ghíaráil agus treoir an Bhainc Ceannais maidir le tréimhsí ama leachtacha i leith chistí maoine na hÉireann i mí na Samhna 2022.⁷ Is iad seo na chéad bhearta macrastuamachta arna dtabhairt isteach faoin gcolún neamhbhainc de chreat macrastuamachta an Bhainc Ceannais. Is é is aidhm do na bearta nua athléimneacht earnáil na gcistí réadmhaoine in Éirinn a neartú agus tá siad i gcomhréir le straitéis níos leithne an Bhainc Ceannais chun an creat macrastuamachta a fhorbairt taobh amuigh den chóras baincfeachta.

⁴ [Creat an Bhainc Ceannais maidir le caipiteal macrastuamachta](#)

⁵ [Creat an Bhainc Ceannais maidir leis na bearta morgáiste macrastuamachta](#)

⁶ [An tAthbhreithniú ar Chreat na mBeart Morgáiste](#)

⁷ [Creat beartas macrastuamachta an Bhainc Ceannais do chistí maoine na hÉireann](#)

Clár Measúnaithe CAI ar an Earnáil Airgeadais

Mionmheasúnú cuimsitheach ar earnáil airgeadais tíre is ea Clár Measúnaithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ar an Earnáil Airgeadais (CMEA). Tugadh an measúnú reatha d'Éirinn, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2021, chun críche in 2022 le foilsiú an [Mheasúnaithe ar Chobhsaíocht an Chórais Airgeadais](#) d'Éirinn i mí Iúil 2022. Ba é tátal an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta gur “threisigh Éire rialú agus maoirseacht na hearnála airgeadais go suntasach ó rinneadh CMEA 2016”, ag tabhairt dá aire gur “fianaise ar an méid sin atá sa chaoi ar láimhseáil sí na dúshláin a bhain leis an mBreatimeacht, leis an bpaindéim agus a bhaineann anois leis an gcogadh san Úcráin.” Thug an CAI chun suntais freisin go mbeidh dúshláin nua ag teacht chun cinn amach anseo de thoradh córas airgeadais in Éirinn atá ag fás i rith an ama, ag éirí níos casta agus ag athrú go sciobtha, agus tugtar le fios dá bharr chomh tábhachtach agus atá sé aghaidh a thabhairt ar shean-saincheistanna ó aimsir na géarchéime domhanda airgeadais. Tabharfar faoin gcéad CMEA eile in Éirinn in 2027-2028, agus roimhe sin, tabharfaidh an Banc Ceannais aghaidh ar roinnt moltaí a rinne an CAI agus déanfaidh sé athbhreithniú orthu d'fhonn a chuid cumhachtaí rialála agus maoirseachta a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh.

An tAthrú Aeráide

Beidh tionchar ag an athrú aeráide agus ag an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de ar thorthaí maicreacnamaíocha agus airgeadais, trí bhunstruchtúr geilleagar a athrú agus trí ghnólachtaí airgeadais agus an córas airgeadais a fhágáil gan chosaint ar rioscaí stuamachta.⁸ Tá an Banc Ceannais tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide i gcomhthéacs a shainordaithe agus i gcomhréir le [Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide](#) de chuid Rialtas na hÉireann.⁹

Sa chomhthéacs seo, oibríochtaíodh samhail nua Mol agus Spócaí laistigh den Bhanc Ceannais sa bhliain 2022 chun breithnithe riosca aeráide agus airgeadais inbhuanaithe a leabú tuilleadh i ngníomhaíochtaí laethúla ar fud shainordú an Bhainc Ceannais. Is é an tAonad um Athrú Aeráide an mol agus na réimsí ábhartha gnó ina mbítear ag obair ar cheistanna a bhaineann le cúrsaí aeráide atá sna spócaí. Leis an tsamhail seo, tugtar aghaidh ar an athrú aeráide faoi na topaicí leathana seo a leanas: (1) naisc mhacra-airgeadais; (2) sábháilteacht agus fíntacht gnólachtaí rialáilte i leith an athraithe aeráide; (3) maoiniú inbhuanaithe, lena n-áirítear na gnéithe de a bhaineann le cosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí, agus (4) bearnaí sonraí a líonadh. Bunaíodh Tascfhórsa Inbhuanaitheachta nua chun obair ar oibríochtaí gnó an Bhainc Ceannais féin a chur chun cinn, agus d'fhoilsigh an Banc Ceannais Cairt maidir le hInfheistíocht Inbhuanaithe chun comhtháthú prionsabal infheistíochta inbhuanaithe maidir le bainistiú a shócmhainní infheistíochta a threorú.¹⁰

⁸ Donnery, Sharon (2022). “[No time to wait: Addressing Climate Risk in the Financial System today](#)”, Aitheasc a tugadh le linn Sheachtain an Mhaoinithe don Aeráid.

⁹ Makhoul, Gabriel (2022). “[Climate Change: Avoiding the ‘Do I Feel Lucky?’ school of policymaking](#)”, Aitheasc a tugadh ag Club Waddesdon na gCeannairí Airgeadais de chuid Chatham House.

¹⁰ I mí Meithimh 2022, d'fhoilsigh an Banc Ceannais [Cairt maidir le hInfheistíocht Inbhuanaithe](#).

Bunaíodh Fóram um Rioscaí i leith na hAeráide agus Airgeadas Inbhuanaithe sa bhliain 2022, trínar tugadh le chéile ionadaithe tras-tionscail, saineolaithe aeráide agus an Banc Ceannais. Tá an Fóram ceaptha chun comhroinnt eolais a chur chun cinn agus chun tuiscint a chothú ar impleachtaí an athraithe aeráide do chóras airgeadais na hÉireann.¹¹ Bunaíodh dhá ghrúpa oibre atá faoi threoir an tionscail laistigh den Fóram d'fhonn cothú eolais a chur chun cinn i dtaobh bainistiú rioscaí agus forbairt acmhainní i dtaca leis an athrú aeráide.

An Príomh-Chlár Creidmheasa

Is bunachar sonraí éigeantach náisiúnta um fhaisnéis phearsanta agus chreidmheasa é an Príomh-Chlár Creidmheasa (CCR). Bíonn sé á chothabháil agus á oibriú ag an mBanc Ceannais faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa, 2013.

Cuireann an Príomh-Chlár Creidmheasa le cobhsaíocht an chórais airgeadais, cothaíonn sé athléimneacht agus déanann sé iasachtaithe a chosaint trí thuairiscí creidmheasa a chur ar fáil d'iasachtóirí d'fhonn cinntí creidmheasa eolacha a éascú. Tríd an bPríomh-Chlár Creidmheasa, cuirtear ar fáil sonraí gráinneacha don Bhanc Ceannais, a thacaíonn le taighde agus le hanailís. Is féidir le hiasachtaithe a dtuairisc chreidmheasa a iarraidh ar líne ar www.centralcreditregister.ie. Tá tuilleadh faisnéise maidir le feidhmiú an Phríomh-Chláir Creidmheasa agus le húsáid sonraí CCR ar fáil ar an suíomh gréasáin freisin.

611 an líon iasachtóirí a chuir isteach faisnéis chuig an bPríomh-Chlár Creidmheasa ag deireadh 2022 (2021: 581) agus is é 5.4m an líon taifead gníomhach atá air (2021: 5.3m).

D'iarr iasachtóirí 2.5m tuairisc chreidmheasa in 2022 (2021: 1.8m) agus cuireadh 31,495 tuairisc chreidmheasa ar fáil d'iasachtaithe (2021: 22,315). Gearrtar táille ar iasachtóirí as gach fiosrú a dhéanann siad, lena bhforchúitítear costais an Phríomh-Chláir Creidmheasa.

¹¹ Tá fáil ar an nGlaó ar Léiriú Spéise i mballraíocht den Fhóram um Rioscaí i leith na hAeráide agus Airgeadas Inbhuanaithe ar: <https://www.centralbank.ie/docs/default-source/publications/climate-risk-and-sustainable-finance-forum.pdf>.

Réiteach

Pleanáil Réitigh agus Inréiteacht Fheabhsaithe

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le hinréiteacht in 2022. Lean na bainc Éireannacha, tar éis dóibh íoscheanglas ceangailteach idirmheánach an 1 Eanáir 2022 a chomhlíonadh maidir le spriocanna cistí dílse agus dlíteanas inghlactha (ICDI), d'acmhainn oiriúnach iniomparthachta caillteanas a fhorbairt le carnadh líneach go dtí spriocanna deiridh an 1 Eanáir 2024 a chinntiú (Féach Cairt 1 thíos). Ar mhaithe le húsáid na huirlise réitigh don tarrtháil inmheánach a éascú, thosaigh na bainc freisin ar ullmhacht don ghníomh réitigh a oibríochtú trí leabhair bheartaíochta agus sonraí le haghaidh luachála a fhorbairt agus a thástáil. Tá gnólachtaí ar an mbóthar ceart, ar an iomlán, chun ionchais an Bhoird Réitigh Aonair do bhainc a chomhlíonadh faoi dheireadh 2023.




Comhlíonadh MREL

Tugadh Íoscheanglas le haghaidh Cistí Dílse agus Dlíteanais incháilithe isteach i gcreat réitigh an Aontais Eorpaigh chun a chinntiú go mbeadh dóthain caipitil agus dlíteanais chuig ag institiúidí arbh fhéidir tarrtháil inmheánach a dhéanamh orthu, dá mba ghá. Cinneann an Bord Réitigh Aonair ceanglas MREL d'institiúidí suntasacha, agus cinneann an Banc Ceannais na ceanglais d'institiúidí ar lú a suntas agus do ghnólachtaí infheistíochta laistigh den scóip. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag na bainc Éireannacha chun cur le hacmhainn iniomparthachta caillteanas agus chun spriocanna a chomhlíonadh suas go 2022, le cuid mhaith acu ag comhlíonadh na spriocanna atá acu don bhliain 2024 cheana féin. Ní mór an dul chun cinn sin a choimeád ar bun de réir mar a bheidh cláir chomhardaithe na mbanc ag forbairt i gcónaí.

Léirítear i gCairt 1 stoic agus easnaimh ó spriocanna MREL in earnáil baincéireachta miondíola na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2022.

Cairt 1: Dul chun cinn bhainc mhiondíola na hÉireann i dtreo spriocanna MREL a bhaint amach¹²

¹² **Foinse:** Banc Ceannais na hÉireann (**tabhair ar aird:** seasann an líne leanúnach do na heasnaimh/barrachais charnacha chomhiomlána atá ag na hinstitiúidí ar fad sa sampla, agus seasann an líne bhriste don easnamh comhiomlán gan éifeacht bharrachas MREL).



Gníomhartha Réitigh

Níor éilíodh ar an mBanc Ceannais gníomhartha réitigh a thógáil i gcoinne aon eintitis rialáilte in 2022. Mar sin féin, tá sé ag leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar chásanna eile ina bhfuair sé orduithe foirceanta roimhe seo agus, nuair ba ghá, rinne sé teagmháil ghníomhach leis na leachtaitheoirí ceaptha chun a chinntiú go ndéanfaí na leachtuithe a chur chun cinn agus a thabhairt chun críche.

Príomhfhorbairtí an Chreata Réitigh

Tá ról gníomhach ag an mBanc Ceannais i gcónaí i bhforbairt na gcreataí bainistíochta géarchéime intíre agus AE araon, lena n-áirítear tríd an mBord Réitigh Aonair, tríd an Údarás Baincéireachta Eorpach, agus trí choistí/mheithleacha AE, agus i ndáil le comhairle theicniúil a sholáthar don Roinn Airgeadais.

Ba thosaíocht don Bhanc Ceannais i gcónaí é in 2022 rannpháirtíocht a dhéanamh ar athbhreithniú an Choimisiúin Eorpaigh ar an gcreat bainistíochta géarchéime agus árachais taisce, a raibh tiomantas an Ghrúpa Euro, i mí Meithimh 2022, chun dul chun cinn a dhéanamh ar an athbhreithniú seo laistigh de thimthriall reachtach reatha an Aontais Eorpaigh mar thoradh air. Is tábhachtach an tionscnamh é seo ó thaobh Creat foriomlán Bainistíochta Géarchéime AE a neartú.

Ghlac an Banc Ceannais páirt i bpléití teicniúla ar roinnt tograí reachtacha eile den Aontas Eorpach a bhaineann le réiteach, lena n-áirítear:

- Togra a fhorbairt i leith Chreat Téarnaimh agus Réitigh Árachais AE, ar céim thábhachtach é sin chun cosaint do shealbhóirí polasaí, do cháiníocóirí, don gheilleagar agus do chobhsaíocht airgeadais a threisiú.
- Togra 'slabhra nóiníní' an Aontais Eorpaigh, lena bhféachtar le creat MREL a mhionchoigeartú chun go seachnófaí an t-ionchas maidir le comhaireamh dúbailte ghnéithe MREL laistigh de ghrúpaí baincéireachta. Tháinig Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú polaitiúil maidir le togra an 'tslabhra nóiníní' i mí Aibreáin 2022, agus ghlac an tAontas Eorpach go foirmiúil leis an rialachán i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Cistí Réitigh

Tá freagrachtaí reachtúla ar an mBanc Ceannais maidir le trí chiste réitigh. In 2022, bhailigh an Banc Ceannais €258m ó bhainc Éireannacha a dhéanann ranníocaíocht leis an gCiste Réitigh Aonair thar ceann an Bhoird Maoirseachta Aonair. Tá tuairim is €65bn sa Chiste Réitigh Aonair anois, atá níos airde ná an bhunspríoc fhoriomlán thart ar €60bn a bhí ann dó, agus ní dhearnadh aon éileamh go dtí seo air chun gníomhartha réitigh a mhaoiniú.

Bhailigh an Banc Ceannais ranníocaíochtaí tobhaigh €11.2m don Chiste Réitigh Banc agus Gnólachtaí Infheistíochta in 2022, rud a d'fhág go raibh €49m san iomlán sa chiste. Ní dhearnadh aon éileamh ar an gciste seo go dtí seo.

In 2022, bailíodh €5m do Chiste Réitigh na nInstitiúidí Creidmheasa, rud a d'fhág go raibh €61m sa chiste sin. Ní dhearnadh aon ghníomhartha réitigh in 2022.

An Scéim Ráthaíochta Taiscí agus an Ciste Cúitimh Árachais

Is é an Banc Ceannais a riarann an Scéim Ráthaíochta Taiscí agus an Ciste Cúitimh Árachais. In 2022, gearradh €167.6m i ranníocaíochtaí tríd an Scéim Ráthaíochta Taiscí ar institiúidí creidmheasa don chiste. Rinneadh íocaíochtaí €4.7m tríd an gCiste Cúitimh Árachais leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát as leachtú trí chuideachta árachais.

Ullmhacht le haghaidh Géarchéim Airgeadais agus Bainistiú ina leith

Le linn na bliana 2022, lean an Banc Ceannais dá acmhainn i leith ullmhacht le haghaidh géarchéim airgeadais a fhorbairt trí chleachtaí ionsamhlúcháin géarchéime a dhéanamh, ar bhonn inmheánach agus i gcomhar le gníomhaireachtaí Grúpa Cobhsaíochta Airgeadais eile agus leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála araon. Leis na cleachtaí inmheánacha, scrúdaíodh ullmhacht an Bhainc Ceannais chun cliseadh gnólachtaí a bhainistiú agus leis na cleachtaí idirghníomhaireachta, breithníodh an fhreagairt idirghníomhaireachta do chás cibearionsaí a raibh tionchar suntasach aige ar sheirbhísí íocaíochta.

Rinne an Banc Ceannais obair freisin, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile náisiúnta agus Eorpacha, mar fhreagairt ar thionchar chogadh na Rúise san Úcráin, agus tionchar na géarchéime fuinnimh a tharla ina dhiaidh sin, ar an gcóras airgeadais.

Córais Íocaíochta agus Airgeadra

An Euro Digiteach

Mar chuid den Eurochóras, tá an Banc Ceannais ag obair leis an mBanc Ceannais Eorpach agus le bainc cheannais náisiúnta an limistéir euro chun fiosrú a dhéanamh ar rogha chun airgeadra digiteach bainc ceannais a thabhairt isteach - cóibhéis leictreonach d'airgead tirim - a bheadh comhlántach do nótaí bainc agus boinn in euro. Táthar ar an mbóthar ceart chun céim an fhiosrúcháin maidir leis an euro digiteach, a tionscnaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2021, a thabhairt chun críche sa dara leath den bhliain 2023. Is é is aidhm don chéim seo iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna féideartha teicniúla agus beartais a d'fhéadfadh a bheith ina mbonn do dhearadh don euro digiteach.



Tá sruthanna oibre curtha chun cinn ag an Eurochóras maidir le roghanna i gcomhair dearadh don euro digiteach, riachtanais na n-úsáideoirí a fhorbairt, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, tástáil i dtaobh fréamhshamlacha, agus scéim i ndáil le euro digiteach a cheapadh. D'fhoilsigh an Banc Ceannais Eorpach tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir le hobair a rinneadh le linn chéim an fhiosrúcháin maidir leis an euro digiteach [i mí Mheán Fómhair](#) agus [i mí na Nollag](#) 2022.

Déanfaidh Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh cinneadh i bhfómhar na bliana 2023 ar cibé a chuirfear nó nach gcuirfear tús leis an gcéad chéim eile. Ní hionann gluaiseacht ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile agus réamhchinntiú ar aon chinneadh a dhéanfaí amach anseo maidir le heisiúint fhéideartha an euro d'igitigh, ach chumasófaí tuilleadh iniúchta ar an bhforbairt agus tuilleadh tástála ar na réitigh theicniúla agus na socruithe gnó a theastódh d'fhonn an t-airgeadra digiteach a chur ar fáil.

Córais Íocaíochta

Cothabhálann an Banc Ceannais comhpháirt TARGET2 na hÉireann, TARGET2-Ireland, de chóras socraíochta an euro. In 2022, phróiseáil TARGET2-Ireland 751,392 idirbheart socraíochta comhlán fíor-ama, ar laghdú 1.24% é sin ar fhiigiúr na bliana 2021, agus ar bhain luach iomlán €3.636tn leo (méadú 20.84% bliain ar bhliain). Tá an méadú mór seo inchurtha i leith na timpeallachta dearfaí ráta úis agus i leith láithriú saoraidí seasmhacha ar an gcóras a bheith méadaithe. Laghdaigh rannpháirtithe díreacha in TARGET2-Ireland faoi cheann amháin go dtí 14, bliain ar bhliain.

Leanadh de dhul chun cinn i ndáil le tionscadal comhdhlúthaithe TARGET2 agus TARGET2-Securities i rith na bliana 2022. Leis an tionscadal seo, a tháinig i bhfeidhm i mí Márta 2023, cuirtear córas nua ollsokraíochta fíor-ama in ionad TARGET2 chun bainistiú leachtachta a bharrfheabhsú ar fud na Seirbhísí TARGET ar fad.

Tá an Banc Ceannais freagrach as Clár Bhannaí agus Bhilí Stáitchiste Rialtas na hÉireann a chothabháil thar ceann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. In 2022, d'eisigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta banna Rialtais nua amháin ar luach ainmniúil €3.5bn, agus dhíol sé €3.5bn eile ar bhannaí a bhí ann cheana (Taps) agus

€5.5bn ar bhillí stáitchiste. Ag deireadh na bliana 2022, b'ionann luach ainmniúil na mbannaí agus na mbillí stáitchiste ar an gClár agus €145.5bn, is é sin laghdú 6.8% san iomlán.

Airgeadra

Nótaí Bainc

In 2022, d'eisigh an Banc Ceannais 198m nóta bainc (luach €6.3bn), b'ionann é sin agus méadú 14% ar an 173m nóta bainc (luach €5.6bn) a eisíodh in 2021, de réir mar a bhí an tír ag teacht as paindéim COVID-19. Fuarthas 142m taisce de nótaí bainc (luach €3.8bn), arbh ionann é agus méadú 18% ar an 120m (luach €3.2bn) a fuarthas in 2021.

Tábla 1: Eisiúintí Nótaí Bainc

Líon na Nótaí Bainc (m) a Eisíodh ¹³			Luach €m	
Ainmníocht	2022	2021	2022	2021
€5	24.3	21.0	121	105
€10	23.6	22.5	236	225
€20	54.0	42.7	1,079	854
€50	96.1	86.7	4,805	4,337
€100	0.3	0.3	33	34
€200	0	0	0	0
Iomlán	198.2	173.3	6,274	5,555

Nóta: D'fhéadfadh nach mbeifí in ann na figiúirí a shuimiú de thoradh slánaithe

Bonn

Chuir an Banc Ceannais, ag gníomhú dó mar ghníomhaire don Aire Airgeadais, 76m bonn (luach €35m) i gcúrsaíocht in 2022. B'ionann é sin agus laghdú 5% ar 80m bonn a eisíodh in 2021 (luach €41m). Fuarthas 33m bonn i dtaisí (luach €16m), arbh ionann é sin agus laghdú 13% ar 38m bonn a taisceadh in 2021 (luach €18m).

Tábla 2: Eisiúintí Bonn

Líon na mBonn			Luach €m	
Ainmníocht	2022	2021	2022	2021
1c	1	3	0	0
2c	1	1	0	0
5c	25	21	1	1
10c	14	12	1	1
20c	13	14	3	3
50c	6	8	3	4
€1	7	9	7	9
€2	10	11	20	22
Iomlán	76	80	35	41

Nóta: D'fhéadfadh nach mbeifí in ann na figiúirí a shuimiú de thoradh slánaithe

¹³ Is airgead dlíthairgthe é an nóta bainc €500; mar sin féin, amhail an 27 Aibreán 2019, ní eisítear a thuilleadh é.

Boinn Inbhailithe

Déanann an Banc Ceannais comóradh ar imeachtaí suntasacha a bhaineann le healaíona, le stair, le hoidhreacht agus le cultúr na hÉireann trí raon táirgí moneolaíochta a eisiúint thar ceann an Aire Airgeadais. Le linn na bliana 2022, d'eisigh an Banc Ceannais na cúig tháirge boinn a leanas lena ndíol ar www.collectorcoins.ie:

- Foireann na Bliana 2022 - 100 Bliain ó Bunaíodh an Stát
- Foireann Linbh 2022
- Bonn Profa Airgid 2022 - An Dr Kathleen Lynn
- Bonn Profa Óir 2022 - 100 Bliain ó Bunaíodh an Stát
- Bonn Profa Airgid 2020 - An ceoltóir Éireannach Luke Kelly



An Leas-Gobharnóir Derville Rowland (ar dheis), in éineacht leis an Ollamh Mary Higgins, An Leas-Uachtarán, Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann, ag seoladh an bhoinn profa airgid inbhailithe ar a bhfuil an Dr Kathleen Lynn, i mí Iúil 2022.

Forbairtí Timthrialla Airgid Náisiúnta

Le linn na bliana 2022, mar chuid dá obair leanúnach chun tacú le hAthbhreithniú na Roinne Airgeadais ar Bhaincéireacht Mhiondíola, chuir an Banc Ceannais [tuarascáil i dtoll a chéile ina ndearnadh measúnú ar rochtain ar sheirbhísí airgid thirim](#) in Éireann. Déantar scrúdú sa tuarascáil ar threochtaí maidir le húsáid airgid thirim, athruithe i ndáil le bonneagar, ról na mbanc miondíola agus páirtithe leasmhara eile, mar aon le tionscnaimh beartais idirnáisiúnta i dtaobh rochtain ar airgead tirim a chosaint.

Tar éis athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar a chuid oibríochtaí ina lárionaid airgid thirim, ghlac an Banc Ceannais an cinneadh sa bhliain 2022 chun lárionad nua airgid thirim a fhorbairt, ar shuíomh oiriúnach eile i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus chun fáil réidh leis an suíomh reatha in Áth an Ghainimh. Meastar nach mbeidh an lárionad nua airgid thirim ar an bhfód go ceann seacht mbliana ar a laghad agus leanfaidh an Banc Ceannais de bheith ag

feidhmiú as an tsaoráid ardslándála airgeadra atá in Áth an Ghainimh faoi láthair go dtí go mbeifear ag bogadh chuig an suíomh nua.

Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh

Anailís Eacnamaíoch

In 2022, chuir an Banc Ceannais le foirmiú beartais náisiúnta eacnamaíoch trí chomhairle eacnamaíoch neamhspleách a sholáthar trí thráchtairreachtaí, réamhaisnéisí agus taighde rialta agus trí staidreamh airgeadais ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Cuireadh iad sin in iúl tríd an [tsraith Faisnéis Ráithiúil](#), [Litreacha Eacnamaíocha](#), [Páipéir Theicniúla Taighde](#), i ráitis agus in óráidí ón nGobharnóir agus ó bhaill eile den ardbhainistíocht agus in ionchur i gcomhdhálacha agus i seimineáir. Tá cur síos mionsonraithe ar aschur taighde an Bhainc Ceannais ar fáil i [bhFeasachán Taighde Eacnamaíoch 2022](#).



Tugadh sé chleachtadh réamhaisnéise maicreacnamaíche chun críche i rith na bliana. Tugadh faoi dhá cheann acu sin laistigh de chomhthéacs Chleachtadh Réamh-Mheastacháin Mhaicreacnamaíoch Leathan an Eurochórais agus foilsíodh na ceithre cinn eile i bhFaisnéis Ráithiúil an Bhainc Ceannais. Ina theannta sin, ghlac an Banc Ceannais páirt i bhfóraim réamhaisnéisithe agus beartais eile, e.g. an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíoch, an tAontas Eorpach, agus comhairliúcháin le misin chuairte comhpháirtithe seachtracha ón Aontas Eorpach agus ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, gníomhaireachtaí rátála agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile.

Ba iad éifeachtaí eacnamaíocha chogadh na Rúise san Úcráin, mar aon leis an tionchar díreach agus indíreach a bhí aige ar bhoilsciú, ar fhás agus ar an airgeadas poiblí, príomhfhócas na hanailíse maicreacnamaíche le linn na bliana 2022. Cothaíodh tuiscint níos doimhne ar impleachtaí an chogaidh, mar aon leis na freagairtí beartais intíre agus an téarnamh leanúnach eacnamaíoch ó phaindéim COVID-19, trí úsáid samhlacha maicreacnamaíocha, idir chinn a bhí ann cheana agus chinn a forbraíodh nó a feabhsaíodh le gairid. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn maidir le forbairt uirlisí chun anailís a dhéanamh ar impleachtaí maicreacnamaíocha an athraithe aeráide agus an aistrithe chuig neodracht charbóin. Cuireadh forbairtí sa mhargadh saothair, dáileadh ioncaim, rachmais agus tomhaltais teaghlaigh agus inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí sa mheántearma faoi bhreithniú cúramach le linn na bliana 2022 chomh maith.

Staidreamh

Bailíonn, tiomsaíonn agus scaipeann an Banc Ceannais réimse leathan staidrimh chun tacú leis an gCóras Eorpach Banc Ceannais agus le húsáideoirí seachtracha amhail institiúidí poiblí, na meáin, rannpháirtithe sa mhargadh agus an pobal i gcoitinne. Leanann an Banc Ceannais de thacair sonraí nua agus leathnaithe a fhorbairt ar ghníomhaíocht airgeadais bharrthábhachtach in Éirinn freisin.

Tugann [an tsraith Taobh Thiar de na Sonraí](#) léargas ar threochtaí suimiúla ábhartha airgeadais agus eacnamaíocha laistigh de na sonraí a bhailíonn an Banc Ceannais. I bhfoilseacháin na bliana 2022, díríodh ar earnáil mhór idirghabhála airgeadais neamhbhainc na hÉireann (i.e., saincheisteanna tomhais agus idirnáisc trasearnála idir corparáidí árachais agus cistí infheistíochta), ar ghníomhaíochtaí baincéireachta trasteorann agus ar riaráistí morgáiste

fadtéarmacha. Leis an tsraith, tugadh isteach [Cuntais Rachmais Dáileacháin Teaghlaigh](#) d'Éirinn freisin. Cuirtear in iúl leis an staidreamh seo dáileadh sócmhainní agus dliteanais teaghlaigh, forbairt maidir le glan-rachmas agus príomhtháscairí neamhionannais. Leis na sonraí nua seo, cumasófar measúnú a dhéanamh ar mar a d'fhéadfadh turraingí eacnamaíocha agus freagairtí beartais a thagann chun cinn mar thoradh orthu tionchar a imirt ar theaghlaigh éagsúla.

Tar éis na fógartha go raibh sé i gceist ag Banc Uladh agus KBC margadh na hÉireann a fhágáil, deimhníodh [Staidreamh maidir le hAistriú Cuntas](#) ón dá bhanc a bhí ag fágáil agus ó na trí bhanc miondíola is mó a bhí fanta: Bainc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann, agus Permanent TSB. Leis an mbailiúchán, déantar faireachán ar ghníomhaíocht aistrithe gach custaiméara, lena n-áirítear teaghlaigh agus fiontair bheaga agus mheánmhéide.

D'fhoilsigh an Banc Ceannais [eisiúint staidrimh](#) freisin, inar tugadh achoimre ar na naisc dhíreacha airgeadais a bhí ag earnálacha eacnamaíocha na hÉireann le heintitis na Rúise. Tarraingíodh an fhaisnéis ó fhoinsí éagsúla staidrimh agus maoirseachta chun béim a leagan ar na sócmhainní a bhí ag na hearnálacha seo a bhí lonnaithe sa Rúis.

Lean an Banc Ceannais d'fhaisnéis agus de staidreamh a leathnú tríd an mBunachar Náisiúnta Faisnéise ar Éilimh. Tá roinnt beart glactha ag an mBanc Ceannais chun trédhearcacht a mhéadú do shealbhóirí polasaí agus chun feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí faoin mBunachar Náisiúnta Faisnéise ar Éilimh, le foilseacháin ghaolmhara bhliantúla. Áiríodh ar an méid a baineadh amach in 2022 an dara [tuarascáil ar Dhliteanas Fostóirí, ar Dhliteanas Poiblí agus ar mhargaí Maoine Tráchtála](#) i mí Iúil agus foilsíodh an ceathrú [Tuarascáil ar Mhótarárachas Príobháideach](#) i mí na Samhna. Ar na príomhfheabhsuithe a rinneadh in 2022 ar an dá bhunachar sonraí, áiríodh bailiú sonraí maidir leis na Treoirlínte um Dhíobháil Phearsanta agus tabhairt isteach bailiúchán sonraí lár-bliana lena cuireadh ar fáil léargas ar threochtaí i ndáil le préimheanna mótaí agus ar thionchar na dTreoirlínte um Dhíobháil Phearsanta.

Rialáil agus Maoirseacht Airgeadais¹⁴

Timpeallacht Sheachtrach agus Tírdhreach Riosca



Is é is cuspóir do rialáil airgeadais córas airgeadais a bhfuil teacht aniar ann agus ar féidir brath air a fhorbairt, lena bhfreastalófaí go hinbhuanaithe ar riachtanais an gheilleagair agus a chustaiméirí, córas ina gcloífeadh gnólachtaí agus daoine aonair le cultúr cothromaíochta agus ardchaighdeán. D'fhone an cuspóir seo a bhaint amach, cuireann an Banc Ceannais cur chuige bunaithe ar riosca i bhfeidhm maidir leis an maoirseacht ar bhreis is 12,000 ciste agus gnólacht ar fud réimse earnálacha seirbhísí airgeadais in Éirinn.

In 2022, sheas an Banc Ceannais lena fhocal maidir lena chuid freagrachtaí rialála agus maoirseachta i gcomhthéacs athrú mór agus dúshlán shuntasacha do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí rialáilte. Ag tús na bliana, thosaigh tionchar na paindéime ar eintitis rialáilte ag maolú. Mar sin féin, bhí leochaileachtaí, amhail na leochaileachtaí sin a eascraíonn as luacháil sócmhainní atá faoi bhrú i margaí airgeadais agus as leibhéil níos airde féichiúnais dhomhanda, fós ag teacht chun cinn. Tharla sé go raibh tionchar géar ábhartha ag cogadh na Rúise san Úcráin ar dhaoine aonair, ar ghnóthais agus ar mhargaí airgeadais. Tionscnaíodh rioscaí agus chuaigh siad i ndéine de dheasca an chogaidh, agus bhí níos mó éiginnteachta ann dá bharr, rud ba chúis le rátaí fáis domhanda a bhí níos ísle go hábhartha, mar aon le leibhéil boilscithe a bhí méadaithe go suntasach agus rátaí úis níos airde. Mar aon le riosca airgeadais níos airde, bhí gá le fócas níos mó ar chibear-rioscaí agus ar leochaileachtaí oibríochtúla mar gheall ar an staid gheopholaitiúil nua.

Mar aon leis an bhfás leanúnach in earnáil airgeadais na hÉireann, tharla athruithe sciobtha i ndáil le digitiú agus nuálaíocht teicneolaíochta freisin, trínar tacaíodh le hiontráil gníomhaithe nua i margadh na hÉireann - a raibh uailmhianta trasteorann ag cuid acu - agus samhlacha nua gnó. Tagann idir dheiseanna agus rioscaí don gheilleagar agus don tsochaí ina hiomláine chun cinn mar gheall ar na hathruithe seo agus éilítear ar an mBanc Ceannais a chur chuige rialála a oiriúnú mar fhreagairt orthu.

Maoirseacht

D'fhone aidhmeanna a mhisin a bhaint amach, chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil go rialta le gnólachtaí rialáilte ar fud gach earnála i rith na bliana 2022 chun athléimneacht airgeadais agus oibríochta leanúnach a chur chun cinn, le béim níos mó ar chosaint tomhaltóirí agus infheisteoirí agus ar shócmhainní cliant a chosaint. Bhí dea-rialachas agus bainistiú láidir rioscaí ina bhfócas lárnach maoirseachta i gcónaí mar go bhfuil an dá cheann acu riachtanach chun fóntacht airgeadais agus oibríochta agus cosaint leasanna na gcliant a chinntiú.

¹⁴ Sa chuid seo den tuarascáil, téitear i ngleic leis na ceanglais tuairiscithe don Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil faoi Alt 32L(2)(b) d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú).



† Figiúirí go léir amhail ar an 31 Nollaig 2022 agus áirítear iontu, i gcás inar cuí, brainsí d'eintitis an Limistéir Eacnamaíoch Eorpaigh agus d'eintitis Tríú Tíortha a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais in Éirinn.

* Tá an gnólacht seo á rialáil mar riarthóir tagarmharcanna freisin faoin Rialachán Tagarmharcanna.

Le linn na bliana 2022, lean an Banc Ceannais de chur chuige bunaithe ar riosca a ghlacadh maidir lena chuid gníomhaíochtaí maoirseachta, agus rinneadh riosca a mheas ag leibhéal na hearnála agus ag leibhéal an ghnólachta araon ar fud réimsí éagsúla, lena n-áirítear sócmhainneacht, leachtacht, iompar oibríochta agus miondíola. Rinne an Banc Ceannais teagmháil le gnólachtaí, nó ar fud earnálacha, i gcomhréir leis na rioscaí a sainithníodh, mar

shampla, trí athbhreithnithe agus cigireachtaí spriocdhírithe a dhéanamh ar chomhlíonadh ceanglas rialála agus trí ghníomhartha maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a thionscnamh áit a raibh fianaise ann go raibh díobháil iarbhír á déanamh do thomhaltóirí, nó go bhféadfaí díobháil a dhéanamh dóibh. Bhí clár na rannpháirtíochta maoirseachta ar fud earnálacha dírithe freisin ar thionchar na teicneolaíochta agus an digitithe ar inbhuanaitheacht na samhlacha gnó atá ag gnólachtaí, ar láidreacht a gcur chuige i leith mórthionscadail athraithe gnó, ar chibear-rioscaí a bhainistiú agus ar úsáid eiticiúil na “mórshonraí”.

Cosaint Tomhaltóirí

Déanann an Banc Ceannais rannpháirtíocht ghníomhach le gnólachtaí agus le comhlachtaí ionadaíocha an tionscail lena chinntiú go gcomhlíonfar a chuid ionchas maoirseachta i ndáil le cóir chothrom do chustaiméirí agus go ndéanfar tomhaltóirí a chosaint, lena n-áirítear i dtaca leis na dúshlán leanúnacha a bhaineann leis an gcostas maireachtála.

I mí na Samhna 2022, d'eisigh an Banc Ceannais [litir chuig POFanna](#) inar leagadh amach an t-ionchas a bhí aige go dtabharfadh gnólachtaí rialáilte tús áite do chosaint tomhaltóirí le linn na tréimhse seo atá chomh dúshlánach sin ó thaobh na heacnamaíochta de. Tugadh achoimre sa litir ar ionchais shonracha i ndáil le morgáistí, árachas, infheistíochtaí agus rochtain ar airgead tirim. Leis an litir seo, cuireadh leis na gníomhartha a leagadh amach sa [Tuarascáil Forléargais ar Chosaint Tomhaltóirí](#), a foilsíodh i mí Márta 2022, agus leis an obair mhaoirseachta a bhaineann go sonrach leis an gcostas maireachtála atá ag ardú (amhail caighdeán tionscail a ardú agus feasacht tomhaltóirí a mhúscailt maidir leis an riosca a bhaineann le tearc-árachas agus acmhainn oibriúcháin sa chóras a chinntiú i dtaca le gníomhaíocht aistrithe morgáiste atá ag dul i méid).

Lean an Banc Ceannais dá chuid oibre i ndáil le riaráistí agus réamh-riaráistí freisin, chun tacú le tomhaltóirí a raibh nó a mbeadh deacrachtaí airgeadais acu. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le riaráistí fadtéarmacha morgáiste a laghdú trína chinntiú go mbeadh na hacmhainní, uirlisí rannpháirtíochta agus roghanna réitigh i bhfeidhm ag gnólachtaí chun aghaidh a thabhairt ar riaráistí stairiúla agus chun tacú le hiasachtaithe a bhí i mbaol riaráistí i gcomhthéacs na gcostas ardaithe.

An tAthrú Aeráide

Tá an Banc Ceannais dírithe ar athléimneacht an chórais airgeadais i leith rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a threisiú agus an cumas atá aige le bheith ag tacú leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de a threisiú freisin, mar aon le Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm. Mar chuid dá rannpháirtíocht le gnólachtaí, rinne an Banc Ceannais measúnú ar a mhéid atá rioscaí aeráide agus comhshaoil á sainaithint agus ar a mhéid a bhfuil aghaidh á tabhairt orthu, sa chás go bhféadfadh gá a bheith ann gníomh sa bhreis a dhéanamh chun na rioscaí seo a bhainistiú go cuí.

Comhdhlúthú na hEarnála Baincéireachta Miondíola

Bhí comhdhlúthú na hearnála baincéireachta miondíola ina phríomhfhócas maoirseachta agus ina thosaíocht straitéiseach ar fud an Bhainc Ceannais sa bhliain 2022. Leag an Banc Ceannais ionchais shoiléire amach don earnáil lena chinntiú go láimhseálfaí imeacht Bhanc Uladh agus

Bhanc KBC as an margadh ar bhealach eagraithe, go ndéanfaí é a bhainistiú go stuama agus go gcinnteofaí cosaint na dtomhaltóirí, go mór mór tomhaltóirí leochaileacha. Rinne sé idirghabháil lena chinntiú go nglacfaí cur chuige comhordaithe chun tacú le custaiméirí i ndáil le haistriú na gcuntas bainc, a raibh gá leis de dheasca imeacht na mbanc. Áiríodh air seo obair i ndáil le leanúnachas dochar díreach, cothabháil caighdeán seirbhíse do chustaiméirí, impleachtaí don Phríomh-Chlár Creidmheasa, idirdhealú maidir le IBANanna, agus sonraí míosúla a fhoilsiú le hinfheictheacht maidir le dul chun cinn a chinntiú. Is próiseas casta é na cuntais bhainc a aistriú ar scála mór, iasachtaí agus sócmhainní eile a aistriú agus clabhsúr a chur ar ghnóthais na mbanc atá ag imeacht, ach tá sé ag dul de réir sceidil. Maidir leis na bainc a bhí ag glacadh gnó orthu féin, leag an Banc Ceannais ionchais shonracha amach lenar sainíodh go mbeadh acmhainní airgeadais agus oibriúcháin cuí i bhfeidhm leis na cuntais nua seo a fháil agus go ndéileálfaí leis na hidirbhearta móra seo agus go ndéanfaí iad a chomhtháthú ar bhealach sábháilte.

Earnáil na Baincéireachta Infheistíochta

Tá earnáil na baincéireachta infheistíochta ag méadú i gcónaí tar éis an Bhreathimeachta, ó thaobh méide agus castachta araon. Toradh sócmhainní trasteorann i seilbh fochuideachtaí tríú tír is ea formhór an fháis sin. Bhí an Banc Ceannais, i gcomhar leis an mBanc Ceannas Eorpach, soiléir maidir le hionchais iar-Bhreatimeachta i dtaca le gnó a sheachfhoinsiú laistigh den Eoraip. Tá an Banc Ceannais ag na céimeanna deiridh d'idirphlé maidir le sonraí sonracha an Athbheithnithe Mapála Deasc - atá mar chuid den obair mhaoirseachta a fhéachann lena chinntiú go mbeidh acmhainní cuí rialaithe agus bainistithe riosca ag fochuideachtaí tríú tír agus nach mbeidh siad ag feidhmiú mar chuideachtaí caocha. Tá an t-idirphlé seo ag dul ar aghaidh le gnólachtaí lena mbaineann agus tá an Banc Ceannais i ndlúthchomhar le húdaráis ábhartha eile.¹⁵

Earnáil na gComhar Creidmheasa

Le linn na bliana 2022, rinneadh athstruchtúrú chun tacú le comhair chreidmheasa a bheith níos inbhuanaithe ó thaobh cúrsaí airgeadais agus oibríochta de. Tugadh naoi n-aistriú ceangaltas chun críche agus bhí píblíne d'aistrithe ann ag deireadh na bliana 2022 agus iad ag céimeanna éagsúla de dhul chun cinn.¹⁶ Tá cruth nua curtha ar phróifíl mhéid sócmhainní na hearnála de bharr an athstruchtúraithe seo, le 66 ceann de na 203 comhar creidmheasa gníomhach ag tuairisciú sócmhainní os cionn €100m (a fhreagraíonn do 69% de shócmhainní na hearnála) ag deireadh na bliana 2022.

Fuair trí chomhar creidmheasa ag a bhfuil sócmhainní sa bhreis ar €100m acu faomhadh chun teorainneacha méadaithe iasachtaithe a chur i bhfeidhm ó thaobh tithe agus gnóthas de, rud a d'fhág gurb ionann an líon iomlán comhar creidmheasa a bhfuil cead acu leas a bhaint as an teorainn mhéadaithe iasachtaithe seo agus ocht gcinn. Faoi dheireadh na bliana 2022, bhí an líon comhar creidmheasa a raibh faomhadh acu chun seirbhísí cuntais reatha a chur ar fáil do bhaill méadaithe go 77 ceann (ó 66 ceann ag deireadh na bliana 2021). D'eisigh na comhair

¹⁵ Tá tuilleadh eolais maidir leis an Athbheithniú Mapála Deasc ar fáil ar [shuíomh gréasáin BCE i dtaobh Maoirseacht ar Bhaincéireacht](#).

¹⁶ Is próiseas deonach é an t-aistriú ceangaltas trína ndéantar sócmhainní, dliteanais agus gníomhaíochtaí uile comhair creidmheasa amháin nó níos mó a aistriú chuig comhar creidmheasa eile.

chreidmheasa seo comhiomlán de thart ar 120,000 cárta dochair. Anuas air sin, bhí 112 comhar creidmheasa ag tuairisciú iarmhéideanna iasachta morgáiste ag deireadh na bliana 2022.

Earnáil na nÍocaíochtaí agus Earnáil an Ríomh-Airgid

De thoradh thaithí mhaoirseachta an Bhainc Ceannais in 2022, eisíodh [litir POF](#) in earnálacha na n-íocaíochtaí agus an ríomh-airgid.¹⁷ Leis an litir seo, athdhearbhaíodh ionchais mhaoirseachta an Bhainc Ceannais agus tarraingíodh aird ar roinnt torthaí a d'eascair as rannpháirtíochtaí maoirseachta ar fud na bpríomhréimsí riosca seo a leanas: (i) cosaint; (ii) rialachas, bainistíocht rioscaí, iompar agus cultúr; (iii) samhail ghnó, straitéis agus athléimneacht airgeadais; (iv) athléimneacht oibríochta agus seachfhoinsíú; agus (v) sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac.

Earnáil an Árachais/Earnáil an Athárachais

Leanadh de rannpháirtíocht a dhéanamh in 2022 ar chúrsaí a bhaineann leis an athrú aeráide, agus tugadh chun críche athbhreithniú téamach chun tuiscint a fháil ar bhreithnithe i dtaca leis an athrú aeráide agus ar neamhchosaint ar rioscaí athraithe aeráide, agus eisíodh [Treoir do Ghnóthais \(Ath\)Árachais maidir le Rioscaí Athraithe Aeráide](#) (Páipéar Comhairliúcháin 151) i mí Lúnasa 2022.

Ina theannta sin, tar éis fhoilsiú an Chreata do Phleanáil Téarnaimh agus Treoirlíne Tacaíochta in 2021, tugadh faoi athbhreithniú téamach ar phleananna téarnaimh árachais/athárachais agus eisíodh aiseolas tionscail go díreach chuig gnólachtaí. Déanann sé seo tairbhe i dtreo cosaint sealbhóirí polasaí a bhaint amach, chomh maith le cobhsaíocht airgeadais a choinneáil.

Lean an Banc Ceannais de thacaíocht a thabhairt do Phlean Gnímh an Rialtais maidir le hAthchóiriú Árachais, ina leagtar amach réimse tionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní do thomhaltóirí agus do ghnóthais maidir le costas agus infhaighteacht árachais.

Bhí béim ar dhigitiú freisin, le tabhairt chun críche staidéir ar úsáid eiticiúil na “mórshonraí” agus teicneolaíochtaí gaolmhara i bpróisis árachais/athárachais, mar aon le seoladh suirbhé maidir le haibíocht digitithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar a mhéid atá gnólachtaí árachais / athárachais na hÉireann ag baint leas as nuálaíochtaí teicneolaíochta mar chuid dá samhlacha agus oibríochtaí gnó.

Earnáil na nUrrús agus na Margaí

I margaí urrús, bhí gníomhaíochtaí maoirseachta an Bhainc Ceannais ag díriú i gcónaí ar mheasúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí ag eintitis rialáilte. Ba é foilsiú an tríú [Tuarascáil Forléargais bliantúil ar Riosca na Margaí Urrús](#) a bhí mar thoradh ar an gcleachtadh scanta ionchais bliantúil maidir leis na margaí urrús. I gcomhréir leis na rioscaí a shonraítear sa tuarascáil seo, thug an Banc Ceannais faoi ghníomhaíochtaí inar dhírigh sé ar rioscaí in earnáil na gcistí infheistíochta, ar fhaireachán agus ar fhaireachas ar mhí-úsáid margaidh, agus ar choinbhleachtaí leasa.

¹⁷ Tagann sé seo sna sála ar [litir POF](#) a eisíodh i mí na Nollag 2021, inar leagadh amach ionchais mhaoirseachta an Bhainc Ceannais do gach gnólacht íocaíochtaí agus Ríomh-Airgid.

Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac

Lean an Banc Ceannais dá chur chuige a fheabhsú agus a fhorbairt maidir le maoirseacht a dhéanamh ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (AML/CFT) a chomhrac le linn na bliana 2022. Bhí sé seo á spreagadh go príomha ag cineálacha nua eintitis ardriosca, líon níos mó gnólachtaí agus próifílí a raibh riosca ard ag baint leo, agus tírdhreach maoirseachta agus beartais idirnáisiúnta a bhí ag claochlú, ina raibh obair leanúnach ar bun chun creat agus cur chuige maoirseachta nua AML an Aontais Eorpaigh a cheapadh.

Mar chuid den mhaoirseacht ar ghnólachtaí chun críocha AML/CFT, leanadh de bhéim a chur ar a chinntiú go mbeadh creataí rialaithe cuí éifeachtacha i bhfeidhm chun rioscaí a mhaolú agus chun a chinntiú go mbeadh gnólachtaí ag comhlíonadh a gcuid ceanglas reachtaíochta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010. Ina thaobh sin, áirítear ar na réimsí a chlúdaítear faireachán ar idirbhearta, dícheall cuí i leith custaiméirí, creataí measúnaithe riosca agus idirbhearta amhrasacha a thuairisciú.

Sonraí agus Teicneolaíocht a Ghiaráil

Le linn na bliana 2022, mar chuid de chlár claochlaithe ilbhliantúil, rinne an Banc Ceannais dul chun cinn maidir le hobair chun forbairt a dhéanamh ar a chuir chuige maoirseachta, lena n-áirítear acmhainn anailíseach agus teicneolaíochta a ghíaráil. Leanadh den infheistíocht i gcórais chun idirghníomhú níos éifeachtaí a chumasú le heintitis rialáilte, le tuilleadh forbartha ar Thairseach an Bhainc Ceannais, ardán slán trína gcuirtear ar chumas gnólachtaí rannpháirtíocht a dhéanamh leis an mBanc Ceannais ar bhealach níos éifeachtúla agus níos sláine. Tá feabhsuithe suntasacha ar oiriúnacht agus ionracas agus ar sheirbhísí tuairiscithe rialála á bhforbairt don bhliain 2023 agus leanfar d'fheabhsuithe breise agus seirbhísí nua a chur ar fáil tríd an gclár seo mar chuid de straitéis sonraí an Bhainc Ceannais.

Údarú agus Gníomhaíocht Geatóra

Tá an Banc Ceannais tiomanta do phróiseas údarúcháin soiléir oscailte trédhearcach a chur ar fáil trí rannpháirtíocht ghníomhach chuiditheach a dhéanamh le páirtithe leasmhara ón tionscal agus le páirtithe leasmhara eile. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach timpeallacht rialála a chruthú inar féidir buntáistí ionchasacha na nuálaíochta do thomhaltóirí, d'infheisteoirí, do ghnóthais agus don tsochaí a bhaint amach, fad a dhéanfar na rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú go héifeachtach.

Sa bhliain 2022, fuair an Banc Ceannais líon ard iarratas nua a raibh castacht sa bhreis ag baint leo. Nuálaíocht teicneolaíochta, sainorduithe nua agus athruithe rialála a raibh tionchar acu ar gach earnáil is mó ba chúis leo. Tá fás suntasach tagtha ar earnáil na n-íocaíochtaí agus an ríomh-airgid, mar shampla, le roinnt blianta anuas, agus tá an Banc Ceannais ag fáil go leor iarratas ar údarú i gcónaí.


Údaruithe

Tugann an Banc Ceannais tús áite do rannpháirtíocht luath le gnólachtaí, rud a chuireann ar a gcumas a bheith rannpháirteach ag an gcéim tosaigh nó amhantrach chun faisnéis agus treoir a fháil faoin bpróiseas údaraithe.

Údaruithe is toradh d'fhormhór na n-iarratas a dhéantar ar fud earnálacha. Cuirtear acmhainní ar fáil do ghnólachtaí a chuireann iarratais ar aghaidh, ach a tharraingíonn siar iad ag pointe níos déanaí ar chúiseanna tráchtála. Tá caighdeáin údaruithe an Bhainc Ceannais de réir noirm idirnáisiúnta.

Tugtar léiriú ar ghníomhaíocht údaraithe gnólachtaí rialáilte le roinnt blianta anuas i gCairt 2 thíos.

Cairt 2: Gníomhaíocht Údaraithe Gnólachtaí Rialáilte 2018-2022



Le Mol Nuálaíochta an Bhainc Ceannais, éascaítear teagmháil maidir le nuálaíocht trí phointe díreach teagmhála a chur ar fáil do nuálaithe agus d'éascaitheoirí nuálaíochta. Sa bhliain 2022, éascaíodh 56 cás de theagmháil idir nuálaithe, cuideachtaí teicneolaíochta airgeadais, éascaitheoirí nuálaíochta, eintitis rialáilte agus saineolaithe smaointe. Leis an [Eolas is Déanaí faoin Mol Nuálaíochta in 2022](#), tugtar forléargas ar an ngníomhaíocht a rinneadh in 2022, agus roinntear sonraí maidir le treochtaí a tugadh faoi deara le cúig bliana anuas.

Earnáil na nUrrús agus na Margáí

Lean earnáil na gcistí infheistíochta de bheith ag fás, ó thaobh scála agus castachta araon, agus bhí méid suntasach údaruithe ciste (744) agus údaruithe soláthraí seirbhísí ciste (23) i gceist in 2022. Bhí cur i bhfeidhm Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe (RNAI) agus an Rialacháin maidir le Tacsanamaíocht ag earnáil na gcistí ina phríomhthosaíocht don Bhanc Ceannais sula dtiocfadh ceanglais RNAI Leibhéal II i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2023.

Dlínse suntasach is ea Éire maidir le faomhadh na réamheolairí a bhaineann le hurrús a thairgtear don phobal nó a nglactar leo ar mhargadh rialáilte lena dtrádáil. Faomhadh 754 réamheolaire nua sa bhliain 2022. Próiseáladh 50,314 comhdú iar-údaraithe freisin.

I mí Márta 2022, d'fhoillíodh na haisghabhála a mhéadú i ndáil le costais rialála airgeadais mar chuid dá straitéis chun bogadh i dtreo maoiniú iomlán tionscail, rinne an Banc Ceannais na táillí athbhreithnithe réamheolaire agus na caighdeáin seirbhíse maidir le faomhadh réamheolairí, mar a leagtar amach i Ráiteas Aiseolais ar an [gComhairliúchán ar Tháillí agus Caighdeáin Seirbhíse i dtaca le Réamheolairí](#), a chur i bhfeidhm.¹⁸

Soláthraithe Seirbhísí Sócmhainní Fíorúla

I gcaitheamh na bliana 2022, chláraigh an Banc Ceannais an chéad soláthraí seirbhísí sócmhainní fíorúla in Éirinn, agus cláraíodh trí ghnólacht eile ina dhiaidh sin. Déanann an Banc Ceannais maoirseacht ar na gnólachtaí seo chun críocha AML/CFT agus chun na gcríoch sin amháin.¹⁹ I mí Iúil 2022, mar chuid dá rannpháirtíocht le hiarratasóirí agus le hiarratasóirí ionchais, d'eisigh an Banc Ceannais [Feasachán Frithsciúrtha Airgid ar Sholáthraithe Seirbhísí Sócmhainní Fíorúla](#), ina leagtar amach saincheistanna a shainaithin an Banc Ceannais sa mheasúnú a rinne sé ar iarratais ar chlárú agus lena gcuirtear ar fáil faisnéis maidir lena chuid ionchas sna réimsí seo.

Earnáil an Chreidmheasa Miondíola

Leis an Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2022, a ritheadh i mí Bealtaine 2022, leathnaíodh sainordú an Bhainc Ceannais le go gcuimseodh sé soláthraithe fruilmheannaigh, ceannaigh anois agus íoc ar ball agus fruiliú tomhaltóirí, mar aon le ceanglais nua a thabhairt isteach do sholáthraithe creidmheasa ardchostais (ar tugadh “iasachtóirí airgid ceadúnaithe” orthu roimhe seo). Ghluais an Banc Ceannais go mear chun an reachtaíocht seo a chur i ngníomh, lena n-áirítear céimeanna a ghlacadh chun feachtas tomhaltóirí a mhúscailt i dtaobh na gcatagóirí nua seo de chreidmheas rialáilte. Rinneadh dul chun cinn ar obair i ndáil le cur i bhfeidhm chóras nua an Aontais Eorpaigh i leith slua-chistithe freisin.

Earnáil na nIdirghabhálaithe Miondíola

Le linn na bliana 2022, rinneadh comhdhlúthú leanúnach ar fud earnáil na n-idirghabhálaithe/na mbróicéirí miondíola, mar aon le líon suntasach iontrálaithe nua, agus faomhadh 233 iarratas ar údarú sa bhliain 2022. Seoladh tionscnamh idirghníomhach rannpháirtíochta bunaithe ar sheimineáir ghréasáin chomh maith chun tacú le hiontrálaithe ionchasacha nua chuig an earnáil.

¹⁸ Páipéar Comhairliúcháin 142, a foilsíodh i mí na Nollag 2021.

¹⁹ Leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) (Leasú) 2021, leathnaíodh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010 chun go gcuimseofaí Soláthraithe Seirbhísí Sócmhainní Fíorúla.

Caighdeán Seirbhíse maidir le hIarratais a Phróiseáil agus Teagmhálaithe a Bhainistiú

Foilsítear an Tuarascáil ar Fheidhmíocht na gCaighdeán Seirbhíse Rialála²⁰ go leathbhliantúil agus leagtar amach inti feidhmíocht an Bhainc Ceannais i gcoinne caighdeán seirbhíse i dtaca le:

- (i) údarú soláthraithe seirbhísí airgeadais agus cistí infheistíochta;
- (ii) faomhadh réamheolairí;
- (iii) measúnú ar iarratais tríd an gCeistneoir don Duine Aonair a bhaineann le Feidhm Rialaithe Réamhcheadaitheach; agus
- (iv) feidhmíocht a sheirbhíse bainistithe teagmhálaithe tríú páirtí.



Cinntíonn an Banc Ceannais go ndéantar dianmheasúnú ar gach iarratas i gcoinne na gcaighdeán rialála ábhartha. Is é is aidhm don chur chuige seo tacú le seasmhacht i ndáil le cinnteoireacht, rioscaí a laghdú agus seirbhís intomhaiste thrédhearcach a chur ar fáil a mbainfeadh agaí slánúcháin seasmhacha léi.

I gcomhréir le straitéis an Bhainc Ceannais chun a bheith Oscailte agus Rannpháirteach, chuathas i gcomhairle le hearnálacha an tionscail chun a gcuid ionchuir a fháil sula bhfoilseofaí tuarascáil ar Chaighdeán Seirbhíse L2 2022. Dá bharr sin, áiríodh insintí feabhsuithe sa tuarascáil seo a choinneofar faoi bhreithniú leanúnach.

Leagtar amach achoimre ar fheidhmíocht an Bhainc Ceannais i gcoinne na gcaighdeán seirbhíse i bhFíor 1 thíos.

²⁰ [Tuarascáil ar Fheidhmíocht na gCaighdeán Seirbhíse Rialála L1 2022](#) agus [Tuarascáil ar Fheidhmíocht na gCaighdeán Seirbhíse Rialála L2 2022](#).


Fíor 1: Caighdeáin Seirbhíse a Baineadh Amach in 2022



Seirbhísí Rialála

D'fhonn tacú le cur ar aghaidh tuairisceán agus taisctí tionscail, cuireann an Banc Ceannais tacaíocht thiomanta ar fáil trí chainéil fóin agus ríomhphoist araon. Tháinig 34,852 fiosrú isteach ó lucht an tionscail in 2022 maidir le tuairisceáin agus taisctí rialála. B'ionann seo agus méadú 10% ar líon na bhfiosruithe a tháinig isteach in 2021. I gCairt 3, tugtar miondealú ar na fiosruithe a fuarthas de réir earnála tionscail agus cainéal.


Cairt 3: Miondealú ar Fhiosruithe Rialála



Chuir gnólachtaí rialáilte 112,640 tuairisceán rialála ar aghaidh san iomlán in 2022. Is méadú suntasach é seo ar an 41,799 tuairisceán a cuireadh ar aghaidh in 2021, de réir tuairisce, agus tá sé inchurtha, den chuid is mó, i leith leathnú na gcritéar tuairiscithe in 2022 chun tuairisceáin *ad hoc* a áireamh.

I gCairt 4, tugtar miondealú ar iarratais oiriúnachta agus ionracais de réir stádais. In 2022, tháinig méadú 4% ar líon na n-iarratas maidir le Feidhm Rialaithe Réamhcheadaitheach ar chríochnaigh an Banc Ceannais a mheasúnú ina leith i gcomparáid leis an mbliain 2021 (3,546 iarratas i gcomparáid le 3,394 iarratas). Maidir leis na hiarratais a tugadh chun críche in 2022, faomhadh 85% díobh agus bhí an 15% eile comhdhéanta d'iarratais a seoladh ar ais toisc go rabhadar neamhiomlán agus d'iarratais ar tharraing an t-iarratasóir siar iad (miondealú a bhí cosúil go maith le figiúirí na bliana 2021). Is gá agallaimh a dhéanamh chun iarratasóirí a mheas do ról áirithe a bhaineann le Feidhm Rialaithe Réamhcheadaitheach, i gcás ról an Chathaoirligh nó ról an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin i ngnólacht ardtionchair, mar shampla. Bhí baint ag 148 iarratasóir leis an bpróiseas oiriúnachta agus ionracais sa bhliain 2022.

Cairt 4: Iarratais Oiriúnachta agus Ionracais de réir Stádais²¹



Forfheidhmiú

Le linn na bliana 2022, rinne an Banc Ceannais beart de réir a bhriathair maidir le torthaí forfheidhmiúcháin suntasacha ilchineálacha sa chóras i ndáil leis an Nós Imeachta maidir le Smachtbhannaí Riaracháin, sa chóras Measúnóra agus sa chóras Oiriúnachta agus Ionracais. Léirítear leis na gníomhartha seo fairsinge na n-uirlisí forfheidhmiúcháin atá ar fáil don Bhanc Ceannais chun aghaidh a thabhairt ar an réimse sáruithe rialála a dhéanann gnólachtaí rialáilte agus daoine aonair araon. Gearradh níos mó ná €213.7m i bhféineálacha in 2022, an méid is airde a gearradh in aon bhliain amháin go dtí seo. Tá sonraí i ndáil le torthaí agus cásanna faoi fhiosrú ar fáil ar [shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais](#).

²¹ Eisiatar iarratais maidir le Feidhm Rialaithe Réamhcheadaitheach a bhí faoi réir diúltaithe.

Forfheidhmiú Príomhstaidreamh 2022

Os cionn €213m i
bhFíneálacha*

9

Toradh ar ASP agus ar Mhargaí Urrús

1

Smachtbhanna i leith duine aonair forchurtha faoin gCóras Measúnóra agus ASP

112

Fógra Rabhaidh Foilsithe

3

Diúltú i leith réamhcheadú duine aonair ar fhorais F&P

2

Fógra Toirmisc

*Íoctar gach fíneáil a bhailíonn an Banc Ceannais leis an Státchiste

An Nós Imeachta maidir le Smachtbhannaí Riaracháin agus an Córas Measúnóra

Is ionann na gníomhartha a thug an Banc Ceannais i gcrích in 2022 agus léiriú ar thionchar trasearnála a chumhachtaí forfheidhmiúcháin. Tugadh fiosrúcháin chun críche i dtaca le príomhréimsí fócais éagsúla lena n-áirítear cosaint tomhaltóirí (Bainc-Aontas Éireann CPT, BSL CGA, agus Gobharnóir agus Cuideachta an Bhainc Ceannais), ceanglais rialála a bhaineann le hearnáil na gcistí (BNY Mellon Fund Services (Éire) CGA agus Mercer Global Investments Management Limited), ceanglais frithsciúrtha airgid (Danske Bank A/S) agus ceanglais rialachais chorparáidigh (AXA Life Europe CGA).

Tá an Banc Ceannais tiomanta d'ionracas an mhargaidh a chosaint agus cleachtais mhí-úsáideacha a chomhrac. Sa bhliain 2022, d'eisigh sé a chéad chinneadh Measúnaithe de bhun reachtaíochta i dtaca le mí-úsáid mhargaidh, agus ghearr sé pionós airgeadaíochta agus dhícháiliú gairmiúil ar an [Uasal Philip Lynch](#), a dhaingnigh an Ard-Chúirt.

Oiriúnacht agus Ionracas

Eisíodh dhá fhógra toirmisc maidir le hoiriúnacht agus ionracais chuig daoine aonair. Ina theannta sin, diúltaíodh faomhadh do thriúr daoine aonair mar shealbhóirí ról Feidhme Rialaithe Réamhcheadaithí.

Fiosruithe/Measúnachtaí an Chórais Measúnóra

Tá na héisteachtaí fianaiseacha deiridh maidir le fiosrúchán Chumann Foirgníochta Forleithheadach na hÉireann críochnaithe. Táthar ag fanacht ar thorthaí maidir leis an aon duine amháin atá fanta a raibh baint aige roimhe seo le bainistiú Chumann Foirgníochta Forleithheadach na hÉireann.

Tá fiosrúchán ar siúl faoi láthair i dtaobh duine a raibh baint aige roimhe seo le bainistiú Permanent TSB plc, agus réachtáladh trí chruinniú bainistithe fiosrúcháin phríobháideacha sa bhliain 2022.

Le linn na bliana 2022, cuireadh tús le fiosrúchán breise i dtaobh duine a raibh baint aige roimhe seo le bainistiú gnólachta rialáilte.

Gnólachtaí Neamhúdaraith

D'fhoilsigh an Banc Ceannais 112 fógra rabhaidh i leith gnólachtaí neamhúdaraith sa bhliain 2022. Is ionann é sin agus méadú 24% bliain ar bhliain. Lean an Banc Ceannais dá dhlúthchomhar le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí freisin, lena n-áirítear An Garda Síochána, maidir le gníomhaíocht neamhúdaraith.

Cé gur féidir modhanna éagsúla a úsáid chun spriocdhírú a dhéanamh ar thomhaltóirí, trí na meáin shóisialta agus suíomhanna gréasáin bréagacha, cuir i gcás, tá clónáil gnólachtaí dlisteanacha fós ar an gcamscéim is mó a úsáidtear. Molann an Banc Ceannais do thomhaltóirí réamhchúraimí a ghlacadh amhail tástáil **SAFE** a dhéanamh (Stad, Athbhreithnigh, Fíricí a Sheiceáil, É a Nochtadh agus a Thuairisciú) sula dtosaíonn siad ag plé le gnólachtaí seirbhísí airgeadais.

Nochtadh Cosanta

Fuair an Banc Ceannais 245 nochtadh cosanta le linn na bliana 2022, aníos ó 231 in 2021. Tá príomhról ag córas um nochtadh cosanta maidir le hardchaighdeáin a chur chun cinn laistigh de ghnólachtaí rialáilte, agus cabhraíonn sé le tionchar dearfach a imirt ar iompraíochtaí. Molann an Banc Ceannais do dhaoine aonair ábhair imní nó faisnéis a bhaineann le héagóir rialála amhrasta i seirbhísí airgeadais a thuairisciú. Bhí maoirseacht fheabhsaithe, cláir maolaithe riosca, cigireachtaí, fógraí rabhaidh agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin mar thoradh ar nochtadh cosanta sa bhliain 2022. Tháinig feidhm leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 ar an 1 Eanáir 2023 agus ceanglaítear ar ghnólachtaí forálacha an Achta sin a chomhlíonadh anois. Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe doiciméid i dtoll a chéile ina bhfuil sonraí maidir leis na príomhathruithe ar cheart do ghnólachtaí a bheith ar an eolas fúthu.²²

Smachtbhannaí Airgeadais

Is é Banc Ceannais na hÉireann an t-údarás inniúil in Éirinn i leith smachtbhannaí spriocdhírith airgeadais a riar. Tríd an ról atá ag an mBanc Ceannais, thacaigh sé le riar smachtbhannaí AE a cuireadh i bhfeidhm de dheasca chogadh na Rúise san Úcráin. Dá thoradh sin, tá athrú ó bhonn tagtha ar scála obair an Bhainc Ceannais ina cháil mar údarás inniúil i leith smachtbhannaí airgeadais a riar.

Áirítear ar na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm maoluithe teoranta ar leith lena gceadaítear do dhaoine aonair/d'eintitis gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh a bheadh toirmisceithe faoi na smachtbhannaí murach sin. Le linn na bliana 2022, fuair an Banc Ceannais 94 iarratas ar mhaolú, thug sé 68 iarratas acu sin chun críche agus d'údaraigh sé 41 ceann acu. Ina theannta sin, thacaigh an Banc Ceannais le daoine aonair / le heintitis maidir le cur i bhfeidhm smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh trí fhreagra a thabhairt ar 571 achainí ar threoir. Le linn na bliana 2022, chuaigh an Banc Ceannais i gcomhairle le húdaráis ábhartha eile, go háirithe an Coimisiún Eorpach, maidir le réimse na smachtbhannaí lena chinntiú go gcuirfeadh Éire smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm go héifeachtach agus ar an gcaoi sin, go dtacódh sí le cuspóir na smachtbhannaí.

²² Is féidir teacht ar bhreis eolais ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i dtaobh na reachtaíochta ar www.gov.ie/protected-disclosures

Mar thoradh ar mhéadú nach raibh aon choinne leis i dtaca le bearta sriantacha an Aontais Eorpaigh a d'eascair as cogadh na Rúise san Úcráin, d'fhoilsigh an Banc Ceannais cuid maith nuashonraithe ar a shuíomh gréasáin le linn na bliana 2022. Áiríodh orthu sin:

- cruthú agus foilsiú [leathanach gréasáin nua tiomanta Rúise/Úcráine](#), a nuashonraíodh gach aon uair a glacadh le pacáiste nua de smachtbhannaí Aontais Eorpaigh;
- cruthú [leathanaigh gréasáin nua maidir le Maoluithe ar Smachtbhannaí](#) lena n-áirítear Foirm Iarratais nua ar Mhaolú ar Smachtbhannaí; agus
- foilsiú treorach agus foirmeacha tuairiscithe nua.

Ina theannta sin, i mí Meithimh 2022, d'eisigh an Banc Ceannais [Litir chuig gnólachtaí agus comhlachtaí ionadaíocha gairmiúla](#) inar chuir sé faisnéis ar fáil dóibh maidir le smachtbhannaí airgeadais lena scaipeadh ar a mbaill. Ar deireadh, cruthaíodh agus foilsíodh grafaic eolais lenar míníodh smachtbhannaí na Rúise/na hÚcráine, mar aon le Ceisteanna Coitianta nuashonraithe.

An Píblíne Beartais agus Reachtaíochta

Lean an Banc Ceannais de thionchar a imirt agus de bheith ag cur le réimse tionscnamh tábhachtach beartais agus reachtaíochta, sa tír seo agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal idirnáisiúnta araon, lena n-áirítear coinbhéirseacht mhaoirseachta an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus údarás maoirseachta aonair (an tÚdarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac) a bhunú.



An Creat Cuntasachta Aonair

In 2022, lean an Banc Ceannais de thacaíocht a chur ar fáil don Roinn Airgeadais chun creat feabhsaithe i ndáil le cuntasacht aonair i seirbhísí airgeadais a fhorbairt. Ceaptar an Creat Cuntasachta Aonair chun rialachas éifeachtach a spreagadh ar fud na hearnála airgeadais, trí na dea-chleachtais a bhfuiltear ag súil leo ó ghnólachtaí dea-eagraithe agus ó shealbhóirí ról freagrach a leagan amach. Tar éis achtú Bhille an Bhainc Ceannais (Creat Cuntasachta Aonair) 2022, sheol an Banc Ceannais [comhairliúchán trí mhí](#) maidir le príomhghnéithe de chur i bhfeidhm an Chreat, lena n-áirítear foilsiú dréachtrialachán agus dréacht-treorach. Leis na dréacht-rialacháin agus an dréacht-treoir, féachtar le soiléireacht a chur ar fáil maidir le hionchais an Bhainc Ceannais i leith chur i bhfeidhm trí ghné den chreat: Córas Cuntasachta d'Fheidhmeannaigh Shinsearach, na Caighdeáin Iompair agus gnéithe áirithe de na feabhsúcháin don chóras Oiriúnachta agus Ionracais.

An tAthbhreithniú ar Bhaincéireacht Mhiondíola

Chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil leis an Roinn Airgeadais chun an tAthbhreithniú ar Bhaincéireacht Mhiondíola a thabhairt chun críche, a foilsíodh i mí na Samhna 2022. Tá obair ar bun chun aghaidh a thabhairt ar chur i bhfeidhm roinnt moltaí don Bhanc Ceannais a tháinig chun cinn ón athbhreithniú. Clúdaítear réimsí tábhachtacha leis na moltaí seo, lena n-áirítear rochtain ar airgead tirim, cosaint tomhaltóirí agus iomaíocht, morgáistí, creidmheas d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, comhshaol agus comhair chreidmheasa.

An tAthbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí

Sa bhliain 2022, sheol an Banc Ceannais athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí (an Cód), arb é bunchloch na cosanta tomhaltóirí i seirbhísí airgeadais é. De réir mar atá riachtanais na dtomhaltóirí ag athrú agus táirgí agus seirbhísí nua atá faoi thionchar na teicneolaíochta á dtabhairt isteach sa mhargadh, tá an t-athbhreithniú á dhéanamh lena chinntiú go mbeidh an Cód oiriúnach don feidhm fós. Táthar ag féachaint lena chinntiú go mbeidh cosaint mhaith ag tomhaltóirí i gcónaí.

Tionscnaíodh an t-athbhreithniú nuair a foilsíodh [plépháipéar](#) i mí Dheireadh Fómhair 2022 a bhfuil sé mar aidhm leis gach páirtí leasmhar a spreagadh chun dul i mbun plé oscailte ar na príomh-shaincheisteanna ábhartha atá ag teacht chun cinn maidir le cosaint tomhaltóirí. Scrúdaítear sa phlépháipéar: ról na cosanta tomhaltóirí chun tacú le córas airgeadais a fheidhmeoidh go maith, tábhacht na rialála ardchaighdeán; trédhearcacht; leibhéil chuí iomaíochta a mbeidh nuálaíocht mar bhonn taca leis; sreabhadh iontrálaithe nua; agus éascaíocht an aistrithe idir táirgí agus soláthraithe. Tar éis clár rannpháirtíochta sé mhí, foilseofar aiseolas i lár na bliana 2023, agus ina dhiaidh sin, foilseofar Páipéar Comhairliúcháin ar mholtaí sonracha chun an Cód um Chosaint Tomhaltóirí a leasú.

An Creat Maoirseachta a Neartú

Sa bhliain 2022, leanadh d'fheabhsuithe a dhéanamh ar an gCóras Dóchúlachta Riosca agus Tionchair, creat riosca-bhunaithe an Bhainc Ceannais maidir le maoirseacht a dhéanamh ar ghnólachtaí rialáilte. Áiríodh ar an obair sa réimse seo athbhreithniú ar íos-rannpháirtíocht maoirseachta agus forbairt bhreise ar shamhlacha rannpháirtíochta le hearnáil na gcistí.

An tAthbhreithniú ar Chreat Beartais na gComhar Creidmheasa

Sa bhliain 2022, d'oibrigh an Banc Ceannais leis an Roinn Airgeadais maidir leis an Athbhreithniú ar Chreat Beartais na gComhar Creidmheasa, lena n-áirítear an Bille um Chomhar Creidmheasa (Leasú) 2022 (an Bille), a foilsíodh i mí na Samhna 2022.²³ Anuas air sin, eisíodh [Comhairliúchán ar Sheirbhísí Díolúnaithe na gComhar Creidmheasa](#) (Páipéar Comhairliúcháin 148), agus tá na freagairtí ina leith sin á mbreithniú i láthair na huaire. Foilseofar ráiteas aiseolais ina mbeidh rialacháin leasaithe le linn na bliana 2023.

Clár Taisceadán, Cuntas Bainc agus Cuntas Íocaíochta na hÉireann

Trasuíodh Alt 32A den Chúigiú Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid i ndlí na hÉireann i mí Feabhra 2022. Leis na rialacháin, foráiltear do bhunú agus d'fheidhmiú Cláir Cuntas Bainc agus Íocaíochta agus Taisceadán atá i seilbh institiúidí creidmheasa in Éirinn. Déanfaidh an Banc Ceannais Clár Taisceadán, Cuntas Bainc agus Cuntas Íocaíochta na hÉireann a bhunú agus a fheidhmiú sa bhliain 2023.

Rialacháin an Bhainc Ceannais do Ghnólachtaí Infheistíochta

I mí Iúil 2022, foilsíodh [Rialacháin athbhreithnithe an Bhainc Ceannais do Ghnólachtaí Infheistíochta](#) i bhfoirm chríochnúil agus síníodh agus foilsíodh ansin iad ina nIonstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 10 de 2023) i mí Eanáir 2023. Ar na hathbhreithnithe ar na Riachtanais

²³ Amhail an 19 Aibreán 2023, bhí an Bille seo ag céim an choiste in Dáil Éireann.

maidir le Sócmhainní Cliant atá i gCuid 6 de na Rialacháin athbhreithnithe, áirítear rialacha nua, lena neartaítear ceanglais a bhí ann cheana agus lena gcruthaítear cothrom na féinne d'eintitis na hÉireann (gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí creidmheasa) a bhfuil sócmhainní cliant ina seilbh acu i gcomhthéacs a bheith ag tabhairt faoi ghnó infheistíochta faoin Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID). Beidh na ceanglais seo infheidhme maidir le gnólachtaí infheistíochta ón 1 Iúil 2023 agus maidir le hinstiúidí creidmheasa ón 1 Eanáir 2024.

Rannpháirtíocht Straitéiseach AE agus Idirnáisiúnta

I gcaitheamh na bliana 2022, lean an Banc Ceannais de thionchar a imirt laistigh de na húdaráis Eorpacha, lena n-áirítear trína rannpháirtíocht agus rannpháirteachas ar leibhéal sinsearach i gComhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh, i mBord Maoirseachta an tSásra Aonair Maoirseachta, i mBord Ginearálta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach agus i mBoird Maoirseoirí na dtrí Údarás Maoirseachta Eorpacha. Tá ról ceannaireachta ag an mBanc Ceannais i réimsí éagsúla, lena n-áirítear ina cháil mar Chathaoirleach ar Chomh-Fhochoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil agus ina cháil mar Chathaoirleach ar an mBuainchoiste um Sheirbhísí Bainistíochta Infheistíochta, coiste de chuid an Údaráis Eorpaigh um Urrúis agus Margaí. D'óstáil an Banc Ceannais roinnt Coláistí Maoirseoirí i rith na bliana 2022, agus d'fhreastail sé ar roinnt Coláistí Maoirseoirí eile freisin.²⁴

Is é Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa Cathaoirleach reatha Lónra Rialtóirí Idirnáisiúnta na gComhar Creidmheasa (ICURN). Le Comhdháil Bhliantúil ICURN 2022, a reáchtáladh in Montreal i mí Iúil, cuireadh deis ar fáil chun rannpháirtíocht a dhéanamh le piaraí ar rialtóirí comhar creidmheasa iad.

Chuir an Banc Ceannais le príomhghnéithe d'fhorbairt rialála AE lena n-áirítear Treoir agus Rialacháin um Riachtanais Caipitil, Sócmhainneacht II, an Treoir maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha, Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais, an Rialachán maidir le Margaí Cripteas-Shócmhainní agus an tAcht um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil.

Ar leibhéal domhanda, bhí an Banc Ceannais gníomhach i bhfóraim idirnáisiúnta lena n-áirítear an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiún Urrús (IOSCO), an Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais (IAIS) agus mar chomhalta de Chomhairle Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Chosaint Tomhaltóirí Airgeadais. Díol suntais ar leith ab ea é an méid seo a leanas:

- Atoghadh an Leas-Ghobharnóir (Cosaint Tomhaltóirí agus Infheisteoirí) chuig Bord IOSCO ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste Réigiúnach na hEorpa.

²⁴ D'fhoilsigh na trí Údarás Maoirseachta Eorpacha - an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí - [Treoirlínte Comhpháirteacha](#) i mí na Nollag 2019 maidir le comhoibriú, comhroinnt faisnéise agus coláistí maoirseoirí AML/CFT a bhunú don chéad uair san Aontas Eorpach, agus é mar chuspóir leis sin comhoibriú agus comhroinnt faisnéise éifeachtach a chinntiú idir údaráis inniúla agus iarrachtaí AML/CFT an Aontais Eorpaigh a threisiú.

- Lean an Banc Ceannais de bheith ina chomhalta gníomhach de Choiste Feidhmiúcháin an IAIS.
- Chuir an Banc Ceannais leis an measúnú ar éifeachtacht mholtaí an Bhoird Cobhsaíochta Airgeadais (BCA) ón mbliain 2017 maidir leis an mbearna leachtachta i ndáil le cistí neamhiata, a foilsíodh i mí na Nollag 2022. Ba é an Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais) Comhchathaoirleach Ghrúpa Comhpháirteach an BCA/IOSCO a stiúir an obair seo.

Lean an Banc Ceannais dá rannpháirtíocht leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta freisin, lena n-áirítear trí Chlár Measúnaithe na hEarnála Airgeadais 2022 agus rannpháirteachas i bpróiseas Alt IV (próiseas rialta trína ndéanann an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta faireachas ar bheartais eacnamaíocha, airgeadais agus rátaí malairte a chomhaltaí).

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Mar aon leis na hidirghníomhaíochtaí maoirseachta díreacha a bhí againn le gnólachtaí, leanadh de chlár rannpháirtíochta fairsinge le comhlachtaí ionadaíoch an tionscail, le páirtithe leasmhara eile agus ag fóraim ábhartha Eorpacha agus idirnáisiúnta le linn na bliana 2022. Ar an mbealach sin, cuireadh deis ar fáil chun rannpháirtíocht a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara atá againn, chun bheith ag éisteacht le tuairimí daoine eile, tuiscint a fháil ar na tuairimí sin agus foghlaim a dhéanamh dá mbarr, chun léargas a thabhairt ar fhorbairtí rialála agus pleananna maoirseachta atá ar na bacáin, agus chun plé a dhéanamh ar rioscaí atá ag teacht chun solais agus ar shaincheistanna de thoradh ár gcuid oibre. Áiríodh ar na buaicphointí:

- Bunú Fhóram an Tionscail Airgeadais, lena gcumasaítear idirphlé foirmiúil dearfach déthreo le hionadaithe sinsearach ón tionscal airgeadais maidir le saincheistanna a bhfuil tábhacht straitéiseach trasearnála leo. Tháinig an Fóram seo le chéile faoi dhó in 2022, i mí Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair, agus tá tuilleadh cruinnithe pleanáilte don bhliain 2023.
- [Comhdháil Tionscnaimh ar an gCóras Airgeadais](#) de chuid an Bhainc Ceannais, a cuireadh ar siúl i mí na Samhna 2022. I gcaitheamh dhá lá na comhdhála, thug 35 aoichainteoir aitheasc don 580 duine a bhí sa lucht freastail. Leis an imeacht seo, tugadh le chéile peirspictíochtaí ilchineálacha ó pháirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear ceannairí tionscail, ionadaithe do thomhaltóirí agus daoine de lucht déanta beartais idirnáisiúnta chun plé agus díospóireacht a dhéanamh ar na fórsaí atá ag múnlú an chórais airgeadais.
- Seimineár maidir le hAirgeadas Inbhuanaithe don tionscal bainistithe sócmhainní, a reáchtáil an Banc Ceannais i mí na Samhna 2022. Leis an seimineár seo, tugadh le chéile ionadaithe tionscail agus rialála chun plé a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le nochtadh agus le hinfhaighteacht sonraí, agus uaidh sin foilsíodh [nóta faisnéise maidir le hairgeadas inbhuanaithe](#).
- Comhoibriú trasghníomhaireachta leis an nGarda Síochána agus le húdaráis rialála eile, lena n-áirítear rannpháirteachas san Fhóram Náisiúnta um Choireacht agus Éilliú Eacnamaíoch agus an Chomhairle Chomhairleach a bhaineann leis, trínar cuireadh le

freagairtí molta straitéiseacha agus beartais chun coireacht agus éilliú eacnamaíoch a chomhrac.

- D'oibrigh an Banc Ceannais go gníomhach chun aiseolas a fháil ó thomhaltóirí agus páirtithe leasmhara maidir lena Fhorléargas ar Rioscaí i leith Cosaint Tomhaltóirí. Baineadh leas as an léargas a fuarthas ó bhreis is 300 teagmháil tomhaltóra, as anailís leanúnach ar ghníomhaíocht ar na meáin shóisialta ag gnólachtaí rialáilte, agus as breis is 160,000 gearán a chuir tomhaltóirí faoi bhráid gnólachtaí rialáilte in 2022, mar bhonn eolais do chur chuige an Bhainc Ceannais i leith cosaint tomhaltóirí.
- Lean an Banc Ceannais de theagmháil a dhéanamh le comhlachtaí eile a bhfuil freagracht orthu as cosaint tomhaltóirí i seirbhísí airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, chun an cuspóir comhroinnte de chosaintí láidre agus torthaí iontaofa do thomhaltóirí agus d'infheisteoirí a bhaint amach.

An Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí

Is painéal comhairleach reachtúil é an Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí a bunaíodh faoin Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, agus a chuireann comhairle ar fáil don Bhanc Ceannais maidir lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh agus a chuid cumhachtaí a fheidhmiú i ndáil le tomhaltóirí seirbhísí airgeadais. Tháinig an Grúpa Comhairleach do Thomhaltóirí le chéile cúig huair sa bhliain 2022 agus lorgaíodh a chuid ionchuir ar roinnt saincheistanna straitéiseacha tábhachtacha, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- an t-athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí
- aistrithe cuntas reatha agus cuntas taisce de bharr imeacht Bhanc Uladh agus Bhanc KBC ón margadh
- an t-athbhreithniú ar Chreat na mBeart Morgáiste
- straitéis maidir le hairgead tirim
- iarmhairtí an bhoilscithe agus na géarchéime costas maireachtála

Maoiniú agus Soláthar Foirne i ndáil le Rialáil Airgeadais

Maoiniú Rialála Airgeadais

Tá straitéis mhaoinithe an Bhainc Ceannais ag athrú agus ag forbairt i gcónaí, ar bhonn céimnithe, i dtreo chostas iomlán na rialála airgeadais a aisghabháil ón tionscal.

Gach bliain, déanann an Banc Ceannais rialacháin lena n-éilítear ar ghnólachtaí rialáilte tobhach maoinúcháin a íoc leis an mBanc Ceannais i ndáil lena chuid gníomhaíochtaí rialála airgeadais. Tagann feidhm leis na rialacháin seo, ina leagtar amach an bonn ar a gcuirtear i bhfeidhm tobhaigh ar eintitis a rialaítear ar bhonn aonair laistigh de gach catagóir maoinúcháin, tar éis don Aire Airgeadais iad a fhormheas.



Cuimsítear sa cheanglas bliantúil maoiniúcháin an costas a bhaineann le rialáil airgeadais, na rátaí téarnaimh arna bhfaomhadh ag an Aire Airgeadais agus coigeartuithe do mhíreanna lena n-áirítear iarmhéideanna nó ioncam iarchurtha ó bhlianta roimhe sin.

Déanann an Banc Ceannais athbhreithniú leanúnach ar phróiseas na dtobhach lena chinntiú go mbeidh sé chomh héifeachtach agus is féidir i gcónaí, de réir mar a athraíonn tionscal na seirbhísí airgeadais. Bíonn rannpháirtíocht leanúnach i gceist le comhlachtaí ionadaíocha an tionscail maidir le forbairtí a bhaineann le cúrsaí maoiniúcháin agus tabharfar faoi chomhairliúchán sa chás go molfaí athruithe ábhartha. Ina thaobh seo, tá sé i gceist ag an mBanc Ceannais comhairliúchán a fhoilsiú in 2023 chun tuairimí a fháil maidir le rátaí téarnaimh do chomhair chreidmheasa amach anseo.


Soláthar Foirne i dtaobh Rialáil Airgeadais

Ag deireadh mhí na Nollag 2022, b'ionann agus cóibhéis 981.4 ball foirne lánaimseartha a raibh baint acu le gníomhaíochtaí rialála, aníos ó 977.4 i mí na Nollag 2021. Bhí an méadú seo inchurtha go príomha do chobhsú na leibhéal soláthair foirne trí fheachtais spriocdhírithe. Tar éis na bhfeachtas seo, bhí tréimhse láimhdeachais dheonaigh ardaithe i gceist i roinnt sainréimsí mar gheall ar fhás an chórais airgeadais in Éirinn agus an iomaíocht a bhí ann le blianta beaga anuas dá bharr ó thaobh baill foirne ar speisialtóirí iad a mhealladh.

Ag deireadh 2022, ba é 8.9% an meánráta athraithe foirne i réimse na Rialála Airgeadais, i gcomórtas le 6.1% ag deireadh 2021.

Léirítear i gCairt 5 thíos leibhéal na foirne a bhí ag obair i réimse na Rialála Airgeadais le ceithre bliana anuas.

Cairt 5: Líon na bhFostaithe i réimse na Rialála Airgeadais 2019-2022



Piarmheasúnuithe Idirnáisiúnta²⁵

Foráiltear in Alt 32M d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú) go ndéanfar athbhreithniú ar fheidhmeanna rialála an Bhainc Ceannais gach ceithre bliana ar a laghad, agus gur banc ceannais náisiúnta eile nó duine nó comhlacht eile a bheidh deimhnithe ag Gobharnóir an Bhainc Ceannais, tar éis dó nó di comhairle a dhéanamh leis an Aire Airgeadais, a thabharfaidh faoin athbhreithniú sin. Tugadh roinnt piarmheasúnuithe ar fheidhmeanna rialála an Bhainc Ceannais chun críche sa bhliain 2022.



Clár Measúnaithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ar an Earnáil Airgeadais

Mionmheasúnú cuimsitheach ar earnáil airgeadais tíre is ea Clár Measúnaithe CAI ar an Earnáil Airgeadais (CMEA). Le CMEA, déantar anailís ar athléimneacht na hearnála airgeadais, ar chaighdeán an chreata rialála agus maoirseachta, agus ar an acmhainn chun géarchéimeanna airgeadais a bhainistiú agus a réiteach. Bunaithe ar thorthaí CMEA, déantar moltaí de chineál micreastuamachta agus macrastuamachta, a chuirtear in oiriúint do chúinsí na tíre ar leith. Ó tharla go meastar gur dlínse í Éire a bhfuil earnáil airgeadais aici a mbaineann tábhacht shistéamach léi, bíonn sí faoi réir CMEA éigeantach gach cúig bliana. Cuireadh tús leis an measúnú is déanaí i mí Bealtaine 2021, agus nuair bhí sé críochnaithe foilsíodh an [Measúnú Cobhsaíochta ar an Earnáil Airgeadais](#) i mí Iúil 2022. Rinneadh 19 moladh sa mheasúnú agus thángthas ar an tátal gur threisigh Éire go mór maoirseacht agus rialú na hearnála airgeadais ó rinneadh MCEA na bliana 2016, agus go bhfuil an creat macrastuamachta slán. Leis na sruthanna oibre faoi MCEA 2021/22, clúdaíodh, *inter alia*, na feidhmeanna seo a leanas den Bhanc Ceannais: rialáil agus maoirseacht ar baincéireacht, ar árachas, ar urrúis agus ar mmargaí (lena n-áirítear tástáil struis); beartas macrastuamachta; líontán sábhála airgeadais agus bainistiú géarchéime; agus AML/CFT.

Piarmheasúnuithe an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh²⁶

Tugadh trí phiarmheasúnú faoi stiúir an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh chun críche sa bhliain 2022:

Maoirseacht ar Bhainistiú Neamhchosaintí Neamhthuillmheacha

Tháinig an tábhacht a bhaineann le cumas institiúidí creidmheasa neamhchosaintí neamhthuillmheacha ar a gcláir chomhardaithe a bhainistiú agus an tábhacht a bhaineann leis na creataí agus cleachtais mhaoirseachta sa réimse seo chun solais tar éis ghéarchéim airgeadais na mblianta 2008-2009 agus tar éis na géarchéime fiachais san Eoraip. D'imir an dá ghéarchéim seo tionchar diúltach ar earnáil baincéireachta na hEorpa agus tharla carnadh neamhchosaintí neamhthuillmheacha ar chláir chomhardaithe go leor institiúidí creidmheasa dá ndeasca. De bharr ábhair imní maidir le tionchar phaindéim COVID-19 ar chaighdeán punann creidmheasa institiúidí creidmheasa agus maidir le himpleachtaí níos fadtéarmaí do leibhéal na neamhchosaintí neamhthuillmheacha in earnáil airgeadais an Aontais Eorpaigh, sheol an tÚdarás Baincéireachta Eorpach piarmheasúnú in 2021. Díríodh san athbhreithniú ar

²⁵ Sa chuid seo den tuarascáil, tugtar aghaidh ar cheanglais tuairiscithe an Ráitis Feidhmíochta Bhliantúil faoi Alt 32L(2)(b) d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú).

²⁶ Tá fáil ar thuarascálacha a bhaineann le Piarmheasúnuithe an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh ar shuíomh gréasáin an Údaráis ar <https://www.eba.europa.eu/supervisory-convergence/peer-reviews>

an measúnú ar chur chuige maoirseachta na n-údarás inniúil i dtaca leis an gcaoi a ndéanann institiúidí neamhchosaintí neamhthuillmheacha a bhainistiú, lena n-áirítear cuspóirí cosanta tomhaltóirí a chur san áireamh. Foilsíodh an tuarascáil ar an 17 Bealtaine 2022.

Measúnú rioscaí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide faoin bPróiseas Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta

Sa phiarmheasúnú seo, díríodh ar an measúnú ar chur chuige maoirseachta na n-údarás inniúil i ndáil le [Treoirlínte ÚBE maidir le Measúnú Rioscaí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide faoin bPróiseas Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta](#), agus torthaí thuarascáil coibhéirseachta maoirseachta an Údarás Baincéireachta Eorpaigh ón mbliain 2020 agus torthaí an Chlár Scrúdaithe Maoirseachta Eorpach 2022 do mhaoirseoirí stuamachta á gcur san áireamh. Ina theannta sin, rinneadh measúnú mar chuid den phiarmheasúnú ar chur chuige na n-údarás inniúil i leith na maoirseachta ar institiúidí creidmheasa trí dhíriú ar thrí phríomhréimse. Roghnaíodh iad sin bunaithe ar (a) torthaí thuarascáil coibhéirseachta maoirseachta 2020 de chuid an Údarás Baincéireachta Eorpaigh agus Chlár Scrúdaithe Maoirseachta Eorpach 2022 do mhaoirseoirí stuamachta, (b) na pléití leanúnacha ar fud fho-struchtúir ábhartha an Údarás Baincéireachta Eorpaigh, agus (c) réimsí a bheidh ina réimsí fócais faoi DORA go luath.²⁷ Foilsíodh an tuarascáil ar an 17 Deireadh Fómhair 2022.

Údarú faoin Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD2)

Tá feidhm leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD2) ón 13 Eanáir 2018 i leith agus leagtar amach inti na ceanglais nach mór d'iaratasóirí a chomhlíonadh chun a bheith údaraithe mar institiúidí íocaíochta agus mar institiúidí ríomh-airgid. Díríodh sa tuarascáil seo ar an measúnú ar chleachtais mhaoirseachta na n-údarás inniúil ó thaobh na hinstitiúidí seo a údarú faoi PSD2, ag cur san áireamh Treoirlínte an Údarás Baincéireachta Eorpaigh maidir le húdarú arna n-eisiúint in 2017 chun tacú leis an Treoir. Foilsíodh an tuarascáil ar an 11 Eanáir 2023.

Piarmheasúnuithe an Údarás Eorpaigh um Urrúis agus Margaí²⁸

Tugadh trí phiarmheasúnú a rinne an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí chun críche sa bhliain 2022:

Maoirseacht na nÚdarás Inniúil Náisiúnta ar ghníomhaíochtaí trasteorann gnólachtaí infheistíochta

Leis an bpiarmheasúnú seo, díríodh ar an maoirseacht arna déanamh ar ghníomhaíochtaí gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí creidmheasa lena ndírítear ar chliaint mhiondíola, faoin gcreat Saoirse chun Seirbhísí a Sholáthar. Mar chuid den mheasúnú, clúdaíodh leis an athbhreithniú neamhspleáchas na n-údarás inniúil náisiúnta (ÚINanna), an cumas atá acu chun torthaí maoirseachta ardchaighdeán a bhaint amach, lena n-áirítear leordhóthanacht

²⁷ Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014.

²⁸ Tá fáil ar thuarascálacha a bhaineann le piarmheasúnuithe an Údarás Eorpaigh um Urrúis agus Margaí ar shuíomh gréasáin an Údarás ar <https://www.esma.europa.eu/publications-and-data/peer-reviews>.

acmhainní agus rialachais agus cur i bhfeidhm éifeachtach MiFID II, cumas ÚIN chun freagairt d'fhorbairtí margaidh, an méid cóineasaithe maidir le cur i bhfeidhm cleachtas dlí agus maoirseachta, agus a mhéid atá na cleachtais ag baint amach chuspóirí MiFID II. Foilsíodh an tuarascáil ar an 10 Márta 2022.

Nósanna imeachta um ghrinnscrúdú agus faomhadh réamheolairí ag údaráis inniúla

Leis an bpiarmheasúnú seo, rinneadh measúnú ar réimse tosca, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta dóibh): grinnscrúdú ar réamheolairí; an próiseas faofa agus fógra i leith faofa, leordhóthanacht acmhainní ÚINanna chun grinnscrúdú agus faomhadh réamheolairí a dhéanamh; agus neamhspleáchas agus córas dliteanais ÚIN maidir le maoirseacht ar na réamheolairí. Mar chuid den mheasúnú i ngach réimse, breithníodh tionchar cur chuige éagsúil na n-údarás inniúil ar chumas na n-eisitheoirí caipiteal a chruinniú san Aontas agus an tionchar comhfhreagrach ar chosaint infheisteoirí. Foilsíodh an tuarascáil ar an 21 Iúil 2022.

An chaoi ar láimhseáil ÚINanna athlonnú go dtí an tAontas Eorpach i gcomhthéacs imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach

Bhí gá le hiarracht choiteann i leith athlonnú eintiteas agus gníomhaíochtaí go dtí an tAontas Eorpach tar éis chinneadh na Ríochta Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil, le cur chuige maoirseachta comhsheasmhach a chinntiú ag leibhéal an Aontais Eorpaigh chun cosaint infheisteoirí, feidhmiú ordúil na margaí airgeadais agus cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú. Leis an bpiarmheasúnú seo, rinneadh measúnú ar a mhéid a bhfuil ÚINanna ag comhlíonadh ionchais mhaoirseachta a shocraítear ar bhonn ceanglas ábhartha dlí agus Thuairimí ESMA. Sa phiarmheasúnú, díriodh ar údarú agus ar na gnéithe gaolmhara maoirseachta a bhaineann le trí chineál earnálacha ar leith: (i) gnólachtaí a chuireann seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta ar fáil; (ii) ionaid trádála; agus (iii) bainisteoirí cistí. Foilsíodh an tuarascáil ar an 8 Nollaig 2022.

Piarmheasúnuithe an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde²⁹

In 2022, chuir an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde bailchríoch ar phiarmheasúnú amháin agus ar bheart leantach amháin maidir le piarmheasúnú:

Piarmheasúnú ar Sheachfhoinsiú

Sa phiarmheasúnú seo, rinneadh measúnú ar aibíocht fhoriomlán an chreata arna chur i bhfeidhm ag údaráis mhaoirseachta náisiúnta chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí seachfhoinsithe na ngnóthas árachais agus athárachais. Ba é cuspóir an phiarmheasúnaithe bearnaí, réimsí a d'fhéadfaí feabhas a chur orthu agus dea-chleachtais a shainathint ar mhaithe le maoirseacht sheasmhach éifeachtach a chur chun cinn ina dtaobh seo. Foilsíodh an tuarascáil ar an 19 Iúil 2022.

²⁹ Tá fáil ar thuarascálacha a bhaineann le Piarmheasúnuithe an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde ar shuíomh gréasáin an Údaráis ar


https://www.eiopa.europa.eu/publications_en?f%5B0%5D=oe_publication_title%3Apeer%20reviews

Obair leantach ar phiarmheasúnú ar chuibheas Comhaltaí Comhlachta Riaracháin, Bainistithe agus Maoirseachta agus Geallshealbhóirí Cáilitheacha

Baineann an tuarascáil leantach seo leis an bphiarmheasúnú ar chuibheas comhaltaí comhlachta riaracháin, bainistithe agus maoirseachta agus geallshealbhóirí cáilitheacha, ar tugadh faoi sa bhliain 2019. Déantar measúnú inti ar cibé ar tugadh nó nár tugadh aghaidh ar na gníomhartha molta agus breathnaítear ar na gníomhaíochtaí atá déanta ag ÚINanna ar leith chun an gníomh/na gníomhartha molta a eisíodh chucu a chomhlíonadh. Ina theannta sin, tugtar aghaidh sa tuarascáil ar an monatóireacht atá á déanamh ar mar atá na dea-chleachtais, mar a sainaithníodh iad sa phiarmheasúnú deireanach sin, á gcur san áireamh, á gcur i bhfeidhm nó á bhforbairt tuilleadh ag ÚINanna. Foilsíodh an tuarascáil ar an 12 Deireadh Fómhair 2022.

Caibidil 3:

Ag Tacú lenár nEagraíocht



Caibidil 3: Ag Tacú lenár nEagraíocht

Straitéis Foirne

Le Straitéis Foirne 2022-2026, straitéis nua an Bhainc Ceannais, leagtar amach tosaíochtaí an Bhainc Ceannais maidir leis an bhfoireann don tréimhse atá amach romhainn. Tá sé dírithe ar cheithre cholún:

- 1) Cultúr ‘Aon Bhanc Amháin’ a Chothú
- 2) Athrú a Chumasú
- 3) Cumas don Todhchaí a Fhorbairt
- 4) Taithí Future@Work a chur ar fáil don Fhoireann

Le linn na bliana 2022, bhí gníomhaíochtaí maidir leis an bhfoireann dírithe ar a bheith ag tacú lenár straitéis eagraíochta agus lenár gclár oibre um bunathrú, agus ar áit oibre fhorásach shasúil a chruthú do bhaill foirne an Bhainc Ceannais.

Cuireadh béim leanúnach ar dhaoine cumasacha a chothú agus ar chumas a fhorbairt, agus líonadh níos mó ná 430 ról i rith na bliana (is é sin 21% níos mó ná sa bhliain 2021). Rinneadh athbhreithniú ar an bpróiseas um Earcú Daoine Cumasacha a raibh sé d’aidhm aige taithí na n-iarrthóirí a fheabhsú agus tacú lenár gcuid cuspóirí maidir le hÉagsúlacht & Ionchuimsitheacht.

Cuireadh réimse leathan deiseanna foghlama agus forbartha ar fáil lena n-áirítear sraith nua de cheardlanna ceannaireachta, meantóireacht, oiliúint i scileanna gairmiúla, breisoideachas agus an Teastas agus an Dioplóma Gairmiúil saincheaptha i mBaincéireacht Cheannais agus Rialáil Airgeadais.

Bhí bealaí oibre agus cinnteoireachta an Bhainc Ceannais fós a dtreorú ag a [chultúr agus luachanna](#). Cuireadh tuilleadh beochta sna déantáin chultúir seo trí athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais an Bhainc Ceannais i ndáil le foireann an Bhainc, ar a chlár foghlama, ar a chuid cumarsáide agus imeachtaí rannpháirtíochta, lena n-áirítear Seachtain na Luachanna.

Mar léiriú ar thiomantas an Bhainc Ceannais d’aire a thabhairt dá bhaill foirne, bunaíodh Meitheal tras-eagraíochtúil maidir le Folláine in 2022. Reáchtáladh breis agus 40 imeacht folláine le tacaíocht ó mheithleacha foirne, lena n-áirítear Tacadóirí na Meabhairshláinte. Chuir an Banc Ceannais Seirbhís Sláinte Ceirde agus Clár Cúnaimh do Bhail Foirne nua ar bun freisin. Bhí ríméad ar an mBanc Ceannais gur choinnigh sé [KeepWell](#), creidiúnú IBEC, in 2022.



Éagsúlacht & Ionchuimsitheacht

Lean an Banc Ceannais dá fhócas agus dá uailmhianta i leith Éagsúlachta & Ionchuimsitheachta (É&I) a neartú trínár [Straitéis Éagsúlachta & Ionchuimsitheachta 2022-2026](#) a fhoilsiú, inar athdhearbhaíodh an tábhacht a bhaineann le É&I i gcomhthéacs cé muid féin, cad a dhéanaimid agus conas mar a dhéanaimid é. Táthar ag leanúint d'obair chun feasacht agus tuiscint ar É&I a chothú trí oiliúint ríomhfhoghlama shaincheaptha (le breis agus 70% de chomhghleacaithe tar éis é seo a chur i gcrích in 2022) agus trí dheiseanna foghlama comhlántacha sa seomra ranga. Lean an Banc Ceannais de thacaíocht a chur ar fáil dá [Líonraí Foirne](#) sna gníomhaíochtaí É&I a bhí acu freisin.

Ar aon dul le béim an Bhainc Ceannais ar bheith oscailte agus trédhearcach, roinneadh dul chun cinn maidir leis an mbearna phá idir na hinscní tráth a foilsíodh an cúigiú [tuarascáil bhliantúil ar an mBearna Phá idir na hInscní](#).

Le linn na bliana 2022, dhaingnigh an Banc Ceannais a thiomantas poiblí i leith É&I trí dhul i bpáirt le cuid mhaith dá phiaraí san Eoraip chun [Cairt Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta CEBC & SAM](#) a shíniú, inar dearbhaíodh an tiomantas comhroinnte atá againn i leith comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chothú laistigh den Chóras Eorpach Banc Ceannais agus den Sásra Aonair Maoirseachta.

Go seachtrach, cúis bhróid don Bhanc Ceannais ab ea é a bheith ina iomaitheoir sa bhabhta ceannais le haghaidh dhá ghradam náisiúnta do ghníomhaíocht É&I, mar aon le bheith ag leanúint³⁰ de thiomantas an Bhainc Ceannais don [Ghealltanas i leith Áit Oibre Ionchuimsitheach](#), arna eagrú ag Gnó sa Phobal in Éirinn.

Future @ Work

Le linn na bliana 2022, mar chuid den aidhm chun timpeallacht oibre sholúbtha chomhoibríoch chomhtháite a chinntiú dár bhfoireann, d'éirigh leis an mBanc Ceannais aistriú a dhéanamh ó shamhail oibre ina raibh an fhoireann ag obair ón mbaile, go príomha, go samhail oibre hibrídeach. I mí Iúil, seoladh an chéim 'Tástáil agus Foghlaim' de mhodh nua

³⁰ [Na Gradaim Náisiúnta Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta](#) agus [Gradaim Acmhainní Daonna CIPD na hÉireann](#)

Future@Work le tabhairt isteach teicneolaíochta nua feabhsaithe chun eispéireas oibre hibrideach feabhsaithe a chumasú. Cuireadh tacaíochtaí suntasacha ar fáil do bhaill foirne freisin, lena n-áirítear sraitheanna straitéisí, oiliúint, ceardlanna, cairteacha foirne agus suirbhéanna aiseolais.

Áitribh agus Saoráidí

Forbairt Champas Ché an Phoirt Thuaidh

Le linn na bliana 2022, thug an Banc Ceannais forbairt a champais chomhtháite ar Ché an Phoirt Thuaidh chun críche le feistiú an fhoirgnimh ar Shráid an Mhéara, cóngarach don chóiríocht oifige eile atá aige. Bogadh isteach sa spás oifige ar Shráid an Mhéara de réir sceidil i mí Iúil. Cuireadh comhdhlúthú na foirne ar fad ar champas nua Ché an Phoirt Thuaidh i gcrích gan cur isteach ar ghnó an Bhainc Ceannais.

Tá tús curtha leis na hurláir nach dteastaíonn ón mBanc Ceannais san fhoirgneamh ar Shráid an Mhéara a mhargú anois. Mar chuid den straitéis cóiríochta, cuireadh an foirgneamh ar Dhuga Spencer ar an margadh lena dhíol. Cuireadh díol Bhloc R2 i gcrích, agus tá Bloc R1 fós ar an margadh.



Oscailt Oifigiúil an fhoirgnimh ar Shráid an Mhéara agus Champas nua Cheantar na nDugaí leis an nGobharnóir Gabriel Makhlouf (sa lár), leis an iar-Stiúrthóir Seirbhísí Airgeadra, Ionaíd Oibre agus Rialála, Paul Molumby (ar chlé) agus iarPhríomh-Oifigeach Oibríochtaí, Gerry Quinn (ar dheis).

Seirbhísí Ionaíd Oibre

Chinntigh an Banc Ceannais go raibh a fhoirgnimh agus a shaoráidí ag feidhmiú go hiomlán agus go raibh timpeallacht oibre slán sábháilte ar fáil iontu don fhoireann, i gcomhréir le treoirlínte an rialtais agus lenár gcur chuige maidir le tús áite a thabhairt do bhaill foirne. Nuair a maolaíodh srianta COVID-19, d'éirigh leis an mBanc Ceannais filleadh sábháilte ar an ionad oibre a bhainistiú go luath sa bhliain 2022. Leis an bhforbairt leanúnach ar obair

hibrideach, beidh gá le tuilleadh sofhreagrúlachta i spás na seirbhísí ionaid oibre chun réitigh agus seirbhísí níos solúbtha a chur i bhfeidhm.

I gcomhréir leis an gclár oibre atá aige maidir le hinbhuanaitheacht, lean an Banc Ceannais den ídiú fuinnimh ar fud Champas Cheantar na nDugaí agus an Ionaid Airgeadra in Áth an Ghainimh a bhainistiú agus a laghdú trí réimse beart réamhghníomhach a chur i bhfeidhm.


Inbhuanaitheacht

Bhunaigh an Banc Ceannais Tascfhórsa Inbhuanaitheachta i mí Meithimh le cur i ngníomh a chuspóra straitéisigh chun “beart a dhéanamh dár dtiomantas chun feidhmiú mar eagraíocht inbhuanaithe” agus a chur chuige straitéiseach i leith na hinbhuanaitheachta a fhorbairt.

Áirítear air seo Treochlár an Bhainc Ceannais um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt ar mhaithe leis na gealltanais seo faoin Sainordú don Earnáil Phoiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh, atá mar chuid de Phlean an Rialtais maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.

An Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht

Oibríonn an Banc Ceannais de réir córas comhtháite deimhnithe maidir le comhshaol, sábháilteacht agus fuinneamh a bhainistiú ar fud na suíomhanna ar fad. Déantar raon táscairí gaolmhara a thomhas agus tá fáil orthu ar [shuíomh gréasáin](#) an Bhainc Ceannais sa Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht Chomhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta.



Gníomhaíochtaí Sóisialta agus Inbhuanaíthe

Tá an Banc Ceannais tiomanta do bheith ina eagraíocht inbhuanaíthe atá freagrach go sóisialta. Sa bhliain 2022, bunaíodh Grúpa Formhaoirseachta Sóisialta & Inbhuanaíthe chun cur tuilleadh le tionscnaimh a bhí ann cheana agus chun formhaoirsiú a dhéanamh ar threoir straitéiseach na ngníomhaíochtaí freagrachta sóisialta agus inbhuanaítheachta sa Bhanc Ceannais, lena n-áirítear gníomhaíochtaí tascfhórsaí agus meithleacha inmheánacha maidir le hInbhuanaítheacht, É&I agus Folláine.

Déanann an Grúpa Formhaoirseachta Sóisialta & Inbhuanaíthe formhaoirsiú freisin ar an Meitheal um Fhreagracht Shóisialta agus ar an gCoiste Carthanais. Faigheann an dá ghrúpa sin cistí chun a gcuid aidhmeanna faoi seach a bhaint amach agus chun tacú le gníomhaíochtaí barrthábhachtacha a ndéantar achoimre orthu thíos.

An Meitheal um Fhreagracht Shóisialta

Sa bhliain 2022, bhí fócas na n-iarrachtaí maidir le freagracht shóisialta dírithe ar chaidreamh níos doimhne a leabú i bpobal Cheantar na nDugaí faoi théamaí na fostaíochta agus na hinfhostaitheachta.

Bunaíodh samhail comhpháirtí pobail chun rannpháirtíocht ardtionchair a chinntiú le grúpaí pobail neamhbhrabúis i gCeantar na nDugaí. Sainaithníodh ceithre chomhpháirtí pobail:

- Grúpa Forbartha Pobail an Phoirt Thuaidh
- SWAN Youth
- Belvedere Youth
- Five Lamps Arts

Ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhimeachtaí ar leagadh béim orthu in 2022, áirítear an méid seo a leanas:

- Oibriú go deonach le clár Junior Achievement Ireland agus Early Learning Initiative, a thacaíonn le páistí scoile barr a gcumais a bhaint amach.
- Ceithre shocrúchán idirbhliana Lár na Cathrach Thoir Thuaidh a óstáil i mí na Samhna 2022.
- Lá Pobail Cheantar na nDugaí a reáchtáil i mí na Samhna 2022, ar tugadh cuireadh do ghrúpaí pobail áitiúla chuige chun a gcuid oibre agus eispéireas a roinnt.
- Dhá thaispeántas ealaíne le healaíontóirí áitiúla a reáchtáil chun tacú le Five Lamps Arts.
- Bronnadh céime Career LEAP a óstáil i mí na Samhna 2022, chun tacú le clár Career LEAP um ullmhacht don obair.

Gníomhaíocht an Choiste Carthanais in 2022

Déanann an Coiste Carthanais formhaoirsiú ar leithdháileadh chiste carthanachta an Bhainc Ceannais chun tacú le obair charthanais, chun dul i gcomhpháirtíocht le carthanais áirithe arna roghnú ag an mBanc Ceannais agus chun obair dheonach iontu a chur chun cinn, chun tacú le hiarrachtaí carthanachta na mball foirne agus chun imeachtaí tiomsaithe airgid a eagrú.

Ar cheann de na príomhghnéithe de thacaíocht an Bhainc Ceannais do phobail na tíre ná an chomhpháirtíocht a dhéanann sé le cúig charthanas gach dhá bhliain. Mar léiriú ar thuairimí chomhghleacaithe an Bhainc Ceannais, dheimhnigh an Coiste na Carthanais seo a leanas ar Comhpháirtithe iad do na blianta 2022/23:

- An Fhondúireacht um Shláinte Leanaí
- The Down Syndrome Centre
- CROSS Cancer Research
- Grúpa Cúnta na mBan
- Outhouse



Ina theannta sin, thacaigh an Coiste, thar ceann an Bhainc Ceannais, le breis is 60 cúis carthanachta (go háitiúil agus go náisiúnta araon) trí shíntiúis a thabhairt d'imeachtaí tiomsaithe airgid arna n-eagrú ag comhghleacaithe an Bhainc Ceannais.

Tugadh faoi iarracht ar leith sa bhliain 2022 chun an fhulaingt arbh í géarchéim dhaonnúil na hÚcráine ba chúis léi a mhaolú trí thacaíocht airgeadais agus oibrithe deonacha a chur ar fáil trí Chros Dhearg na hÉireann.

Tá tuilleadh sonraí maidir le hobair an Bhainc Ceannais i dtaobh gníomhaíochtaí freagrachta sóisialta agus carthanais ar fáil ar [shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais](#).

An Straitéis Sonraí

Is é is aidhm do straitéis sonraí an Bhainc Ceannais inniúlacht sonraí na heagraíochta a mhéadú, trína gcinnteofar go dtabharfar aghaidh ar ghnéithe uile shaolré na sonraí. Áirítear air sin sonraí a chruthú agus a bhailiú, oibríochtaí ardchaighdeán a chinntiú i dtaobh sonraí a chothabháil agus a phróiseáil, agus anailís a chur chun cinn agus léargas barrthábhachtach a bhaint ag an am céanna chun cinnteoireacht thráthúil fheasach a chumasú.

Leagtar an straitéis sonraí amach ar bhealach atá dírithe ar an todhchaí agus inscálaithe, lena chinntiú go mbeifear ag dul i ngleic le riachtanais na heagraíochta ina hiomláine leis na hinniúlachtaí atá ar fáil inti. Chun an cur chuige a dheimhniú, déanfar bealaí nua oibre a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach ó thús na bliana 2023 go dtí lár na bliana, agus tá sé socraithe go mbeidh cur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne i gceist níos déanaí sa bhliain.

Leanadh de rolladh amach Thairseach an Bhainc Ceannais - ardán slán cumarsáide do sheirbhísí trína mbítear ag plé leis an tionscal - agus bhí breis agus 7000 gnólacht cláraithe ag deireadh na bliana 2022. Áiríodh ar na seirbhísí a rolladh amach le linn na bliana síniú isteach singil agus nuashonruithe máistirshonraí ón tionscal. Áirítear ar na seirbhísí eile atá beartaithe don bhliain 2023 nuashonruithe suntasacha do sheirbhísí i ndáil le Taisctí an Cheistneora don Duine Aonair maidir le hOiriúnacht agus Ionracas agus do sheirbhísí i ndáil le Taisctí Tuairisceán.

Teicneolaíocht

Tá ríthábhacht ag baint leis an teicneolaíocht d'oibríochtaí an Bhainc Ceannais, lena gcuirtear ar a chumas a bheith ina eagraíocht shofhreaigrúil athléimneach ilchineálach fhaisnéisbhunaithe.

Bhí roinnt éachtaí barrthábhachtacha i gceist sa bhliain 2022 ó thaobh na teicneolaíochta de:

- Cheap an Banc Ceannais a straitéis glactha néil, ina leagtar amach pleananna soiléire maidir leis an mbealach is fearr a bhféadfaí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí néil agus an bealach is fearr chun iad seo a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta. Tá glacadh an néil ríthábhachtach i leith cumasú agus luathú straitéiseach maidir le tosaíochtaí claochlaithe an Bhainc Ceannais. Tosófar leis an gcéad Chéim Chumasaithe den chlár glactha néil seo sa bhliain 2023 agus mar chuid di, díreofar ar na hathruithe i ndáil le daoine, próisis agus teicneolaíocht a theastóidh ar mhaithe le beart a dhéanamh de threochlár néil an Bhainc Ceannais.
- Infheistíocht leanúnach i dteicneolaíocht chun tacú leis an riachtanas i ndáil le breis digitithe atá mar bhonn faoi uailmhianta straitéiseacha an Bhainc Ceannais.
- Béim leanúnach ar acmhainní cibearshlándála an Bhainc Ceannais agus uirlisiú, mar aon le hinfeistíocht iontu, chun aghaidh a thabhairt ar thimpeallacht na mbagairtí a bhí ag éirí níos tromchúisí.

- Cur i ngníomh leanúnach cuspóirí beartaithe i gcoinne punann shuntasach d'athruithe ar fud eastát teicneolaíochta an Bhainc Ceannais. Chomh maith leis an acmhainn eagraíochtúil a fheabhsú, bhí an phunann seo á spreagadh ag na héilimh a eascraíonn as sainordú méadaitheach na heagraíochta agus as riachtanais rialála atá ag athrú.

Cumarsáid

Lenár bpáirtithe leasmhara

I bhfianaise na mórathruithe laistigh sa chomhthéacs oibríochtúil ina bhfuil sé ag feidhmiú, d'oibrigh an Banc Ceannais go crua chun fanacht i ndlúth-theagmháil lena chuid páirtithe leasmhara. Ba é an aidhm a bhí againn an méid atá á dhéanamh againn a mhíniú go soiléir agus ár bpáirtithe leasmhara a chur ar an eolas i dtaobh saincheistanna a mbaineann tábhacht leo dóibh. D'fhone eolas a dhéanamh dá ghníomhartha beartais, chaith an Banc Ceannais níos mó ama éisteacht le tuairimí ó dhaoine den phobal, ó ionadaithe gnó, ó ghrúpaí pobail, agus ó ghnólachtaí seirbhísí airgeadais rialáilte ar fud na tíre chun tuiscint níos fearr a fháil ar na dearcthaí atá acu.

Le linn na bliana seo caite, rinne an Banc Ceannais cumarsáid agus teagmháil go forleathan trí chainéil éagsúla ar réimse téamaí tosaíochta. Áirítear ar na gníomhaíochtaí suntasacha a rinneadh le linn na tréimhse:

- Seoladh an phlépháipéir den [Athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí](#), trí dheiseanna a thapú ar fud réimse cainéal lena n-áirítear cainéil dhigiteacha agus shóisialta.
- Seoladh [Chreat athbhreithnithe na mBeart Morgáiste](#) lena n-áirítear rannpháirtíocht fhorleathan le páirtithe leasmhara.
- Eagraíodh réimse imeachtaí for-rochtana ar fud na tíre, inar chas an Gobharnóir le hionadaithe áitiúla an fhíorgheilleagair, líonraí áitiúla, daltaí scoile agus mic léinn ollscoile.
- Méadú suntasach ar líon na bhfiosruithe ó na meáin agus na dteagmhálacha díreacha leis an bpobal.
- Freagraí tráthúla ar líon suntasach ceistanna ón Oireachtas agus ar cheistanna parlaiminte.



Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh Christine Lagarde le comhaltaí de Choimisiún an Bhainc Ceannais i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Lenár bhfoireann

Le linn na bliana 2022, lean an Banc Ceannais de chumarsáid shoiléir rialta a chur ar fáil, a raibh sé mar aidhm leis sin baill foirne an Bhainc a choinneáil ar an eolas faoi ghnóthaí ábhartha. Bhí ár gcuid gníomhaíochtaí cumarsáide agus rannpháirtíochta dírithe ar thrí phríomhchuspóir: ar an gcéad dul síos, cumarsáid shoiléir éifeachtach a choinneáil lenár bhfoireann agus teagmháil a dhéanamh leo fad a bhí a gcuid dualgas á gcur i gcrích acu le linn na paidéime leanúnaí; ar an dara dul síos, ár bhfoireann a chur ar an eolas faoi threo straitéiseach an Bhainc Ceannais agus a gcuid tacaíochta a fháil dó; agus ar an tríú dul síos, tacú le haistriú an Bhainc Ceannais chuig bealach hibrideach nua oibre ó lár na bliana ar aghaidh.

Fad a bhí obair ar siúl chun na cuspóirí seo a bhaint amach, agus é mar aidhm leis deis a chruthú chun ár mbaill foirne a thabhairt le chéile go fíorúil, reáchtáil an Banc Ceannais a chéad chomhdháil fhíorúil riamh don fhoireann ar fad i mí Aibreáin 2022. D'fhreastail os cionn 1,750 ball foirne ar an gcomhdháil, agus bhí díospóireachtaí bríomhara spéisiúla i gceist maidir le hobair, straitéis agus todhchaí an Bhainc Ceannais. Ba é rannpháirtíocht ár bhfoireann féin a bhí mar phríomhfhócas na comhdhála, agus labhair comhghleacaithe ó réimsí éagsúla den eagraíocht faoin taithí a bhí acu ar a bheith ag obair le linn na paidéime agus ar a bheith ag déanamh beart de shainordú an Bhainc Ceannais.

Le linn na bliana 2022, lean an Banc Ceannais de réimse leathan cumarsáide a chur ar fáil ar fud na gcainéal éagsúil ceannaireachta agus cumarsáide atá aige lena n-áirítear cruinnithe tiomanta don lucht bainistíochta, cruinnithe faisnéise míosúla don fhoireann, seisiúin 'Lón

agus Foghlaim' agus Cainteanna Tráthúla, ar ar fhreastail cainteoirí inmheánacha agus seachtracha araon.

Láimhseáil Gearán

Tá an Banc Ceannais tiomanta do sheirbhís ghairmiúil éifeachtach chúirtéiseach a chur ar fáil do gach custaiméir agus ball den phobal a mbíonn gnó acu leis. Foráiltear leis an [gCairt Custaiméirí](#) gur féidir le custaiméir gearán foirmiúil a dhéanamh i gcás ina mbeidh siad míshásta leis an tseirbhís atá faighte acu agus mura féidir an fhadhb a réiteach chun sástacht an chustaiméara leis an mball foirne nó rannóg ábhartha. Tá nós imeachta sonrach leagtha amach ag an mBanc Ceannais maidir le gearán foirmiúil a dhéanamh.

Sa bhliain 2022, próiseáladh 31 gearán foirmiúil faoin nós imeachta seo. Rinneadh gearáin a bhain le réimse saincheisteanna, agus bhain an líon is mó díobh le saincheisteanna i ndáil leis an bPríomh-Chlár Creidmheasa. Ní bhfuarthas aon ghearán faoin Nós Imeachta ar leith do Ghearáin a bhaineann le Míchumas.

Saoráil Faisnéise

Phróiseáil an Banc Ceannais 58 iarratas ar Shaoráil Faisnéise le linn na bliana 2022. Ceadaiódh/ceadaíodh i bpáirt 23 iarratas ar an iomlán agus diúltaíodh do 27 iarratas faoi fhorálacha éagsúla an Achta um Shaoráil Faisnéise. Ina theannta sin, tarraingíodh siar trí iarratas tar éis teagmháil a dhéanamh leis an iarrthóir, agus rinneadh cúig iarratas a láimhseáil, taobh amuigh den phróiseas Saorála Faisnéise, ag an réimse ábhartha sa Bhanc Ceannais.

Cúrsaí Dlí

Lean an Banc Ceannais den chreat rialála a neartú trí Rialacháin an Bhainc Ceannais in 2022 agus ullmhaíodh roinnt rialachán nua, lena n-áirítear na Rialacháin um Acht an Bhainc Ceannais (Maoirseacht agus Forfheidhmiú) 2013, (Alt 48 (1)) (Ceanglais Árachais) 2022. Chuidigh an Banc Ceannais freisin le treoracha agus rialacháin éagsúla AE a thrasú agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le creat le haghaidh téarnamh agus réiteach contrapháirtithe lárnacha.

Chuaigh an Banc Ceannais i dteagmháil le Ranna Rialtais ar chúrsaí reachtacha agus thacaigh sé le reachtaíocht phríomhúil a imríonn tionchar ar a shainordú, lena n-áirítear Bille an Bhainc Ceannais (Creat Cuntasachta Aonair), 2022, an tAcht Árachais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022 agus an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí (Gnólachtaí Creidmheasa Miondíola agus Seirbhísithe Creidmheasa a Rialáil) 2022.

Bainistiú Punann Infheistíochta

Ag deireadh na bliana 2022, áiríodh i gclár comhardaithe an Bhainc Ceannais punann infheistíochta ina raibh sócmhainní a raibh luach margaidh €16.7bn leo, lena n-áirítear leithdháileadh ar luach €4.5bn a bhí comhionann le punanna ainmnithe in airgeadra eachtrach (dollar SAM, dollar na hAstráile, dollar Shingeapór, renminbi na Síne agus won na Cóiré) chun críocha éagsúlaithe. Ba mar gheall ar laghdú i méid na punainne coinnithe go dtí aibíocht tar

éis fuascailtí agus aistrithe, go príomha, a tharla an titim i méid na punainne infheistíochta ó €17.4bn ag deireadh na bliana 2021.³¹

Le linn na bliana 2022, chuir an Banc Ceannais i gcrích a leithdháileadh méadaithe in ór fisiciúil ar chuir sé tús leis sa bhliain 2021 mar chuid den straitéis éagsúlaithe infheistíochta níos fadtéarmaí do na sócmhainní lánroghnacha infheistíochta, atá dírithe ar athléimneacht an chláir chomhardaithe a fheabhsú. Trí shócmhainní éagsúlaithe a shealbhú tacaítear le tuairisceáin infheistíochta agus laghdaítear luaineacht fhoriomlán san fhadtéarma, d'ainneoin acmhainn áirithe d'inathraitheacht i dtuairisceáin sa ghearrthéarma. Choinnigh an Banc Ceannais na sealúchais a bhí aige i bhfoirm dhollar na Stát Aontaithe agus cistí glasbhannaí arna n-ainmniú in euro leis an mBanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, trínar léirigh sé an tiomantas atá aige chun breithnithe a bhaineann leis an athrú aeráide a leabú ina chuid oibríochtaí féin.

Tá méid na punainne infheistíochta faoi réir oibleagáidí an Bhainc Ceannais faoi Chomhaontú an Eurochórais maidir le Glansócmhainní Airgeadais freisin. Mar sin féin, níor chuir na hoibleagáidí seo srian le gníomhaíochtaí infheistíochta in 2022.³² Mar gheall ar rátaí úis a bhí ag ardú le linn na bliana 2022, tháinig laghdú ar luach na bpunann bannaí domhanda, a raibh toradh foriomlán -€32.2m i bpunanna ioncaim sheasta an Bhainc Ceannais don bhliain (gan gnáthscaireanna agus ór san áireamh) mar thoradh orthu, tar éis tuilleamh €134.4m a bheith i gceist in 2021.³³

Bosca 1: Banc Ceannais na hÉireann - Dúshlán roimh Bhrabúsacht

I gcaitheamh na mblianta atá amach romhainn, tá gach seans go mbeidh an Banc Ceannais ag bogadh ó thréimhse brabúsachta an-ard go thréimhse ina mbeidh sé - fearacht go leor bainc cheannais ar fud an domhain - ag tabhú caillteanas sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Bhí ionchas ann i gcónaí go bhféadfadh, ag pointe éigin, caillteanas ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais a bheith mar thoradh ar na gníomhartha beartais airgeadaíochta a bhí riachtanach chun cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach. Mar fhreagairt air sin, tá an Banc Ceannais ag cothú an teacht aniar airgeadais atá ann le roinnt blianta anuas. Leagtar amach sa Bhosca seo na príomhghnéithe is cúis le cur chun cinn brabúsacht an Bhainc Ceannais, agus déantar achoimre ann ar na gníomhartha a ghlac an Banc Ceannais le blianta beaga anuas chun an teacht aniar airgeadais atá ann a chothú.

³¹ Áirítear sna figiúirí €16.7bn agus €17.4bn sealúchais óir agus leithdháileadh gnáthscaireanna.

³² Tá tuilleadh sonraí ar Chomhaontú an Eurochórais maidir le Glansócmhainní Airgeadais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais Eorpaigh ar www.ecb.europa.eu/explainers/tell-me-more/html/anfa_qa.en.html

³³ B'ionann an tuilleamh ar fiú €149.2m é a luaitear sa chuid seo de Thuarascáil Bhliantúil 2021 agus Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2021 - 2022 agus ioncam a tuilleadh ó na hurrúis ioncaim sheasta arna sealbhú sa phunann Marcála de réir Margaidh agus sa phunann Coinnithe go dtí Aibíocht araon agus níor cuimsíodh iontu ioncam ó ionstraimí margaidh airgid.

Tá an chéad fhachtóir atá ag cur leis an gcuma dhiúltach atá ar chúrsaí brabúsachta ag baint leis an gcaoi a bhfuiltear ag súil go ndéanfar an Punann Speisialta (PS) a dhiúscairt go hiomlán. Bhí brabúis an Bhainc Ceannais ardaíthe le blianta beaga anuas, agus ba iad gnóthachain réadaithe ó dhíolacháin sócmhainní Punainne Speisialta is mó ba chúis leis sin. Sealbhaíodh na sócmhainní sin sa bhliain 2013, mar chuid de leachtú na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc (IBRC)³⁴, agus gheall an Banc Ceannais go ndéanfaidh sé an Phunann Speisialta a dhiúscairt chomh luath agus ab fhéidir, ar choinníoll go bhféadfaí é sin a dhéanamh, ag brath ar choinníollacha na cobhsaíochta airgeadais. Chuir an Phunann Speisialta go mór le brabúsacht an Bhainc Ceannais le linn an ama seo, tráth a raibh gnóthachain réadaithe charnacha tuairiscithe €12.5bn i gceist ón mbliain 2014 (amhail deireadh na bliana 2022), arbh ionann é sin agus 89% d'ioncam an Bhainc Ceannais a íocadh leis an Státhchiste i gcaitheamh na tréimhse céanna. Bhí €2.5bn nóta ráta chomhlúthaigh den €25bn nóta ráta chomhlúthaigh ainmniúil a bhí coinnithe i dtosach fágtha ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais ag deireadh 2022. Tar éis don Phunann Speisialta a bheith iomlán diúscairta, meastar go dtiocfaidh laghdú suntasach ar ioncam an Bhainc Ceannais.

Baineann an dara fachtóir atá ag cur leis an gcuma dhiúltach atá ar chúrsaí brabúsachta le húsáid chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais chun cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Le deich mbliana anuas, i gcomhthéacs an bhoilscithe a bheith faoi bhun sprice ar feadh roinnt blianta roimh 2021, thug an Banc Ceannais Eorpach agus bainc cheannais an Eurochórais - fearacht banc ceannais eile ar fud an domhain - faoi chlár ceannaithe sócmhainní ar scála mór.³⁵ Méadú suntasach ar chlár comhardaithe an Bhainc Ceannais agus carnadh de phunann mhór sócmhainní beartais airgeadaíochta a ceannaíodh ar rátaí úis ísle seasta a bhí mar thoradh air sin. Dá bharr sin, tá níos lú agus níos lú cosanta ag an mBanc Ceannais ar riosca na neamhréire i dtaca le rátaí úis ar an gclár comhardaithe. Le 18 mí anuas, tháinig ardú géar ar bhoilsciú sa limistéar euro. Mar fhreagairt air sin, d'ardaigh Comhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh rátaí beartais lena chinntiú go bhfillfeadh boilsciú sa limistéar euro ar sprioc mheántearma 2% in am trátha. Fágann an méadú ar rátaí beartais go n-ardóidh speansais a íoctar ar dhliteanais ghearr-reathacha, fad atá sócmhainní seasta níos fadreachaí fós ag rátaí ísle nó ag


³⁴ Mar chuid de leachtú IBRC sa bhliain 2013, shealbhaigh an Banc Ceannais sócmhainní breise arbh fhiú tuairim is €42.6bn iad, a raibh an chuid is mó díobh i bhfoirm Bhannaí Ráta Chomhlúthaigh fadreacha Rialtas na hÉireann ar luach €25bn, bhannaí NAMA ar luach €13.7bn, agus Bhannaí Ráta Sheasta 2025 Rialtas na hÉireann ar luach €3.5bn.

³⁵ Tá tuilleadh sonraí ar na cláir ceannaigh seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais Eorpaigh ar <https://www.ecb.europa.eu/mopo/implement/app/html/index.en.html>.

rátaí diúltacha, rud a ardaíonn an seans go mbeidh tréimhse ann ina mbeidh caillteanais i gceist.

Iarmhairt de na gníomhartha riachtanacha beartais a ghlac an Banc Ceannais le roinnt blianta anuas, mar bhall den Eurochóras, chun cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach is ea an neamhchosaint ar riosca airgeadais atá ag dul i méid. Is dócha go mbeidh éifeacht ábhartha ag criostalú na rioscaí airgeadais seo i gcomhthéacs timpeallacht a bhfuil rátaí úis níos airde inti ar bhrabúsacht an Bhainc Ceannais agus meastar go mbeidh caillteanais i gceist le linn na mblianta atá amach romhainn. Ní leis an mBanc Ceannais go sainiúil a bhaineann dúshlán na neamhréire i dtaca le rátaí úis ar an gclár comhardaithe.³⁶ Tá bainc cheannais náisiúnta eile sa limistéar euro neamhchosanta ar na rioscaí céanna. Chuir cuid acu in iúl cheana féin gur thabhaigh siad caillteanais agus tá sé tugtha le fios ag cuid eile go bhfuil gach seans ann go dtabhófar caillteanais sa ghearrthéarma.

Cairt 6: Brabúis Charnacha an Bhainc Ceannais agus Aistrithe Ioncaim Bharrachais an Bhainc Ceannais chuig an Stáitchiste (2008-2022)



D'fhonn na rioscaí airgeadais méadaithe roimh an gclár comhardaithe le blianta beaga anuas a mhaolú, tá a mhaoláin fhoriomlána airgeadais treisithe ag an mBanc Ceannais. Gach bliain ó 2008 ar aghaidh, leithreasaigh an Banc Ceannais an t-uasmhéid 20% de bhrabúis atá incheadaithe faoi Rialacháin Bhanc Ceannais na hÉireann (Ioncam Barrachais) 1943, chun Cúlchiste Ginearálta an Bhainc Ceannais a mhéadú ó €1.0bn in 2008 go dtí €5.9bn in 2022. Anuas air sin, thug an Banc Ceannais isteach beartas um Sholáthar Riosca Ginearálta sa bhliain 2016 lena chur ar a chumas soláthairtí a dhéanamh do na rioscaí airgeadais breise - go háirithe riosca na neamhréire i dtaca le rátaí úis - a raibh a neamhchosaint ina leith ag méadú. Ó 2016 i leith, tá méadú tagtha ar an

³⁶ Féach Donnery et al (2017) chun tuilleadh plé a fháil ar na rioscaí atá roimh chlár chomhardaithe na mbanc ceannais [https://www.centralbank.ie/docs/default-source/publications/quarterly-bulletins/quarterly-bulletin-signed-articles/non-standard-monetary-policy-measures-and-the-balance-sheets-of-eurosystem-central-banks-\(donnery-doran-gleeson-and-carroll\).pdf](https://www.centralbank.ie/docs/default-source/publications/quarterly-bulletins/quarterly-bulletin-signed-articles/non-standard-monetary-policy-measures-and-the-balance-sheets-of-eurosystem-central-banks-(donnery-doran-gleeson-and-carroll).pdf).

Soláthar Riosca Ginearálta do rioscaí airgeadais gach aon bhliain agus, ó méadaíodh é go dtí €1.2bn i gCuntais Bhliantúla 2022, is ag €3.0bn atá an Soláthar Riosca Ginearálta anois, amhail deireadh na bliana 2022. Tá €9.2bn san iomlán carntha ag an mBanc Ceannais i soláthairtí, caipiteal agus cúlchiste amhail deireadh na bliana 2022, a bhféadfaí úsáid a bhaint as chun caillteanais a d'fhéadfadh a bheith i gceist amach anseo a iompar.

Is uirlis beartais é clár comhardaithe an Bhainc Ceannais. Tá sé riachtanach é a úsáid chun sainordú an Bhainc Ceannais a chomhlíonadh, ach fágann sé go mbeidh sé ag glacadh riosca airgeadais chuige féin freisin. Ag aithint dó an dúshlán sin, tá an Banc Ceannais ag cothú na hathléimneachta airgeadais atá aige le roinnt blianta anuas, lena n-áirítear trí mhaolán nach beag a charnadh chun caillteanais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a iompar.

Caibidil 4:

Ár dTosaíochtaí don
bhliain 2023



Caibidil 4:

Ár dTosaíochtaí don bhliain 2023³⁷

Comhthéacs Straitéiseach

Tá an timpeallacht mhacrairgeadais dúshlánach go fóill. Níl an chuma ar an scéal go dtiocfaidh deireadh le cogadh na Rúise san Úcráin agus tá éifeachtaí an chogaidh ar an margadh airgeadais fós le brath. Sa bhliain 2022, shroich boilsciú in Éirinn, fearacht go leor tíortha eile ar fud an domhain, an leibhéal is airde leis na deiceanna de bhlianta. Tá bainc cheannais ar fud na cruinne ar thús cadhnaíochta maidir le gníomhartha beartais lena chinntiú nach ndéanfar boilsciú a leabú ar fud an gheilleagair. Sa limistéar euro, tá na rátaí úis méadaithe ag an mBanc Ceannais Eorpach chun fillleadh tráthúil an bhoilscithe chuig an sprioc mheántéarmach de 2% a chinntiú.

Tá an comhthéacs eacnamaíoch sin lárnach dár gcuid tosaíochtaí i mbliana. Táimid dírithe ar a chinntiú go mbainfear amach cobhsaíocht praghsanna arís; go mbeidh an córas airgeadais é féin fós láidir agus seasmhach; agus go bhfeidhmeoidh gnólachtaí chun tacú le leasanna tomhaltóirí agus úsáideoirí agus iad ag féachaint leis na dúshláin a thagann chun cinn a sheasamh.

Is féidir na tosaíochtaí atá againn a ghrúpáil faoi na ceithre phríomhthéama a shainaitheann in Ár Straitéis:

- Faoi téama **Cosaint**, léirítear ár dtiomantas daingean d'éifeachtacht dhearadh, chur i bhfeidhm agus oibriú ár bpríomhbheartas ar fud ár sainordaithe, trína bhfuil sé mar aidhm againn ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh agus na torthaí foriomlána is fearr a bhaint amach d'úsáideoirí seirbhísí airgeadais agus don gheilleagar.
- Faoi téama **Dírithe ar an Todhchaí**, tá muid ag obair lena chinntiú go gcuirfear ár gcomhairle eacnamaíoch agus an mhaoirseacht a dhéanaimid ar an gcóras airgeadais in oiriúint don domhan seo a mbíonn athrú sciobtha agus cur isteach i gceist leis ó thaobh na teicneolaíochta, na socheacnamaíochta agus na geopholaitíochta de, ionas go ndéanfar cúram de leasanna na saoránach agus an gheilleagair i gcás athraithe, nuálaíochta agus iomaíochta sa saol.
- Leanfaimid de dhlús a chur lenár gcuid iarrachtaí chun bheith **Oscailte agus Rannpháirteach** le páirtithe leasmhara sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Áirítear air seo rannpháirtíocht a neartú agus a leathnú le húsáideoirí agus tomhaltóirí seirbhísí airgeadais agus a gcuid ionadaithe; leis na gnólachtaí a ndéanaimid maoirseacht orthu agus a máthairghrúpaí; leis na bainc cheannais arb iad ár macasamhlacha san Eoraip agus go hidirnáisiúnta iad.

³⁷ Áirítear sa chaibidil seo sonraí maidir le gníomhaíocht rialála atá beartaithe don bhliain 2023, agus tugtar aghaidh ar na ceanglais tuairiscithe don Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil faoi Alt 32L(2)(b) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

- Cuireann ár sainordú leathan (atá ag méadú) ar ár gcumas dearcadh cuimsitheach agus comhtháite a ghlacadh, agus úsáid á baint againn as an bhfairsinge saineolais atá againn ar an ngeilleagar agus ar na hearnálacha uile a ndéanaimid maoirseacht orthu chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an gcóras idirnasctha airgeadais ar fad, lena n-áirítear mar chuid lárnach den Aontas Eorpach agus dá chuid institiúidí agus creataí. D'fhonn a bheith in ann leanúint de bheart a dhéanamh dár sainordú sa timpeallacht seo atá ag athrú, táimid meáite ar an mBanc Ceannais a **Bhunathrú** le go mbeadh sé níos sofheagrúla, níos athléimní, níos ilchineálaí agus níos faisnéisbhunaithe mar eagraíocht, agus muid ag féachaint le feabhas leanúnach a chur ar an gcaoi a n-oibrímid chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le córas airgeadais a bhíonn ag athrú agus ag forbairt.

Tosaíochtaí don bhliain 2023

Léirítear sa phlean agus sna tosaíochtaí don bhliain 2023 an timpeallacht macra-airgeadais a bhfuiltear ag súil léi mar aon leis na tosca struchtúrtha níos leithne ar dóigh dóibh éabhlóid an gheilleagair agus an chórais airgeadais a mhúnlú sna blianta atá amach romhainn. Cuireann siad leis an dul chun cinn suntasach atá déanta le blianta beaga anuas chun cobhsaíocht agus iontaofacht chóras na seirbhísí airgeadais a choinneáil agus a fhorbairt. Bhí sé seo le feiceáil go soiléir sa teacht aniar a bhí sa chóras le linn thréimhse na luaineachta arna spreagradh i dtosach ag an bpaindéim agus ag cogadh na Rúise san Úcráin ina dhiaidh sin.

Tá an-éagsúlacht i gceist leis na hearnálacha agus na gnóthais a ndéanaimid rialáil orthu, idir bhainc, chistí infheistíochta, árachóirí/atharachóirí agus bhainisteoirí sócmhainní atá an-mhór agus a bhíonn ag obair go hidirnáisiúnta agus chomhair chreidmheasa agus idirghabhálaithe airgeadais a bhíonn ag plé le tomhaltóirí na hÉireann amháin. Bíonn a gcuid mionsonraí, a dinimic agus a lorg geografach féin ag gach uile ceann acu. Mar sin, sa bhliain 2023, leanfaimid de chur chuige rialála agus maoirseachta atá spriocdhírthe agus bunaithe ar riosca a ghlacadh ag leibhéal na hearnála agus ag leibhéal an ghnólachta araon.

Beidh an cur chuige a ghlacfaimid i leith maoirseachta agus rialála fós dírithe ar thorthaí, réamhbhreathnaitheach, nasctha, comhréireach, intuartha, bunaithe ar fhianaise agus sofheagrúil chun tacú le torthaí dearfacha a bhaint amach sa mhisean atá againn. Leanfaimid de bheith ag obair lenár macasamhlacha Idirnáisiúnta agus Eorpach lena chinntiú go n-éireoidh linn torthaí rialála, airgeadaíochta agus cobhsaíochta airgeadais atá éifeachtach agus seasmhach a bhaint amach.

Na príomhthosaíochtaí a bheidh againn in 2023 ná:

- **Fónamh gníomhach a dhéanamh do cheapadh beartais airgeadaíochta agus do chinnteoireacht** san Eurochóras trí chomhaltas an Ghobharnóra ar Chomhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus trí rannpháirtíocht ghníomhach ball foirne sinsearach i gcoistí ábhartha an Eurochórais. Ó thaobh cur i bhfeidhm beartais airgeadaíochta de, cur i bhfeidhm éifeachtach éasca bheartas airgeadaíochta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, beartas atá ag athrú, a chinntiú agus rannchuidiú leis an athbhreithniú ar an gcreat um chur i bhfeidhm beartais airgeadaíochta.

- Anailís eacnamaíoch atá ábhartha do bheartas a dhéanamh, lena n-áirítear chun tacú leis an sainordú neamhspleách atá againn i ndáil le comhairle eacnamaíoch. Áirítear air seo, *inter alia*, béim ar leith ar thuiscint a fháil ar na tosca taobh thiar de bhoilsciú na hÉireann, anailís a dhéanamh ar shásra tarchurtha beartais airgeadaíochta atá ag athrú agus ag forbairt, agus measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí atá ag rátaí úis agus boilscithe níos airde ar staid airgeadais theaghlaigh agus ghnólachtaí na hÉireann.
- Leanúint dár gcreat beartais macrastuamachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí na hacmhainní anailíseacha atá againn i réimse an bheartais macrastuamachta a neartú, le béim ar na costais agus buntáistí a bhaineann le beartas a thomhas agus an tuiscint atá againn ar rioscaí seachtracha do chobhsaíocht chóras airgeadais na hÉireann atá ag teacht chun cinn a neartú, mar aon le torthaí na n-athbhreithnithe a rinneamar ar an gcreat macrastuamachta agus a thugamar chun críche sa bhliain 2022 a chur i bhfeidhm.
- Próiseas **údaraíthe** soiléir oscailte trédhearcach a chur ar fáil trí rannpháirtíocht ghníomhach chuiditheach a dhéanamh le páirtithe leasmhara ón tionscal agus le páirtithe leasmhara eile. Táimid dírithe ar chomhthéacs rialála a chruthú inar féidir buntáistí na nuálaíochta a bhféadfadh a bheith ann do thomhaltóirí, d'infheisteoirí, do ghnóthais agus don tsochaí a thabhairt chun fóir, fad a dhéanfar na rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú go héifeachtach.
- Leanúint den chreat cosanta tomhaltóirí a neartú agus a fhorbairt, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar an gCód um Chosaint Tomhaltóirí, lena chinntiú go mbeidh sé fós oiriúnach don fheidhm agus go seasfaidh sé an aimsir amach anseo, agus go gcosnóidh sé tomhaltóirí fós tráth a bheidh an tírdhreach airgeadais ag athrú agus ag forbairt.
- Measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí d'**athléimneacht airgeadais agus oibríochtúil** gnólachtaí, lena n-áirítear athléimneacht sa chás go dtarlódh teagmhais chibearbhunaithe. Áirítear air seo, breithniú a dhéanamh ar na tionchair airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann sa chás go rachadh caighdeán na sócmhainní in olcas de dheasca brúnna boilscithe, costais mhaireachtála agus eacnamaíochta in go leor tíortha, éifeachtaí na paidéime atá le brath fós agus de dheasca moillithe ar gheilleagar na Ríochta Aontaithe.
- Leanúint dár gcreat a neartú maidir le **hinstitiúidí airgeadais a bhfuil ag teip orthu a réiteach**, agus a chinntiú go mbeidh gnólachtaí rialáilte ábhartha inréitithe, agus **ár n-ullmhacht le haghaidh géarchéime agus na hacmhainní bainisíochta géarchéime atá againn a neartú** chomh maith.
- Gníomhartha maidir leis na rioscaí sistéamacha a ghineann neamhbhainc (cistí margaidh airgid agus cistí infheistíochta, mar shampla) a chur chun cinn, go háirithe trí thionchar a imirt ar an ndíospóireacht dhomhanda i dtaobh creat macrastuamachta a fhorbairt do neamhbhainc agus, ar bhonn níos leithne, trí fheabhsuithe a chur ar na creataí rialála agus ar na cosaintí infheisteoirí atá againn in earnáil na gcistí infheistíochta.
- Leanúint d'fhormhaoirsiú a dhéanamh ar **chomhdhlúthú earnáil baincéireachta na hÉireann** agus ar chlár gaolmhar aistriú na gcuntas, sainorduithe nua maoirseachta

creidmheasa a chur i bhfeidhm agus leanúint d'fhaireachán a dhéanamh chun rioscaí atá ag teacht chun cinn i ndáil le fiachas anásta, cosaint infheisteoirí agus rialachas táirgí a aithint.

- Comhairliúchán agus rannpháirtíocht a dhéanamh maidir leis an **gCreat Cuntasachta Aonair**, a mbeidh feabhsuithe ar rialacháin atá ann cheana agus rialacháin nua i gceist dá thoradh sin, lena leagfar amach go soiléir na dea-chleachtais agus dea-iompraíochtaí a mbeifear ag súil leo ó gnólachtaí agus ó dhaoine aonair a bheidh ag obair iontu.
- **Athruithe ar rialacháin/treoir do chomhair chreidmheasa** de thoradh an Athbhreithnithe ar an gCreat Beartais faoi stiúir na Roinne Airgeadais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara ón éarnáil.
- Comhairliúchán a dhéanamh maidir leis an gcur chuige atá againn i leith na **Nuálaíochta** lena n-áireofar iniúchadh ar bhealaí nua rannpháirtíochta le nuálaithe agus a gcuid táirgí.
- Béim agus forairdeall leanúnach maidir le hionracas an chórais airgeadais agus drochúsáid a chosc trí **mhí-úsáid margaidh** a bhrath agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith, maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ceanglais ag gnólachtaí, ar ceanglais iad a bhaineann le sciúradh airgid/maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac agus **smachtbhannaí airgeadais** a riar agus a fhorfheidhmiú (ag obair go dlúth leis an nGarda Síochána agus comhlachtaí ábhartha eile sna réimsí seo ar fad).
- A chinntiú gur creat seasmhach láidir ar fud an Aontais Eorpaigh a bheidh mar thoradh ar **Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Sciúradh Airgid a Chosc**, lena n-áirítear údarás maoirseachta aonair a bhunú (an tÚdarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac).
- Leanúint d'éiceachóras íocaíochtaí a chothú ina bhfreastalófar ar riachtanais saoránach, a bhíonn ag athrú. Áirítear air seo, ceannaireacht a thabhairt maidir le hullmhúchán agus rannpháirtíocht áitiúil/náisiúnta maidir le tionscadal an euro dhigitigh; fónamh a dhéanamh do rialachán Eorpach a chur chun cinn, go háirithe i gcás an athbhreithnithe ar an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD2) agus feidhmiú na baincéireachta oscailte.
- Na moltaí ó Athbhreithniú na Roinne Airgeadais ar **Bhaincéireacht Mhiondíola** a chur chun feidhme, lena n-áirítear ar shaincheisteanna amhail rochtain ar airgead tirim agus Straitéis Íocaíochtaí Náisiúnta nua a ullmhú.
- Rialacháin nua Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le **hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil (DORA)** agus **margaí criptea-shócmhainní (MiCA)**.

- Athléimneacht an chórais airgeadais i leith **rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide** a threisiú agus an cumas atá aige le bheith ag tacú leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de a threisiú freisin, mar aon le Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm. Cibé acu **riosca fisiciúil, riosca aistrithe nó riosca dlíthíochta**³⁸ atá faoi bhreithniú, ní hé gur rioscaí iad seo atá ag teacht chun cinn agus a mbeidh orainn smaoineamh i gceart fúthu uair éigin amach anseo, ach ina áit sin, fírinne an lae inniu atá iontu a éireoidh níos tromchúisí agus níos baolaí le himeacht ama, ag brath ar chomh maith is a éireoidh le tíortha uile an domhain aistriú a dhéanamh go saol atá neodrach ó thaobh carbóin de.
- Leanúint den Fhóram tras-tionscail ar an Aeráid a fhorbairt agus leanúint de bheith ag tacú leis, chun acmhainn a chothú agus dea-chleachtais a roinnt chun freagairt na hearnála airgeadais ar an athrú aeráide a chur chun cinn.


Ní mór do ghnólachtaí aghaidh a thabhairt ar an timpeallacht atá ag athrú agus a bheith sofhreagrúil agus athléimneach nuair a bhíonn an saol luaineach agus éiginnte, agus is amhlaidh an cás don Bhanc Ceannais freisin. Táimid meáite ar **Bhunathrú** a dhéanamh ar an mBanc Ceannais chun go mbeidh sé níos sofhreagrúla, níos athléimní, níos ilchineálaí agus níos faisnéisbhunaithe mar eagraíocht, agus muid ag féachaint le feabhas leanúnach a chur ar an gcaoi a n-oibrímid chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le córas airgeadais atá ag athrú agus ag forbairt.

Maidir le gach ceann de na pointí thuas, is ábhar tosaíochta dúinn é a bheith ag éisteacht leis na páirtithe leasmhara uile atá againn agus fíor-idirphlé débhealach a chothú ar na saincheisteanna seo.

³⁸ Is féidir le rioscaí fisiciúla a eascraíonn as athrú aeráide a bheith ina dtiomáint (géar) nó níos fadtéarmaí (ainsealach) i bpatrúin aeráide. D'fhéadfadh athruithe forleathana beartaí, dlíthiúla, teicneolaíochta agus margaidh a bheith i gceist leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin chun aghaidh a thabhairt ar cheanglais maolaithe agus oiriúnaithe a bhaineann leis an athrú aeráide a bhféadfadh rioscaí airgeadais nó clú a bheith ag baint leo d'eagraíochtaí. Tá an dlíthíocht aeráide ag éirí níos coitianta i roinnt tíortha agus tá sé á úsáid chun comhlachtaí poiblí agus corparáidí poiblí a choinneáil freagrach as a n-iarrachtaí maidir le maolú aeráide agus as rannchuidiú stairiúil le fadhb an athraithe aeráide.

Caibidil 5:

Ráiteas Iniúchóireachta Inmheánaí



Caibidil 5:

Ráiteas Iniúcháireachta Inmheánaí³⁹

Is é cuspóir an Rannáin um Iniúcháireacht Inmheánach feidhmiú mar fheidhm neamhspleách an “tríú líne chosanta” laistigh de chreat rialachais an Bhainc Ceannais. Cuireann an Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach dearbhú neamhspleách oibiachtúil ar fáil chun cabhrú leis an mBanc Ceannais a chuid cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach smachtaithe a ghlacadh maidir le meastóireacht a dhéanamh ar na próisis bainistithe riosca, rialaithe agus rialachais agus feabhas a chur orthu.

In 2022, thug an Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach faoi raon athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí maoirseachta, feidhmeanna baincéireachta ceannais, TF agus feidhmeanna oibriúcháin eile. Áiríodh ar na hathbhreithnithe sin béim leanúnach ar na hathruithe ar phróifíl riosca an Bhainc Ceannais a thagann chun cinn de bharr forbairtí eacnamaíocha domhanda.

Chuir an Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach deaiseanna rialta faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta inar sonraíodh torthaí na n-athbhreithnithe agus an dul chun cinn atá déanta ag an mbainistíocht ó thaobh aghaidh a thabhairt ar thorthaí a sainaithníodh roimhe seo. I mí Mheán Fómhair, chuir an Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach tuairisc chun dáta ar fáil don Choiste Iniúcháireachta maidir le cur i bhfeidhm Straitéis Iniúcháireachta Inmheánaí Rannáin 2021-2023. Chomh maith leis sin, i mí na Samhna, d’fhormheas an Coiste Iniúcháireachta an Plean Iniúcháireachta leanúnach trí bliana.

I dteannta comhghleacaithe ó bhainc cheannais náisiúnta eile, rinne an Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach iniúchtaí mar chuid de Choiste Iniúcháirí Inmheánacha an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais. Tuairiscíonn an Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach don Choiste Iniúcháirí Inmheánacha freisin ar thoradh na n-iniúchtaí seo agus ar stádas na dtorthaí oscailte. Cuireann an Coiste Iniúcháirí Inmheánacha tuarascálacha nuashonraithe faoi bhráid Chomhairle Rialaithe BCE agus choistí ábhartha CEBC. Mar aon leis sin, fónann baill foirne an Rannáin um Iniúcháireacht Inmheánach ar fhochoistí éagsúla den Choiste Iniúcháirí Inmheánacha, lena n-áirítear cathaoirleacht a dhéanamh ar fhochoiste um Íocaíochtaí, Urrúis agus Bonneagar Margaidh.

Chun feasacht agus tuiscint ar fhorbairtí agus rioscaí laistigh den eagraíocht a chothú, d’fhreastail baill den Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach ar roinnt cruinnithe coiste d’fheidhmeannaigh shinsearacha agus ar chruinnithe le hionadaithe rannáin ar fud an Bhainc Ceannais. Ina theannta sin, bhí cruinnithe rialta ag an Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach leis an nGobharnóir chun ábhair a bhain le hiniúcháireacht a phlé.

³⁹ Tugtar aghaidh sa chaibidil seo ar na hoibleagáidí maidir le Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil a thuairisciú faoi Alt 32L(3)(a) d’Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

Arna thabhairt faoi shéala Bhanc Ceannais na hÉireann.

Gabriel Makhlouf
An Gobharnóir

28 Aibreán 2023


Neil Whoriskey
An Rúnaí

28 Aibreán 2023

Cuid 2:

Oibríochtaí

Airgeadais




Cuid 2: Oibríochtaí Airgeadais

Torthaí Airgeadais don bhliain 2022

B'ionann agus €575.0m an brabús don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2022, is é sin laghdú €746.5m i gcomparáid leis an méid comhréireach de €1,321.5m in 2022.

Brabús agus Caillteanas - Príomhghluaiseachtaí



Is iad seo a leanas príomhspreagthaí an laghdaithe sin ar bhrabúis:

- Laghdú ar “Glantordh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha & Soláthairtí” mar gheall ar mhéadú ar an Soláthar i leith Rioscaí Airgeadais, rud a léiríonn rioscaí níos airde de bharr neamhréir rátaí úis ar an gClár Comhardaithe. Rinneadh é seo a fhritháireamh go páirteach le méadú ar “Glanghnóthachain arna n-eascairt as Oibríochtaí Airgeadais” atá inchurtha go príomha do dhíolacháin mhéadaithe urrús arna sealbhú i bPunann Speisialta an Bhainc Ceannais.
- Laghdú ar “Glantordh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta” mar thoradh ar mhéadú ar an nglaníocaíocht atá dlite do BCE i gcomparáid le 2021, rud a léiríonn an difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais agus an méid arna leithdháileadh arís ar an mBanc tar éis ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais a dháileadh.
- Laghdú ar “Glanioncam Úis” de bharr méaduithe ar rátaí úis a íoctar ar Thaiscí Institiúidí Creidmheasa, ar Thaiscí Rialtais agus leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras, agus dá thoradh sin, aithnítear úschostais mhéadaithe agus ioncam úis laghdaithe. De bhreis air sin, tá laghdú tagtha ar ioncam úis arna thuilleamh

ar urrúis arna sealbhú ar phunann CGA de bharr bannaí ardtoraidh atá ag teacht in aibíocht, mar aon leis an laghdú ar mhéid phunann CGA. Fritháiríodh na laghduithe seo go páirteach le méadú ar ioncam úis a bhaineann le córas TARGET2 de bharr méaduithe ar ráta úis BCE a úsáideadh.


Arna fhritháireamh ag:

- Méadú ar “Glanioncam Eile”, rud a bhí inchurtha go príomha do mhéadú ar Phionóis Airgeadaíochta Rialála Airgeadais agus do mhéadú ar Ghlantobhach Maoiniúcháin Tionscail i leith Rialáil Airgeadais de bharr leibhéal laghdaithe fóirdheontais.

Clár Comhardaithe

B'ionann agus €194.9bn Sócmhainní/Dliteanais iomlána an Chláir Chomhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2022, laghdú €9.3bn ar iarmhéid comhréireach €204.2bn in 2021.

Sócmhainní an Chláir Chomhardaithe - Príomhghluaiseachtaí



Is iad seo a leanas príomhspreagthaí an laghdaithe sin ar Shócmhainní an Chláir Chomhardaithe:


- Laghdú ar “Iasachtaí le hInstitiúidí Creidmheasa de chuid an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro” de bharr aisíoc luath líon oibríochtaí fadtéarmacha OASF-III ag contrapháirtithe in 2022, agus tá formhór na n-ionstraimí atá fágtha le teacht in aibíocht in 2023.

- Tháinig laghdú ar “Urrúis in Euro de chuid Chónaitheoirí an Limistéir Euro” de bharr diúscairtí sa Phunann Speisialta de Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (FRNanna).

Arna fhritháireamh ag:

- Méadú ar “Éilimh in Euro laistigh den Eurochóras” mar gheall ar mhéadú ar iarmhéid TARGET2, rud a léiríonn glan-insreabhadh euro isteach sa Stát trí chuntas TARGET2 an Bhainc Ceannais arna dtreorú den chuid is mó trí chuntais taise institiúidí creidmheasa.

Dlíteanais an Chláir Chomhardaithe - Príomhghluaiseachtaí



Is iad seo a leanas príomhspreagthaí an laghdaithe sin ar Dhlíteanais an Chláir Chomhardaithe:

- Laghdú ar “Dlíteanais d’Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro” mar gheall ar laghdú ar mheántaiscí cúlchiste íosta/chuntais reatha ag Institiúidí Creidmheasa, rud a fhritháirítear go páirteach le méadú ar chistí arna sealbhú ag contrapháirtithe sa tsaoráid taise ar féidir cistí a chur inti ar bhonn thar oíche de réir ráta na saoráide taise. An ghluaiseacht ó na cuntais reatha chuig an tsaoráid taise, léiríonn sí go raibh luach saothair dearfach á íoc i leith na saoráide taise in 2022, fad atá luach saothair á íoc i leith an chuntais reatha de réir 0%.

- Laghdú ar “Dliteanais in euro do Chónaitheoirí eile an Limistéir Euro” mar thoradh ar laghdú ar thaiscí rialtais ghinearálta arna sealbhú sa Bhanc Ceannais.

Arna fhritháireamh ag:

- Méadú ar “Dliteanais a bhaineann le Leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras” de bharr an choigeartaithe a bhaineann leis an méadú ar bharrachas nótaí bainc arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais, i gcoibhneas le sciar iomlán na nótaí bainc atá i gcúrsaíocht.

Dúshlán don bhrabúsacht

Le blianta beaga anuas, tá rioscaí airgeadais nua breise glactha ag an mBanc Ceannais le linn dó a chuid oibríochtaí airgeadais a chur i gcrích i gcomhréir lena shainordú beartais airgeadaíochta - i.e. an cuspóir atá aige cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun. Ba ghá clár comhardaithe an Bhainc Ceannais a leathnú chun sainordú an Eurochórais maidir le cobhsaíocht praghsanna a shaothrú, lena n-áirítear trí bhannaí ísealtoraidh agus toraidh dhiúltaigh a cheannach faoi chlár ceannaithe sócmhainní an Eurochórais, a mbaineann neamhchosaintí breise riosca airgeadais leo. Go háirithe, fágann méid méadaithe an chlár chomhardaithe, rud atá inchurtha do shealúchais faoi na clár ceannaithe do sócmhainní, go bhfuil an Banc Ceannais níos neamhchosanta ar an riosca a bhaineann le neamhréir rátaí úis ar an gclár comhardaithe. Tagann an riosca seo chun cinn de réir mar a mhéadaíonn na caiteachais arna n-íoc ar dhliteanais ghearrthréimhse an Bhainc Ceannais de bharr méaduithe ar rátaí úis beartais, fad a fhanann an t-ioncam arna thuilleamh ar shócmhainní fadtréimhse ráta sheasta ag rátaí ísle nó ag rátaí diúltacha.

Is ionann na rioscaí breise airgeadais seo agus fo-éifeachtaí na ngníomhaíochtaí riachtanacha beartais atá glactha de láimh ag an mBanc Ceannais mar chomhalta den Eurochóras, chun tacú le feidhmiú an tsásra tarchurtha beartais airgeadaíochta agus chun cuidiú le hathbhunú cobhsaíochta praghsanna. Is dócha go mbeidh éifeacht ábhartha ag na rioscaí breise airgeadais seo ar bhrabúsacht an Bhainc Ceannais amach anseo, áfach, agus tuartar go mbeidh caillteanais ann sna blianta atá le teacht. An dúshlán seo don bhrabúsacht a éiríonn as neamhréir rátaí úis ar an gclár comhardaithe, ní ar an mBanc Ceannais amháin atá sé ag bagairt⁴⁰. Tá bainc cheannais náisiúnta eile sa limistéar euro neamhchosanta ar na rioscaí céanna, agus tá sé curtha in iúl ag roinnt díobh gur dócha go mbeidh caillteanais ann sa ghearrthéarma.

Chun go maolófar na rioscaí méadaithe airgeadais atá ann don chlár comhardaithe le blianta beaga anuas, tá a chuid maolán foriomlán airgeadais neartaithe ag an mBanc Ceannais. Gach bliain ó 2008 i leith, tá uasméid 20 faoin gcéad de bhrabúis is inlamháilte faoi Rialacháin Bhanc Ceannais na hÉireann (Ioncam Barrachais) 1943 leithreasaithe ag an mBanc Ceannais d'fhonn Cúlchiste Ginearálta an Bhainc Ceannais a ardú ó €1.3bn in 2008 go dtí €5.9bn in


⁴⁰ Féach Donnery et al (2017) le haghaidh plé breise ar na rioscaí atá ann do chlár chomhardaithe na mbanc ceannais [https://www.centralbank.ie/docs/default-source/publications/quarterly-bulletins/quarterly-bulletin-signed-articles/non-standard-monetary-policy-measures-and-the-balance-sheets-of-eurosystem-central-banks-\(donnery-doran-gleeson-and-carroll\).pdf](https://www.centralbank.ie/docs/default-source/publications/quarterly-bulletins/quarterly-bulletin-signed-articles/non-standard-monetary-policy-measures-and-the-balance-sheets-of-eurosystem-central-banks-(donnery-doran-gleeson-and-carroll).pdf).

2022. Ina theannta sin, thug an Banc Ceannais beartas isteach in 2016 maidir le Soláthar i leith Rioscaí Ginearálta chun go bhféadfadh sé soláthairtí a dhéanamh i leith na rioscaí breise airgeadais a raibh an Banc Ceannais neamhchosanta orthu - go háirithe an riosca a bhain le neamhréir rátaí úis. Ó 2016 i leith, tá méadú tagtha gach bliain ar an soláthar i leith rioscaí airgeadais, agus i ndiaidh mhéadú €1.2bn ar an soláthar i leith rioscaí airgeadais i gCuntais Bhliantúla 2022, is ionann anois é agus €3.0bn ag deireadh 2022. Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach ar Chaibidil 3: Ag Tacú lenár nEagraíocht i gCuid 1: Tuarascáil Bhliantúil 2022 agus Ráiteas Feidhmíochta Bliantúil 2022 - 2023, i dteannta Nóta 31 agus Nóta 35 den Ráiteas Cuntas.

Ráiteas Cuntas

Bhanc Ceannais na hÉireann

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022



Tuarascáil Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Choimisiúin

Réamhrá

Leagtar amach feidhmeanna Bhanc Ceannais na hÉireann (an Banc Ceannais) in alt 5A d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú). Leagtar amach feidhmeanna Choimisiún an Bhainc Ceannais (an Coimisiún) in alt 18B den Acht lena bhforáiltear go mbainisteoidh agus go rialóidh an Coimisiún gníomhaíochtaí agus gnóthaí an Bhainc Ceannais (seachas feidhmeanna CEBC).

Ról an Choimisiúin

Tá na feidhmeanna reachtúla seo a leanas ag an gCoimisiún: gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais a bhainistiú agus a rialú; a áirithiú go ndéanfar na feidhmeanna rialála airgeadais agus baincéireachta ceannais de chuid an Bhainc Ceannais a chomhordú agus a chomhtháthú; agus a áirithiú go bhfeidhmeofar agus go gcomhlíonfar go cuí na cumhachtaí agus na feidhmeanna reachtúla a thugtar don Bhanc Ceannais. Tá a théarmaí tagartha féin glactha ag an gCoimisiún agus leagtar amach iontu an chaoi is fearr inar féidir leis na freagrachtaí sin a bhaint amach.

Foráiltear in alt 18F den Acht go bhféadfar aon cheann d'fheidhmeanna reachtúla arna ndílsiú don Choimisiún a tharmligean chuig an nGobharnóir, chuig Leas-Ghobharnóir nó chuig fostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus ar mhaithe le feidhmiú a chumhachtaí agus a fheidhmeanna, déantar feidhmiú fhormhór fheidhmeanna agus chumhachtaí reachtúla an Bhainc Ceannais a tharmligean. Coimeádann an Coimisiún an chumhacht chun aon cheann d'fheidhmeanna agus de chumhachtaí an Bhainc Ceannais arna dtarmligean chuige ó am go ham ag an gCoimisiún a fheidhmiú i gcás ina measfaidh sé gur cuí déanamh amhlaidh. Ina theannta sin, tá Plean um Shannadh Freagrachtaí (an Plean) glactha ag an gCoimisiún i ndáil le haon tarmligean a dhéantar.

Tá formhór fheidhmeanna agus chumhachtaí an Bhainc Ceannais tarmligthe ag an gCoimisiún agus tá an Plean maidir le sannadh na bhfreagrachtaí sin (a ndearnadh an t-athbhreithniú is déanaí air i mí Eanáir 2023) formheasta aige. Tá an Coimisiún freagrach i gcónaí as formhaoirsiú éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin agus as a chinntiú go bhfuil na cumhachtaí agus na feidhmeanna a thugtar don Bhanc Ceannais (seachas na cinn sin a dtugtar freagracht don Ghobharnóir amháin ina leith) á mbainistiú agus á rialú go héifeachtach. I gcás ina mbeidh cumhacht sannta i gcomhréir leis an bPlean, beidh an duine sin cuntasach don Ghobharnóir agus d'aon duine eile a bheidh sonraithe sa sannadh maidir le feidhmiú na cumhachta sin.

Bíonn cumarsáid idir an Coimisiún agus an feidhmeannas agus comhaltaí foirne, de réir mar is cuí, maidir le saincheistanna a bhfuil tábhacht straitéiseach leo i dtaca leis an mBanc Ceannais (seachas feidhmeanna CEBC) agus tugann an Coimisiún comhairle, tacaíocht agus

dúshlán cuiditheach dóibh de réir mar is cuí. Ina theannta sin, formheasann sé straitéis an Bhainc Ceannais agus athbhreithníonn sé cur chun feidhme na straitéise sin.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Cuimsítear na príomhfhórlacha reachtúla maidir le ról agus dualgais an Choimisiúin i gCuid III den Acht. Anuas air sin, faoi Alt 32J den Acht, tá an Banc Ceannais freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil. Cuimsíonn an fhreagracht seo Ráiteas Cuntas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais agus iniúcháirí seachtracha a cheapadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC) agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE).

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as an gcóras um rialú inmheánach sa Bhanc Ceannais, arb é is aidhm dó sócmhainní an Bhainc Ceannais a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá struchtúir iomchuí bunaithe ag an gCoimisiún chun an fhreagracht seo a chomhall. Chuige seo, tagann an Coiste Iniúcháireachta agus na hIniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus comhaltaí de lucht bainistíochta an Bhainc Ceannais le chéile go rialta chun saincheisteanna maidir le rialú, tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara a phlé. Bíonn rochtain iomlán ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha ar an gCoiste Iniúcháireachta.

Tá an Coimisiún sásta gur cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach Treoirlíne Chuntasaíochta CEBC (an Treoirlíne)⁴¹, agus i gcás ina mbíonn sí sin tostach, na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn - Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), agus na fórlacha reachtúla is infheidhme maidir leis an mBanc Ceannais, agus tá an Coimisiún sásta go raibh siad seo bunaithe ar bhreithiúnais agus ar mheastacháin réasúnta, stuama.

Tá gach beart glactha ag an gCoimisiún chun é féin a chur ar an eolas maidir le haon fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta agus chun a shuíomh go raibh iniúcháirí reachtúla an Bhainc Ceannais ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Struchtúr an Choimisiúin

Tá an Coimisiún déanta suas de na comhaltaí *ex-officio* seo a leanas:

- An Gobharnóir (Cathaoirleach)
- An Leas-Ghobharnóir (Cobhsaíocht Airgeadaíochta agus Airgeadais)
- An Leas-Ghobharnóir (Rialáil Airgeadais), agus
- Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais

⁴¹ Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34), mar atá arna leasú.

De bhreis air sin, ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí eile ar a laghad, ach líon nach mó ná ochtar comhaltaí.

Sa tábla thíos, tá liosta de na comhaltaí a bhí ar an gCoimisiún i rith 2022 mar aon lena gcuid dátaí ceapacháin nó athcheapacháin (féadfadh comhaltaí den Choimisiún a athcheapadh go ceann téarma breise amháin):

Comhaltaí den Choimisiún	Dáta Ceapacháin (nó Athcheapacháin)
Gabriel Makhoul [*]	1 Meán Fómhair 2019
Patricia Byron ⁴²	1 Eanáir 2019
Mark Cassidy [*]	1 Iúil 2022
Shay Cody	1 Nollaig 2020
Sharon Donnery [*]	1 Iúil 2022
John Hogan [*]	8 Meitheamh 2021
Sarah Keane	1 Nollaig 2020
Vasileios Madouros [*]	1 Samhain 2022
David Miles	1 Nollaig 2020
Niamh Moloney	11 Meán Fómhair 2018
Ed Sibley [*]	1 Meán Fómhair 2017
John Trethowan	11 Meán Fómhair 2018

^{*} Comhaltaí ex-officio

Tá an comhaltas seo i gcomhréir leis an gceanglas chun aird a thabhairt ar scileanna, ar éagsúlacht agus ar mheascán inscne ar Bhoird Stáit mar a leagtar amach san Iarscríbhinn ar an gCothromaíocht Inscne, ar an Éagsúlacht agus ar an Ioncuimsiú faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ag deireadh 2022, b'ionann an chothromaíocht inscne ar an gCoimisiún agus 60% fir agus 40% mná. I gcás na gcomhaltaí ceaptha, is ionann an chothromaíocht inscne agus 50% fir agus 50% mná.

Athruithe ar Chomhaltas an Choimisiúin

Roimhe seo, bhí Sharon Donnery ina Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais. Ceapadh í ina Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais an 1 Iúil 2022 agus, dá bhrí sin, d'fhan sí ina comhalta den Choimisiún. Ceapadh Mark Cassidy ina Leas-Ghobharnóir Gníomhach, Cobhsaíocht Airgeadaíochta agus Airgeadais, ón 1 Iúil 2022 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022. Tháinig deireadh le téarma Ed Sibley mar chomhalta den Choimisiún an 31 Lúnasa 2022. Ceapadh Vasileios Madouros ina Leas-Ghobharnóir, Cobhsaíocht Airgeadaíochta agus Airgeadais, an 1 Samhain 2022. Bhí Derville Rowland ina hArd-Stiúrthóir, Iompar Airgeadais, roimhe seo; rinneadh an ról a athainmniú mar Leas-Ghobharnóir, Cosaint Tomhaltóirí agus Infheisteoirí, agus ceapadh í chuig an ról sin ón 1 Iúil 2022.

⁴² Ceapadh Patricia Byron ar dtús ar an 1 Eanáir 2014, agus athcheapadh í ar an 1 Eanáir 2019.

Coistí an Choimisiúin

Bhunaigh an Coimisiún na coistí seo a leanas a bhí ar bun ag deireadh 2022. Déanann an Coimisiún comhaltaí na gcoistí a cheapadh.

- An Coiste Iniúchóireachta
- An Coiste Riosca.
- An Coiste Mórtionscadal, agus
- An Coiste Luacha Saothair.

Bhunaigh an Coimisiún na coistí chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh.

An Coiste Iniúchóireachta

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Iniúchóireachta agus bíonn trí chomhalta neamhfheidhmiúcháin air. Amhail ar an 31 Nollaig 2022, ba iad Patricia Byron (an Cathaoirleach), John FitzGerald, Shay Cody agus John Trethowan na comhaltaí den Choiste Iniúchóireachta.

Bhunaigh an Coimisiún an coiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le nithe a bhaineann le riosca airgeadais (i dteannta an Choiste Riosca), rialú agus rialachas. Déanann an Coiste é sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht, iontaofacht agus ionracas dearbhuithe a thugtar don Choimisiún.

An Coiste Riosca

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Riosca ar a bhfuil ceathrar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin agus beirt chomhaltaí feidhmiúcháin (an Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais agus an Leas-Ghobharnóir, Cobhsaíocht Airgeadaíochta agus Airgeadais). Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Riosca amhail ar an 31 Nollaig 2022: John Trethowan (an Cathaoirleach), Patricia Byron, Sharon Donnery, Vasileios Madouros, David Miles agus Niamh Moloney.

Bhunaigh an Coimisiún an coiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar infheistiú shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais, ar bheartais agus ar chleachtais infheistíochta, ar neamhchosaintí riosca agus ar straitéis, chun faireachán a dhéanamh ar riosca oibríochtúil agus riosca leanúnachais ghnó agus chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca sa Bhanc Ceannais agus chun comhairle a thabhairt don Choimisiún i leith na nithe sin ar fad.

An Coiste Mórtionscadal

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Mórtionscadal ar a bhfuil beirt chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin, beirt chomhaltaí feidhmiúcháin den Choimisiún (an Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais agus an Leas-Ghobharnóir, Cobhsaíocht Airgeadaíochta agus Airgeadais), agus an Príomh-Oifigeach um Bunathrú. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Mórtionscadal amhail ar an 31 Nollaig 2022: Sarah Keane (an Cathaoirleach), Shay Cody, Sharon Donnery, Vasileios Madouros agus Gerry Quinn. Bhunaigh an Coimisiún an coiste

chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le nithe a bhaineann le cur i bhfeidhm éifeachtach Straitéis an Bhainc Ceannais. Áirítear sa mhéid sin, formhaoirseacht agus breithniú ar mhórtionscadail, ar thosaíochtaí suntasacha oibríochtúla, agus buiséad gaolmhar, lena n-áirítear clúdach infheistíochta. Féachann an coiste le hailíniú a bhaint amach le próifíl riosca an Bhainc Ceannais trí fhormhaoirseacht a dhéanamh ar Phunann fhoriomlán Chlár Tionscadal an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear gnóthú tairbhí.

An Coiste Luacha Saothair

Is é an Coimisiún a cheapann an Coiste Luacha Saothair agus bíonn triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin air. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Luacha Saothair amhail ar an 31 Nollaig 2022: Niamh Moloney (an Cathaoirleach), Sarah Keane agus David Miles.

Bhunaigh an Coimisiún an coiste chun tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le saincheistanna a bhaineann le beartas luacha saothair agus le luach saothair chomhaltaí an fheidhmeannais.

Sceideal Freastail

Leagar amach thíos an sceideal freastail do chruinnithe den Choimisiún agus de na Coistí in 2022.

Comhalta den Choimisiún	Coimisiún	An Coiste Iniúchóireachta	An Coiste Riosca	An Coiste Mórtionscadal	An Coiste Luacha Saothair	Comhchruinnithe den Choiste Iniúchóireachta agus den Choiste Riosca
Gabriel Makhlouf	9/9	-	-	-	-	-
Patricia Byron	9/9	4/4	3/5	1/1 ⁴³	-	1/1
Mark Cassidy	3/3	-	1/1	1/1 ⁴⁴	-	-
Shay Cody	9/9	4/4	-	4/4	-	1/1
Sharon Donnery	9/9	-	4/5	4/4	-	1/1
John Hogan	9/9	-	-	-	-	-
Sarah Keane	9/9	-	-	4/4	1/1	-
Vasileios Madouros	2/2	-	1/1	1/1	-	-
David Miles	9/9	-	5/5	-	1/1	1/1
Niamh Moloney	8/9	-	5/5	-	1/1	1/1
Gerry Quinn	-	-	-	4/4 ⁴⁵	-	-

⁴³ D'éirigh Patricia Byron as mar chomhalta den Choiste Mórtionscadal an 1 Iúil 2022.

⁴⁴ Bhí Mark Cassidy ina chomhalta den Choiste Riosca agus den Choiste Mórtionscadal nuair a bhí sé ina Leas-Ghobharnóir Gníomhach, Baincéireacht Cheannais.

⁴⁵ Lean Gerry Quinn air mar chomhalta den Choiste Mórtionscadal ina cháil nua mar Phríomh-Oifigeach um Bunathrú. Ag deireadh 2022, bhí an Banc Ceannais fós ag feitheamh ar cheapachán Príomh-Oifigh Oibríochtaí.

Ed Sibley	1/1	-	-	-	-	1/1 ⁴⁶
John Trethowan	9/9	4/4	5/5	-	-	1/1

Creat Rialachais

Le Creat Rialachais an Bhainc Ceannais, cuirtear san áireamh ceanglais Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí AE, an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar aon le socruithe rialachais inmheánaigh eile.

Freagrachtaí na gCeannairí Sinsearach sa Bhanc Ceannais

I ndoiciméad an Bhainc Ceannais ar Fhreagrachtaí na gCeannairí Sinsearach, tugtar forbhreathnú ar fhreagrachtaí na ndaoine sin a bhfuil poist ardcheannaireachta acu sa Bhanc Ceannais, mar aon leis na socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm chun tacú le cinnteoireacht.

Struchtúir Rialachais Inmheánaigh

Tá roinnt coistí traseagraíochtúla inmheánacha ann atá freagrach as comhordú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm beartas agus as comhairle a thabhairt ar shaincheisteanna móra. I struchtúr na coistí sa Bhanc Ceannais, cuimsítear coistí oibríochtúla agus coistí a bhaineann le sainordú araon. Cuireann na coistí sin le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéis, fonn riosca agus chultúr eagraíochtúil an Bhainc Ceannais.

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta

I gcomhréir le hAlt 32K den Acht, ullmhaíonn an Banc Ceannais tuarascáil maidir lena oibríochtaí le linn na bliana agus cuireann an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire Airgeadais laistigh de thréimhse sé mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais. Le hAlt 32J (3) den Acht, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais Ráiteas Cuntas don bhliain airgeadais lena mbaineann a ullmhú agus a tharchur chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste an Ráiteas Cuntas a iniúchadh, a dheimhniú agus tuairiscíonn air agus cuireann sé a thuarascáil maille leis an Ráiteas Cuntas ar ais chuig an Aire. Chomh maith leis sin, déanann iniúcháirí seachtracha neamhspleácha iniúchadh ar chuntais airgeadais an Bhainc Ceannais, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 27 de Reacht CEBC.

Láithreas os comhair Coistí Oireachtais

Féadfaidh go mbeidh d'oibleagáid ar an nGobharnóir, ar Leas-Ghobharnóir nó ar Chláraitheoir na gComhar Creidmheasa láithriú os comhair coiste den Oireachtas atá freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar nithe a bhaineann leis an mBanc Ceannais, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta, agus chun cibé faisnéis a éilíonn an Coiste sin a thabhairt dó, faoi réir an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Reacht CEBC agus faoi réir shicréideacht ghairmiúil agus oibleagáidí rúndachta an Bhainc Ceannais.

⁴⁶ Bhí Ed Sibley ina chomhalta den Choiste Riosca, suas go dtí an 15 Feabhra 2022 nuair a sheas sé siar óna ról mar Leas-Ghobharnóir, Rialáil Stuamachta.

In 2022, láithrigh an Banc Ceannais faoi dhó os comhair na gComhchoistí Oireachtais um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú. Ina theannta sin, láithrigh an Banc Ceannais uair amháin os comhair Choiste na Dála um Fhormhaoirsiú Buiséid.

Fiosrúcháin Reachtúla

Iarrtar ar an mBanc Ceannais, ar a chuid oifigeach agus fostaithe, mar is gá, fianaise a thabhairt d'fhiosrúcháin arna mbunú faoi Reacht. Ina chuid déileálacha le haon fhiosrúchán den sórt sin, ní mór don Bhanc Ceannais déanamh de réir na n-oibleagáidí rúndachta arna bhforchur faoi Alt 33AK den Acht.

Athbhreithnithe Piaráí

Gach ceithre bliana ar a laghad, ní mór don Bhanc Ceannais a shocrú go ndéanfaidh banc ceannais náisiúnta eile, nó duine nó comhlacht eile a bheidh deimhnithe ag an nGobharnóir mar dhuine nó mar chomhlacht iomchuí, tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire, athbhreithniú ar chomhlíonadh a chuid feidhmeanna rialála.

Dualgas Earnála Poiblí

Tá an Banc Ceannais meáite ar a bheith mar eagraíocht inbhuanaithe atá freagrach ón taobh sóisialta de maidir leis an gcaoi ina mbaineann sé amach a shainordú agus a mhisean. Mar eagraíocht seirbhíse poiblí, tá oibleagáid an Bhainc Ceannais chun a Dhualgas Seirbhíse Poiblí a chomhlíonadh mar ghné thábhachtach dá ghealltanas níos leithne.

Agus a Straitéis á forbairt aige, bhí aird ag an mBanc Ceannais ar a ról faoi Alt 42(2) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, agus leag sé amach na gníomhaíochtaí sonracha a dtabharfaidh sé tús áite dóibh, i gcomhthéacs a chuid Oibleagáidí faoin Dualgas Earnála Poiblí, lena mbaint amach thar thréimhse Straitéis an Bhainc Ceannais.

I measúnú bliantúil an Bhainc Ceannais in 2022 ar an gcaoi inar chomhlíon sé a Dhualgas Earnála Poiblí, cinneadh go raibh raon beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm i gcónaí, thar na réimsí ábhartha a sainaithníodh, chun a chinntiú go raibh aghaidh á tabhairt ag an mBanc Ceannais ar shaincheistanna maidir le cearta an duine agus comhionannas atá ábhartha do Dhualgas Earnála Poiblí an Bhainc Ceannais. I measc an méid atá bainte amach sa réimse seo, áirítear feabhsuithe ar struchtúir an Bhainc Ceannais do rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara, ceapachán Oifigigh Rochtana chun gníomhú mar phríomhphointe teagmhála le haghaidh fiosruithe inmheánacha maidir le hinrochtaineacht saoráidí nó seirbhísí, seoladh an Phlean Gníomhaíochta um Míchumas, forbairt agus cur i bhfeidhm Bheartas an Bhainc Ceannais maidir le Féiniúlacht agus Léiriú Inscne san Ionad Oibre.

Nochtadh Faisnéise arna cheangal faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016.

Áirítear an nochtadh faisnéise seo a leanas i Nóta 8 - "Caiteachais Iomlána":

- Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

- Costais Chomhairleachta
- Costais Dhlíthiúla agus Socraíochtaí Dlíthiúla
- Caiteachas Taistil agus Cothaithe
- Caiteachas Fáilteachais, agus
- Luach saothair agus caiteachais arna n-íoc le comhaltaí an Choimisiúin in 2022.

Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna oiriúnú in imthosca áirithe chun go gcuirfí creat rialachais an Bhainc Ceannais san áireamh mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Tá nósanna imeachta curtha chun feidhme ag an gCoimisiún chun feidhmiú forálacha ábhartha laistigh den Chód a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, tá measúnú déanta ar gach foráil, agus tá an fhoráil á cur i bhfeidhm, nó á glacadh, nó á hoiriúnú faoi láthair ag an mBanc Ceannais, d'fhonn ceanglais reachtúla an Bhainc Ceannais a chur san áireamh. Measúnaíodh nach raibh forálacha áirithe infheidhme maidir leis an mBanc Ceannais.

I gcás ina ndéanfar forálacha áirithe a oiriúnú nó i gcás nach mbeidh forálacha áirithe infheidhme, beidh an cás amhlaidh d'fhonn córas reachtúil an Bhainc Ceannais a shainiú. In Acht 1942, foráiltear do chóras reachtúil an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear an caidreamh a bheidh aige leis an Aire Airgeadais, agus ceanglais an Bhainc Ceannais maidir lena neamhspleáchas á gcur san áireamh.

Tá cóip de chur chun feidhme an Chóid ag an mBanc Ceannais le fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

Gabriel Makhlouf
An Gobharnóir

Patricia Byron
Comhalta den Choimisiún

18 Aibreán 2023

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Glacann an Banc Ceannais forálacha ábhartha an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (an Cód). I gcásanna áirithe, oiriúnaíodh forálacha an Chóid chun go gcuirfí san áireamh creat rialachais an Bhainc Ceannais mar aon le ceanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC, lena n-áirítear an ceanglas maidir le neamhspleáchas an Bhainc Ceannais. Déantar athbhreithniú bliantúil ar fheidhmiú an Chóid ag an mBanc Ceannais.

I gcomhréir leis an gCód, ceanglaítear ar an gCoimisiún ráiteas a ullmhú maidir le feidhmiú Chóras Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais do gach tréimhse tuairiscithe bhliantúil. Mar bhonn taca faoin ráiteas seo, tá athbhreithniú bliantúil a fhéachann le dearbhú réasúnach (seachas lándearbhú) a thabhairt maidir le leordhóthanacht, éifeachtacht agus iontaofacht Chóras na Rialuithe Inmheánacha.

Cuimsíonn Córas Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais sraith fhairsing beartas, nósanna imeachta, agus gníomhaíochtaí bainistíochta agus maoirseachta. Forbraíodh Córas na Rialuithe Inmheánacha chun a áirithiú go bhfuil bearta comhréireacha i bhfeidhm chun bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí doscheachanta a thagann chun cinn le linn don Bhanc Ceannais a shainordú reachtúil agus na cuspóirí faoina Phlean Straitéiseach a bhaint amach. Ní dhéantar neamhchosaintí ar riosca a dhíchur leis na bearta rialaithe seo, ná ní féidir leo gach foinse féideartha saobhaidh, earráide, mainneachtaine, nó caillteanais a thuar. Ina ionad sin, is é is aidhm dóibh a áirithiú go ndéanfar iarmhairtí díobhálacha nó iarmhairtí gan choinne ar ghnóthú shainordú agus chuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais a íoslaghdú, laistigh de lamhálaigh inghlactha atá ailínithe le fonn riosca an Choimisiúin.

Sa ráiteas seo, leagtar amach an fhaisnéis a bhaineann le Córas na Rialuithe Inmheánacha sa Bhanc Ceannais lena n-áirítear príomhghnéithe na timpeallachta rialaithe, sainaitheint agus measúnú riosca, príomhghníomhaíochtaí rialaithe, faireachán ar riosca agus ar rialuithe agus athbhreithniú bliantúil ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha. Thar ceann an Choimisiúin, deimhnímid ár bhfreagracht fhoriomlán as Córas Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais, as ailíniú ceaptha an chórais sin lenár bhfonn riosca formheasta agus leis na próisis dearbhaithe a bunaíodh chun a leordhóthanacht agus a shláine a chothabháil agus a mheasúnú don tréimhse tuairiscithe bhliantúil dar chríoch an 31 Nollaig 2022.

Príomhghníomhaíochtaí an Rialaithe Inmheánaigh

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún formhaoirsiú ar chur chun feidhme raon leathan gníomhaíochtaí rialaithe chun a áirithiú go maolófaí go héifeachtach aon rioscaí do ghnóthú na gculpóirí sin, a mhéid is indéanta sin ar bhonn oibríochtúil agus ar bhonn eacnamaíoch. Bíonn na gníomhaíochtaí rialaithe seo á bhfeidhmiú ar gach leibhéal den Bhanc Ceannais lena gcuimsítear rialú a chuid sócmhainní airgeadais, fisiceacha agus faisnéise, a chuid próiseas gnó, a thimpeallacht teicneolaíochta, agus a chomhlíontacht i ndáil le hoibleagáidí dlíthiúla agus rialála éagsúla. Cé go bhféadfaidh cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí rialaithe a bheith ann, féachann gach ceann díobh le dearbhú réasúnach a

thabhairt gur baineadh cuspóir rialaithe ar leith amach. Ar na príomhghníomhaíochtaí rialaithe, áirítear:

- **Creat Rialachais:** Tá creat Rialachais ag an mBanc Ceannais chun na socruithe rialachais sa Bhanc Ceannais a chomhdhlúthú agus a chur in iúl go soiléir, lena n-áirítear: Plean um Shannadh Freagrachtaí ina gcuirtear in iúl sannadh cumhachtaí agus feidhmeanna sonraithe de chuid an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear a chreat um shannadh; struchtúr eagraíochtúil agus coiste atá ailínithe le feidhmeanna reachtúla an Bhainc Ceannais agus ina bhfuil línte freagrachta agus leibhéil údaráis atá sainithe go soiléir; Creat Beartas Corparáideach chun a bhfuil i gceist le Creat Beartais Corparáideach a shainiú agus chun clár de Bheartais Chorporáideacha a chur ar fáil ina sainaitheann an t-údarás ábhartha formheasa; agus doiciméad ina sonraítear róil agus freagrachtaí na gceannairí sinsearach agus ina leagtar amach na socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm chun tacú le cinnteoireacht ar fud an Bhainc Ceannais. Ina theannta sin, formheasann an Coimisiún Plean Straitéiseach an Bhainc Ceannais agus déanann sé formhaoirsiú agus faireachán ar na Pleananna Bliantúla Gnó atá riachtanach chun na spriocanna atá leagtha amach ina straitéis a bhaint amach.
- **Príomhoibleagaidí Reachtúla an Bhainc Ceannais:** I gcomhréir leis an gCód, tugtar sceideal de na hoibleagaidí is tábhachtaí reachtúla agus rialachais atá ag an mBanc Ceannais, mar aon le tuairisc ina sainaitheann, ar ardleibhéal, an reachtaíocht is infheidhme, sannadh freagrachtaí agus conas a dhéantar faireachán ar chomhlíonadh.
- **Bainistíocht Daoine** Creat rialachais do bhainistíocht daoine lena n-áirítear plean arna fhorghas ag an gCoimisiún maidir le soláthar foirne, beartas earcaíochta, clár fhoirmiúla oiliúna don fhoireann, breithmheas bliantúil feidhmíochta agus nósanna imeachta ábhartha eile chun a áirithiú go bhfuil an fhoireann inniúil agus oile go leordhóthanach chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh.
- **Bainistíocht Airgeadais:** Formheasann an Coimisiún pleanáil airgeadais agus próisis um buiséadú bliantúil, le córas cuimsitheach faisnéise airgeadais agus bainistíochta buiséid, ina gcuimsítear rialuithe maidir le cuntais iníochta, agus tuairisciú rialta ón mbainistíocht agus ón gCoimisiún ar ghnéithe áirithe de chreat caiteachais an Bhainc Ceannais.
- **Bainistíocht Riosca:** Creataí cuimsitheacha don bhainistíocht riosca lena n-áirítear riosca oibríochtúil agus bainistíocht teagmhas ar fud na hoibríochta, bainistíocht riosca airgeadais i ndáil le sócmhainní infheistíochta agus le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta an Bhainc Ceannais agus bainistíocht fhoriomlán an Chláir Chomhardaithe.
- **Bainistíocht Calaoise:** Beartais agus nósanna imeachta um bainistíocht riosca calaoise ina leagtar amach go soiléir freagrachtaí maidir le rioscaí calaoise a shainaithint, agus an cur chuige maidir le teagmhais calaoise nó teagmhais calaoise amhrasta laistigh den Bhanc Ceannais a thuairisciú agus a imscrúdú.
- **Leanúnachas Gnó:** Beartais um Bainistíocht Teagmhas Criticiúil agus próisis tacaíochta chun a áirithiú go mbeidh an Banc Ceannais in ann teagmhais shuaiteacha a bhainistiú, áitribh theagmhaisacha a chur ar fáil, teicneolaíochtaí a athshlánú, leanúnachas oibríochtaí criticiúla a chothabháil a mhéid is féidir sin, agus athchromadh ar ghnáthoibríochtaí gnó ar mhodh tráthúil.

- **Bainistíocht Clár agus Tionscadal:** Gníomhaíochtaí rialaithe lena n-áirítear creat sainithe rialachais chun athrú ábhartha a bhainistiú laistigh den Bhanc Ceannais, ar creat é ina n-ionchorpraítear nósanna imeachta maidir le bainistíocht athruithe agus bainistíocht tionscadal, formheas infheistíochta agus beartú tosaíochta maidir le hinfheistíocht.
- **Cosaint Sonraí:** Bearta rialaithe atá ceaptha a chinntiú go gcosnófar cearta príobháideachta daoine i gcomhréir le ceanglais rialála ábhartha.
- **Slándáil Fhisiciúil agus Faisnéise:** Gníomhaíochtaí rialaithe atá ceaptha an fhoireann, áitribh agus sócmhainní fisiceacha agus rúndacht, sláine agus inrochtaineacht sócmhainní faisnéise a chosaint ar athrú neamhúdaraíthe, ar chaillteanas nó ar chontúirt de bharr timpistí, faillí nó gníomhartha coiriúla. Ina theannta sin, tá straitéis agus plan níos fadtéarmaí forbartha ag an Rannán um Bainistíocht Faisnéise agus Teicneolaíochta chun a áirithiú gur féidir le teicneolaíochtaí an Bhainc Ceannais tacú leis i gcónaí a chuid cuspóirí a bhaint amach.
- **Iniúcháireacht Inmheánach:** Feidhm neamhspleách, oibiachtúil Iniúcháireachta Inmheánaí a mbaineann úsáid as plan riosca-bhunaithe iniúcháireachta inmheánaí, arna ullmhú ar bhonn bliantúil agus arna fhorbairt ag an gCoiste Iniúcháireachta.
- **Soláthar:** Feidhm láraithe soláthair atá freagrach as nósanna imeachta éifeachtacha a chothabháil maidir le tairiscintí soláthraithe agus formheas soláthraithe i gcomhréir leis na ceanglais um Sholáthar Poiblí, agus ina gcuimsítear tuairisciú rialta do Choiste Iniúcháireachta an Choimisiúin.

Timpeallacht Rialaithe

Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh tacú le timpeallacht rialaithe éifeachtach a chothabháil, a n-áirítear ar a príomhghnéithe: struchtúr cuimsitheach rialachais, cód iompair eiticéil leabaithe, ról shoiléire agus freagrachtaí soiléire don lucht bainistíochta agus don fhoireann, agus córas leanúnach bainistíochta feidhmíochta atá ailínithe le gnóthú na gcuspóirí arna leagan amach i bPlan Straitéiseach an Bhainc Ceannais.

Mar a cuireadh in iúl, tá sé aitheanta ag an mBanc Ceannais go bhfuil gá, i gcásanna áirithe, an Cód a oiriúnú chun gnéithe uathúla institiúideacha agus rialála áirithe dá ról agus dá shainordú a chur san áireamh. Dá bharr seo, tá líon teoranta mínithe tugtha ag an mBanc Ceannais i gcás ina raibh air foráil ar leith den Chód a oiriúnú, mar gheall ar chreat rialachais agus ar cheanglais reachtúla Achtanna an Bhainc Ceannais agus Chonarthaí CEBC. D'ainneoin an méid sin thuasluaite, creideann an Coimisiún go bhfuil cuspóirí an Chóid bainte amach ag an mBanc Ceannais i ndáil le timpeallacht láidir rialaithe trí bhithín bearta sonracha reachtúla nó rialachais.

Rialachas

I gcomhréir leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010, is struchtúr aonair, comhtháite é an Banc Ceannais a bhfuil bord reachtúil aige, an Coimisiún, atá faoi chathaoirleacht an Ghobharnóra. Foráiltear san Acht gurb iad seo a leanas feidhmeanna an Choimisiúin:

- Gnóthaí agus gníomhaíochtaí an Bhainc (seachas feidhmeanna an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais (CEBC)) a bhainistiú agus a rialú,
- A áirithiú go mbeidh feidhmeanna baincéireachta ceannais agus feidhmeanna rialála airgeadais an Bhainc Ceannais comhtháite agus comhordaithe, agus
- A áirithiú go ndéanfar na cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla arna dtabhairt don Bhanc a fheidhmiú agus a chomhlíonadh go cuí.

Faoin Acht, tugtar cumhacht don Choimisiún feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a tharmligean don Ghobharnóir, do Leas-Ghobharnóir, do Choiste nó d'fhostaí de chuid an Bhainc Ceannais. Ní féidir leis an gCoimisiún aon fheidhm de chuid an Bhainc Ceannais a tharmligean do choiste más rud é go gceanglaítear le foráil den Acht go gcomhlíonfaidh an Gobharnóir an fheidhm sin. Déantar tarmligean den sórt seo ar mhaithe le bainistiú éifeachtach, éifeachtúil an Bhainc Ceannais agus chun a áirithiú go ndéanfar feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais a fheidhmiú agus a chomhall go cuí. Dá bhrí sin, tá formhór fheidhmeanna agus cumhachtaí an Bhainc Ceannais tarmligthe ag an gCoimisiún. Tá cumhacht tugtha do gach duine de na daoine thuasluaite gníomhú thar ceann an Bhainc Ceannais chun na feidhmeanna, cumhachtaí agus freagrachtaí a shanntar dóibh ó am go ham a chomhall, lena n-áirítear tuairimí a fhoirmiú, cinntí a ghlacadh, gníomh a dhéanamh, agus cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhainc Ceannais arna dtarmligean ó am go ham a fheidhmiú. Beidh an duine dá sanntar freagracht as feidhm a chomhlíonadh freagrach don Ghobharnóir as comhlíonadh na feidhme sin. Déanann an Coimisiún, trí bhíthin a cheithre choiste (An Coiste Iniúchóireachta, an Coiste Riosca, an Coiste Mórthionscadal agus an Coiste Luacha Saothair), faireachán agus athbhreithniú ar fheidhmíocht na dtarmligean sin lena n-áirítear oibriú Chóras Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais. Tá feidhmeanna an Choimisiúin agus a chuid coistí leagtha amach i dTéarmaí Tagartha ar leithligh.

Is é cuspóir an Choiste Iniúchóireachta tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le riosca airgeadais, rialú agus rialachas. Déanann an Coiste é sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht, iontaofacht agus ionracas na ndearbhuithe a thugtar don Choimisiún. Is é cuspóir an Choiste Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas: infheistiú shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais, beartais agus cleachtais infheistíochta, neamhchosaintí riosca agus straitéis, faireachán ar riosca oibríochtúil agus riosca leanúnachais ghnó agus formhaoirsiú ar bhainistíocht riosca sa Bhanc Ceannais, agus chun comhairle a thabhairt don Choimisiún ina leith. Is é cuspóir an Choiste Luacha Saothair tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le beartas luacha saothair agus le luach saothair. Is é cuspóir an Choiste Mórthionscadal tacaíocht a thabhairt don Choimisiún a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le cur i bhfeidhm éifeachtach Straitéis an Bhainc Ceannais. Áirítear sa mhéid sin, mórthionscadail, tosaíochtaí suntasacha oibríochtúla ábhartha, agus buiséad gaolmhar, lena n-áirítear Clúdach Infheistíochta, a mhaoirsiú agus a bhreithniú. Ina theannta sin, féachfaidh an Coiste le hailíniú a bhaint amach le próifíl riosca an Bhainc Ceannais trí fhormhaoirseacht a dhéanamh ar

Phunann fhoriomlán Clár agus Tionscadal an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear tairbhí a bhaint amach.

Tá Creat Rialachais formheasta ann lena mbunaítear creat láraithe don Bhanc Ceannais ina leagtar amach struchtúir eagraíochtúla rialachais. Déantar iad seo a dhoiciméadú sa Chreat Rialachais agus leagtar amach na socruithe ábhartha rialachais atá i bhfeidhm chun tacú le cinnteoireacht ar fud an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear ról coistí traseagraíochtúla. Ina theannta sin, áirítear sa Chreat Rialachais clár de Bheartais Chorporáideacha a bhfuil teimpléid agus treoir ábhartha mar thaca leo, agus clár agus treoir do Mheabhrán Tuisceana.

Áirítear sa Chreat, Rialachais struchtúr coistí inmheánacha agus struchtúr inmheánach bainistíochta feidhmiúcháin a dhéanann formhaoirsiú ar na nithe eagraíochtúla ábhartha go léir. Tá Coiste Bainistíochta Riosca (RMC) ann ar leibhéal feidhmiúcháin a gcuirtear de chúram air maoirseacht a dhéanamh agus dúshlán a thabhairt ar fud na n-aicmí riosca go léir agus nithe a bhaineann le comhlíonadh inmheánach agus iompar. Tacaíonn coistí eile ar leibhéal feidhmiúcháin le timpeallacht rialaithe an Bhainc Ceannais, mar atá leagtha amach sa Chreat.

Leanann an Coimisiún de mhaoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta maidir le freagrachtaí bainistíochta agus cuspóirí bliantúla a shannadh laistigh den Bhanc Ceannais. Sainítear freagrachtaí bainistíochta agus foirne trí bhíthin chreat cuimsitheach próifíle ról agus córas bainistíochta feidhmíochta. Is é an lucht bainistíochta feidhmiúcháin, i gcomhar leis an gCoimisiún, a shonraíonn cuspóirí uileghabhálacha (leibhéal eintitis) an Bhainc Ceannais laistigh de Straitéis trí bliana. Tháinig Straitéis reatha an Bhainc Ceannais in éifeacht ón 1 Eanáir 2022. Formheasann an Coimisiún an Straitéis agus cuirtear faoi bhráid an Aire Airgeadais é. Leantar den Straitéis seo a chur chun feidhme agus a thuairisciú, agus d'fhaireachán a dhéanamh uirthi, trí bhíthin phróiseas Pleanála Bliantúla Gnó de chuid an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear athbhreithniú foirmiúil rialta ag an mbainistíocht shinsearach agus athbhreithniú leathbhliantúil ag an gCoimisiún.

In 2022, feabhsaíodh próiseas Pleanála Bliantúla Gnó ar leibhéal eagraíochtúil, agus sonraíodh ann príomhchuspóirí an Bhainc Ceannais a bhí le tosú nó le baint amach in 2022, agus tugadh tuairisc air do na fóraim ábhartha rialachais trí huaire le linn 2022. Feabhsaíodh an próiseas Pleanála Bliantúla Gnó seo tuilleadh do 2023. Leis an gcur chuige do 2023, déantar treoir fhadtéarmach straitéiseach an Bhainc Ceannais agus a Threochlár meántéarmach maidir le Gnóthú Straitéise a aistriú go cuspóirí inláimhsithe a bhainfear amach thar thréimhse bliana, agus a bheidh ailínithe leis an mbuiséad bliantúil. Sa Phlean Bliantúil Gnó do 2023, cuimsítear na cuspóirí oibríochtúla agus straitéiseacha ábhartha ar fud na réimsí gnó go léir, agus cuireadh é faoi bhráid an Choimisiúin lena fhormheas i mí na Nollag 2022.

Anuas air sin, déanann an Coimisiún formhaoirsiú i gcónaí ar chur chun feidhme agus ar chomhlíonadh Chód Eitice an Bhainc Ceannais, Cód a fhéachann leis na caighdeáin is airde iompair eitice i measc bhaill foirne agus oifigigh an Bhainc Ceannais a áirithiú. Ina theannta sin, bhunaigh an Coimisiún Beartas Inmheánach Sceithireachta agus déanann sé athbhreithniú air ar bhonn bliantúil. Leis an mBeartas seo, cuirtear sraith cainéal ar fáil

d'fhostaithe chun faisnéis a nochtadh go rúnda maidir le héagóir fhéideartha sa Bhanc Ceannais gan faitíos go mbeidh drochthorthaí pearsanta air.

Bainistíocht Riosca

Tá Creat Foinn Riosca (CFR), arna fhorghrú ag an gCoimisiún agus ina n-áirítear folamháiltais i leith phríomhrioscaí an Bhainc Ceannais, mar bhonn eolais le bainistíocht agus measúnú neamhchosaintí riosca. Sonraítear sa CFR seo, an leibhéal riosca agus na cineálacha riosca atá inghlactha ag an mBanc Ceannais le linn dó a chuid cuspóirí a shaothrú. Ó thaobh cúrsaí rialachais de, déantar Tuarascáil um Riosca Comhtháite a chur faoi bhráid an Choiste Riosca ar bhonn ráithiúil. Sa Tuarascáil sin, breithnítear an phróifíl riosca le hais na dtairseach atá leagtha amach sa CFR. I dteannta le CFR, tá ceanglas ann a áirithiú go ndéanfar rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú go beacht, toisc go gcuireann sé seo bonn ar fáil lenar féidir neamhchosaintí riosca fuílligh a mheasúnú i gcoibhneas le CFR agus, ar an gcaoi sin, is féidir aon athruithe atá ina n-ábhar imní ó thaobh bainistíocht riosca de nó aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar imní amhlaidh a chinneadh.

Is gné lárnach d'oibriú éifeachtach Chóras Rialuithe Inmheánacha an Bhainc Ceannais iad nósanna imeachta chun rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú, ar rioscaí iad a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar ghnóthú chuspóirí an Bhainc Ceannais ar leibhéal foriomlán eagraíochtúil agus laistigh de gach ceann dá rannáin. Chun a áirithiú go bhfuil Córas na Rialuithe Inmheánacha ar comhréir leis na rioscaí a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu, tá Creat Bainistíochta Riosca Oibríochtúil (BRO) bunaithe ag an gCoimisiún chun próiseas comhréireach um shainaithint agus measúnú riosca a áirithiú, lena mbreithnítear an dóchúlacht go dtiocfaidh rioscaí chun cinn agus na himpleachtaí ionchasacha oibriúcháin, airgeadais agus clú.

Tá Creat BRO ceaptha a chinntiú go bhfuil rioscaí oibríochtúla á sainaithint agus á measúnú ar bhonn comhsheasmhach rialta ag na rannáin go léir sa Bhanc Ceannais. I gCreat BRO, cuimsítear próiseas measúnaithe riosca agus rialaithe do na rannáin lena mbunaithear agus lena gcothabháiltear clár caighdeánaithe rannáin de neamhchosaintí agus de theagmhais riosca oibríochtúil ábhartha. Abhreithnítear sonraí chlár riosca agus teagmhais na rannán agus tuairiscítear orthu don Choiste inmheánach Bainistíochta Riosca agus don Choiste Riosca de chuid an Choimisiúin le linn na bliana, agus é á chinntiú go nglactar bearta réitigh de láimh chun dul i ngleic le neamhchosaintí atá lasmuigh de lamháiltais cheadaithe riosca.

Ina theannta sin, cuimsítear i gCreat BRO nós imeachta tréimhsiúil rioscabhunaithe um dhearbhu cáilíochta, a dtugann an Rannán um Riosca Oibríochtúil (ORD) faoi, chun na rioscaí sainaitheanta agus éifeachtacht na rialuithe a bhailíochtú. Chun críocha an nós imeachta seo, athbhreithníonn agus ceistíonn ORD a bhfuil sna cláir agus cinntíonn sé go gcuimseofar aon ghníomhartha ceartaitheacha is gá i bplean bainistíochta riosca an rannáin. Deimhníonn ceannasaí gach rannáin lena mbaineann agus an stiúrthóir iomláine a gcuid clár mar chuid den nós imeachta seo um dhearbhu cáilíochta le ORD. Tá athbhreithniú déanta ag an RMC ar thuarascálacha ar stádas na rioscaí rannáin agus tá breithniú déanta aige ar na gníomhartha atá glactha ag an lucht bainistíochta chun gníomhartha feabhais a chur chun feidhme agus

chun rialuithe a fheabhsú le linn na tréimhse tuairiscithe, agus bhí maoirseacht bhreise ann ó Choiste Riosca an Choimisiúin.

Déanann an Coiste Riosca maoirsiú freisin ar chreat tiomanta um measúnú riosca airgeadais. Bíonn an creat um measúnú riosca airgeadais ag díriú go príomha ar rioscaí airgeadais reatha agus ar rioscaí airgeadais atá ag teacht chun cinn, ar rioscaí iad a mbeadh iarmhairt acu ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais de thoradh chur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus gníomhaíochtaí lánroghnacha infheistíochta. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar stádas na rioscaí airgeadais sin agus bhreithnigh sé moltaí maidir le rialú agus bainistiú éifeachtach na rioscaí sin i gcomhréir leis na lamháltais atá leagtha amach ina Chreat Foinn Riosca formheasta.

Chomh maith leis an méid sin thuas, tugtar faoi mheasúnú tréimhsiúil ar rioscaí straitéiseacha arb é is aidhm dó rioscaí a shainaithint, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh bac a chur ar ghnóthú chuspóirí straitéiseacha an Bhainc Ceannais mar a leagtar amach ina Phlean Straitéiseach iad. Léirítear sa mheasúnú ar rioscaí straitéiseacha comhairle ón Rannán um Riosca Eagraíochtúil do pháirtithe sinsearacha leasmhara. In 2022, thug ORD réamh-athbhreithniú ar an straitéis chun críche, inar sainaithníodh rioscaí agus deiseanna lena mbreithniú.

Le linn 2022, fuair an Coimisiún agus a chuid coistí tuarascálacha maidir le neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar riosca oibríochtúil, riosca airgeadais, agus ar riosca straitéiseach agus maidir le gnéithe éagsúla de Chóras na Rialuithe Inmheánacha, agus bhreithnigh sé éifeachtacht an Chórais ina iomláine trí nós imeachta um athbhreithniú bliantúil. D'ullmhaigh an Rannán um Rialachas Inmheánach (IGD), an Rannán um Iniúchóireacht Inmheánach (IAD) agus an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD) na tuarascálacha sin. Tar éis dó na tuarascálacha sin a athbhreithniú, tá an Coimisiún sásta go dtugann an forbhreathnú léiriú cruinn ar stádas Chóras na Rialuithe Inmheánacha a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Anuas air sin, agus i gcomhréir le Samhail na dTrí Líne maidir le freagrachtaí bainistíochta riosca agus rialaithe a shannadh, tacaíonn ORD agus IAD le hoibriú Chóras na Rialuithe Inmheánacha chun a chinntiú go ndéantar creataí bainistíochta riosca atá formheasta ag an gCoimisiún, lena n-áirítear measúnú agus athbhreithniú ar rioscaí agus rialuithe, a chur i bhfeidhm go córasach.

Cosaint Sonraí

Próiseálann an Banc Ceannais sonraí pearsanta, le linn dó roinnt dá fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, i ndáil le fostaíocht foirne agus lena rannpháirtíocht le soláthraithe seirbhíse. Sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1998, 2018 agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), leagtar amach na hoibleagáidí éagsúla a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil. Tá Beartas um Chosaint Sonraí, Creat Oibríochtúil um Shonraí Pearsanta agus nósanna imeachta oibríochtúla gaolmhara forbartha ag an mBanc Ceannais chun na ceanglais seo a chomhlíonadh. Lontu sin, cuirtear síos ar na ról agus freagrachtaí a bhaineann le cosaint sonraí, agus leagtar amach an chaoi ina ndéantar na príomhphrionsabail maidir le cosaint sonraí a chur chun feidhme sa Bhanc Ceannais. I gcomhréir le ceanglais GDPR, tá Oifigeach

um Chosaint Sonraí ceaptha ag an mBanc Ceannais, agus tá an méid seo a leanas i gceist leis an ról sin: comhairle a thabhairt maidir le sonraí, faireachán agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta agus na gceanglas éagsúil um chosaint sonraí, comhordú a dhéanamh ar aon teagmhais a bhaineann le cosaint sonraí, freagraí a thabhairt ar iarrataí ar rochtain agus tuairisciú go rialta do choistí maoirseachta.

Le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú, d'aithin an Banc Ceannais go raibh gá le feabhas breise a chur ar a bhearta rialaithe i leith coinneáil sonraí pearsanta agus i leith na maoirseachta ar thríú páirtithe a phróiseálann sonraí pearsanta thar a cheann. Cuireadh tús le bearta spriocdhírthe feabhais i leith na ngnéithe sin den Chreat Oirbíochtúil um Shonraí Pearsanta, agus tugadh an t-eolas is déanaí don RMC agus do Choiste Riosca an Choimisiúin maidir le stádas na mbeart sin.

Soláthar

Oibríonn an Banc Ceannais Beartas Corparáideach Soláthair (an Beartas) atá formheasta ag an gCoimisiún. Comhlíontar ceanglais soláthair an Bhainc Ceannais i gcomhréir leis an mBeartas seo agus leis an gcreat rialaithe inmheánaigh a bhunaíonn sé.

Tá an Beartas i gcomhréir le prionsabail na rialacha agus treoirlínte soláthair arna leagan amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais ach amháin i leith tairiscintí iomaíocha le haghaidh earraí agus seirbhísí faoi bhun Thairseach AE (€215,000). Sa chás sin, chinn an Banc Ceannais go mbeadh pointe tosaigh €50,000 seachas €25,000 ann mar thairseach do Thairiscintí Náisiúnta ar mhaithe le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht oibriúcháin. Bíonn trí mheastachán i scríbhinn de dhíth le haghaidh tairiscintí soláthar/seirbhíse idir €5,000 agus €50,000.

In imthosca teoranta áirithe, féadfar conarthaí a dhámhachtain gan dul ar iontaoibh próiseas iomaíoch tairiscintí:

- I gcás ina bhforáiltear sna rialacha soláthair do dhíolúine/d'eisceacht ábhartha, nó
- I gcás nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil tairiscintí a lorg (e.g. toisc go bhfuil luach an chonartha faoi bhun Thairseach AE agus nach bhfuil aon leas trasteorann) agus ina bhfuil imthosca eisceachtúla ann.

Meastar gur “conarthaí neamhchomhlíontacha” iad aon chonarthaí eile a dhámhtar gan dul ar iontaoibh próiseas iomaíoch tairisceana agus bíonn siad á bhformhaoirsiú ag an gCoiste Feidhmíochta agus Acmhainní agus ag an gCoiste Iniúcháireachta. Níor dhámh an Banc Ceannais aon ‘conarthaí neamhchomhlíontacha’ in 2022 agus níor tabhaíodh aon chaiteachas ar an gconradh neamhchomhlíontach amháin a bhí ann cheana. Leanfaidh an conradh seo go dtí deireadh a théarma nuair a bheidh na seirbhísí curtha i gcrích agus tá cur síos ar an gconradh neamhchomhlíontach ar fáil sa tábla thíos.

I mí Aibreáin 2020, chinn an Banc Ceannais, bunaithe ar an tábhacht mhór a bhain le cineál na seirbhísí, go ndéanfaí an conradh le haghaidh Óstáil Lárionad Sonraí agus Seirbhísí Bainistíochta a dhámhachtain gan nós imeachta iomaíoch ar fhorais fíorphráinne (de bhun Rialachán 32(2)(c) de I.R. 284 de 2016) mar gheall ar éigeandáil COVID-19. D'fhoilsigh an

Banc Ceannais Fógra Trédhearcachta Ex-Ante Saorálach (VEAT) an 3 Lúnasa 2020 inar sonraíodh go soiléir go raibh sé i gceist aige conradh nua a dhámhachtain. B'ionann an caiteachas ar an gconradh seo agus €12,033,914 (gan CBL a áireamh) in 2022 agus €10,183,673 (gan CBL a áireamh) in 2021.

Tábla 1.1 Cur síos ar Chonarthaí Neamhchomhlíontacha

An fáth le dámhachtain dhíreach	Líon na gconarthaí 2022	Caiteachas € 2022	Líon na gconarthaí 2021	Caiteachas € 2021
Cosc ar phróiseas tairiscintí iomaíocha de bharr chineál íogair nó rúnda na hoibre	1*	0	1	0
Tar-rolladh conartha reatha go dtí go dtabharfar próiseas tairiscintí chun críche	0	0	0	0
Tar-rolladh conartha reatha a leanfaidh go deireadh a théarma	0	0	0	0
Iomlán	1	0	1	0

*Ag deireadh 2022, ba é seo an t-aon chonradh díir-dhámhachtana amháin a bhí fágtha (arna dhámhachtain gan dul ar iontaoibh próiseas tairisceana).

Athbhreithniú agus Faireachán ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha

Chun a áirithiú go bhfuil Córas na Rialuithe Inmheánacha ag oibriú de réir a chuid ionchas, tá nósanna imeachta neamhspleácha um dhearbhu bunaithe ag an gCoimisiún chun athbhreithniú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar éifeachtacht ghníomhaíochtaí bainistíochta riosca an Bhainc Ceannais. Is é IAD go príomha a thugann faoi na nósanna imeachta athbhreithnithe agus faireacháin.

Tuairiscíonn Ceannasaí IAD go díreach don Ghobharnóir, agus bíonn rochtain neamhtheoranta aige ar an lucht Bainistíochta agus ar chomhaltaí an Choimisiúin. Bíonn gníomhaíochtaí IAD faoi stiúir ag Cairt na hIniúcháireachta Inmheánaí agus ag an bPlean Iniúcháireachta Bliantúil arna bhformheas ag an gCoiste Iniúcháireachta. Déanann IAD measúnú ar chomhlíonadh bheartas agus nósanna imeachta an Bhainc Ceannais agus ar chomhlíonadh dlíthe agus rialachán infheidhme, agus cuireann sé dearbhú neamhspleách, oibiachtúil ar fáil maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bainistíochta riosca, Chóras na Rialuithe Inmheánacha agus na bpróiseas rialaithe trí iniúcháireachtaí rialta a dhéanamh.

Déanann IAD a chuid fionnachtana a thuairisciú go díreach don Choiste Iniúcháireachta. Sna tuarascálacha sin, leagtar béim ar easnaimh shainaitheanta, más ann dóibh, i gCóras na Rialuithe Inmheánacha agus sonraítear na bearta comhaontaithe ceartaitheacha a bheidh le glacadh ag an mbainistíocht i gcás ina meastar gur gá sin. Déanann IAD faireachán ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí bainistíochta a bhaineann le bearta ceartaitheacha chun a áirithiú go bhfuil an timpeallacht rialaithe éifeachtach i gcónaí. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta tuairiscí chun dáta ar bhonn rialta maidir le stádas saincheisteanna arna n-ardú ag na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus glacann sé bearta leantacha chun a áirithiú go nglacfar gníomhartha iomchuí, tráthúla i leith na saincheisteanna sin.

Athbhreithniú Bliantúil ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht Chóras na Rialuithe Inmheánacha sa Bhanc Ceannais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022. Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú mionsonraithe ar éifeachtacht Chóras na Rialuithe Inmheánacha agus thuairiscigh a chuid fionnachtana don Choimisiún i mí Aibreáin 2023 trí nós imeachta i scríbhinn. San athbhreithniú sin ar éifeachtacht Chóras na Rialuithe Inmheánacha, áiríodh an méid seo a leanas:

- Breithniú ar thuarascálacha ón Rannán um Riosca Eagraíochtúil ina leagtar amach neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar rioscaí straitéiseacha, airgeadais agus oibríochtúla agus breithniú ar ghnéithe eile de Chóras na Rialuithe Inmheánacha arna gcur ar fáil ag an Rannán um Rialachas Inmheánach
- Obair IAD agus a chuid tuarascálacha agus fionnachtana a bhreithniú
- Forbhreathnú ar thuarascálacha rialta ón Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach maidir le stádas thimpeallacht rialaithe inmheánaigh an Bhainc Ceannais agus stádas saincheisteanna arna gcur in iúl roimhe seo ina chuid tuarascálacha féin agus nithe arna gcur in iúl ag na hiniúcháirí seachtracha
- Forbhreathnú ar athruithe suntasacha ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha sa tréimhse tuairiscithe
- Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais arna sainaithint ag na hiniúcháirí seachtracha a bhreithniú, agus
- Breithniú ar bheartas an Bhainc Ceannais um bainistíocht teagmhas ina leagtar amach an próiseas agus na ceanglais maidir le teagmhas a shainaithint, a mheasúnú, a thuairisciú, agus maidir le faireachán a dhéanamh ar feabhsuithe rialaithe agus rialachas. Tá clár teagmhas ann ina dtuairiscítear teagmhais thuairiscithe; déantar measúnú ar na teagmhais seo agus sanntar grád dóibh i gcomhréir lena dtionchar. Rinne an Banc Ceannais athbhreithniú ar a chlár teagmhas agus lean an próiseas bainistíochta teagmhas dá réir.

Bunaithe ar an méid sin thuas, measann an Coimisiún go bhfuil Córas na Rialuithe Inmheánacha a bhí i bhfeidhm sa Bhanc Ceannais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2022 éifeachtach i gcónaí.

Gabriel Makhoul
An Gobharnóir

Patricia Byron
Comhalta den Choimisiún

18 Aibreán 2023

CUNTAS LEITHGHABHÁLA BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Ioncam Úis	2	1,110,015	997,625
Úschostas	2	(443,984)	(193,858)
Glanioncam úis	2	666,031	803,767
Glan-ghnóthachain réadaithe a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais	3	1,463,678	1,273,644
Díluachálacha sócmhainní agus staideanna airgeadais	3	(115,608)	(13,054)
Aistriú chuig soláthairtí	3	(1,199,189)	(502,214)
Glantoradh oibríochtaí airgeadais, díluachálacha agus soláthairtí	3	148,881	758,376
Ioncam ó tháillí agus ó choimisiúin	4	3,980	3,258
Ioncam ó ghnáthscaireanna agus ó leasanna rannpháirteachais	5	3,686	14,385
Glantoradh chomhthiomsú ioncaim airgeadaíochta	6	(323,160)	(166,015)
Glanioncam eile	7	417,280	263,809
<i>Eile</i>		218,162	72,954
<i>Ioncam ón tobhach maoiniúcháin</i>		199,118	190,855
GLANIONCAM IOMLÁN		916,698	1,677,580
Caiteachais foirne	8	(244,942)	(255,799)
Caiteachais oibríochtúla eile	8	(77,807)	(77,430)
Dímheas	8	(13,080)	(15,033)
Amhábhair um Tháirgeadh Airgeadra	8	(5,863)	(7,851)
CAITEACHAIS IOMLÁNA	8	(341,692)	(356,113)
BRABÚS DON BHLIAIN ROIMH GHLUAISEACHTAÍ AR GHNÓTHACHAIN NEAMHRÉADAITHE, GNÓTHACHAN ACHTÚIREACH AGUS LEITHGHABHÁIL BRABÚIS		575,006	1,321,467
Glanghluaiseacht ar ghnóthachain neamhréadaithe	32	(2,286,492)	(1,662,206)
Aistrithe chuig cuntais athluachála	32	2,286,492	1,662,206
Gnóthachan achtúireach ar an scéim pinsin	30	643,642	261,851
Aistriú brabús coimeádta chuig cúlchiste ginearálta	33	(718,527)	(515,745)
IONCAM BARRACHAIS IS INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE	9, 29	500,121	1,067,573

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 41 mar chuid de na cuntais seo.

Gabriel Makhoul
An Gobharnóir

Vasileios Madouros
An Leas-Ghobharnóir
Cobhsaíocht Airgeadais agus Airgeadaíochta

18 Aibreán 2023

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2022

SÓCMHAINNÍ	Nóta	2022 €000	2021 €000
Ór agus infháltais óir	10	659,566	492,855
Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí nach cónaitheoirí de chuid an limistéir euro iad	11	11,246,329	10,847,854
Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí de chuid an limistéir euro	12	117,729	189,539
Éilimh in euro ar chónaitheoirí nach cónaitheoirí de chuid an limistéir euro iad	13	2,520,832	1,904,463
lasachtú in euro le hinstitiúidí creidmheasa an limistéir euro i ndáil le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta	14	219,400	21,048,400
Éilimh eile in euro ar institiúidí creidmheasa an limistéir euro	15	1,646,481	2,489,097
Urrúis in euro de chuid chónaitheoirí an limistéir euro	16	73,355,689	79,219,600
<i>Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartas Airgeadaíochta</i>		62,990,868	61,903,311
<i>Urrúis Eile</i>		10,364,821	17,316,289
Éilimh laistigh den Eurochóras		102,572,926	85,514,733
<i>Leas rannpháirteachais sa BCE</i>	17	237,271	226,940
<i>Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha</i>	18	683,175	683,175
<i>Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)</i>	19	101,652,480	84,604,618
Sócmhainní eile	20	2,511,117	2,459,935
Sócmhainní iomlána		194,850,069	204,166,476

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 41 mar chuid de na cuntais seo.

Gabriel Makhoul
An Gobharnóir

Vasileios Madouros
An Leas-Ghobharnóir
Cobhsaíocht Airgeadais agus Airgeadaíochta

18 Aibreán 2023

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 Nollaig 2022

DLITEANAIS	Nóta	2022 €000	2021 €000
Nótaí bainc i gcúrsaíocht	22	24,492,274	24,061,535
Dlitéanais d'institiúidí creidmheasa de chuid an limistéir euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta in euro	23	102,450,367	108,147,764
Dlitéanais eile in euro d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro	24	934,174	1,779,277
Dlitéanais in euro do chónaitheoirí eile de chuid an limistéir euro	25	25,999,243	31,239,889
Dlitéanais in euro do chónaitheoirí nach cónaitheoirí de chuid an limistéir euro iad	26	678,288	10,580
Contrapháirtí ceart speisialta tarraingthe arna leithdháileadh ag an CAI	27	5,109,457	5,044,920
Dlitéanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras	28	22,218,167	20,219,846
Dlitéanais eile	29	1,796,421	1,517,401
Sochair scoir	30	59,988	663,141
Soláthairtí	31	3,003,794	1,806,231
Cuntais athluachála	32	1,889,563	4,176,055
Caipiteal agus cúlchistí	33	6,218,333	5,499,837
Dlitéanais iomlána		194,850,069	204,166,476

Tá na beartais chuntasaíochta in éineacht le Nótaí 1 go dtí 41 mar chuid de na cuntais seo.

Gabriel Makhoul
An Gobharnóir

Vasileios Madouros
An Leas-Ghobharnóir
Cobhsaíocht Airgeadais agus Airgeadaíochta

18 Aibreán 2023

Nótaí a ghabhann leis na Cuntais

Nóta 1: Beartais Chuntasaíochta agus Faisnéis Ghaolmhar

(a) Creat Dlíthiúil

Sa Ráiteas Cuntas, tagraíonn an téarma “an Banc Ceannais”, aon áit a n-úsáidtear é, do Bhanc Ceannais na hÉireann.

Ullmhaíodh na cuntais de bhun Alt 32J d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (arna leasú) lena bhforáiltear go n-ullmhóidh an Banc Ceannais ráiteas cuntas laistigh de shé mhí ó dheireadh gach bliana airgeadais, agus go gcuirfí é sin faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste don bhliain airgeadais lena mbaineann. Tá an ráiteas san fhoirm atá formheasta ag an Aire Airgeadais. Le foirm na gcuntas, léirítear cineál sonrach na gcúraimí a dhéanann an Banc Ceannais laistigh de chreat CEBC⁴⁷ mar aon lena raon ilchineálach a chuid gníomhaíochtaí. Ceanglaítear faoi Airteagal 27.1 de Reacht CEBC agus BCE go gceapfar iniúcháirí neamhspleácha seachtracha.

(b) Prionsabail Chuntasaíochta

Mar bhall rannpháirteach den CEBC, comhlíonann an Banc Ceannais na beartais chuntasaíochta arna leagan síos ag an gComhairle Rialaithe⁴⁸ sa Treoirlíne⁴⁹. Ullmhaíodh Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa Treoirlíne, lena n-áirítear ullmhúchán ar bhonn gnóthas leantach. I gcásanna nach dtugann an Treoirlíne treoir shonrach, leantar cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn agus forálacha iomchuí reachtúla⁵⁰ a bhfuil feidhm acu maidir leis an mBanc Ceannais. Is ionann an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann agus an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Tá na prionsabail agus beartais a leagtar amach sa Treoirlíne i gcomhréir, a bheag nó a mhór, leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn. Is iad seo a leanas na

⁴⁷ An téarma Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC), tagraíonn sé do na 27 Banc Ceannais Náisiúnta (BCNanna) de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh amhail ar an 31 Nollaig 2022 i dteannta an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE). Tagraíonn an téarma “an tEurochóras” do na 19 BCN de chuid na mBallstát atá rannpháirteach san Aontas Airgeadaíochta i dteannta le BCE amhail ar an dáta céanna.

⁴⁸ Is í an Chomhairle Rialaithe príomhchomhlacht cinnteoireachta BCE. Tá an seisear comhaltaí den Bhord Feidhmiúcháin uirthi mar aon le gobharnóirí bhainc cheannais náisiúnta na 19 dtír sa limistéar euro.

⁴⁹ Tagraíonn an Treoirlíne do Threoirlíne an Bhainc Cheannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais sa CEBC (BCE /2016/34), arna leasú.

⁵⁰ Is iad seo a leanas na príomhrechtanna lena rialaítear an Banc Ceannais: Achtanna an Bhainc Ceannais, an tAcht Monaíochta 1950, na hAchtanna um Airgead Reatha Deachúil 1969-1990 agus an tAcht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998. I Rialacháin Bhanc Ceannais na hÉireann (Ioncam Barrachais) 1943, foráiltear do ríomh bharrachas ioncaim an Bhainc Ceannais gach bliain agus ioctar an t-ioncam barrachais sin leis an Státchiste i gcomhréir le halt 32H d’Acht an Bhainc Cheannais 1942. Tá an Banc faoi réir an Chonartha ar an Aontas Eorpach freisin agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena gcuimsítear Reacht CEBC agus BCE, agus tá sé faoi réir aon dlíthe de chuid AE arna ndéanamh faoi na Conarthaí sin agus a bhaineann le bainc cheannais náisiúnta de chuid CEBC.

príomhéagsúlachtaí atá ábhartha don Bhanc Ceannais idir an Treoirlíne (forálacha éigeantacha agus molta) agus FRS 102:

- a. Gnóthachain neamhréadaithe ó shócmhainní agus ó dhliteanais arna dtomhas ar mhargadhluach, tabharfar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déanfar iad a aistriú chuig an gcuntais athluachála ar an gClár Comhardaithe.
- b. Ní bheidh gá le ráiteas ar shreafaí airgid.
- c. Áirítear soláthar i leith rioscaí airgeadais faoin mír dliteanais “Soláthairtí”.

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin rithábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm. I gcás ina bhfuil an Treoirlíne tostach i ndáil le hionstraimí airgeadais, leanann an Banc Ceannais ceanglais alt 11 agus alt 12 ina iomláine faoi FRS 102. I Nóta 1 (n) “Meastacháin agus Breithiúnais Rithábhachtacha Chuntasaíochta”, cuirtear in iúl na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó measúnachta leo. Déantar sócmhainní airgeadais a fhritháireamh agus cuirtear na glanmhéideanna in iúl sa Ráiteas Cuntas nuair atá ceart is infheidhmithe le dlí ann chun na méideanna sainaitheanta a fhritháireamh agus nuair a bheartaítear réiteach a dhéanamh ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a réiteach go comhuaineach (Nóta 11, Nóta 19(iii), Nóta 22).

(c) Treoirlíne Chuntasaíochta an Eurochórais

Mar chomhalta den CEBC/Eurochóras, tá Treoirlíne Chuntasaíochta BCE glactha ag an mBanc Ceannais. Is é seo a leanas achoimre ar phríomhforálacha na Treoirlíne.

(i) Cuntasaíocht Dáta Trádála⁵¹

Sonraítear sa Treoirlíne go bhféadfar cuntasaíocht dáta trádála a chur chun feidhme agus úsáid á baint as “gnáthchur chuige” nó as “cur chuige malartach”. Baineann an Banc Ceannais úsáid as an gcur chuige malartach agus, dá bhrí sin, déantar idirbhearta i sócmhainní agus i ndlíteannais a thaifeadh ar an dáta socraíochta (go hiondúil an dáta trádála móide dhá lá oibre), seachas an gnáthchur chuige⁵² trína ndéantar idirbhearta a thaifeadh ar an dáta trádála.

(ii) Iarmhéideanna laistigh de CEBC

Eascraíonn iarmhéideanna laistigh den CEBC go príomha as íocaíochtaí trasteorann san AE a shocraítear in airgead bainc ceannais in euro. Tríd is tríd, is iad eintitis phríobháideacha a

⁵¹ Arna sainiú i dTreoirlíne an Bhainc Ceannais Eorpaigh (3 Samhain 2016) ar chreat dlíthiúil do chuntasaíocht agus do thuairisciú airgeadais i CEBC (BCE/2016/34).

⁵² BCNanna a bhaineann úsáid as an ngnáthchur chuige, déanfaidh siad urrúis a thaifeadh lasmuigh den Chlár Comhardaithe ar an dáta trádála. Ar an dáta socraíochta, déanfar na hiontrálacha lasmuigh den Chlár Comhardaithe a aisiompú agus taifeadh iontrálacha laistigh den Chlár Comhardaithe.

thionscnaíonn na hidirbhearta seo (i.e. institiúidí creidmheasa, corparáidí agus daoine aonair). Déantar iad shocrú i TARGET2 - an tUathchóras Mear-aistrithe Ollsocráíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach, (Nóta 19(i)), agus éiríonn iarmhéideanna déthaobhacha astu i gcuntais TARGET2 de chuid BCNanna an AE.

Déantar na hiarmhéideanna déthaobhacha sin a ghlanluacháil agus a shannadh ansin do BCE ar bhonn laethúil, sa chaoi nach mbíonn ach suíomh glan déthaobhach aonair ag gach BCN i leith BCE amháin. Iarmhéideanna in-Eurochórais de chuid an Bhainc Ceannais i leith BCE arna n-eascairt as TARGET2, mar aon le hiarmhéideanna in-Eurochórais eile arna n-ainmniú in euro (e.g. dáiltí eatramhacha brabúis chuig BCNanna, torthaí ioncaim airgeadaíochta, riaradh oibríochtaí chun iasachtaí a fháil agus a thabhairt laistigh den Eurochóras lena n-áirítear aisíocaíochtaí i dtaca le Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE)), cuirtear iad in iúl ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais mar shuíomh glansócmhainne aonair nó mar shuíomh glandliteanais aonair agus nochtar faoi “Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)” (Nóta 19) iad. Iarmhéideanna laistigh de CEBC seachas BCNanna lasmuigh den limistéar euro nach n-eascaíonn as TARGET2, déantar iad a nochtadh faoi “Dlíteanais in euro do Chónaitheoirí eile de chuid an Limistéir Euro” (Nóta 25) agus faoi “Dlíteanais in euro do Chónaitheoirí nach Cónaitheoirí de chuid an Limistéir Euro iad” (Nóta 26) faoi seach.

Iarmhéideanna in-Eurochórais arna n-eascairt as dáileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras, déantar iad a áireamh mar ghlandliteanas aonair faoi “Dlíteanais a bhaineann le Dáileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras” (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(iv), Nóta 22, Nóta 28).

Éilimh laistigh den Eurochóras arna n-eascairt as leas rannpháirteachais an Bhainc Ceannais sa BCE, tuairiscítear iad faoi “Leas Rannpháirteachais sa BCE” (Nóta 1 (c)(iii), Nóta 17).

Iarmhéideanna in-Eurochórais arna n-eascairt as aistriú cúlsóchmainní eachtracha chuig BCE ó BCNanna a bheidh ag teacht isteach san Eurochóras, ainmnítear in euro iad agus tuairiscítear iad faoi “Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha” (Nóta 1(c)(iii), Nóta 1 (c)(vii), Nóta 18).

(iii) *Scála Caipitil*

Is ionann scála caipitil CEBC agus an céatadán de scairchaipiteal suibscríofa BCE atá á shealbhú ag gach ceann de BCNanna CEBC faoi seach. Is tomhas é ar mhéid choibhneasta náisiúnta Bhallstáit an AE agus is cumasc 50:50 é den Olltáirgeacht Intíre agus de mhéid an daonra. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad BCNanna CEBC amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann suibscríbhinní ar scaireanna atá socraithe i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus nach mór a choigeartú gach cúig bliana. Is gá suibscríbhinní a choigeartú freisin i gcás ina mbeidh athrú ar chomhaltas CEBC. Tharla an coigeartú deireanach an 1 Feabhra 2020 tar éis don Ríocht Aontaithe imeacht as AE. Dá thoradh sin, tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais de chaipiteal suibscríofa BCE ó 1.1754% go dtí 1.3772%.

An dara scála, “Scála caipitil an Eurochórais”, arna dhíorthú ó scála caipitil CEBC atá sonraithe thuas, úsáidtear é mar bhonn leithdháilte do shraith míreanna tábhachtacha lena n-áirítear ioncam airgeadaíochta, nótaí bainc i gcúrsaíocht agus brabúis/caillteanais BCE a roinnt i measc BCNanna an Eurochórais. Tháinig méadú ar scair an Bhainc Ceannais de scála caipitil an Eurochórais ó 1.6489% go dtí 1.6883% tar éis don Ríocht Aontaithe imeacht as AE (Nóta 1(c)(ii)).

(iv) Nótaí bainc i gCúrsaíocht

Is iad an BCE agus BCNanna an limistéir euro, a dhéanann suas an tEurochóras, a eisiúint nótaí bainc euro⁵³. Is ar an lá oibre deireanach de gach mí a dhéantar luach iomlán na nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar bhainc cheannais an Eurochórais i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc gach BCN⁵⁴.

Tá scair 8% de luach iomlán nótaí bainc euro atá i gcúrsaíocht leithdháilte ar BCE fad atá 92% leithdháilte ar na BCNanna i gcomhréir lena n-ualuithe i scála caipitil BCE. Déantar an scair de na nótaí bainc arna leithdháileadh ar gach BCN a chur in iúl faoin mír dliteanais “Nótaí bainc i gCúrsaíocht” (Nóta 22) ar an gClár Comhardaithe.

Eascaíonn iarmhéideanna íoctha in-Eurochórais as an difríocht idir luachanna na nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar gach BCN i gcomhréir le scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann sé i gcúrsaíocht iarbhair. I gcás easnaimh san eisiúint maidir le scála leithdháilte nótaí bainc, cuirtear na héilimh seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi “Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)” (Nóta 1(c)(ii), Nóta 19). I gcás ró-eisiúint maidir le scála caipitil na nótaí bainc, cuirtear na dliteanais seo in iúl ar an gClár Comhardaithe faoi “Dlíteanais laistigh den Eurochóras (glan): dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras” (Nóta 1(c)(ii), Nóta 28). Faightear ús ar an easnamh agus íoctar é ar an ró-eisiúint ar bhonn ráithiúil⁵⁵. Déantar é seo a ghlanadh trí chuntais BCE agus cuimsítear é faoi “Glanioncam Úis” (Nóta 2(xiii)) sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála.

(v) Leithdháiltí ag BCE

Chinn an Chomhairle Rialaithe go mbeadh sé seo a leanas dlite do BCNanna an limistéir euro sa bhliain chéanna airgeadais ina bhfabhraíonn sé: ioncam seigniorage BCE a eascaíonn as scair 8% de nótaí bainc euro arna leithdháileadh ar BCE agus an t-ioncam a eascaíonn as urrúis arna sealbhú faoi (a) Clár na Margaí Urrús (CMU), (b) an tríú Clár Ceannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (CCBC3), (c) an Clár Ceannaigh d'Urrúis Sócmhainn-Bhunaithe (ABSPP), agus (d) Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (PSPP), agus (e) Clár Ceannaigh le haghaidh Éigeandáil na Paidéime (PEPP). Mura gcinntídh an Chomhairle Rialaithe a mhalairt,

⁵³ Cinneadh ón BCE an 13 Nollaig 2010 maidir le heisiúint nótaí bainc euro (athmhúnlú) (BCE/2010/29), IO L 35, 9.2.2011, lch. 26, arna leasú.

⁵⁴ Tagraíonn scála leithdháilte nótaí bainc do na céatadáin a eascaíonn as scair BCE d'eisiúint iomlán nótaí bainc a chur san áireamh (8%) agus as scála caipitil an Eurochórais a chur i bhfeidhm maidir le scair na mbanc ceannais náisiúnta rannpháirteach (92%).

⁵⁵ Cinneadh ón BCE an 3 Samhain 2016 maidir le leithdháileadh ioncam airgeadaíochta de chuid BCNanna Ballstát arb é an euro a n-airgeadra (athmhúnlú) (BCE/2016/36), IO L 347, 20.12.2016, lch.26.

déanfaidh BCE an t-ioncam seo a dháileadh i mí Eanáir na bliana dar gcionn trí dháileadh eatramhach brabúis⁵⁶. Déanfar aon chinneadh den sórt sin a ghlacadh i gcás ina measfaidh an Chomhairle Rialaithe, ar bhonn measúnú réasúnaíthe arna ullmhú ag an mBord Feidhmiúcháin, go mbeidh cailiteanas foriomlán bliantúil ag BCE nó go mbeidh glanbhrabús bliantúil aige a bheidh níos lú ná an t-ioncam seo. Féadfaidh go gcinnfidh an Chomhairle Rialaithe go n-aistreofar an t-ioncam seo go léir nó cuid de chuig soláthar i leith rioscaí airgeadais. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe a chinneadh go ndéanfar costais arna dtabhú ag BCE i dtaca le heisiúint agus láimhseáil nótaí bainc euro a mhuirearú i gcoinne ioncaim arna thabhtú ar nótaí bainc euro i gcursaíocht.

Cuirtear an méid arna dháileadh ar na BCNanna in iúl sa Chuntas Brabúis agus Cailiteanais agus Leithghabhála faoi “Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus Leasa Rannpháirteachais” (Nóta 5(ii), Nóta 19(ii)).

(vi) Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

An méid d'ioncam airgeadaíochta gach BCN de chuid an Eurochórais, i.e. an glanioncam a thuilltear ar oibríochtaí bheartas airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a chinneadh tríd an ioncam bliantúil iarbhír ó na sócmhainní comharthaithe arna sealbhú in aghaidh a bhoinn dliteanas a thomhas.

Tá an bonn dliteanas déanta suas de na nithe seo a leanas: nótaí bainc i gcursaíocht; dliteanais d'institiúidí creidmheasa an limistéir euro a bhaineann le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro; glandliteanais in-Eurochórais a thig as idirbhearta TARGET2; agus glandliteanais in-Eurochórais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Aon ús a íoctar ar dhliteanais a áirítear sa bhonn dliteanas, déantar é a asbhaint as an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú.

Tá na sócmhainní comharthaithe déanta suas de na nithe seo a leanas: iasachtú le hinstiúidí creidmheasa an limistéir euro i ndáil le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro; urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta; éilimh in-Eurochórais atá coibhéiseach le haistriú cúlsócmhainní eactracha chuig BCE; glanéilimh in-Eurochórais a thig as idirbhearta TARGET2; éilimh in-Eurochóras a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras; agus méid teoranta de shealúchais óir gach BCN i gcomhréir le scála caipitil gach BCN.

Meastar nach ngintear aon ioncam ó ór. Urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta faoi Chinneadh BCE/2009/16 an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chéad chlár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach⁵⁷ agus faoi Chinneadh BCE/2011/17 an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach⁵⁸ agus faoi Chinneadh BCE/2015/10 an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na

⁵⁶ Cinneadh (AE) 2015/1195 ón BCE an 2 Iúil 2015 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/298 maidir le dáileadh eatramhach ioncam BCE (BCE/2015/25).

⁵⁷ Cinneadh (AE) 2009/522 ón BCE an 2 Iúil 2009 maidir le cur chun feidhme an chlár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2009/16), IO L 175, 4.7.2009.

⁵⁸ Cinneadh (AE) 2011/17 ón BCE an 3 Samhain 2011 maidir le cur chun feidhme an dara clár ceannaigh do bhannaí faoi chumhdach (BCE/2011/17), IO L 297, 16.11.2011.

hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha⁵⁹, meastar go ngineann siad ioncam de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí⁶⁰ arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh oibríochtaí athmhaoinithe.

I gcás inar mó nó inar lú luach shócmhainní comharthaithe BCN ná luach a bhoinn dliteanas, déanfar an difríocht a fhritháireamh tríd an ráta imeallach is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais a fheidhmiú i leith luach na difríochta. Déantar an méid seo a shuimiú leis an ioncam airgeadaíochta atá le comhthiomsú, nó a asbhaint as, de réir mar is iomchuí.

Is i gcomhréir le scála caipitil suibscríofa an Eurochórais a dhéantar an glanioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an Eurochóras a leithdháileadh idir na BCNanna. Is é atá sa difríocht idir an t-ioncam airgeadaíochta arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais agus an méid arna leithdháileadh arís ar an mBanc Ceannais "Glantordh ar Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta" a thaifeadtar sa chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 6).

I gcás ina dtabhóidh BCE caillteanas, féadfar an caillteanas a fhritháireamh in aghaidh chúlchiste ginearálta BCE, agus, más gá, le cinneadh ón gComhairle Rialaithe, in aghaidh ioncam airgeadaíochta na bliana airgeadais iomchuí i gcoibhneas leis an méid a leithdháilfear ar na BCNanna agus go feadh an méid sin.

(vii) Éilimh a bheidh Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

Sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh 1992 agus in alt 5B d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), foráiltear go bhfuil an chumhacht ag an mBanc Ceannais "sócmhainní, ioncam nó dliteanas a aistriú chuig an mBanc Ceannais Eorpach i gcás ina gceanglaítear sin faoi Reacht CEBC". Dá réir sin, d'aistrigh an Banc Ceannais méid a bhí coibhéiseach le €424.8m chuig BCE i mí Eanáir 1999, tráth a cuireadh tús leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, agus fuair sé ar a uain éileamh comhfhreagrach ar choibhéis BCE leis an méid sin. Aistríodh €683.2m san iomlán ón 1 Eanáir 1999 i leith. An t-éileamh arna eascairt as seo ar BCE, déantar é a íoc de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe arna choigeartú chun toradh nialasach ar an ngné óir a léiriú (Nóta 1(c)(ii), Nóta 18).

(viii) Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as ionstraimí lasmuigh den Chlár Comhardaithe, déantar iad a aithint agus a láimhseáil ar an gcaoi chéanna le hionstraimí laistigh den Chlár Comhardaithe (Nóta 1 (k)). Ní aithnítear gnóthachain (luachála) neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus

⁵⁹ Cinneadh (AE) 2015/744 ón BCE an 4 Márta 2015 maidir le clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, lch. 20-24.

⁶⁰ Déantar ráta na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe (PA) a fheidhmiú maidir le hiarmhéideanna laethúla bannaí rialtais láir/gníomhaireachta/corparáide neamhairgeadais arna gceannach faoin gclár, fad gurb é an toradh iarbhair arna thuilleamh ar bhannaí institiúide idirnáisiúnta agus fornáisiúnta arna gceannach faoin gclár a chomhthiomsaítear.

aistrítear iad chuig na cuntais athluachála. Déantar caillteanais (luachála) neamhréadaithe a aistriú chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo arna gclárú sna cuntais athluachál ar bhonn gach urrúis ar leith.

Déantar gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe dáta trádála ar réamhchonarthaí i malairt eachtrach a thaifeadadh faoi “Sócmhainní Eile” (Nóta 20) nó faoi “Dliteanais Eile” (Nóta 29) i gcomhréir leis an Treoirlíne, tar éis cuntas a thabhairt ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála mar a thuairiscítear thuas. Baintear úsáid as an modh seo i gcás réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus na dteicnící a aithnítear lena n-úsáid ag CEBC mar a leagtar amach sa Treoirlíne, ar teicnící iad a chlúdaíonn na hionstraimí airgeadais is suntasaí lasmuigh den Chlár Comhardaithe, i.e. réamhchonarthaí i malairt eachtrach, babhtálacha i malairt eachtrach, babhtálacha ar bhonn rátaí malairte, comhaontuithe ar réamhráta, réamh-idirbhearta in urrúis agus roghanna.

Déantar conarthaí todhchaíochta arna dtrádáil ar mhargaí eagraithe a thaifeadadh lasmuigh den Chlár Comhardaithe mar an méid barúlach, fad a dhéantar glaonna ar éarlais arna n-íoc nó arna bhfáil a shainaithint mar ghlanioncam úis agus mar chaiteachais, faoi “Glanioncam Úis” (Nóta 2).

(ix) Urrúis arna gCoinneáil chun Críocha Beartais Airgeadaíochta

Fuair an Banc Ceannais na hurrúis sin faoi raon feidhme an chláir ceannaigh do CCBC⁶¹, agus fuair sé urrúis fiachais faoi raon feidhme CMU⁶², PSPP⁶³, agus PEPP⁶⁴. Déantar na hurrúis a thomhas ag costas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagaithe (Nóta 2(ii), Nóta 16(i)). Chinn an Chomhairle Rialaithe an 15 Nollaig 2014 go dtabharfaí cuntas i leith urrús arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta ar costas amúchta (faoi réir a lagaithe), is cuma cén rún atá leis an sealbhú. Tacaíonn an Treoirlíne leis an an gcur chuige cuntasíochta seo.

(x) Cearta Speisialta Tarraingthe ('CSTanna') agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (an 'CAI')

Déileálar le CSTanna mar airgeadra chun críocha cuntasíochta agus déantar iad a nochtadh faoi “Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí nach Cónaitheoirí de chuid an Limistéir Euro iad” (Nóta 11(i)).

Is cúlsócmhainní idirnáisiúnta iad CSTanna, arna gcruthú ag an CAI, a bhfuil Éire ina ball de. Sainítear CSTanna i dtéarmaí ciseán airgeadraí agus cinntear a luach trí shuim ualaithe rátaí

⁶¹ Cinneadh ón BCE an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le cur chun feidhme an Chláir Cheannaigh do Bhannaí faoi Chumhdach (BCE/2014/40), IO L 335, 22.10.2014, Ich. 22.

⁶² Cinneadh ón BCE an 14 Bealtaine 2010 lena mbunaítear clár na margaí urrús (BCE/2010/5), IO L 124, 20.5.2010, Ich. 8.

⁶³ Cinneadh ón BCE an 4 Márta 2015 lena mbunaítear clár ceannaigh na hearnála poiblí do shócmhainní ar mhargaí tánaisteacha (BCE/2015/10), IO L 121, 14.5.2015, Ich. 20.

⁶⁴ Cinneadh ón BCE an 18 Márta 2020 lena mbunaítear clár ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime (BCE/2020/17), IO L 91, 25.03.2020, Ich. 1.

malairte na gcúig phríomhairgeadra (dollar SA, Euro, Renminbi na Síne, Yen na Seapáine agus Punt Steirling).

Déantar suíomh airgeadra shealúchais CSTanna a chomhshó in euro trí úsáid a bhaint as ráta comhshó an euro i leith CSTanna amhail ar an dáta deiridh den tréimhse tuairiscithe.

Déantar dliteanas an Bhainc Ceannais don CAI i leith leithdháileadh CSTanna d'Éirinn a chur in iúl mar "Contrapháirtí CST arna leithdháileadh ag an CAI" (Nóta 27). Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shócmhainní CST an Bhainc Ceannais de thoradh oibríochtaí iasachtaithe an CAI nó de thoradh mhalartuithe CSTanna ar airgeadra eachtrach leis an CAI féin, le comhaltaí eile den CAI agus le sealbhóirí oifigiúla eile CSTanna. Féadfaidh go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CST freisin de thoradh íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag an CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc Ceannais sa CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc Ceannais glan ar leithdháiltí CST.

(xi) Cistí infheistíochta inmargaidh

Maidir le cistí infheistíochta inmargaidh, i gcás nach ndéanann an Banc Ceannais idirghabháil sna cinntí a bhaineann le ceannach nó díol na sócmhainní foluiteacha, déantar iad a luacháil ar phraghsanna margaidh ar bhonn glanchiste (Nóta 1(j)(ii)). Ní cuid den suíomh airgeadra foriomlán iad na cistí seo arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha ach is cuid de shealúchas airgeadra ar leith iad. Nochtar iad i "Sócmhainní Eile" (Nóta 20(ii), (iii)). Níl glanluacháil idir torthaí athluachála na gcistí éagsúla infheistíochta inmargaidh.

(xii) Oibríochtaí spriocdhírithe fadtéarmacha ('OASF')

Is ionann OASFanna agus oibríochtaí margaidh oscailte arna gcur i gcrích ag an Eurochóras. Is é is aidhm dóibh leachtacht atá níos fadtéarmaí ná oibríochtaí athmhaoinithe eile a sholáthar d'institiúidí creidmheasa (Nóta 14).

Tá airleacain uile OASF urraithe go hiomlán le comhthaobhacht arna formheas ag an Eurochóras⁶⁵. De réir Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, ba cheart go ndéanfaí aon chaillteanas ó iasachtú le hInstitiúidí creidmheasa de chuid an limistéir euro a roinnt go hiomlán idir BCNanna an Eurochórais, i gcomhréir leis na scaireanna scála caipitil a bheadh i réim san Eurochóras. I gcás comhthaobhacht shonrach a fhéadfaidh BCNanna a ghlacadh, dá rogha féin, tá comhroinnt riosca eisiata ag Comhairle Rialaithe BCE.

Ní fhéadfaidh caillteanas teacht chun cinn ach amháin i gcás ina dteipfidh ar an gcontrapháirtí agus i gcás nach leor aisghabháil na gcistí a gheofar ó réiteach na comhthaobhachta a bheidh curtha ar fáil ag an gcontrapháirtí.

Aitheantas tosaigh

Déantar OASFanna a thaifeadadh ag luach ainmniúil an idirbhirt. Tuairiscítear idirbhearta ar dháta socraíochta an idirbhirt lena mbaineann faoi "Iasachtú le hInstitiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro i ndáil le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro" (Nóta 14).

⁶⁵ Tá na comhthaobhachtaí formheasta liostaithe ar shuíomh gréasáin BCE ar: <http://www.ecb.europa.eu/mopo/assets/html/index.en.html>

Tomhas ina dhiaidh sin

Níl na hiasachtaí sin faoi réir athluachála agus déantar iad a mheasúnú maidir le lagú nuair a aithnítear táscairí den sórt sin. I gcás ina measúnófar iasachtaí nó taiscí aonair mar iasachtaí nó taiscí lagaith, chuirfí i gcuntas iad i gcomhréir le hAirteagal 32.4 de Reacht CEBC, mar a thuairiscítear thuas.

Ús is infhaighte agus iníoctha

Ús a fhabhraítear de réir ráta úis comhaontaithe an idirbhirt. Áirítear fabhrúithe i “Sócmhainní Eile” (Nóta 20(i)) nó “Dliteanais Eile” (Nóta 29(iii)). I gcás iasachtaí comhthaobhaithe, ní fhabhraítear cúpón na comhthaobhachta foluití toisc gur le húineir an urrúis í agus déanfaidh an t-úinéir sin í a thaifeadadh ar a gclár comhardaithe (d’fhéadfadh eisceacht a bheith i gceist i gcás idirbhearta athcheannaigh/idirbhearta athcheannaigh droim ar ais). Ríomhtar fabhrúithe ar an mbonn a úsáidtear sa mhargadh inar seoladh an t-idirbheart. Ceadáítear modh lá tosaigh nó lá deiridh na bhfabhrúithe. Baineann an Banc Ceannais úsáid as modh lá deiridh na bhfabhrúithe.

(xiii) Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (an ‘BIS’)

Nochtar scaireanna sa BIS faoi “Sócmhainní Eile” (Nóta 20 (vii)) agus déantar iad a luacháil i gcomhréir leis an Treoir trí úsáid a bhaint as rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 1 (j)(i)).

Déantar díbhinn a fhaightear ar scaireanna arna sealbhú sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta a thaifeadadh mar “Ioncam ó Scaireanna Cothromais agus ó Leasanna Rannpháirteachais” (Nóta 5(i)).

(xiv) Leas Rannpháirteachais sa BCE

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc Ceannais le caipiteal BCE. De bhun Airteagal 28 de Reacht CEBC is iad BCNanna CEBC amháin a shuibscríobhfaidh caipiteal BCE. Braitheann leibhéal na suibscríbhinní ar scaireanna a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 29.3 de Reacht CEBC agus a choigeartaítear gach cúig bliana nó nuair a bhíonn athrú ar chomhdhéanamh bhainc cheannais náisiúnta CEBC (Nóta 17).

Folaítear sa leas rannpháirteachais scála an Bhainc Ceannais le haghaidh shuibscríobh chaipiteal BCE, mar aon leis na glanmhéideanna a íocann nó a fhaigheann an Banc Ceannais de bharr méadú nó laghdú ar a sciar i luach cothromais BCE de thoradh na gcoigeartuithe go léir roimhe sin ar scála caipitil BCE,

(xv) Iarmhéideanna arna sealbhú le bainc agus iarmhéideanna arna sealbhú thar ceann páirtithe eile

Iarmhéideanna arna sealbhú le bainc agus iarmhéideanna arna sealbhú thar ceann páirtithe eile, seasann siad do shócmhainní agus dliteanais a nochtar ar luach ainmniúil arna gcomhshó de réir ráta malairte eachtraí an mhargaidh (Nóta 11, Nóta 12, Nóta 13, Nóta 15, Nóta 23, Nóta 25, Nóta 29).

(d) Ioncam agus Caiteachas a Aithint

Aithnítear ioncam agus caiteachais ar bhonn fabhrúithe.

(e) Maoin, Gléasra agus Trealamh, Sócmhainní Doláimhsithe agus Sócmhainní Oidhreacht

Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe

(i) *Tomhas*

Déantar Maoin, Gléasra, Trealamh (MGT) agus Sócmhainní Doláimhsithe a lua ar costas lúide dímheas carntha, ní dhéantar athluacháil orthu agus bíonn siad faoi réir lagú.

(ii) *Dímheas*

Déantar dímheas ar MGT agus ar na Sócmhainní Doláimhsithe go léir (seachas MGT atá á dtógáil) ar bhonn dronlíneach thar thréimhse a saoil úsáidigh ionchais. Téann an Banc Ceannais i muinín a bhreithiúnais le linn dó na rátaí dímheasa a úsáidfear a chinneadh agus cuireann sé na rátaí sin i bhfeidhm ar an mbonn go ndéanfaidh siad measúnú cruinn ar shaol úsáideach ionchais. Le linn déanamh amhlaidh, féadfaidh gclaonfaidh an saol úsáideach measta ó na rátaí dímheasa a mholtar sa Treoirlíne. Is iad seo a leanas na rátaí dímheasa:

Maoin, Gléasra agus Trealamh

Áitreabh	- 20 - 50 bliain
Gléasra agus Innealra	- 5 - 15 bliana
Trealamh Ríomhaireachta	- 3 - 5 bliana
Trealamh Eile	- 5 bliana
Troscán, Feistis agus Daingneáin	- 5 bliana

Sócmhainní Doláimhsithe

Bogearraí Ríomhaireachta	- 3 - 5 bliana
--------------------------	----------------

(iii) *Lagú*

Déantar athbhreithniú maidir le lagú ar MGT agus ar Shócmhainní Doláimhsithe i gcás ina dtabharfaidh teagmhais nó athruithe ar imthosca le fios nach mbeidh a suim ghlanluacha inghnóthaithe.

(iv) *Dí-aithint*

Déantar MGT nó Sócmhainní Doláimhsithe a dhí-aithint nuair a bheidh siad diúscartha nó tarraingthe siar go buan ó úsáid agus mura féidir aon sochar eacnamaíoch a bhaint as a ndiúscairt amach anseo. D'eascródh gnóthachain nó caillteanais as an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus suim ghlanluacha na sócmhainne nuair a dhéanfaí é nó í a scor nó a dhiúscairt. Déantar aon ghnóthachain nó aon chaillteanais a aithint sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála sa bhliain scoir nó sa bhliain diúscartha. Déantar gnóthachain nó caillteanais ar dhiúscairt na sócmhainne a chinneadh mar an difríocht idir glanfháltais diúscartha agus luach tugtha anonn na sócmhainne amhail ar dháta an idirbhirt.

(v) Sócmhainní á dtógáil nó á bhForbairt

Maidir le sócmhainní dochta a chomhlíonann critéir chaipitlithe ach atá fós á dtógáil nó á bhforbairt, déantar iad a thaifeadadh faoin gceannteideal ‘Sócmhainní á dtógáil’ más sócmhainní inláimhsithe iad, nó faoi ‘Sócmhainní á bhForbairt’ más sócmhainní doláimhsithe iad. Déantar na costais ghaolmhara a aistriú chuig an gceannteideal iomchuí le haghaidh sócmhainní dochta a luaithe a bheidh na sócmhainní ar fáil lena n-úsáid.

Sócmhainní Oidhreachta

Tá bailiúchán ealaíne ag an mBanc Ceannais nach n-aithnítear ina chuntais bhliantúla ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 21(i)).

(vi) Bonn maidir le caipitliú saothair inmheánaigh

Maoín, Gléasra & Trealamh: Aon chostais atá inchurtha go díreach d’aistriú na sócmhainne chuig an suíomh agus do bhail riachtanach chun go mbeidh sí in ann oibriú ar an mbealach atá beartaithe ag an mbainistíocht, féadfar iad sin a chaipitliú. Orthu sin, áirítear costais a bhaineann le hullmhú an tsuímh, seachadadh tosaigh agus láimhseáil, suiteáil agus cóimeáil, agus tástáil feidhmiúlachta.

Sócmhainní Doláimhsithe: Costais a bhaineann le sochair fostaithe (mar a mhínítear iad in Alt 28 Sochair Fostaithe) arna n-eascairt as giniúint na sócmhainne doláimhsithe, féadfar iad sin a chaipitliú (Nóta 8).

(f) Sochair Scoir

Faoi scéim aoisliúntais an Bhainc Ceannais, faigheann comhaltaí foirne buana an Bhainc Ceannais na sochair aoisliúntais chéanna agus a fhaigheann státseirbhísigh bhunaithe. Anuas go dtí an 30 Meán Fómhair 2008, d’íoc an Banc Ceannais na sochair seo as ioncam reatha de réir mar a tháinig siad chun bheith dlíthe. An 1 Deireadh Fómhair 2008, bunaíodh scéim mhaoinithe pinsin faoi *Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann* 2003. Ar chomhairle ó achtúirí an Bhainc Ceannais an tráth sin (Willis), aistríodh €400m ó acmhainní an Bhainc Ceannais chuig an gciste chun sócmhainní ciste pinsin a cheannach. Is ar bhonn neamh-ranníocach a fheidhmítear an Scéim Pinsin do na comhaltaí foirne a fostaíodh roimh an 6 Aibreán 1995, cé is moite de na ranníocaíochtaí a dhéantar do Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí agus cé is moite de na híocaíochtaí a fhaightear ó chomhaltaí foirne incháilithe maidir le seirbhís bhreise bharúlach a cheannach agus a aistriú. I gcás comhaltaí foirne a fostaíodh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, tá ranníocaíochtaí iníoctha freisin i leith na príomhscéime. Íocfar gach sochar pinsin as an gciste seo. I gcomhréir leis an Treoirlíne, tá an Banc Ceannais tar éis filleadh ar GAAP áitiúil agus nochtann sé an costas a bhaineann le sochair a sholáthar i gcomhréir le FRS 102.

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanais scéime pinsin a thomhas trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta lena gcuirtear i gcuntas méaduithe réamh-mheasta ar thuilleamh ag úsáid toimhdí achtúireacha lena dtugtar an meastachán is fearr ar shreafaí airgid a thiocfaidh as dliteanais na scéime sa todhchaí (Nóta

30). Déantar na sreafaí airgid seo a lascainiú de réir rátaí úis a bhaineann le bannaí corparáideacha d'ardchaighdeán atá san airgeadra céanna agus a mbaineann an téarma céanna leo agus atá ag na dliteanais. An muirear a bhaineann le pinsean sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála, cuimsítear ann suim an chostais reatha seirbhíse agus an chostais seirbhíse roimhe seo (Nóta 8, Nóta 30(i)) agus an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní na scéime agus an costas úis ar dhliteanais na scéime (Nóta 7, Nóta 30(i)). An costas seirbhíse reatha, aon chostais seirbhíse roimhe seo agus costas úis a bhaineann le dliteanais na scéime don fhoireann i gcoitinne, muirearófar iad ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le foireann an Mhionta⁶⁶. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 29(ii), Nóta 30(ii)).

Chun luach dhliteanais na scéime a chinneadh, déantar toimhdí maidir le boillsciú praghaís, méaduithe pinsin, fás ar thuilleamh agus déimeagrafaic. I nóta 30, leagtar amach na toimhdí ba bhonn leis na dliteanais agus costais pinsin do 2022.

(g) Soláthar agus Eisiúint Monaí

Táirgeann agus eisiúnn an Banc Ceannais monaí thar ceann an Aire Airgeadais. Déantar fáltais agus caiteachais (lena n-áirítear forchostais áitiúla) a bhaineann go díreach le soláthar agus eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig Cúlchiste an Airgid Reatha faoi fhorálacha an Achta Monaíochta, 1950, na nAchtanna um Airgead Reatha Deachúil, 1969-1990 agus an Achta um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, 1998. Déantar costas táirgthe monaí a ghearradh ar an gCúlchiste Airgeadra sa bhliain ina dtabhaítear é. Déantar na fáltais ó eisiúint monaí a chur chun sochair an Chúlchiste Airgeadra sa bhliain ina bhfaightear iad (Nóta 25(ii)). In alt 14A den Acht um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta 1998, (arna chur isteach le halt 137 den Acht Airgeadais 2002) a tháinig i bhfeidhm an 25 Márta 2002, foráiltear go ndéanfar, ón 1 Eanáir 2002, na glanfáltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfáltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire Airgeadais an difríocht a chúiteamh leis an mBanc Ceannais.

(h) Airgeadra Feidhme agus Tuairiscithe

Is é an euro airgeadra feidhme agus tuairiscithe an Bhainc Ceannais. Idirbhearta cuntasaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó ina gcoibhéisí euro ag na rátaí malairte a bheidh ann ar an dáta socraíochta. Sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, déantar iad a chomhshó de réir spotrata ar dháta an Chláir Chomhardaithe (Nóta 1(c)(i), Nóta 32).

⁶⁶ Bíonn Banc Ceannais na hÉireann ag gníomhú mar ghníomhaire don Aire Airgeadais le linn dó boinn euro a tháirgeadh agus a eisiúint. Tugtar an seigniorage ar fad a fhaightear ar ais don Státchiste. Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra.

(i) Ioncam Amúchta

Préimheanna agus/nó lascainí a thig as urrúis, déantar iad a amúchadh ar bhonn dronlíneach thar a dtréimhse aibíochta agus áirítear iad faoi “Glanioncam Úis (Nóta 2).

(j) Beartas Luachála

(i) Sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach, infheistíochtaí neamhaibithe, conarthaí airgeadra eachtraigh atá fós le híoc agus scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, déantar iad a luacháil ag na rátaí malairte scoir meánmhargaidh ag deireadh na bliana (Nóta 32(ii)). Is ar bhonn gach airgeadra ar leith a dhéantar an luacháil ráta malairte ar shócmhainní agus ar dhliteanais.

(ii) I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar urrúis a luacháil ar bhonn gach urrúis ar leith, ach amháin más infheistíochtaí, go príomha, iad na hurrúis seo i gcistí cothromais a luacháiltear ar bhonn glan. Urrúis inmargaidh nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis marcáil ón margadh (MÓM), déantar iad a luacháil ag praghsanna meánmhargaidh scoir ag deireadh na bliana i gcás inarb ann do mhargadh gníomhach. I gcás nach mbeidh praghsanna margaidh ar fáil nó i gcás ina meastar nach bhfuil siad iontaofa, déantar luachanna córa a chinneadh trí úsáid a bhaint as teicnící luachála marcáilte de réir samhla lena n-áirítear samhlacha sreafa airgid lascainithe lena n-úsáidtear, a mheid is féidir, ionchur margaidh inbhraite i gcomhréir le FRS 102. I gcur chuige luachála marcáilte de réir samhla, ionchorpraítear breithiúnas bainistíochta ardleibhéil in éagmais sonraí margaidh inbhraite nó nuair a mheasfar nach bhfuil sonraí margaidh inbhraite iontaofa. Folaíonn an breithiúnas sin na nithe seo a leanas ach níl sé teoranta dóibh: faisnéis margaidh a mheasúnú; na sreafaí airgid do na hionstraimí a chinneadh; ráta lascaine saor ó riosca a aithint agus raon difríochta creidmheasa iomchuí a aithint; an mhodheolaíocht a choigeartú nuair nach mbeidh ionchur margaidh inbhraite ar fáil nó nuair nach mbeidh siad iontaofa (Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(ii), Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(a)).

I gcomhréir leis an Treoirlíne is infheidhme maidir le hionstraimí cothromais inmargaidh, déantar athluacháil infheistíochtaí i gcistí cothromais ar bhonn glan seachas ar bhonn scair leithleach. Ní aithnítear gnóthachain luachála neamhréadaithe mar ioncam ach tabharfar cuntas iontu tríd an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus aistrítear iad chuig na cuntais athluachála (Nóta 1(c)(xi), (k), Nóta 32(iv)).

Déantar caillteanais luachála neamhréadaithe a aistriú chuig an gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála ag deireadh na bliana i gcás inar mó iad ná gnóthachain athluachála roimhe seo sa chuntas athluachála.

(iii) Urrúis indíolta nach sealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta agus a aicmítear mar urrúis a choinnítear go dtí aibíocht (CGA), déantar iad a thabhairt ar aghaidh ar chostas amúchta agus bíonn siad faoi réir lagú. Déantar athbhreithniú um lagú ar bhonn bliantúil (Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(b)).

(iv) Déantar ór a luacháil ar mheánphraghas scoir margaidh (Nóta 10, Nóta 32(iii)).

- (v) Déantar sócmhainní airgeadais agus dliteanais an Bhainc Ceannais a aicmiú de réir mar a fhoráiltear in FRS 102. Faoi ordlathas luacha chóir, bíonn feidhm ag Leibhéal 1 maidir le haicmiú sócmhainní agus dliteanas airgeadais i gcás ina mbeidh praghsanna luaite (neamhchoigeartaithe) ar fáil i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní comhionanna agus dliteanas comhionann; bíonn feidhm ag Leibhéal 2 i gcás ina mbeidh ionchar ar fáil seachas praghsanna luaite atá ar áireamh i Leibhéal 1 agus inbhraithe i leith na sócmhainne nó an dliteanais, cibé acu go díreach (i.e. mar phraghsanna) nó go hindíreach (i.e. forbartha ag úsáid sonraí margaidh) agus; bíonn feidhm ag Leibhéal 3 i gcás ina n-úsáidtear ionchur i leith na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchur neamh-inbhraithe). Déantar infheistíochtaí uile marcáil ón margadh a aicmiú mar ionstraimí airgeadais Leibhéal 1 mura sonraítear a mhalairt (Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(ii), Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(a)).

(k) Gnóthachain agus Caillteanais a Aithint

Gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as díolacháin airgeadra eachtraigh, óir agus urrús, tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála. Déantar na gnóthachain agus caillteanais réadaithe go léir a ríomh faoi threoir meánchostais.

An ghluaiseacht i ngnóthachain neamhréadaithe arna n-aithint ag deireadh gach bliana airgeadais i gcomhréir le beartas luachála an Bhainc Ceannais (Nóta 1 (j)), tugtar cuntas ina leith tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála agus déantar iad a aistriú chuig na cuntais athluachála.

Tugtar cuntas i gcaillteanais neamhréadaithe ag deireadh na bliana tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála a mhéid a sháraíonn siad gnóthachain athluachála roimhe sin ar bhonn urrús-ar-urrús, nó ar bhonn glan i leith cistí cothromais. I gcás na gcaillteanas neamhréadaithe a dtugtar cuntas iontu tríd an gCuntas Brabúis agus Caillteanas agus Leithghabhála ar an gcaoi seo, ní fhéadfar iad aisiompú sna blianta ina dhiaidh sin i gcoinne gnóthachain neamhréadaithe sa todhchaí.

(l) Idirbhearta Droim ar Ais

Is ionann oibríochtaí droim ar ais agus oibríochtaí trína ndéanann an Banc Ceannais sócmhainní a cheannach nó a dhíol ar airgead tirim faoi chomhaontú athcheannaigh/athcheannaigh droim ar ais.

Faoi chomhaontú athcheannaigh, díoltar urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a athcheannach ón gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo, ús fabhraithe san áireamh. Déantar comhaontuithe athcheannaigh a thaifeadadh ar thaobh dliteanais an Chláir Chomhardaithe toisc go bhfuil oibleagáid chomhfhreagrach ann an chomaoín a thabhairt ar ais (Nóta 24). Fanfaidh aon urrúis arna ndíol faoi chomhaontú den sórt sin ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht don Bhanc Ceannais. Coinníonn an Banc Ceannais formhór na rioscaí agus luaíochtaí a bhaineann le húinéireacht.

Faoi chomhaontú athcheannaigh droim ar ais, ceannaítear urrúis ar airgead tirim le comhaontú comhuaineach chun iad a dhíol leis an gcontrapháirtí ar phraghas comhaontaithe ar dháta socraithe amach anseo, ús fabhraithe san áireamh. Déantar comhaontuithe athcheannaigh droim-ar-ais a thaifeadadh ar thaobh na sócmhainní sa Chlár Comhardaithe toisc go bhfuil oibleagáid chomhfhreagrach ar an díoltóir an chomaoin a thabhairt ar ais (Nóta 12(i), Nóta 15(i)) ach ní áirítear iad i sealúchais urrús an Bhainc Ceannais, rud a léiríonn substaint eacnamaíoch an idirbhirt mar iasacht ón mBanc Ceannais.

Eascaíonn ioncam úis nó úschostas sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála as comhaontuithe athcheannaigh agus comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais. Déileálar leis an difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh nó an praghas ceannaigh agus athdhíola mar ioncam úis nó mar úschostas a fhabhraítear thar shaolré an chomhaontaithe (Nóta 2(vii)).

(m) Soláthairtí

(i) Lagú

Déantar na soláthairtí go léir a athbhreithniú ar bhonn bliantúil (Nóta 31). I gcás ina gcruthófar liúntais le haghaidh rioscaí creidmheasa i leith sócmhainní infheistíochta, déantar iad a thaifeadadh i gcuntais leithleacha dliteanas (i.e. ní dhéantar díluacháil dhíreach ar shuim ghlanluacha sócmhainní aonair).

I gcás soláthairtí i leith urrús, measfaidh an Banc Ceannais, ar dháta an Chláir Chomhardaithe, cibé acu an raibh fianaise oibiachtúil ann gur lagaíodh urrús nó grúpa urrús. Ní bheidh lagú urrús nó grúpa urrús i gceist ná ní thabhfófar caillteanais lagaithe ach amháin más rud é go mbeidh fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú de thoradh teagmhas amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh aitheantas tosaigh an urrús (“teagmhas caillteanais”) agus go mbeidh iarmhairt ag an teagmhas caillteanais (nó teagmhais) ar shreafaí measta airgid an urrús nó an ghrúpa urrús amach anseo.

Folaíonn fianaise oibiachtúil maidir le lagú, sonraí inbhraite i ndáil leis na teagmhais caillteanais seo a leanas, ar teagmhais iad nach bhfuil uileghabhálach:

- (i) rédhliteacht ó thaobh íocaíochtaí conarthacha príomhshuime nó úis
- (ii) deacrachtaí maidir le sreabhadh airgid an fhéichiúnaí
- (iii) tús a chur le socrú um athstruchtúrú fiachais
- (iv) meathlú suntasach ar inbhuanaitheacht fiachais cheannasaigh
- (v) íosghrádú seachtrach rátála faoi bhun leibhéal inghlactha
- (vi) dálaí díobhálacha eacnamaíocha náisiúnta nó áitiúla nó athruithe díobhálacha ar dhalaí tionscail.

Ar an gcéad dul síos, measfaidh an Banc Ceannais cibé acu an bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú ar bhonn aonair ar urrúis atá suntasach ar bhonn aonair, agus gur tharla lagú ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann ar urrúis nach bhfuil suntasach ar bhonn aonair. Má

chinneann an Banc Ceannais nach bhfuil fianaise oibiachtúil ann gur tharla lagú ar urrúis arna measúnú ar bhonn aonair, cibé acu an urrúis shuntasacha iad nó nach iad, folóidh sé na hurrúis i ngrúpa urrús a bhfuil tréithe comhchosúla riosca creidmheasa acu agus déanfaidh sé iad a mheasúnú le chéile i ndáil le lagú.

Urrúis a mheasúnaítear ar bhonn aonair maidir le lagú agus ar ina leith a aithnítear caillteanas lagaithe nó a leantar de chaillteanas lagaithe a aithint, ní chuismítear iad i gcomh-mheasúnú ar lagú.

Má tá fianaise oibiachtúil ann gur tabhaíodh caillteanas lagaithe ar urrús, déantar méid an chaillteanais a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha sreafaí measta sa todhchaí arna lascainiú de réir glanráta bunaidh úis de chuid an urrúis.

Sreafaí airgid sa todhchaí i ngrúpa urrús arna measúnú le chéile maidir le lagú, déantar iad a mheasúnú ar bhonn shreafaí conarthacha airgid na sócmhainní sa ghrúpa arna n-oiriúnú go cuí ar bhonn na sonraí reatha inbhraite. I gcás nach mbeidh sonraí inbhraite ar fáil, déanfar foirmlí sonracha a fheidhmiú maidir leis an ríomh agus úsáid á baint as breithiúnas saineolach an lucht bainistíochta.

Más rud é, tréimhse éigin ina dhiaidh sin, go laghdóidh méid an chaillteanais lagaithe agus go bhféadfar a chinneadh go hoibiachtúil gur bhain an laghdú sin le teagmhas a tharla tar éis an lagú a aithint, déanfar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a iompú droim ar ais (Nóta 3(iii), Nóta 31).

(ii) Soláthar i leith Rioscaí Airgeadais

I bhfianaise chineál oibríochtaí bainc ceannais, féadfaidh an Banc Ceannais, i gcomhréir leis an Treoirlíne, soláthar a aithint ar an gClár Comhardaithe i leith rioscaí airgeadais.

Tá an soláthar seo bunaithe ar mheasúnú cuimsitheach ar na rioscaí airgeadais atá ag bagairt ar an mBanc Ceannais, ag féachaint go cuí don iarmhairt ionchasach a bheadh ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. Déantar athbhreithniú bliantúil ar mhéid agus ar riachtanas leanúnach an tsoláthair seo, bunaithe ar mheasúnú an Bhainc Ceannais ar a neamhchosaint ar an riosca seo, agus raon tosca á gcur san áireamh. I gcás ina n-aithneofar scaoileadh soláthair ón measúnú cuimsitheach, déanfar é a scaoileadh sa bhliain airgeadais a aithnítear (Nóta 3(iii), Nóta 31(i)).

(iii) Soláthar um Athstruchtúrú

Is éard is athstruchtúrú ann clár arna bheartú agus arna rialú ag an mbainistíocht, ar clár é a athraíonn go bunúsach réimse an ghnó a dhéanann eintiteas nó an chaoi ina ndéantar an gnó sin.

Aithnítear soláthar i leith costais athstruchtúraithe nuair a chomhlíontar na critéir aitheantais ghinearálta do sholáthairtí.

Déanann an Banc Ceannais cuntas i leith costais athstruchtúraithe i gcomhréir le FRS 102 (Nóta 31(iii)).

(iv) Soláthar i leith Riosca Contrapháirtí in Oibríochtaí Beartais Airgeadaíochta de chuid an Eurochórais

I gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe arna ghlacadh faoi Airteagal 32.4 de Reacht CEBC, déantar an soláthar i leith rioscaí creidmheasa in oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh idir na Bainc Cheannais Náisiúnta (BCNanna) de chuid na mBallstát rannpháirteach i gcomhréir lena scaireanna scála caipitil suibscríofa sa BCE sa bhliain inar tharla an lagú tosaigh.

(n) Meastacháin agus Breithniúnais Ríthábhachtacha Chuntasaíochta

Ceanglaítear go mbainfear úsáid as meastacháin ríthábhachtacha chuntasaíochta áirithe chun an Ráiteas Cuntas a ullmhú i gcomhréir leis an Treoirlíne agus le FRS 102. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnas a fheidhmiú le linn dóibh beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na réimsí a mbaineann leibhéal níos airde breithniúnais nó castachta leo nó na réimsí ina mbíonn toimhdí agus meastacháin ríthábhachtach don Ráiteas Cuntas:

- Lagú: (Nóta 1(j)(iii), (m)(i), Nóta 3(iii))
- Soláthairtí: (Nóta 31)
- Rátaí dímhéasa: (Nóta 1(e)(ii), Nóta 21)
- Luacháil ar an Scéim Pinsin le Sochar Sainithe: (Nóta 30)
- Luacháil ar an bPunann Speisialta: (Nóta 1(j)(ii)(v), Nóta 16(ii)(a)(i))
- Ioncam Tobhaigh: (Nóta 39 (iii))
- Maoin Infheistíochta a Luacháil: (Nóta 1 (p), Nóta 7 (iv), Nóta 20 (v), Nóta 21 (i)(a))

(o) Ioncam Barrachais

Comhlíonann an Banc Ceannais Ionstraim Reachtúil 93/1943 – Rialacháin Bhanc Ceannais na hÉireann (Ioncam Barrachais) 1943. Féadfaidh an Banc Ceannais suas go 20% ar a mhéad den bhrabús a choinneáil gach bliain. Déantar an méid arna choinneáil a chur chuig cúlchistí agus bíonn sé faoi réir fhormheas an Choimisiúin gach bliain (Nóta 9, Nóta 29(ii)).

(p) Réadmhaoin Infheistíochta

Réadmhaoin arna sealbhú le haghaidh torthaí cíosa fhadtéarmaigh agus luachmhéadú caipitil, déantar iad a aicmiú mar réadmhaoin infheistíochta.

Tomhas Tosaigh

Déantar réadmhaoin infheistíochta a aithint ar costas ag an tosach, lena n-áirítear an costas ceannaigh agus aon chaiteachas inchurtha go díreach ina leith agus déantar í a thaifeadadh i “Sócmhainní eile” (Nóta 20(v)).

Tomhas ina dhiaidh sin

Réadmhaoin infheistíochta ar féidir a luach cóir a thomhas go hiontaofa, déantar í a thomhas ar luach cóir. I gcomhréir le beartais chuntasaíochta an Bhainc Ceannais, tugann an lucht bainistíochta faoi athbhreithniú bliantúil chun luach cóir réadmhaoin infheistíochta an Bhainc Ceannais a chinneadh.

I gcomhréir leis an Treoirlíne, déantar gnóthachain neamhréadaithe ar athluachálacha a bhreacadh sna Cuntais Athluachála agus déantar caillteanais neamhréadaithe a bhreacadh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais ag deireadh na bliana. Déantar laghduithe ar luach cóir a fhritháireamh in aghaidh cuntas athluachála, ach sin go feadh an méid go ndéanfaidh siad gnóthachain neamhréadaithe aitheanta roimhe sin a iompú droim ar ais.

Ioncam Cíosa

Tugtar cuntas in ioncam cíosa ar bhonn dronlíneach thar théarma an léasa agus déantar é a aithint in “Glanioncam Eile” (Nóta 7(iv)).

Déantar sochar comhiomlán na ndreasachtaí léasa a aithint mar laghdú ar an gcaiteachas arna aithint thar théarma an léasa ar bhonn dronlíneach.

(q) An Príomh-Chlár Creidmheasa

Bíonn an Príomh-Chlár Creidmheasa (CCR), bunachar sonraí náisiúnta um fhaisnéis phearsanta agus chreidmheasa, á chothabháil agus á oibriú ag an mBanc Ceannais faoin Acht um Thuairisciú Chreidmheasa 2013 agus faoi rialacháin ghaolmhara. Níor cheart go mbeadh oibriú an CCR ag an mBanc Ceannais ina bhun le brabús nó caillteanas agus, dá bhrí sin, déantar na costais go léir a bhaineann leis a fháil ar ais trí tháillí a mhuirearú ar na Soláthraithe Faisnéise Creidmheasa (CIPanna). Déantar táillí a mhuirearaítear ar CIPanna i leith tuarascálacha creidmheasa a thaifeadadh in “Glanioncam Eile” (Nóta 7(iii)). Déantar costais foirne agus costais eile go léir (lena n-áirítear leithdháileadh costas neamhdhíreach) a áireamh laistigh de na haicmí costais ábhartha sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála. Chun a chinntiú nach n-éireoidh brabús nó caillteanas as oibriú an CCR, déanfar aon chostais nach bhfuarthas ar ais go fóill trí ioncam ó tháillí a léiriú i gcuntas sócmhainne an CCR in Sócmhainí Eile (Nóta 7(iii), Nóta 20(ix)).

(r) Dliteanais Theagmhasacha a Aithint

Is ionann dliteanas teagmhasach agus oibleagáid atá féideartha ach éiginnte nó oibleagáid reatha nach n-aithnítear toisc nach meastar gur íocaíocht ionchasach í nó toisc nach féidir an méid a mheas go hiontaofa. Cé nach n-aithníonn an Banc Ceannais dliteanais theagmhasacha, déantar iad a nochtadh mura beag an dóchúlacht go dtarlóidh siad (Nóta 34).

Nóta 2: Glanioncam Úis

	2022 €000	2021 €000
TARGET2 (i)	566,149	-
Urrúis chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (ii)	270,801	224,226
Urrúis – MÓM (iii)	142,767	153,186
Urrúis – CGA (iv)	65,489	137,531
Taiscí (v)	20,752	5,831
CST (vi)	13,723	7,039
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (vii)	8,785	400
Taiscí Rialtais (viii)	8,204	139,802
Comhaontuithe Athcheannaigh (vii)	5,354	12,197
Eile (ix)	4,526	911
Aistriú Sócmhainní Cúlchistí Eachtracha chuig BCE (x)	3,408	-
An Ciste Cúitimh Árachais (xi)	57	288
Taiscí Institiúidí Creidmheasa (viii)	-	316,144
Ciste Ranníocach SRT (xii)	-	70
Ioncam Úis	1,110,015	997,625
Taiscí Institiúidí Creidmheasa (viii)	(152,703)	-
Leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras (xiii)	(125,475)	-
Oibríochtaí Margaidh Oscailte (xiv)	(107,445)	(165,804)
Eile (xv)	(39,813)	(1,466)
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (vii)	(10,361)	(19,214)
Babhtálacha (xvi)	(5,719)	(6,614)
Ciste Ranníocach SRT (xii)	(1,399)	-
Taiscí (xvii)	(436)	(760)
Comhaontuithe Athcheannaigh (vii)	(359)	-
An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (xviii)	(151)	-
Ciste Réitigh do Bhainc agus d'Infheistíochtaí (xix)	(123)	-
Úschostas	(443,984)	(193,858)
Iomlán	666,031	803,767

- (i) Baineann an mhír seo le hioncam úis arna thuilleamh de thoradh íocaíochtaí euro trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET2. Is ag deireadh gach lae a ríomhann an BCE an t-ioncam úis ar na hiarmhéideanna seo, a n-íocfar a luach saothair de réir rátaí gearrthéarmacha athmhaoinithe de chuid an Eurochórais. Léiríonn ioncam úis in 2022 méadú ar mheánráta úis na bPríomhoibríochtaí Athmhaoinithe go 0.57% (2021: 0.0%) (Nóta 1(c)(ii)).
- (ii) Folaíonn an mhír seo ioncam ar urrúis arna sealbhú chun críocha beartais airgeadaíochta agus arna mhiondealú mar seo a leanas (Nóta 1(c)(ix), Nóta 16(i), Nóta 40):

Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartas Airgeadaíochta

	2022 €000	2021 €000
PSPP	262,350	219,900
CCBC3	7,611	10,217
CMU	6,365	13,899
PEPP	(5,525)	(19,790)
Iomlán	270,801	224,226

Léiríonn an t-athrú ar leibhéal an ioncaim arna thuilleamh in 2022 leibhéil ghaolmhara na gníomhaíochta faoi gach clár agus na torthaí coibhneasta ar na sócmhainní (Nóta 16(i)).

San ioncam ar urrúis a shealbhaítear chun críocha beartais airgeadaíochta, áirítear ioncam cúpóin agus amúchadh ar aon phréimheanna/lascainí arna n-eascairt ar na hurrúis.

- (iii) Baineann an mhír seo le hioncam úis ar urrúis arna n-aicmiú mar MÓM i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais.

B'ionann agus €106.7m an t-ioncam arna thuilleamh ar urrúis arna sealbhú sa Phunann Speisialta (2021: €141.5m). Cuimsíonn an phunann urrús seo bannaí ráta chomhlúthaigh agus fuarthas í tar éis leachtú Chorporáid na hÉireann um Réiteach Bainc (IBRC) i mí Feabhra 2013. Freagraíonn an laghdú ar ús arna thuilleamh ar an bPunann Speisialta do mheán-iarmhéideanna níos ísle de thoradh díolachán le linn na tréimhse (Nóta 16(ii)(a)).

Tháinig méadú ar ioncam úis arna thuilleamh ar urrúis (seachas an phunann speisialta) i bpunanna MÓM go dtí €136.1m (2021: €11.7m). Tá an méadú seo inchurtha do thorthaí níos airde ar infheistíochtaí airgeadra eachtraigh de chuid an Bhainc Ceannais, lena n-áirítear punann dhollar Shingepór (SGD), punann dhollar SA (USD), punann dhollar na hAstráile (AUD) agus punann Renminbi na Síne (CNY), mar aon le torthaí dearfacha ar infheistíochtaí euro.

San ioncam ar urrúis MÓM, áirítear ioncam cúpóin agus amúchadh ar aon phréimheanna/lascainí arna n-eascairt ar na hurrúis.

- (iv) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh ar bhannaí atá aicmithe mar bhannaí a choinnítear go dtí aibíocht (CGA) i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais. Laghaigh an t-ús arna thuilleamh ar na hurrúis sin go €65.5m (2021: €137.5m) mar thoradh ar bhannaí le torthaí níos airde ag teacht in aibíocht sa phunann, mar aon le cinneadh a ghlac an Banc Ceannais chun méid phunann CGA a laghdú mar chuid dá straitéis infheistíochta (Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(b)).

San ioncam ar urrúis CGA, áirítear ioncam cúpóin agus amúchadh ar aon phréimheanna/lascainí arna n-eascairt ar na hurrúis.

- (v) Baineann ioncam taisce go príomha le hioncam arna thuilleamh ar thaiscí airgeadra eachtraigh. Tá an méadú ar ioncam go dtí €20.8m (2021: €5.8m) inchurtha go príomha do mhéadú ar thaiscí USD agus CNY in 2022 (Nóta 11(ii)).
- (vi) Baineann sé seo le hús ar Chuóta na hÉireann sa CAI agus ar shealúchais CST na hÉireann (Nóta 11(i)). Íocann an CAI ús gach ráithe de réir ráta úis CST. Baineann an méadú ar ioncam CST le méadú ar ráta CST, rud a léiríonn an méadú comhiomlán ar na torthaí foluiteacha ar fhormhór chomhpháirteanna chiseán CST le linn 2022.
- (vii) Baineann sé seo le hioncam arna thuilleamh nó le hús arna thabhu ag an mBanc Ceannais mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta. Baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh/athcheannaigh droim-ar-ais le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla an Mháistirchomhaontaithe Dhomhanda Athcheannaigh (GMRA). Seasann ioncam nó caiteachais arna nginiúint don difríocht idir an praghas díola agus an praghas athcheannaigh/ceannaigh agus an praghas díola ina dhiaidh sin. Ní raibh na méántorthaí in 2022 chomh diúltach sin, sa mhéid go raibh an laghdú ar mheánrátaí diúltachad úis ag cur leis an méadú ar ioncam úis (Nóta 1(i), Nóa 12(i), Nóta 15(i), Nóta 24).
- (viii) Suas go dtí an 14 Meán Fómhair 2022, bhí luach saothair i leith Taiscí Rialtais á íoc ag an Ráta Gearrthéarmach Euro (€STR) is ísle nó ag an Ráta Saoráide Taisce (DFR) ar a bhfuil teorainn 0%. Ón 14 Meán Fómhair 2022, bhí luach saothair i leith na dtaiscí seo á íoc ag an ráta is ísle den €STR agus DFR agus baineadh teorainn 0% (i gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe an 8 Meán Fómhair 2022)⁶⁷. Dá thoradh sin, rinneadh luach saothair a íoc ina leith ag ráta €STR a bhí dearfach, rud a laghdaigh an t-ioncam úis foriomlán do 2022 go €8.2m (2021: €139.8m) (Nóta 25(i), Nóta 29(iii), Nóta 40).

Thug BCE faoi roinnt méaduithe ráta le linn 2022 a rinne difear don tsaoráid taisce agus ba chionsiocair le méadú ar mheánráta DFR go 0.08% in 2022 (2021: -0.50%).

Ceanglaítear ar Institiúidí Creidmheasa sa limistéar euro meántaiscí cúlchiste íosta a shealbhú. Bhí luach saothair i leith na dtaiscí seo á íoc ag ráta PA suas go dtí an 20 Nollaig 2022. An 27 Deireadh Fómhair 2022, chinn an Chomhairle Rialaithe⁶⁸ go ndéanfaí luach saothair i leith na dtaiscí sin a íoc ag ráta DFR ón 21 Nollaig 2022 (Nóta 23(ii)).

Dá bhrí sin, thaifead an Banc Ceannais úschostas €152.7m ar Thaiscí Institiúidí Creidmheasa (2021: ioncam €316.1m) (Nóta 20(vi), Nóta 23(i)).

⁶⁷ Cinntí ón gComhairle Rialaithe an 8 Meán Fómhair 2022

<https://www.ecb.europa.eu/press/pr/date/2022/html/ecb.mp220908~c1b6839378.en.html>

⁶⁸ Cinntí na Comhairle Rialaithe an 27 Deireadh Fómhair 2022

<https://www.ecb.europa.eu/press/pr/date/2022/html/ecb.mp220908~c1b6839378.en.html><https://www.ecb.europa.eu/press/pr/date/2022/html/ecb.mp221027~df1d778b84.en.htm>

Taiscí Institiúidí Creidmheasa

	2022 €000	2021 €000
Cuntais reatha (lena gclúdaítear córas na gcúlchistí íosta)	191,880	269,735
Saoráid taisce	(344,583)	46,409
Iomlán	(152,703)	316,144

- (ix) Tá an méadú ar Ioncam Eile go €4.5m (2021: €0.9m) inchurtha go príomha do mhéadú ar ioncam úis a bhaineann le corrlaigh athrúcháin ar chonarthaí todhchaíochtaí agus do mhéadú ar ioncam maoiniúcháin USD (Nóta 36(ii), Nóta 40).
- (x) Baineann sé seo le híocaíocht Sócmhainní Cúlchiste Eachtraigh arna n-aistriú chuig an BCE. Léiríonn an méadú ar ioncam meánráta úis PA níos airde in 2022. (Nóta 1 (c)(vii), Nóta 18).
- (xi) Baineann sé seo le hioncam ar an gCiste Ciste Cúitimh Árachais a n-íoctar luach saothair ina leith ag ráta DFR. Tá ioncam úis níos ísle in 2022 de bharr na méaduithe ar ráta úis DFR le linn na bliana (Nóta 29(viii)).
- (xii) Baineann sé seo le hioncam ar Chiste Ranníocach na Scéime Ráthaíochta Taiscí (DGS) a n-íoctar luach saothair ina leith ag ráta DFR. Bhí Ciste Ranníocach na Scéime Ráthaíochta Taiscí ina chaiteachas in 2022 de bharr an mhéadaithe ar ráta úis DFR le linn na bliana (Nóta 29(i)).
- (xiii) Tá an caiteachas úis seo bunaithe ar an difríocht idir luach na nótaí bainc euro leithdháilte ar gach BCN i gcomhréir lena scála leithdháilte nótaí bainc agus luach na nótaí bainc euro a chuireann an Banc Ceannais i gcúrsaíocht go hiarbhir. Déantar luach saothair a íoc ina leith seo de réir na rátaí úis imeallaigh is déanaí arna n-úsáid ag an Eurochóras ina thairiscint le haghaidh oibríochtaí athmhaoinithe. Léiríonn an t-úsachostas meánráta úis PA níos airde in 2022, is é sin 0.57% (2021: 0.0%) (Nóta 1 (c)(ii) (c)(iv), Nóta 28, Nóta 29(iii)).
- (xiv) Cuimsíonn an mhír seo an glanchaiteachas ar Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha (OAFanna) arna sealbhú ag an mBanc Ceannais. Tá an laghdú ar an gcaiteachas go €107.4m (2021: €165.8m) inchurtha d'aisíocaíochtaí luatha iasachtaí OASF in 2022. (Nóta 14).
- (xv) Tá an méadú ar Úschostas Eile inchurtha go príomha do mhéadú ar úschostais a bhaineann le corrlaigh athrúcháin ar chonarthaí todhchaíochtaí arna n-úsáid chun punann euro MÓM a fhalú (Nóta 36(ii), Nóta 40).
- (xvi) Tá an caiteachas is ísle inchurtha do laghdú ar mhéid chonarthaí malairte eachtraí SDR in 2022 (Nóta 36(i)).
- (xvii) Baineann sé seo le húsachostas is iníoctha ar iarmhéideanna cuntas bainc taisce (Nóta 15).

- (xviii) Baineann sé seo le húsachostas ar an gCiste Réitigh Foras Creidmheasa a n-íoctar luach saothair ina leith ag an ráta is ísle den €STR agus DFR. In 2021, níor shealbhaigh an Banc Ceannais aon iarmhéid i ndáil leis an gciste, aistríodh an t-iarmhéid chuig an mBanc Ceannais in 2022, rud ba chúis le húsachostas a thaifeadadh de bharr na méaduithe ar rátaí úis €STR agus DFR le linn na bliana (Nóta 29 (iv)).
- (xix) Baineann sé seo le húsachostas ar an gCiste Réitigh do Bhainc agus d'Infheistíochtaí a n-íoctar luach saothair ina leith ag an ráta is ísle den €STR agus DFR. In 2021, níor shealbhaigh an Banc Ceannais aon iarmhéid i ndáil leis an gciste, aistríodh an t-iarmhéid chuig an mBanc Ceannais in 2022, rud ba chúis le húsachostas a thaifeadadh de bharr na méaduithe ar rátaí úis €STR agus DFR le linn na bliana (Nóta 29 (v)).

Nóta 3: Glantoradh Oibríochtaí Airgeadais, Díluachálacha agus Soláthairtí

(i) Glanghnóthachain arna n-eascairt as Oibríochtaí Airgeadais

	2022 €000	2021 €000
Caillteanais Praghaís Réadaithe ar Urrúis	1,463,653	1,273,304
- Punann Speisialta (i)	1,470,250	1,273,000
- Punann MÓM (ii)	(6,333)	304
- Punann CGA (iii)	(264)	-
Gnóthachain Réadaithe ar Rátaí Malairte (iv)	25	340
Iomlán	1,463,678	1,273,644

- (i) Léiríonn sé seo na gnóthachain réadaithe ar dhíolacháin na Nótaí Ráta Comhlúthaigh (NRCanna) (Nóta 16(ii)(a)(i)). Mhéadaigh gnóthachain ar dhíolacháin na punainne speisialta go €1,470.3m (2021: €1,273.0m), go príomha mar gheall ar dhíolacháin níos airde in 2022 (€3.0bn ainmniúil) i gcomparáid le 2021 (€2.0bn ainmniúil).
- (ii) Léiríonn sé seo na caillteanais réadaithe ar urrúis i bpunann MÓM seachas ar urrúis sa phunann speisialta. Baineann caillteanais réadaithe €6.3m (2021: gnóthachan €0.3m) le teacht in aibíocht bannaí arna gceannach ar thoradh diúltach. De bhreis air sin, bhí torthaí ardaitheacha agus laghdú ar phraghsanna mar thoradh ar an méadú ar rátaí úis in 2022 (Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(ii), Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(a)).
- (iii) Léiríonn sé seo na caillteanais réadaithe ar urrúis i bpunann CGA. Tá caillteanais réadaithe €0.3m (2021: Nialas) inchurtha do na díolacháin éigeantacha ón bpunann arna n-ordú ag BCE d'fhonn cloí le teorainneacha ar chlár ceannaigh BCE (Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(b)).
- (iv) Léiríonn sé seo gnóthacháin réadaithe ráta malairte ar dhíolacháin sócmhainní i bpunann infheistíochta an Bhainc Ceannais (Nóta 11(ii), Nóta 12).

(ii) Díluachálacha Sócmhainní Airgeadais agus Staideanna Airgeadais

	2022 €000	2021 €000
Caillteanais Praghais Neamhréadaithe ar Urrúis (i)	(90,292)	(11,763)
Caillteanais Praghais Neamhréadaithe ar Chistí (ii)	(25,105)	(1,241)
Caillteanais Neamhréadaithe ar Rátaí Malairte (iii)	(211)	(50)
Iomlán	(115,608)	(13,054)

- (i) Maidir leis an méadú ar chaillteanais neamhréadaithe praghais ar urrúis go dtí €90.3m (2021: €11.8m), baineann sé le margadhluach laghdaithe na n-urrús ag deireadh na bliana (Nóta 11(ii)(a), Nóta 12(ii), Nóta 13(i), Nóta 16(ii)(a)).
- (ii) Baineann an méadú ar chaillteanais praghais neamhréadaithe ar infheistíochtaí an Bhainc Ceannais i gcistí BIS le luachanna margaidh níos ísle ar na cistí ag deireadh na bliana (Nóta 20(ii)).
- (iii) Baineann an caillteanas ráta malairte neamhréadaithe in 2022 go príomha le hidirbheart faoisimh ó fhiachas de chuid CAI mar chuid den Tionscnamh le haghaidh Tíortha Bochta faoi Throm-Fhiacha (HIPC). Méideanna a bhí dlite ón Aire Airgeadais i ndáil le faoiseamh ó fhiachas chuig an tSúdáin agus an tSomáil a cuireadh ar fáil trí chuntais SCA-1, lena n-áirítear méideanna a bheadh athleithdháiltear murach sin ar an mBanc Ceannais tar éis leachtú chuntas SCA-1, rinneadh iad a aisíoc leis an mBanc Ceannais i mí na Nollag 2022, agus réadaíodh caillteanas malairte eachtraí €0.2m (Nóta 20(x)).

(iii) Aistriú chuig Soláthairtí

	2022 €000	2021 €000
Soláthar i leith Rioscaí Airgeadais (Nóta 31(i))	(1,200,000)	(500,000)
Soláthar um Athstruchtúrú (Nóta 31(iii))	811	(2,214)
Iomlán	(1,199,189)	(502,214)

Nóta 4: Ioncam ó Tháillí agus ó Choimisiúin

	2022 €000	2021 €000
Iasachtú Urrús	1,927	1,336
Dáileadh Ioncam Comhthiomsaithe TARGET2	1,448	1,300
Táillí agus Muirir Seirbhíse	605	622
Iomlán	3,980	3,258

Nóta 5: Ioncam ó Ghnáthscaireanna agus ó Leasanna Rannpháirteacha

	2022 €000	2021 €000
Díbhinn BIS (i)	2,980	5,358
Scair de bhrabúis BCE (ii)	706	9,027
Iomlán	3,686	14,385

- (i) Léiríonn an mhír seo díbhinn a fuarthas ar scaireanna a bhí ar seilbh sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (Nóta 1(c)(xiii), Nóta 20(vii), Nóta 34(i)).

- (ii) Léiríonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais de dháileadh deiridh brabús BCE do 2021, a íocadh i mí Feabhra 2022. Maidir le 2022, chinn an Chomhairle Rialaithe, i bhfianaise thoradh airgeadais foriomlán BCE don bhliain, nach mbeadh dáileadh brabús ann do 2022 (Nóta 1(c)(v), Nóta 19(ii)).

Nóta 6: Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta

	2022 €000	2021 €000
Glantoradh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta	(323,160)	(166,015)
Iomlán	(323,160)	(166,015)

Léiríonn sé seo an difríocht idir ioncam airgeadaíochta €444.2m arna chomhthiomsú ag an mBanc Ceannais (2021: €188.3m), agus méid €120.8m a athdháileadh ar an mBanc Ceannais (2021: €19.8m) tar éis ioncam airgeadaíochta iomlán an Eurochórais a dháileadh ar na BCNanna de réir a scaireanna scála caipitil faoi seach, i dteannta úis mar atá léirithe sa tábla thíos.

San fhigiúr d'athdháileadh ioncaim airgeadaíochta, áirítear coigeartú ar na glantorthaí do na blianta roimhe sin arbh ionann é agus €0.2m (2021: €2.5m) (Nóta 1(c)(vi)).

	2022 €000	2021 €000
Ioncam airgeadaíochta comhthiomsaithe	(444,241)	(188,296)
Ioncam airgeadaíochta athdháilte	120,840	19,815
Glaníocóir Ioncaim Airgeadaíochta	(323,401)	(168,481)
Coigeartuithe Eurochórais do na Blianta Roimhe seo	241	2,466
Iomlán (Nóta 19)	(323,160)	(166,015)

Nóta 7: Glanioncam Eile

	2022 €000	2021 €000
Pionóis Airgeadaíochta Rialála Airgeadais (i)	213,661	67,031
Glantobhach Maoiniúcháin Tionscail i leith Rialáil Airgeadais (ii)	193,527	185,336
Toradh Ionchasach ar Shócmhainní an Chiste Pinsin (Nóta 30 (i))	9,500	5,000
Eile (iii)	8,465	7,814
Ioncam Eile ón Rialáil Airgeadais (Nóta 39)	5,591	5,519
Ioncam Cíosa (iv)	2,636	3,309
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin (Nóta 30 (i))	(16,100)	(10,200)
Iomlán	417,280	263,809

- (i) Freagraíonn pionóis airgeadaíochta do na méideanna is iníoctha leis an mBanc Ceannais ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais maidir le sáruithe ar cheanglais rialála. Déantar iad a aithint tar éis na comhaontuithe socraíochta a bheith tugtha chun críche leis na heintitis sin, agus déantar athbhreithniú ag deireadh na bliana ar inbhailitheacht aon phionós atá

fós gan íoc. Má tá amhras ann faoi inbhailitheacht na bpionós sin, déanfar soláthar a aithint. Déantar méid iomlán na bpionós sin arbh ionann é agus €213.7m (2021: €67.0m) a íoc ag deireadh na bliana, agus áirítear é in “Ioncam Barrachais is iníoctha leis an Státchiste” (Nóta 9), agus bhí an méadú in 2022 inchurtha do mhéideanna socraíochta níos mó.

- (ii) I Nóta 39, léirítear comhdhéanamh Ghlantobhach Maoiniúcháin Tionscail i leith Rialáil Airgeadais.
- (iii) Maidir le hIoncam an Phríomh-Chláir Creidmheasa (CCR) arb ionann é agus €8.9m (2021: €6.5m) agus a áirítear in Eile, seasann sé do tháillí arna ngearradh ar Sholáthraithe Faisnéise Creidmheasa (CIPanna) i leith tuarascálacha creidmheasa a eisíodh. Tá muirir i leith fiosruithe ar an CCR á ngearradh ar iasachtóirí ón 1 Iúil 2019 i leith (Nóta 1(q), Nóta 20 (ix)). De bhreis air sin, taifeadadh ioncam €2.5m in 2022 (2021: €2.2m) ó thobhaigh a bhain le Clár Cuntas Banc (BAR), le Clár na hÚinéireachta Tairbhiúla (BOR) agus leis an gCóras um Idirnascadh Chláir na hÚinéireachta Tairbhiúla (BORIS).

Rinneadh é seo a fhritháireamh go páirteach le caillteanais arbh ionann iad agus €3.7m agus €0.1m a taifeadadh mar gheall ar dhíolachán an Sciatháin Thiar de Bhloc R, Duga Spencer, agus réadmhaoine infheistíochta an 30 Meán Fómhair 2022 (Nóta 20(v), Nóta 21(i)(a), Nóta 40).

- (iv) Baineann ioncam cíosa le fáлтаis ó chíos a thig as an gcuid de Bhloc R, Duga Spencer atá á ligean le tríú páirtithe ar bhonn tráchtála (Nóta 1(p), Nóta 20 (v)). I mí Iúil 2021, mhéadaigh an cíos bliantúil ó €1.6m go €2.6m tar éis athbhreithniú sceidealta ar chíos a thabhairt chun críche. Tháinig an méadú, arna chomhaontú i mí Iúil, in éifeacht ó dháta oifigiúil an athbhreithnithe ar chíos i gcomhréir leis an léas, eadhon an 11 Bealtaine 2020. Dá bhrí sin, tugadh cuntas in 2021 i leith an mhéadaithe shiardhátaithe ar chíos.

Nóta 8: Caiteachais Iomlána

	Iomlán na Ceannoifige & na Saoráidí Priontála*		An Mionta**		Iomlán**	
	2022 €000	2021 €000	2022 €000	2021 €000	2022 €000	2021 €000
Tuarastail/Liúntais (i)	166,382	158,119	2,171	2,192	168,553	160,311
Pinsin (Nóta 30(ii))	66,000	81,600	-	-	66,000	81,600
ÁSPC	17,114	16,080	216	218	17,330	16,298
Caiteachais Foirne	249,496	255,799	2,387	2,410	251,883	258,209
Caiteachais Chaipitlithe Foirne (Nóta 1(e)(vi))	(4,554)	-	-	-	(4,554)	-
Glancaiteachais Foirne	244,942	255,799	2,387	2,410	247,329	258,209
TF	26,718	24,486	169	57	26,887	24,543
Saothar ar Conradh	9,781	16,419	99	104	9,880	16,523
Ilghnéitheach (ii)	9,225	6,623	6	2	9,231	6,625
Táillí Gairmiúla (iii)	7,740	9,110	5	24	7,745	9,134
Íocaíochtaí agus Táillí Cumhdaigh (iv)	7,260	6,259	3	30	7,263	6,289
Cíos agus Fónais	5,136	4,432	339	300	5,475	4,732
Saoráidí agus Cothabháil	4,279	3,983	459	439	4,738	4,422
Suibscríbhinní Corparáideacha	3,046	2,833	7	6	3,053	2,839
Oiliúint	2,188	2,078	8	11	2,196	2,089
Earcaíocht & Costais Eile Foirne (v)	1,771	1,174	3	2	1,774	1,176
Taisteal (vi)	663	33	14	1	677	34
Caiteachais Oibríochtúla Eile	77,807	77,430	1,112	976	78,919	78,406
Dímheas	13,080	15,033	171	157	13,251	15,190
Amhábhair um Tháirgeadh Airgeadra (vii)	5,863	7,851	1,802	199	7,665	8,050
Caiteachais Iomlána****	341,692	356,113	5,472	3,742	347,164	359,855

*I gcaiteachais na Ceannoifige agus na Saoráidí Priontála, cuimsítear gach caiteachas (lena n-áirítear caiteachais rialála airgid agus saoráidí priontála) seachas na cinn sin a bhaineann leis an Mionta.

**Caiteachais arna dtabhú ag an Mionta, ar caiteachais iad a bhaineann le soláthar agus le heisiúint monaí, déantar iad sin a mhuirearú go díreach ar an gCúlchiste Airgeadra (Nóta 1(g) agus Nóta 25(ii)).

*** Rinneadh aicmiú na gcaiteachas sa bhliain reatha agus na gcaiteachas comparáideach a thabhairt cothrom le dáta chun an fhaisnéis arna cur ar fáil a fheabhsú.

**** Seans nach suimfidh na hiomláin sna ráitis airgeadais agus sna táblaí atá sa nóta toisc gur slánaíodh iad. Léiríonn na figiúirí 0 agus (0) méideanna dearfach nó diúltacha arna slánú go náid, fad a léiríonn dais (-) náid.

(i) Rinneadh íocaíochtaí in ionad fógra arbh ionann iad agus €6,558 a íoc le beirt le linn na bliana (2021: €1,661)

Níor áiríodh aon socraíochtaí i “Pá” do 2022 (2021: €15,500 – dhá shocraíocht). Ar áireamh in “Táillí Gairmiúla” in 2021, tá ranníocaíocht €7,500 i leith chostais dhlíthiúla duine den bheirt sin a raibh baint acu leis na socraíochtaí sin agus €35,743 i ndáil le costais dhlíthiúla an Bhainc Ceannais féin.

Cuireadh comhalta feidhmiúcháin amháin den Choimisiún ar saoire gharraíodóireachta le linn 2022 ar feadh sé mhí (2021: Nialas). Is cleachtas caighdeánach ar fud an BCE agus na BCNanna é saoire gharraíodóireachta mar théarma agus mar choinníoll fostaíochta agus ceanglaíodh í faoi Chód Iompair BCE d'Oifigídh Ardleibhéil sa chás seo. Tá na tréimhsí seo, ar a dtugtar “tréimhse mharana” freisin, riachtanach chun a áirithiú go seachnófar nó go n-íoslaghdófar aon choinbhleachtaí leasa iarbhir nó braite, lena n-áirítear coimbhleachtaí leasa iarfhostaíochta, tar éis do chomhalta foirne éirí as a phost nó a post. Sa chás seo, foráladh i gconradh fostaíochta an duine aonair go mbeadh buntuarastal iníoctha le linn saoire gharraíodóireachta. B'ionann an méid sin agus €129,323 agus áirítear é sa tábla thíos mar chuid den tuarastal foriomlán sa tábla thíos maidir le Luach Saothair le Comhaltaí Feidhmiúcháin den Choimisiún in 2022. Is ar bhonn gach cáis ar leith a ghlactar cinneadh maidir le comhaltaí foirne a chur ar saoire gharraíodóireachta agus cuirtear san áireamh sa chinneadh sin ról an duine sa Bhanc mar aon le fostóir nua an duine agus ceanglais BCE.

Déantar anailís bhreise mar a leanas ar Chaiteachais Foirne:

Caiteachais Foirne (lena n-áirítear an Mionta)

	2022 €000	2021 €000
Sochair ghearrthéarmacha foirne	168,546	160,309
Pinsin (Nóta 30(i))	66,000	81,600
ÁSPC Fostóra	17,330	16,298
Sochair foirceannadh fostaíochta	7	2
Iomlán	251,883	258,209
Líon Foirne (FTE) ar an 31 Nollaig	2,103	2,110

FTE - Coibhéis Lánaímseartha lena n-áirítear clúdach máithreachais agus intéirigh

Déantar Tuarastail agus Liúntais Foirne a anailísiú mar a leanas:

Sochair Ghearrthéarmacha (lena n-áirítear an Mionta)

	2022 €000	2021 €000
Bunphá	165,921	157,924
Liúntais	788	632
Ragobair	1,837	1,753
Iomlán	168,546	160,309

Áirítear sa Bhunphá fabhrú €9.9m i leith saoire bhliantúil nár glacadh (2021: €11.4m) (Nóta 29(vi)).

Luach saothair le comhaltaí Feidhmiúcháin den Choimisiún in 2022

Ainm	2022	Tuarastal	2021	Tuarastal
Gabriel Makhoul Gobharnóir (a)(b)	1 Eanáir - 31 Nollaig	€307,108	1 Eanáir - 31 Nollaig	€293,257
Sharon Donnery An Leas-Ghobharnóir Rialáil Airgeadais (a)(d)	1 Eanáir - 31 Nollaig	€267,050	1 Eanáir - 31 Nollaig	€255,006
Ed Sibley An Leas-Ghobharnóir Rialáil Stiuamachta (a)	1 Eanáir - 31 Lúnasa	€207,617	1 Eanáir - 31 Nollaig	€255,006
Mark Cassidy Leas-Ghobharnóir Gníomhach Cobhsaíocht Airgeadais & Airgeadaíochta (a)	1 Iúil - 31 Deireadh Fómhair	€76,858	N/B	N/B
Vas Madouros An Leas-Ghobharnóir Cobhsaíocht Airgeadais & Airgeadaíochta (a)	1 Samhain - 31 Nollaig	€44,990	N/B	N/B

Méadaíodh tuarastail i gcomhréir le comhaontuithe pá de chuid na Seirbhíse Poiblí ó 2013 i leith.

Táillí Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin

Ainm	2022	2021
David Miles	€14,936	€14,936
John Trethowan	€14,936	€14,936
Niamh Moloney	€14,936	€14,936
Patricia Byron	€14,936	€14,936
Sarah Keane	€14,936	€14,936
Shay Cody	€14,936	€14,936
John Hogan (c) (Ceaptha - 8 Meitheamh 2021)	Nialas	Nialas
Derek Moran (c) (Ar scor - 30 Bealtaine 2021)	Nialas	Nialas

Caiteachais Chomhaltaí Neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin (e)

Ainm	Taisteal	Cóiríocht agus Cothú	Iomlán do 2022	Iomlán do 2021
David Miles	€1,807	€1,764	€3,571	€763
John Trethowan	€850	€1,360	€2,210	€460
Niamh Moloney	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Patricia Byron	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Sarah Keane	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Shay Cody	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
John Hogan (c) (Ceaptha - 8 Meitheamh 2021)	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Derek Moran (c) (Ar scor - 30 Bealtaine 2021)	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas

- (a) Maidir le teidlíochtaí pinsin an Ghobharnóra Gabriel Makhlouf, an Leas-Ghobharnóra Sharon Donnery, an Leas-Ghobharnóra Ed Sibley, an Leas-Ghobharnóra Ghníomhaigh Mark Cassidy agus an Leas-Ghobharnóra Vas Madouros, ní théann siad thar ghnáth-theidlíochtaí na scéime aoisliúntais le sochar sainithe de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 30).
- (b) Tá pinsean á fháil ag Gabriel Makhlouf ó sheirbhís phoiblí na Ríochta Aontaithe freisin.
- (c) I gcomhréir leis an bprionsabal ‘Duine amháin, Tuarastal amháin’, níor íocadh aon táillí le comhalta neamhfheidhmiúcháin amháin den Choimisiún (2021: beirt).
- (d) An 1 Iúil 2022, d’aistrigh Sharon Donnery ón ról a bhí aici roimhe seo mar Leas-Ghobharnóir, Baincéireacht Cheannais, chuig an ról atá aici faoi láthair mar Leas-Ghobharnóir, Rialáil Airgeadais.
- (e) Tá méadú tagtha ar chaiteachais chomhaltaí neamhfheidhmiúcháin an Choimisiúin tar éis deireadh a chur le srianta COVID-19 sa chaoi gur féidir freastal ar chruinnithe i bpearsa.

Luach Saothair Príomhphearsanra Bainistíochta⁶⁹

	2022 €000	2021 €000
Olltuarastal	12,133	11,498
Iomlán	12,133	11,498

Oibríonn an Banc Ceannais scéim iasachta saoire don fhoireann go léir, ar scéim í atá formheasta ag na Coimisinéirí Ioncaim. Ar áireamh sa mhéid seo, tá airleacain €45,700 (2021: €29,950) chuig 14 den Phríomhphearsanra Bainistíochta (2021: seisear den Phríomhphearsanra Bainistíochta). Amhail ar an 31 Nollaig 2022, rinneadh na hairleacain go léir faoin scéim seo a aisíoc ina n-iomláine (2021: aisíochta ina n-iomláine).

⁶⁹ Tagraíonn Príomhphearsanra Bainistíochta do chomhaltaí foirne ar leibhéal Ceannasaí Rannán nó níos airde agus áirítear comhaltaí feidhmiúcháin an Choimisiúin arna nochtadh ar leithligh i Nóta 8, 8 mar a fhorordaítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016. Seachas na cinn sin a nochtar sa nóta seo, ní bhfuair Príomhphearsanra Bainistíochta aon sochair bhreise.

Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe de bhreis ar €60,000⁷⁰

Bandaí Pá	2022 Líon Daoine	2021 Líon Daoine
60,000-70,000	313	296
70,000-80,000	380	341
80,000-90,000	166	142
90,000-100,000	110	316
100,000-110,000	281	54
110,000-120,000	109	88
120,000-130,000	24	37
130,000-140,000	41	60
140,000-150,000	49	11
150,000-160,000	19	30
160,000-170,000	22	2
170,000-180,000	1	2
180,000-190,000	3	6
190,000+	17	12
Iomlán	1,535	1,397

(ii) Áirítear in Ilghnéitheach, costais €7.4m a bhaineann le CCR, mar atá €3.2m a bhaineann le seirbhísí seachfhoinsithe agus scaoileadh €4.2m de chostais inghnóthaithe CCR (Nóta 20(ix)). Sa bhreis air sin, áirítear caiteachais an Bhinse Achomhairc Seirbhísí Airgeadais €0.2m (2021: €0.1m) a íocann an Banc Ceannais i gcomhréir le forálacha Alt 57AX(4) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

(iii) Ar na Táillí Gairmiúla, áirítear táillí Iniúcháirí is iníoctha le Mazars agus leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus arbh ionann iad agus:

Táillí Iniúcháirí⁷¹	2022 €000	2021 €000
Iniúcháireacht ar Chuntais Aonair	339	334
Mazars	171	171
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	168	163
Seirbhísí Ráthaíochta Eile	54	54
Mazars	54	54
Seirbhísí Neamhiniúcháireachta Eile	147	113
Mazars	147	113
Iomlán	540	501

Sna Táillí Gairmiúla, áirítear costais Chomhairleachta €4.6m arna muirearú i leith ioncain agus caiteachais agus déantar anailísí orthu sa tábla seo a leanas (2021: €5.7m). Baineann iarmhéid €4.8m (2021: €1.7m) le Costais Chaipitlithe Sainchomhairleoireachta a áirítear in MGT agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 21).

⁷⁰ Ar na socair ghearrthéarmacha, áirítear Bunphá, Liúntais agus Íocaíochtaí le comhaltaí foirne i leith Ragoibre.

⁷¹ Léirítear Táillí Iniúcháirí ar leith ó CBL sa chaoi go nochtar an glanmhéid a fhaigheann an soláthraí.

Comhairleacht

	2022 €000	2021 €000
TF	3,805	2,325
Áitribh	1,137	1,403
Comhairle Dlí	1,349	1,332
Eile	120	1,063
Airgeadas	1,079	991
Pinsin & AD	127	174
Feabhsú Gnó	1,743	115
Iomlán	9,360	7,403
Costais Chomhairleachta arna muirearú i leith loncaim agus Caiteachais	4,564	5,675
Costais Chaipitlithe Sainchomhairleoireachta	4,796	1,728
Iomlán	9,360	7,403

Sna Táillí Gairmiúla, áirítear costais dhlíthiúla i ndáil le himeachtaí dlí agus arbh ionann san iomlán iad agus €1.0m (2021: €1.7m).

Táillí Dlí

	2022 €000	2021 €000
Táillí dlíthiúla - imeachtaí dlí	1,031	1,702
Iomlán	1,031	1,702

Ar na himeachtaí dlí sin a luaitear thuas, áirítear na costais dhlíthiúla go léir arna dtabhú i ndáil le himeachtaí dlí arna dtionscnamh ag an mBanc Ceannais nó i gcoinne an Bhainc Ceannais. An costas sin thuas i ndáil le himeachtaí dlí, baineann sé le 16 gcás dlí ar leith (2021: 17).

D'íoc cuideachta árachais an Bhainc Ceannais €6,550 (2021: Nialas) i ndáil le costais dhlíthiúla agus socraíochtaí dlíthiúla.

- (iv) Ar áireamh i dTáillí Íocaíochta agus Cumhdaigh, tá muirir a bhaineann le hÍoc Pras. Tá oibleagáid ar an mBanc Ceannais déanamh de réir fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2002), lena bhforáiltear go mbeidh ús pionóis le hÍoc mura bhfreastalófar ar íocaíochtaí le haghaidh idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonrófar a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú. Is í seo a leanas achoimre ar íocaíochtaí úis phionósaigh arna ndéanamh le soláthraithe le linn 2022, mar aon leis na figiúirí comhfhreagracha don bhliain 2021.

Íocaíochtaí Déanacha

	2022	2021
Líon iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha	63	9
Luach iomlán na nÍocaíochtaí Déanacha go léir (A)	€692,400	€55,882
Luach iomlán na nÍocaíochtaí go léir (B)	€128,144,822	€205,939,038
A mar % de B	0.54%	0.03%
Luach iomlán an Úis a Íocadh ar Íocaíochtaí Déanacha	€5,809	€540

- (v) In Earcaíocht & Costais Foirne Eile thuas, áirítear Caiteachas Fáilteachais €0.2m (2021: €0.1m), arna anailísiú mar a leanas:

Caiteachas Fáilteachais

	2022 €000	2021 €000
Fáilteachas Foirne	153	97
Fáilteachas Cliant	-	-
Iomlán	153	97

Déantar an caiteachas fáilteachais arna nochtadh thuas a aicmiú i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Ní bhíonn an Banc Ceannais ag gabháil d'Fháilteachais Cliant. Ní áirítear sna méideanna thuas caiteachas ar shólaistí/ar fháilteachas a bhaineann le hoibríochtaí gnó amhail óstáil comhdhálacha, imeachtaí nó cruinnithe.

- (vi) Déantar an caiteachas ar Thaisteal a anailísiú mar a leanas:

Taisteal (lena n-áirítear an Mionta)

	2022 €000	2021 €000
Intíre		
Coimisiún*	17	1
Foireann	81	25
Idirnáisiúnta		
Coimisiún*	52	4
Foireann	527	4
Iomlán	677	34

*Folaíonn an Coimisiún comhaltaí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin araon.

- (vii) An caiteachas i ndáil le hAmhábhar do Tháirgeadh Airgeadra, baineann sé le táirgeadh nótaí bainc €5.9m (2021: €7.9m) agus monaí €1.8m (2021: €0.2m). Bhí an costas laghdaithe i ndáil le nótaí bainc in 2022 inchurtha do chostas aonaid níos ísle in aghaidh gach nóta bainc in 2021, agus do thabhairt anonn coda de dháileadh táirgthe 2022 go 2023. Tháinig méadú ar ábhair monaí in 2022 toisc gur ceannaíodh crotáin monaí agus ábhar óir do mhonaí inbhailithe.

Nóta 9: Ioncam Barrachais is iníoctha leis an Státchiste

Tá ioncam barrachais €500.1m iníoctha leis an Státchiste i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2022 (2021: €1,067.6m) (Nóta 1(o), Nóta 29(ii)). Tá an méid comhlán iníoctha leis an Státchiste toisc go bhfuil an Banc Ceannais díolmhaithe ó Cháin Chorporáideach agus ó Cháin Ghnóchan Caipitiúil faoi alt 6J d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú).

Nóta 10: Ór agus Infhaighteachtaí Óir

	2022 €000	2022 Unsaí Míne d'Ór	2021 €000	2021 Unsaí Míne d'Ór
Ór agus Infhaighteachtaí Óir	659,566	386,598	492,855	306,221
Iomlán	659,566	386,598	492,855	306,221

Cuimsíonn ór agus infhaighteachtaí óir stoic monaí atá á sealbhú sa Bhanc Ceannais, mar aon le barraí óir atá á sealbhú i mBanc Shasana agus sa Banque de France. Tá an méadú ar an iarmhéid ag deireadh 2022 inchurtha do cheannacháin óir mar chuid de straitéis fhadtéarmach infheistíochta an Bhainc Ceannais agus do mhéadú ar mhargadhluach shealúchais óir ó dheireadh na bliana 2021 go dtí deireadh na bliana 2022 (Nóta 1 j(iv), Nóta 32(iii)).

Nóta 11: Éilimh in Airgeadra Eachtrach ar Chónaitheoirí nach Cónaitheoirí de chuid an Limistéir Euro iad

	2022 €000	2021 €000
Infhaighteachtaí ón CAI (i)	6,381,290	6,004,008
Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile (ii)	4,865,039	4,843,846
Iomlán	11,246,329	10,847,854

(i) Infhaighteachtaí ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)

	2022 €000	2021 €000
Cuóta	4,321,311	4,267,911
Lúide Sealúchais CAI arna gcothabháil ag an mBanc	(3,167,716)	(3,270,867)
Suíomh Cúlchiste sa CAI (a)	1,153,595	997,044
Sealúchais CST (b)	5,227,695	5,006,964
Iomlán	6,381,290	6,004,008

(a) Suíomh Cúlchiste sa CAI:

Seasann an tsócmhainn seo don difríocht idir Cuóta na hÉireann sa CAI agus sealúchais euro an CAI arna gcothabháil ag an mBanc Ceannais. Is ionann Cuóta na hÉireann agus a suibscríbhinn ballraíochta. An 15 Nollaig 2010, chuir Bord Gobharnóirí an CAI pacáiste d'athchóirithe i gcrích maidir le cuótaí agus rialachas an Chiste. An 26 Eanáir 2016, comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur chun feidhme na méaduithe comhaontaithe ar

chuótaí⁷². Ag an tús, b'ionann sealúchais euro an CAI arna gcothabháil leis an mBanc Ceannais agus 75% den Chuóta, ach tá athrú tagtha orthu ó am go ham de thoradh treoracha a fuarthas ón CAI maidir lena iasachtaí le Ballstáit. Is ionann an sealúchas reatha céatadánach agus 73% (2021: 77%) (Nóta 1(b)).

(b) Sealúchais Ceart Speisialta Tarraingthe (CSTanna):

Is cúlsócmhainn idirnáisiúnta í CST arna cruthú ag an CAI agus arna leithdháileadh ar bhallstáit sna 1970idí/80idí d'fhoill leachtacht idirnáisiúnta a mhéadú. Sainítear CST i dtéarmaí ciseáin d'airgeadraí. Cinntear a luach mar shuim ualaithe rátaí malairte na gcúig airgeadra (dollar Mheiriceá, an euro, renminbi na Síne, yen na Seapáine, agus punt Steirling) (Nóta 1(c)(x), (Nóta 27).

(ii) Iarmhéideanna le Bainc agus Infheistíochtaí Urrús, Iasachtaí Seachtracha agus Sócmhainní Seachtracha eile

	2022 €000	2021 €000
Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a)	3,226,048	3,179,681
Iarmhéid le Bainc	1,638,991	1,664,165
Iomlán	4,865,039	4,843,846

(a) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eistitheoirí nach eistitheoirí de chuid an limistéir euro iad (Nóta 1 (j)(ii)).

Miondealú de réir airgeadra eachtrach

	2022 €000	2021 €000
USD	2,656,306	2,470,036
JPY	744,232	941,483
AUD	514,541	510,083
CNY	510,686	509,235
SGD	438,539	412,216
Eile	735	793
Iomlán	4,865,039	4,843,846

Próifíl Aibíochta

	2022 €000	2021 €000
0 - 3 mhí	1,944,979	1,808,332
3 mhí - 1 bhliain	791,487	1,111,039
1 bhliain - 5 bliana	2,128,573	1,924,475
Iomlán	4,865,039	4,843,846

⁷² Mar thoradh air sin, méadaíodh cuóta CAI na hÉireann faoi CST 2,192.3m ó CST 1,257.6m go dtí CST 3,449.9m an 19 Feabhra 2016.

Nóta 12: Éilimh in airgeadra eachtrach ar chónaitheoirí an limistéir euro

	2022 €000	2021 €000
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (i)	92,402	112,583
Infheistíochtaí Slándála (MÓM) - (ii)	21,892	75,549
Iarmhéideanna le Bainc	3,435	1,407
Iomlán	117,729	189,539

Miondealú de réir airgeadra eachtrach

	2022 €000	2021 €000
USD	114,167	172,862
AUD	3,365	16,673
SGD	196	4
Eile	1	-
Iomlán	117,729	189,539

Próifíl Aibíochta

	2022 €000	2021 €000
0 - 3 mhí	114,495	168,453
1 bhliain - 5 bliana	3,234	21,086
Iomlán	117,729	189,539

- (i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Maidir leis an laghdú ar chomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais in airgeadra eachtrach le cónaitheoirí de chuid an limistéir euro go €92.4m (2021: €112.6m), baineann sé le laghdú ginearálta ar ghníomhaíocht athcheannaigh droim ar ais (Nóta 1(l)).
- (ii) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisirtheoirí de chuid an limistéir euro in airgeadra eachtrach (Nóta 1 (j)(ii)). Baineann iarmhéid dheireadh na bliana 2022 le bannaí USD agus AUD arna n-eisiúint ag cónaitheoirí AE. Bhí an laghdú ar shealúchais na n-urrús seo inchurtha do laghdú ar dheiseanna chun athinfheistiú a dhéanamh in urrúis chomhchosúla.

Nóta 13: Éilimh in euro ar neamhchónaitheoirí sa limistéar euro

	2022 €000	2021 €000
Infheistíochtaí Slándála - CGA (i)	1,952,934	1,817,765
Iarmhéideanna le Bainc (ii)		46,799
Infheistíochtaí Slándála - MÓM (i)	188,542	39,899
Iomlán		1,904,463

Próifíl Aibíochta

	2022 €000	2021 €000
0 - 3 mhí	554,675	71,639
3 mhí - 1 bhliain	406,589	49,980
1 bhliain - 5 bliana	1,296,176	1,544,173
5 bhliain - 10 mbliana	263,392	238,671
Iomlán	2,520,832	1,904,463

(i) Cuimsíonn na hurrúis seo fiachas arna eisiúint ag eisitheoirí nach eisitheoirí de chuid an limistéir euro iad. Bhain an méadú ar shealúchais na n-urrús seo le gníomhaíochtaí margaidh rialta (Nóta 1(j)(ii), Nóta 1(j)(iii)).

(ii) An méadú a tháinig ar iarmhéideanna le bainc go €379.4m (2021: €46.8M) inchurtha do ghníomhaíochtaí margaidh rialta breise ó thaobh sócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais a bhainistiú mar thoradh ar rátaí méadaitheacha úis BCE chun cobhsaíocht praghsanna a athbhunú.

Nóta 14: Iasachtaí le hInstitiúidí Creidmheasa de chuid an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

	2022 €000	2021 €000
Oibríochtaí Athmhaoinithe Fadtéarmacha <i>mar atá OASFanna</i>	219,400	21,048,400
Iomlán	219,400	21,048,400

Próifíl Aibíochta

	2022 €000	2021 €000
3 mhí - 1 bhliain	134,900	9,720
1 bhliain - 5 bliana	84,500	21,038,680
Iomlán	219,400	21,048,400

Tá na hiarmhéideanna sin déanta suas d'airleacain chuig institiúidí creidmheasa agus léiríonn siad rannpháirtíocht an Bhainc Ceannais in oibríochtaí beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais. Amhail ar an 31 Nollaig 2022, b'ionann agus €1,324.3bn na hiasachtaí le hinstiúidí creidmheasa de chuid an limistéir euro maidir le hoibríochtaí beartais airgeadaíochta arna n-ainmniú in euro, lena n-áirítear príomhoibríochtaí athmhaoinithe agus oibríochtaí fadtéarmacha athmhaoinithe araon (2021: €2,201.9bn), agus bhí €0.2bn den mhéid sin ar seilbh ag an mBanc Ceannais (2021: €21.0bn) (Nóta 1 (c)(xii)).

Leis na hoibríochtaí seo, féachtar le hathmhaoiniú breise fadtéarmach a sholáthar do chontrapháirithe. Seoladh na hoibríochtaí sin ar ráta socraithe agus cionroinneadh méid iomlán na tairisceana. Sa bhreis ar an tsraith de sheacht n-oibríocht athmhaoinithe fhardtéarmacha ráitiúla (OASF-III) a tugadh isteach in 2019, chuir an Chomhairle Rialaithe trí oibríocht bhreise leis seo i mí na Nollag 2020, agus seoladh iad sin idir mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2021. Tá tréimhse aibíochta trí bliana ag na hoibríochtaí sin. I gcás na seacht OASF-III tosaigh, ó Mheán Fómhair 2020, dar thús 12 mhí tar éis gach OASF-III a shocrú, bíonn an rogha ag na rannpháirtithe ar bhonn ráithiúil méid OASF-III lena mbaineann a fhoirceannadh nó a laghdú sula dtagann sí in aibíocht. Maidir leis an ochtú OASF-III nó OASF-III ina dhiaidh sin, beidh an rogha sin ag na rannpháirtithe ar bhonn ráithiúil ó mhí an Mheithimh 2022 ar aghaidh. I gcomhréir leis na cinntí tosaigh arna nglacadh ag an gComhairle Rialaithe, d'fhéadfadh an ráta úis deiridh ab infheidhme i leith gach oibríocht OASF-III a bheith chomh híseal leis an meánráta úis ar an tsaoráid taisce thar shaolré na hoibríochta. Mar fhreagra ar thurraing COVID-19, chinn an Chomhairle Rialaithe in 2020⁷³ maidir leis an tréimhse ón 24 Meitheamh 2020 go dtí an 23 Meitheamh 2021 agus an tréimhse ón 24 Meitheamh 2021 agus 23 Meitheamh 2022 - dá dtagraítear tréimhse an ráta úis speisialta agus tréimhse bhreise an ráta úis speisialta faoi seach - go bhféadfadh an ráta úis ab infheidhme bheith chomh híseal le 50 bonnphointe faoi bhun an mheánráta úis ar an tsaoráid taisce thar an tréimhse chéanna, ach nach bhféadfadh sé bheith níos ísle ná -1.0%. Ina theannta sin, chinn an Chomhairle an 27 Deireadh Fómhair 2022 go ndéanfaí, ón 23 Samhain 2022 go dtí dáta aibíochta nó dáta luath-aisíocaíochta gach oibríocht OASF-III atá gan íoc faoi seach, an ráta úis ar oibríochtaí OASF-III a innéacsú le meán-phríomhrátaí úis is infheidhme de chuid BCE le linn na tréimhse sin. An dáta céanna, chinn an Chomhairle Rialaithe go dtabharfaí isteach trí dháta bhreise le haghaidh luath-aisíocaíocht shaorálach chun go mbeadh deiseanna breise ag rannpháirtithe OASF-III a gcuid iasachtaí OASF-III faoi seach a íoc roimh a ndáta aibíochta.

Ní bheidh na rátaí iarbhír úis ar eolas go dtí go dtiocfaidh gach oibríocht in aibíocht nó go dtí go ndéanfar gach oibríocht a aisíoc go luath agus ní fhéadfar meastachán iontaofa a dhéanamh roimhe sin ach amháin i gcás ina mbeidh sonraí ráta úis do thréimhse an ráta úis speisialta agus do thréimhse bhreise an ráta úis speisialta curtha in iúl cheana féin do na contrapháirtithe. Ciallaíonn sé seo gur baineadh úsáid as an gcur chuige seo a leanas maidir le

⁷³ Cinntí na Comhairle Rialaithe an 30 Aibreán 2020 agus 10 Nollaig 2020 <https://www.ecb.europa.eu/press/govcdec/otherdec/2020/html/ecb.gc200504~fbc1bc4114.en.html> & <https://www.ecb.europa.eu/press/govcdec/otherdec/2020/html/ecb.gc201211~ef1f417b08.en.html#:~:text=On%2010%20December%202020%20the,activity%20and%20safeguarding%20medium%2Dterm>

fabhrúithe úis OASF-III a ríomh i gcás chuntais bhliantúla 2022: (i) go dtí an 23 Meitheamh 2022, na rátaí úis thar thréimhse bhreise an ráta úis speisialta, ar ina leith a cuireadh sonraí ráta úis in iúl do na contrapháirtithe ar an 10 Meitheamh 2022, (ii) don tréimhse ón 24 go dtí an 22 Samhain 2022, bhí an ráta úis nasctha leis an meán-phríomhráta úis ab infheidhme de chuid BCE ón dáta socraíochta go dtí an 22 Samhain 2022, agus (iii) don tréimhse ón 23 Samhain 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022, bhí an ráta úis innéacsaithe le meán-phríomhráta úis ab infheidhme de chuid BCE thar an tréimhse seo. De bhreis air sin, déantar iarmhairt athruithe ráta beartais in 2022 ar ús ón tréimhse roimh thréimhse an ráta úis speisialta a chur san áireamh in 2022.

Tá an laghdú ar na hiarmhéideanna go €219.4m (2021: €21,048m) inchurtha d'aisíocaíochtaí luatha iasachtaí OASF in 2022, agus tá formhór na n-ionstraimí atá fágtha ceaptha teacht in aibíocht in 2023 (Nóta 2(xiv)).

Nóta 15: Éilimh eile in euro ar Institiúidí Creidmheasa de chuid an Limistéir euro

	2022 €000	2021 €000
Comhaontuithe Athcheannaigh Droim ar Ais (i)	1,489,174	2,334,277
larmhéideanna le Baint	157,307	154,820
Iomlán	1,646,481	2,489,097

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag na míreanna seo.

- (i) Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. Maidir leis an laghdú go dtí €1,489.2m ar chomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais in euro le cónaitheoirí de chuid an limistéir euro (2021: €2,334.3m), baineann sé le laghdú ginearálta ar thrádáil athcheannaigh droim ar ais (Nóta 1(i)).

Nóta 16: Urrúis in euro de chuid Chónaitheoirí an Limistéir Euro

	2022 €000	2021 €000
Urrúis arna Sealbhú chun Críocha Beartais Airgeadaíochta (i)	62,990,868	61,903,311
Urrúis Eile (ii)	10,364,821	17,316,289
Iomlán	73,355,689	79,219,600

(i) Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartas Airgeadaíochta

“Urrúis arna sealbhú chun críocha Beartas Airgeadaíochta”, a tugadh isteach chun go léireofaí punann CBPP3 arna hainmniú in euro agus ar cuireadh tús léi i mí Dheireadh Fómhair 2014, an CMU ar cuireadh tús leis i mí Bealtaine 2010, agus an PEPP ar cuireadh tús leis i mí an Mhárta -19.

Amhail ar an 31 Nollaig 2022, cuimsíodh sa mhír seo urrúis a fuair an Banc Ceannais faoi raon feidhme CBPP3, SMP, PSPP agus PEPP.

Déantar urrúis arna gceannach faoi na cláir sin go léir a thomhas ar bhonn costas amúchta faoi réir lagaithe (Nóta 1(c)(ix)).

Is iad seo a leanas costas amúchta na n-urrús arna sealbhú ag an mBanc Ceannais, mar aon lena margadhluachanna (nach dtaifeadtar ar an gClár Comhardaithe nó sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais ach a chuirtear in iúl chun críocha comparáideacha amháin):

	2022 €000 Costas Amúchta	2022 €000 Margadhluach	2021 €000 Costas Amúchta	2021 €000 Margadhluach
CCBC3	1,455,089	1,404,570	2,524,404	2,549,089
CMU	101,802	109,162	101,026	122,918
PSPP mar atá	39,082,179	33,712,471	37,896,147	39,564,062
Urrúis Rialtais/Gníomhaireachta (Riosca Dúlse)	35,995,430	31,000,546	34,470,479	35,974,827
Urrúis Fhornaísiúnta (Riosca Comhroinnte)	3,086,749	2,711,925	3,425,668	3,589,235
PEPP mar atá	22,351,798	18,116,046	21,381,734	21,090,494
Urrúis Rialtais/Gníomhaireachta (Riosca Dúlse)	22,351,798	18,116,046	21,375,822	21,084,580
Bannaí Cumhdaithe (Riosca Comhroinnte)	-	-	5,912	5,914
Iomlán	62,990,868	53,342,249	61,903,311	63,326,563

Próifíl Aibíochta

	2022 €000 Costas Amúchta	2021 €000 Costas Amúchta
0 - 3 mhí	3,889,112	3,786,316
3 mhí - 1 bhliain	314,416	3,180,309
1 bhliain - 5 bliana	18,158,435	18,291,347
5 bhliain - 10 bliana	24,306,776	21,494,122
10 mbliana - 15 bliana	7,201,517	4,883,080
> 15 bliana	9,120,612	10,268,137
Iomlán	62,990,868	61,903,311

Cuireadh deireadh le ceannacháin faoin CMU ar an 6 Meán Fómhair 2012.

Le linn na chéad ráithe de 2022, lean an tEurochóras lena ghlancheannacháin sócmhainní faoin APP⁷⁴ ina gcuimsítear CBPP3, ABSPP⁷⁵, PSPP⁷⁶ agus Clár Ceannaigh na hEarnála Corparáidí (CSPP)⁷⁷, ag €20.0bn ar an meán de réir na míosa. I mí an Mhárta 2022, chinn an Chomhairle Rialaithe⁷⁸ go leasófaí méideanna glancheannachán go €40.0bn i mí Aibreáin, €30.0bn i mí Bealtaine agus go €20.0bn i mí an Mheithimh, fad a chinn an Chomhairle Rialaithe⁷⁹ i Meitheamh 2022 go gcuirfí deireadh le glancheannacháin sócmhainní faoin APP amhail ón 1 Iúil. Ó Mhárta 2023, laghdaigh punann APP ar luas tomhaiste intuartha, ó tharla nach ndearna an tEurochóras athinfheistiú ar na híocaíochtaí príomhshuime go léir ó urrúis a tháinig in aibíocht. Meastar gurb é €15bn ar an meán an laghdú sin in aghaidh na míosa go dtí an dara ráithe de 2023 agus cinnfear a luas dá éis sin le himeacht ama. Déanfaidh an Chomhairle Rialaithe athmheasúnú ar bhonn rialta ar luas an laghdaithe ar phunann APP chun a chinntiú go mbeidh sé ag teacht le straitéis agus seasamh beartais airgeadaíochta fhoriomláin, d'fhonn feidhmiú margaidh a chothabháil agus rialú docht a choinneáil ar dhálaí gearrthéarmacha margaidh airgid.

De bhreis air sin, lean an tEurochóras lena ghlancheannacháin sócmhainní faoi PEPP⁸⁰ le linn na chéad ráithe de 2022, ach ar luas ní ba mhoille ná an ráithe roimhe sin, i ndiaidh an chinnidh ón gComhairle Rialaithe i mí na Nollag 2021⁸¹. Bunaithe ar an gcinneadh céanna, scoradh de ghlancheannacháin PEPP ag deireadh mhí an Mhárta 2022. Tá sé i gceist ag an gComhairle Rialaithe athinfheistiú a dhéanamh ar na híocaíochtaí príomhshuime ó urrúis atá ag teacht in aibíocht, ar urrúis iad a ceannaíodh faoi PEPP, go dtí deireadh 2024 ar a laghad. I Meitheamh 2022, chinn an Chomhairle Rialaithe go mbeadh sí solúbtha ó thaobh athinfheistiú a dhéanamh ar fhuascailtí a thiofadh chun bheith dlite i bpunann PEPP d'fhonn cur i gcoinne rioscaí arna n-eascairt as an bpaindéim don sásra tarchuir beartais airgeadaíochta. Déanfar rolladh as phunann PEPP sa todhchaí a bhainistiú chun go seachnófar aon chur isteach ar sheasamh iomchuí beartais airgeadaíochta.

Déanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar bhonn rialta ar na rioscaí airgeadais a bhaineann leis na hurrúis atá á sealbhú faoi na cláir sin. Déantar tástálacha lagaithe bliantúla ar bhonn na méideanna inghnóthaithe measta amhail ag deireadh na bliana agus formheasann an Chomhairle Rialaithe iad. Ní raibh aon lagú ar urrúis arna sealbhú faoi chlár CMU, ABSPP, CBPP3 agus PSPP amhail ar an 31 Nollaig 2022 (2021: Nialas).

B'ionann sealúchais chomhiomlána an Eurochórais d'urrúis beartais airgeadaíochta ag deireadh mhí na Nollag 2022 agus €4,479.9bn, agus as an méid sin bhí €63.0bn ar seilbh ag an

⁷⁴ Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le EAPP ar shuíomh gréasáin BCE.

⁷⁵ Cinneadh 2014/45 ón BCE an 19 Samhain 2014 maidir le cur chun feidhme an chlár ceannaigh d'urrúis sócmhainn-bhunaithe.

⁷⁶ Faoin gclár seo, féadfaidh BCE agus BCNanna urrúis arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag rialtais réigiúnacha agus áitiúla de chuid an limistéir euro, ag gníomhaireachtaí aitheanta atá lonnaithe sa limistéar euro agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus bainc forbartha iltaobhacha atá lonnaithe sa limistéar euro, a cheannach.

⁷⁷ Faoin gclár seo, féadfaidh BCNanna bannaí de ghrád infheistíochta, arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag corparáidí neamhbhainc, a cheannach.

⁷⁸ Féach preaseisiúint an 10 Márta 2022 maidir le cinntí na Comhairle Rialaithe.

⁷⁹ Féach preaseisiúint an 9 Meitheamh 2022 maidir le cinntí na Comhairle Rialaithe.

⁸⁰ Féadfar tuilleadh sonraí a fháil maidir le PEPP ar shuíomh gréasáin BCE.

⁸¹ Féach preaseisiúint an 16 Nollaig 2021 maidir le cinntí na Comhairle Rialaithe.

mBanc Ceannais (2021: €4,713.5bn, as a raibh €61.9bn ar seilbh ag an mBanc Ceannais)
(féach an tábla thíos) (Nóta 1(c)(ix), Nóta 2(ii)):

Costas Amúchta	Bliain	CMU €m	CCBC1 €m	CBPP2 €m	CCBC3 €m	PSPP €m	ABSPP €m	CSPP €m	PEPP €m	Iomlán €m
An tEurochóras	2022	2,143	-	-	276,857	2,341,809	-	344,119	1,514,981	4,479,909
	2021	6,522	429	2,406	298,167	2,487,136	28,477	309,676	1,580,665	4,713,478
Banc	2022	102	-	-	1,455	39,082	-	-	22,352	62,991
	2021	101	-	-	2,524	37,896	-	-	21,382	61,903

(ii) Urrúis Eile

Folaíonn “Urrúis Eile” urrúis inmhargaidh nach sealbhaítear chun críocha oibríochtaí beartais airgeadaíochta de chuid an Eurochórais.

	2022 €000	2021 €000
Infheistíochtaí Urrúis – MÓM (a)	5,243,730	10,892,938
Infheistíochtaí Slándála (CGA) - (b)	5,121,091	6,423,351
Iomlán	10,364,821	17,316,289

Próifíl Aibíochta

	2022 €000	2021 €000
0 - 3 mhí	786,004	1,724,268
3 mhí - 1 bhliain	1,697,778	2,173,729
1 bhliain - 5 bliana	3,416,881	3,953,309
5 bhliain - 10 mbliana	967,873	531,757
> 15 bliana	3,496,285	8,933,226
Iomlán	10,364,821	17,316,289

(a) Infheistíochtaí Urrúis – MÓM

	Margadhluach Deiridh 2022 €000	Margadhluach Deiridh 2021 €000
Punann Speisialta (i)	3,496,287	8,933,227
Bannaí Eisithe ag an Rialtas	1,587,493	1,607,884
Billí Státhchiste	159,950	351,827
Iomlán	5,243,730	10,892,938

(i) Punann Speisialta - Sócmhainní a fuarthas tar éis leachtú IBRC**Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (NRCanna)**

In 2013, fuair an Banc Ceannais ocht NRC arbh ionann iad agus €25.0bn mar chuid de mhalartú sócmhainní tar éis leachtú IBRC. Tá raon aibíochta ó 2038 go dtí 2053 ag na hocht NRC. Aicmítear iad seo mar urrúis Leibhéal 3 (Nóta 1(j)(v)). Le linn 2022, dhíol an Banc Ceannais luach ainmniúil €0.50bn de NRCanna 2051 agus luach ainmniúil €2.5bn de NRCanna 2053, agus réadaíodh gnóthachain arbh ionann iad agus €1.5bn (2021: díoladh luach ainmniúil €2.0bn de NRCanna 2051, gnóthachan €1.3bn) (Nóta 3(i)). Ar bhonn carnach, tá luach ainmniúil €22.5bn de NRCanna diúscartha ag an mBanc Ceannais. Tá sealúchais uile de NRCanna 2038, 2041, 2043, 2045, 2047, 2049 agus 2051 diúscartha anois. Amhail ar an 31 Nollaig 2022, rinneadh luach ainmniúil €2.5bn de na NRCanna a bhí fágtha (2021: €5.5bn ainmniúil) a luacháil ar €3.5bn (2021: €8.9bn), as ar eascair gnóthachan neamhréadaithe €1.0bn (2021: €3.4bn) (Nóta 32(i)).

Ó tharla nach bhfuil margadh gníomhach de NRCanna ann, déanann an Banc Ceannais luach cóir na NRCanna a thomhas trí shamhail inmheánach a úsáid lena bhfeidhmítear modhanna agus teicnící luachála a aithnítear mar mhodhanna agus mar theicnící caighdeánacha laistigh den tionscal. Rinneadh luach cóir na n-urrús sin a mheas trí úsáid a bhaint as teicníc luachála sreafa airgid lascainithe lena n-ionchorpraítear:

- (a) Cuar Euribor measta "ó mhí ar aghaidh" a athraíonn le himeacht ama mar fhreagairt ar thosca éagsúla, lena n-áirítear soláthar agus éileamh i ndáil le leachtacht sna bainc mar aon le fás eacnamaíoch agus ionchais maidir le boilsciú.
- (b) Cuar toraidh gan chúpón arna thiomsú ón gcuar toraidh Éireannach gan chúpón don tréimhse ar ina leith atá praghsanna margaidh inbhraite ar fáil, agus ina dhiaidh sin trí úsáid a bhaint as torthaí inbhraite ar chuair toraidh Eorpacha ábhartha a bhíonn á dtrádáil ar mhargaí gníomhacha.

Is gá breithiúnas a fheidhmiú i leith tosca samhla chun a áirithiú go ndéantar iad a mheas mar is iomchuí le himeacht aimsire. Déanann an Banc Ceannais measúnú go tráthrialta ar an tsamhail chun a áirithiú go bhfuil sí i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr. Chun críoche léiriúcháin, bheadh laghdú de thuairim is €0.1bn ar an luacháil dá mbeadh méadú 25 bonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach arna úsáid sa tsamhail phraghsála (2021: €0.5bn). Bheadh méadú de thuairim is €0.1bn ar an luacháil dá mbeadh laghdú 25 bonnphointe ar an gcuar lascaine Éireannach arna úsáid sa tsamhail phraghsála (2021: €0.5bn).

€000	LUACHANNA DE RÉIR NA LEABHAR			GLUAISEACHTAÍ ATHLUACHÁLA				ACHOIMRE		
	2021 Iarmhéid Deiridh	Ceannacháin	Díolacháin/Fuascailtí	2022 Iarmhéid Deiridh	2021 Iarmhéid Deiridh	Athluacháil Tosaigh ar Dhiúscairt	Gluaiseacht ar Phunann Choinnithe	Iarmhéid Deiridh 2022	Margadh-luach Deiridh 2021	Margadh-luach Deiridh 2022
Nótaí Ráta Chomhlúthaigh	5,534,000	-	(3,000,000)	2,534,000	3,399,227	(1,838,865)	(598,075)	962,287	8,933,277	3,496,287
Iomlán	5,534,000	-	(3,000,000)	2,534,000	3,399,227	(1,838,865)	(598,075)	962,287	8,933,277	3,496,287

Sa tábla thuas, léirítear an ghluaiseacht ar luachanna leabhar agus ar luacháil urrús a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC le linn 2013. Tá sé ar intinn ag an mBanc Ceannais punann NRCanna a dhíol a luaithe is féidir ar choinníoll gur féidir déanamh amhlaidh sna dálaí cobhsaíochta airgeadais.

(b) Infheistíocht Urrúis - CGA

Is ionann urrúis coinnithe go dtí aibíocht agus urrúis lena ngabhann íocaíochtaí socraithe nó inchinntithe agus tréimhse shocraithe aibíochta agus a bhfuil sé ar intinn ag an mBanc Ceannais iad a choinneáil go dtí aibíocht (Nóta 1(j)(iii)). Baineann an laghdú ar phunann CGA go €5.1bn (2021: €6.4bn) le cinneadh ón mBanc Ceannais méid phunann CGA a laghdú.

Déantar urrúis arna gceannach faoi phunann CGA a thomhas ar bhonn costas amúchta faoi réir a lagaithe (Nóta 1(j)(iii)). Ní raibh aon lagú ar na hurrúis seo a bhí a sealbhú amhail ar an 31 Nollaig 2022 (2021: Nialas).

Nóta 17: Leas rannpháirteachais sa BCE

	2022 €000	2021 €000
Leas rannpháirteachais sa BCE	237,271	226,940
Iomlán	237,271	226,940

Is ionann é seo agus ranníocaíocht an Bhainc Ceannais le caipiteal BCE (Nóta 1(c)(xiv)). Déantar é a choigeartú gach cúig bliana nuair a bhíonn athrú ar chomhdhéanamh bhainc cheannais náisiúnta CEBC. Tháinig an coigeartú is déanaí in éifeacht an 1 Feabhra 2020 tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar ón Aontas Eorpach.

Is ionann scair an Bhainc Ceannais i gcaipiteal suibscríofa BCE agus 1.3772% in 2019 (2021: 1.3772%) (Nóta 1(c)(iii) Nóta 34(ii)).

Is ionann caipiteal suibscríofa BCE agus €10,825.0m. Tar éis do Bhanc Shasana imeacht as CEBC an 31 Eanáir 2020, choinnigh BCE a chaipiteal suibscríofa gan athrú agus rinneadh scair Bhanc Shasana i gcaipiteal suibscríofa BCE a athdháileadh ar BCNanna an limistéir euro agus BCNanna nach bhfuil sa limistéar euro araon.

D'fhan caipiteal láníochta BCE gan athrú freisin ag €7,659.0m in 2020, ó tharla gur chlúdaigh na BCNanna a bhí fágtha caipiteal láníochta Bhanc Shasana a bhí tarraingthe siar arbh ionann é agus €58.0m. De bhreis air sin, chinn an Chomhairle Rialaithe go n-íocfadh BCNanna an limistéir euro a gcuid suibscríobhanna i ndá thráthchuid in 2021 agus 2022⁸². Dá bhrí sin, ceanglaíodh ar an mBanc Ceannais an chéad tráthchuid de €10.3m a íoc an 29 Nollaig 2021,

⁸² Go háirithe, Cinneadh (AE) 2020/138 ón BCE an 22 Eanáir 2020 maidir le híoc chaipiteal an Bhainc Ceannais Eorpaigh ag bainc cheannais náisiúnta na mBallstát sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/44 (BCE/2020/4), Cinneadh (AE) 2020/136 ón BCE an 22 Eanáir 2020 maidir le híoc chaipiteal an Bhainc Ceannais Eorpaigh ag bainc cheannais náisiúnta nach bhfuil sa limistéar euro agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/48 (BCE/2020/2) agus Cinneadh (AE) 2020/139 ón BCE an 22 Eanáir 2020 lena leagtar síos na téarmaí agus coinníollacha maidir le haistrithe scaireanna caipitil an Bhainc Ceannais Eorpaigh idir na bainc cheannais náisiúnta agus maidir le coigeartú ar chaipiteal íochta agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/45 (BCE/2020/5).

rud a mhéadaigh a scair de chaipiteal íoctha BCE ó €128.4m in 2020 go €138.7m in 2021. Dá bhrí sin, ceanglaíodh ar an mBanc Ceannais an chéad tráthchuid de €10.3m a íoc an 28 Nollaig 2022, rud a mhéadaigh a scair de chaipiteal íoctha BCE ó €138.7m in 2021 go €149.0m in 2022.

Nóta 18: Éilimh atá Coibhéiseach le hAistriú Cúlchistí Eachtracha

	2022 €000	2021 €000
Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha	683,175	683,175
Iomlán	683,175	683,175

Seasann siad seo d'éilimh an Bhainc Ceannais arna n-eascairt as aistriú sócmhainní cúlchistí eachtracha chuig BCE nuair a chuaigh an Banc Ceannais isteach san Eurochóras. Is ionann éileamh an Bhainc Ceannais i leith na sócmhainní sin agus €683.2 milliún (2021: €683.2 milliún), atá socraithe i gcoibhneas lena scair scála caipitil san Eurochóras (Nóta 1(c)(ii), Nóta 1(c)(iii), Nóta(c)(vii), Nóta 34(ii)).

B'ionann scála caipitil an Bhainc Ceannais san Eurochóras amhail ar an 31 Nollaig 2022 agus 1.6934% (2021: 1.6934%).

Déantar na héilimh a ainmniú in euro de réir luacha a shocraítear tráth a n-aistrithe. Tabharfar luach saothair ina leith de réir an ráta úis is déanaí atá ar fáil do na príomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna choigeartú chun toradh nialasach ar an gcomhpháirt óir a léiriú (Nóta 2(x)).

Nóta 19: Éilimh eile laistigh den Eurochóras (glan)

	2022 €000	2021 €000
Iarmhéid (glan) TARGET2 (i)	101,975,640	84,768,093
Scair de bhrabúis BCE (ii)	-	2,540
Glantordh Chomhthiomsú Ioncaim Airgeadaíochta (iii)	(323,160)	(166,015)
Iomlán	101,652,480	84,604,618

- (i) Léiríonn an mhír seo glansócmhainn an Bhainc Ceannais ón BCE mar thoradh ar íocaíochtaí trasteorann arna ndéanamh trí chóras TARGET2 ag na BCNanna go léir atá rannpháirteach sa CEBC, atá comhionann le €102.0bn (2021: €84.8bn) (Nóta 1(c)(ii)). Freagraíonn an méadú ar shócmhainn TARGET2 do ghlan-insreabhadh euro isteach sa Stát trí chuntas TARGET2 an Bhainc Ceannais le linn na tréimhse. Rinneadh na hinsreafaí a threorú trí chuntais taise institiúidí creidmheasa (Nóta 23).

Ag deireadh na bliana 2022, bhí cúig thír neamh-rannpháirteacha (an Bhulgáir, an Chróit, an Danmhairg, an Pholainn agus an Rómáin) ina mbaill de TARGET2 agus, dá bhrí sin, áiríodh sa phróiseas iltaobhach glanluachála iad. Déantar an luach saothair i leith shuíomhanna TARGET2, cé is moite d'iarmhéideanna arna n-eascairt as idirbhearta babhtála droim ar ais, a ríomh go laethúil de réir an ráta úis imeallaigh is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe.

- (ii) In 2021, áiríodh sa mhír seo an méid a bhí dlite don Bhanc Ceannais i leith dháileadh eatramhach bhrabús BCE. Maidir le 2022, chinn an Chomhairle Rialaithe, i bhfianaise thoradh foriomlán airgeadais BCE don bhliain, go gcoinneofaí méid iomlán an ioncaim ó nótaí bainc i gcúrsaíocht, mar aon le hioncam arna thuilleamh ar urrúis arna gceannach faoi CMU, APP agus PEPP. Dá bhrí sin, ní raibh aon mhéideanna gaolmhara dlite ag deireadh 2022 (Nóta 1(c)(v), Nóta 5(ii)).
- (iii) Léiríonn sé seo an t-ioncam airgeadaíochta is iníoctha de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 1(b), Nóta 1(c)(iii), Nóta 1(c)(vi), Nóta 6).

Nóta 20: Sócmhainní Eile

	2022 €000	2021 €000
Ioncam Úis Fabhráithe (i)	959,362	726,238
Maoin, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe (Nóta 21)	462,431	472,224
- Inláimhsithe - Gléasra, Maoin, Trealamh (Nóta 21(ii))	418,746	449,382
- Doláimhsithe - Bogearraí Ríomhaireachta (Nóta 21 (ii))	43,685	22,842
Cistí BIS (ii)	421,064	440,614
Ciste Cothromais (iii)	351,841	400,776
Tobhach Maoiniúcháin (iv)	190,314	187,856
Maoin Infheistíochta (v)	46,200	50,740
Eile (vi)	32,885	84,908
Scaireanna sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta (vii)	22,583	21,828
Ioncam Fabhráithe Ceannaithe (viii)	16,118	57,394
Réamhíocaíochtaí	7,769	5,934
Costais In-aisghabhála an Phríomh-Chláir Creidmheasa (ix)	550	4,711
Faoiseamh CAI ó Fhiachas (x)	-	6,712
Iomlán	2,511,117	2,459,935

- (i) Folaíonn an mhír seo an t-ioncam fabhráithe arna thuilleamh ar phunann urrús an Bhainc Ceannais. Baineann an méadú le luach saothair i leith iarmhéideanna TARGET2 den chuid is mó.
- (ii) Déanann an Banc Ceannais infheistíocht i gcistí bannaí mar chuid dá straitéis infheistíochta fhadtéarmach. Bíonn na cistí seo á mbainistiú go seachtrach ag BIS thar ceann an Bhainc Ceannais, fad a bhíonn na sócmhainní foluiteacha á sealbhú ag coimeadaí (Nóta 1(c)(xi),(j)(ii), (k), Nóta 3(ii), Nóta 7(iii), Nóta 32, Nóta 35).
- (iii) Déanann an Banc Ceannais infheistíocht i gciste cothromais mar chuid dá straitéis infheistíochta. Rianaíonn an ciste cothromais Innéacs Domhanda MSCI. Bíonn an ciste á bhainistiú ag cuideachta bainistíochta sócmhainní thar ceann an Bhainc Ceannais, fad a bhíonn na sócmhainní foluiteacha á sealbhú ag coimeadaí (Nóta 1(c)(xi),(j)(ii), (k), Nóta 7(iii), Nóta 32(iv), Nóta 35).
- (iv) Baineann glantobhach maoiniúcháin €190.3m (2021: €187.9m) le hioncam €192.4m atá dlite don Bhanc Ceannais ó eintitis rialáilte tionscail (2021: €190.7m) agus a thoirbheofar

in 2023, mar aon le soláthar i leith thobhaigh €2.1m atá fós gan íoc (2021: €2.8m) (Nóta 39(iv)).

- (v) I mí na Samhna 2015, fuair an Banc Ceannais Bloc R, Duga Spencer, inar cuimsíodh Sciathán Thiar agus Thoir. Tá an mhaoín sin, a bhí déanta suas de spás tráchtála agus miondíola, á húsáid go páirteach ag an mBanc Ceannais dá chuid oibríochtaí, fad a bhí an chuid eile di á ligean ar cíós nó ar fáil lena ligean ar an margadh oscailte. An 30 Meán Fomhair 2022, díoladh an Sciathán Thiar, inar cuimsíodh sócmhainn dhocht inláimhsithe de spás oifige agus réadmhaoín Infheistíochta d'aonad miondíola. Déantar na caillteanais faoi seach ar dhíolachán na sócmhainní sin, arbh ionann iad agus €3.7m agus €0.1m, a áireamh in Ioncam Eile (Nóta 7). Amhail ar an 31 Nollaig 2022, tá an Sciathán Thoir fós ar seilbh ag an mBanc Ceannais, ar réadmhaoín infheistíochta é arna luacháil ar €46.2m ar an dáta sin. Ba é luachálaí seachtrach, neamhspleách réadmhaoine a chinn luach cóir na réadmhaoine infheistíochta, agus bhí na cáilíochtaí aitheanta, gairmiúla aige/aici mar aon le taithí ar shuíomh agus aicme na réadmhaoine a bhí á luacháil. Déileálar le haon chaillteanais neamhréadaithe i ndáil leis an athluacháil seo i gcomhréir leis an Treoirlíne (Nóta 1(p), Nóta 32).

Ní dhearna an díolachán difear don léas atá i bhfeidhm le páirtí tríú páirtí do chuid den sciathán thoir ó 2015 i leith. Tá téarma 13 bliana fágtha ar an léas seo agus tá clásáil scoir ann i gceann 5 bliana. Tá foráil d'athbhreithniú cíosa cúigbhliantúil sna léas seo i gcomhréir leis na dálaí margaidh a bheidh i réim. Comhaontaíodh an t-athbhreithniú cíosa is déanaí ar an 27 Iúil 2021 (Nóta 7(iv)). Is iad seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta is infhaighte amach anseo ón léas seo:

Íocaíochtaí Íosta Léasa Is Infhaighte Amach Anseo

	2022 €000	2021 €000
Tráth nach déanaí ná aon bhliain	2,636	2,636
Tar éis aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana	10,546	10,546
Tar éis cúig bliana	19,401	22,038
Iomlán	32,583	35,220

- (vi) Áirítear in Eile suim €14.3m (2021: €24.7m) a bhaineann le féichiúnaithe agus €9.9m (2021: €2.7m) a bhaineann le cuntais chomhthaobhachta airgid agus toradh forlíontach CBL a bhfuil an Banc Ceannais i dteideal a aiséileamh ar na foirgnimh ar Shráid an Mhéara ó na Coimisinéirí Ioncaim agus arb ionann é agus €10.9m. An laghdú bliain ar bhliain, baineann sé go príomha le hioncam úis fabhráithe ar Thaisc Rialtais in 2021, arna aithint mar úschostas de bharr méaduithe ar phríomhrátaí úis an Eurochórais le linn 2022 (Nóta 2(viii), Nóta 29(iii)).
- (vii) Sealbhaíonn an Banc Ceannais 8,564 scair (2021: 8,564 scair) sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, arb é €222.6m a gcoibhéis euro (2021: €21.8m) (Nóta 1(c)(xiii), Nóta 5(i), Nóta 34(i)).

- (viii) Tá méadú tagtha ar ús fabhráithe ceannaithe go €16.1m (2021: €57.4m), rud atá á spreagadh go mór mór ag gníomhaíocht ceannaigh laghdaithe in urrúis beartais airgeadaíochta.
- (ix) B'ionann an t-iarmhéid i gcuntas sócmhainne CCR agus €0.5m (2021: €4.7m) a sheasann do chostais CCR atá fós le forchúiteamh trí tháillí arna muirearú ar CIPanna (Nóta 1(q), Nóta 7(iii)).
- (x) In 2021, bhain an féichiúnaí seo le hairgead a bhí dlite don Bhanc Ceannais ón Státchiste (€6.5m) i leith ioncaim arna aistriú ó Chuntas Teagmhasach Speisialta na hÉireann (SCA-1) agus coigeartuithe ar mhuirir iarchurtha ar an gCuntas Riartha arna shealbhú le CAI. Baineadh úsáid as na cistí seo chun ranníocaíocht na hÉireann a mhaoiniú i leith dhá chlár um fhaoiseamh ó fhiachas mar chuid den Tionscnamh le haghaidh Tíortha Bochta faoi Throm-Fhiacha (HIPC) i Márta 2020 agus i Meitheamh 2021. Rinneadh méideanna a bhí dlite ón Státchiste a aisíoc leis an mBanc Ceannais i mí na Nollag 2022 (Nóta 3(ii)).

Nóta 21: Maoín, Gléasra, Trealamh agus Sócmhainní Doláimhsithe

(i) Maoín, Gléasra agus Trealamh Inláimhsithe (MGT)

	Áitribh		Gléasra & Innealra		Trealamh Ríomhaireachta		Trealamh Eile		Trosacán, Feistithe & Daingneáin		Sócmhainní á dTógáil (c)		Sócmhainní Dochta Inláimhsithe Iomlána*	
	2022 €000	2021 €000	2022 €000	2021 €000	2022 €000	2021 €000	2022 €000	2021 €000	2022 €000	2021 €000	2022 €000	2021 €000	2022 €000	2021 €000
Ar Costas - 1 Eanáir	163,789	163,789	44,414	80,075	19,281	15,321	7,133	7,139	16,799	16,845	289,441	258,137	540,857	541,306
Aistriú	578	-	498	190	1,300	3,960	191	106	423	-	(2,990)	(4,256)	-	-
Éadálacha	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-	34,233	35,560	34,233	35,560
Diúscairtí (a)	(64,237)	-	(1,753)	(35,851)	-	-	(148)	(112)	(132)	(46)	-	-	(66,270)	(36,009)
Ar Costas - 31 Nollaig	100,130	163,789	43,159	44,414	20,581	19,281	7,176	7,133	17,090	16,799	320,684	289,441	508,820	540,857
Dímheas Carntha amháil ar an 1 Eanáir	32,589	28,624	22,338	53,858	14,438	11,433	6,805	6,826	15,305	13,084	-	-	91,475	113,825
Dímheas don Bhliain (b)	3,448	3,965	2,708	2,680	1,782	3,005	112	91	1,029	2,267	-	-	9,079	12,008
Diúscairtí	(8,447)	-	(1,753)	(34,200)	-	-	(148)	(112)	(132)	(46)	-	-	(10,480)	(34,358)
Dímheas Carntha amháil ar an 31 Nollaig	27,590	32,589	23,293	22,338	16,220	14,438	6,769	6,805	16,202	15,305	-	-	90,074	91,475
Glanluach leabhar amháil ar an 31 Nollaig	72,540	131,200	19,866	22,076	4,361	4,843	407	328	888	1,494	320,684	289,441	418,746	449,382

* Mar thoradh ar mhionanailís ar gach mír infheistíochta sa chuntas Sócmhainní á dTógáil, atá roinnte de láimh idir sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe, tá athaicmiú déanta ar na hiarmhéideanna tosaigh inláimhsithe agus doláimhsithe ar mhaithe le comhsheasmhacht (Nóta 40).

- (a) Rinneadh áitreabh lenar bhain costas fála tosaigh €64.2m agus leabharluach glan €55.8m a aistriú nó a dhiúscairt le linn na bliana. As an leabharluach sin, aistríodh €5.6m (6ú hurlár den sciathán thoir, Duga Spencer) ó Shócmhainní Dochta chuig Sócmhainní Infheistíocht, agus díoladh an méid a bhí fágtha arbh ionann é agus €50.2m (6ú hurlár den sciathán thiar, Duga Spencer). B'ionann na fáltais ar an diúscairt agus €46.5m; aithnítear cailiteanas €3.7m mar chaiteachas sa chuntas Brabúis agus Cailiteanais agus Leithghabhála (Nóta 7(iii), Nóta 29(ii)). Ina theannta sin, baineann diúscairtí sna haicmí sócmhainní eile don

chuid is mó le scor sócmhainní ar luach nialasach nach mbíonn á n-úsáid a thuilleadh ag an mBanc Ceannais.

- (b) As muirear iomlán dímheasa €9.1m (2021: €12.0m), rinneadh €0.2 milliún a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra i ndáil le hinnealra Mionta (2021: €0.1m).
- (c) Baineann Sócmhainní á dTógáil (SAT) le caiteachas caipitil arna thabhtú ar shócmhainní nach raibh in úsáid fós faoi dheireadh na bliana (Nóta 1(e)(v)). Baineann méid €312.9m le tógáil an áitribh ar Shráid an Mhéara. Tá sé seo mar chuid de straitéis an Bhainc Ceannais um Fhorbairt Campais.
- (d) Tá bailiúchán ealaíne ar seilbh ag an mBanc Ceannais, ar fiú €2.1m é bunaithe ar luacháil a rinneadh in 2022 (2021: €2.1m), agus nach n-aithnítear i gcuntais bhliantúla an Bhainc Ceannais ar bhonn ábharthachta sa bhliain reatha airgeadais nó sna blianta airgeadais roimhe seo (Nóta 1(e)).

(ii) Bogearraí Ríomhaireachta Doláimhsithe

	Trealamh Ríomhaireachta		Sócmhainní á bhForbairt (a)		Sócmhainní Docta Doláimhsithe Iomlána*	
	2022 €000	2021 €000	2022 €000	2021 €000	2022 €000	2021 €000
Ar Costas – 1 Eanáir	51,121	39,236	7,267	14,330	58,388	53,566
Aistriú	4,303	11,900	(4,303)	(11,900)	-	-
Éadálacha	-	-	25,015	4,837	25,015	4,837
Diúscairtí	(25)	(15)	-	-	(25)	(15)
Ar Costas – 31 Nollaig	55,399	51,121	27,979	7,267	83,378	58,388
Dímheas Carntha amhail ar an 1 Eanáir	35,546	32,379	-	-	35,546	32,379
Dímheas don Bhliain	4,172	3,182	-	-	4,172	3,182
Diúscairtí	(25)	(15)	-	-	(25)	(15)
Dímheas Carntha amhail ar an 31 Nollaig	39,693	35,546	-	-	39,693	35,546
Leabharluach Glan amhail ar an 31 Nollaig	15,706	15,575	27,979	7,267	43,685	22,842

* Mar thoradh ar mhionanailís ar gach mír infheistíochta sa chuntas Sócmhainní á bhForbairt, atá roinnte de láimh idir sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe, tá athaicmiú déanta ar na hiarmhéideanna tosaigh inláimhsithe agus doláimhsithe ar mhaithe le comhsheasmhacht (Nóta 40).

- a) Baineann Sócmhainní á bhForbairt le caiteachas caipitil arna thabhtú ar shócmhainní nach raibh in úsáid go fóill faoi dheireadh na bliana (Nóta 1(e)(v)). Aistriú €4.3m ó chuntas Sócmhainní á bhForbairt chuig aicme sócmhainne Trealamh Ríomhaireachta Doláimhsithe, bhain sé le hobair forbartha a rinneadh ar shócmhainní doláimhsithe éagsúla arna nginiúint go himheánach agus a tugadh chun críche le linn na bliana.

Nóta 22: Nótaí Bainc i gcúrsaíocht

	2022 €000	2021 €000
Líon iomlán nótaí bainc euro eisithe i gcúrsaíocht ag an mBanc Ceannais	46,710,441	44,281,381
Dlíteanas arna eascairt as scair BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht	(2,129,636)	(2,092,182)
Dlíteanas de réir ualú an Bhainc Ceannais i scála caipitil BCE	(20,088,531)	(18,127,664)
Iomlán	24,492,274	24,061,535

Folaíonn an mhír seo scair an Bhainc Ceannais de na nótaí bainc iomlána arna n-eisiúint ag an Eurochóras. Déantar luach iomlán na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht a leithdháileadh ar gach BCN ar an lá deireanach oibre de gach mí de réir scála leithdháilte nótaí bainc.

Tháinig méadú 5.5% ar luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint iarbhair ag an mBanc Ceannais (2021: 5.6%) in 2022, ó €44.3bn go dtí €46.7bn. Tháinig méadú 1.8% ar luach iomlán na nótaí bainc euro i gcúrsaíocht san Eurochóras (2021: 7.7%) ón 1 Eanáir 2022 go dtí deireadh mhí na Nollag 2022. I gcomhréir leis an scála leithdháilte, bhí nótaí bainc euro arbh ionann a luach agus €24.5bn i gcúrsaíocht ag an mBanc Ceannais ag deireadh na bliana 2022, i gcomparáid le €24.1bn ag deireadh na bliana 2021. Ó tharla gur mó na nótaí bainc arna n-eisiúint iarbhair ag an mBanc Ceannais ná an méid leithdháilte, taispeántar an difríocht de €22.2bn (2021: €20.2bn) in “Dlíteanas a bhaineann le Leithdháileadh Nótaí Bainc euro laistigh den Eurochóras” (Nóta 1(b), Nóta 1(c)(iv), Nóta 28).

Nóta 23: Dlíteanas d'Institiúidí Creidmheasa an Limistéir Euro maidir le hOibríochtaí Beartais Airgeadaíochta in Euro

	2022 €000	2021 €000
Saoráid Taisce (i)	96,815,372	12,622,000
Cuntais Reatha (lena gclúdaítear córas na gcúlchistí íosta) (ii)	5,634,995	95,525,764
Iomlán	102,450,367	108,147,764

(i) Tá an tsaoráid taisce seo ar fáil do chontrapháirtithe chun cistí a chur leis an mBanc Ceannais thar oíche de réir ráta na saoráide taisce (DFR). Bhog rátaí DFR ó -0.5% go 0% ar an 27 Iúil 2022, go 0.75% ar an 14 Meán Fómhair 2022, go 1.5% ar an 2 Samhain 2022 agus go 2.0% ar an 21 Nollaig 2022 (Nóta 2(viii)).

(ii) Ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa sa limistéar euro meántaiscí cúlchiste íosta, lena n-eisiatar cistí institiúidí creidmheasa nach bhfuil indiúscartha go héasca agus cuntais institiúidí creidmheasa atá díolmhaithe ó na ceanglais cúlchiste íosta, a shealbhú lena gcuid BCNanna faoi seach chun críocha bainistíocht leachtachta.

Ó mhí an Mheithimh 2014 i leith, déantar aon chúlchistí arna sealbhú de bhreis ar na ceanglais íosta a mhuirearú de réir 0% nó de réir DFR.

Thug an Chomhairle Rialaithe córas dhá leibhéal isteach, dar thús an 30 Deireadh Fómhair 2019, maidir le luach saothair cúlchistí, lena n-eisiadh cuid de shealúchais róleachtachta

institiúidí creidmheasa ó luach saothair diúltach de réir an ráta is infheidhme ar an tsaoráid taisce. Tugadh luach saothair i leith na coda seo de réir an ráta bhliantúil de 0%. Rinneadh méid na sealúchas cúlchiste de bhreis ar na ceanglais cúlchiste íosta a bhí díolmhaithe ón ráta saoráide taisce ag deireadh na bliana - an leibhéal díolmhaithe - a chinneadh mar iolra de 6 ar cheanglais cúlchiste íosta de chuid institiúide⁸³. Leanadh de luach saothair a thabhairt i leith an leibhéil neamh-dhiolmhaithe de shealúchais róleachtachta de réir 0% nó de réir DFR, cibé acu is ísle. Tar éis DFR a ardú os cionn 0% amhail ón 14 Meán Fómhair 2022⁸⁴, chinn an Chomhairle Rialaithe go gcuirfí an córas dhá leibhéal ar fionraí ó tharla nach raibh gá leis a thuilleadh.

Rinneadh luach saothair i leith na dtaiscí seo a íoc ag ráta PA suas go dtí an 20 Nollaig 2022. An 27 Deireadh Fómhair 2022, chinn an Chomhairle Rialaithe go ndéanfaí luach saothair a íoc i leith na dtaiscí seo de réir DFR an Eurochórais⁸⁵.

An ghluaiseacht ó na cuntais reatha chuig an tsaoráid taisce, léiríonn sí go raibh luach saothair dearfach á íoc i leith na saoráide taisce in 2022, fad atá luach saothair á íoc i leith an chuntais reatha ag 0%.

Nóta 24: Dlíteanais eile in euro d'Institiúidí Creidmheasa de chuid an Limistéir Euro

	2022 €000	2021 €000
Comhaontuithe Athcheannaigh	934,174	1,779,277
Iomlán	934,174	1,779,277

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag an mír seo.

Mar chuid de bhainistíocht a chuid sócmhainní infheistíochta, baineann an Banc Ceannais úsáid as idirbhearta athcheannaigh le contrapháirtithe formheasta faoi chomhaontuithe dlíthiúla GMRA. An laghdú go €934.2m ar chomhaontuithe athcheannaigh in euro le cónaitheoirí de chuid an limistéir euro (2021: €1,779.3m), baineann sé le laghdú ginearálta ar ghníomhaíocht athcheannaigh (Nóta 1(ii)).

Nóta 25: Dlíteanais do Chónaitheoirí eile de chuid an Limistéir euro

	2022 €000	2021 €000
Taisc Rialtais Ghinearálta (i)	25,991,118	31,231,682
Dlíteanais Eile	5,127	5,128
Cúlchiste Airgeadra a bhaineann le Glanfháltais Monaí (ii)	2,998	3,079
Iomlán	25,999,243	31,239,889

⁸³ Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe an t-iolraitheoir a choigeartú le himeacht ama de réir mar a athróidh leibhéal sealúchas róleachtachta.

⁸⁴ Cinntí ón gComhairle Rialaithe an 8 Meán Fómhair 2022

<https://www.ecb.europa.eu/press/pr/date/2022/html/ecb.mp220908~c1b6839378.en.htm>

⁸⁵ Cinntí na Comhairle Rialaithe an 27 Deireadh Fómhair 2022

<https://www.ecb.europa.eu/press/pr/date/2022/html/ecb.mp221027~df1d778b84.en.htm>

Tá tréimhse aibíochta níos giorra ná aon bhliain amháin ag na míreanna seo.

- (i) Folaíonn taiscí rialtais ghinearálta cuntais reatha agus taiscí is iníoctha ar éileamh atá á sealbhú ag an mBanc Ceannais (Nóta 2(viii), Nóta 37(ii)). Suas go dtí an 14 Meán Fómhair 2022, bhí luach saothair i leith Taiscí Rialtais á íoc ag ráta ísle de €STR agus DFR ar a bhfuil teorainn 0%. Ón 14 Meán Fómhair 2022, bhí luach saothair i leith na dtaiscí seo á íoc ag an ráta ísle den €STR agus DFR agus teorainn 0% bainte (i gcomhréir le cinneadh na Comhairle Rialaithe an 8 Meán Fómhair 2022). I Meán Fómhair 2022, tháinig €STR chun bheith dearfach.
- (ii) Ceanglaítear go ndéanfar costais agus fáltais a bhaineann le heisiúint monaí a mhuirearú ar an gCúlchiste Airgeadra nó a chreidiúnú dó. Ní mór an t-iarmhéid ón ngníomhaíocht sin a íoc leis an Státchiste ar ordú ón Aire Airgeadais. I gcás ina mbeidh glanchostas ann don Bhanc Ceannais de thoradh glanfháltas ó eisiúint monaí mar aon le caiteachais, déanfaidh an tAire Airgeadais an difríocht a chúiteamh leis an mBanc Ceannais. Déantar an t-iarmhéid ar an gCúlchiste Airgeadra a bhaineann le heisiúint monaí a thuairisciú mar shócmhainn nó mar dhliteanas de chuid an Bhainc Ceannais (Nóta 1(g), Nóta 37(ii)). Tá na caiteachais go léir i ndáil le táirgeadh monaí curtha in iúl i Nóta 8. Áirítear i Nóta 30 caiteachais a bhaineann le sochair scoir a nochtadh. Sa tábla thíos, áirítear sonraí maidir leis na glanfháltais don bhliain:

	2022 €000	2021 €000
Monaí arna n-eisiúint i gcúrsaíocht	18,547	22,590
Foirne Monaí Samplacha	1,244	295
Monaí Éireannacha tarraingthe siar	(111)	(163)
Lúide Costais Oibriúcháin (Nóta 8)*	(5,471)	(3,742)
Glanfháltais ó Eisiúintí Monaí	14,209	18,980
Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra**	(402)	(406)
Aistriú chuig an Státchiste	(13,888)	(19,918)
Iarmhéid Tosaigh	3,079	4,423
Iarmhéid Deiridh	2,998	3,079

*Ar áireamh i gCostais Oibriúcháin 2022 €5.5m, tá €2.5m a bhaineann le forchostais atá inchurtha do sholáthar agus d'eisiúint monaí.

**Ar áireamh i Ranníocaíocht Aoisliúntais Fostóra €0.4m, tá €0.3m a bhaineann le caiteachais pinsin do chomhaltaí foirne a sholáthraíonn seirbhísí áitiúla forchostas.

Mar thoradh ar an *Acht Airgeadais* 2002, agus mar a d'ordaigh an tAire Airgeadais, ceanglaítear ar an mBanc Ceannais na glanfháltais ó eisiúint monaí a aistriú go díreach chuig an Státchiste nó na glanfháltais ó mhonaí a fháil ón Státchiste. Mar a léirítear sa tábla thuas, b'ionann agus €18.5m (2021: glaneisiúint €22.6m) glaneisiúint monaí ón mBanc Ceannais in 2022. Dá thoradh sin, gineadh aistriú €11.7m a íocadh leis an Státchiste ar an 21 nollaig 2022, agus íocadh €2.2m a bhí fágtha leis an Státchiste ar an 20 Feabhra 2023 (2021: Íocadh €19.9m leis an Státchiste).

Nóta 26: Dliteanais in euro do Chónaitheoirí nach Cónaitheoirí de chuid an Limistéir Euro iad

	2022 €000	2021 €000
Gníomhaireachtaí AE (i)	667,742	518
Institiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta	10,546	10,062
Iomlán	678,288	10,580

Tá aibíocht níos lú ná aon bhliain amháin ag na hiarmhéideanna thuas.

- (i) An méadú ar 'Gníomhaireachtaí AE', baineann sé le cuntas airgid arna oscailt ag an mBord Réitigh Aonair leis an mBanc Ceannais. B'ionann agus €661.6m an t-iarmhéid sa chuntas sin in 2022 (2021: €0.0m).

Nóta 27: Contrapháirtí Ceart Speisialta Tarraingthe arna Leithdháileadh ag CAI

	2022 €000	2021 €000
Contrapháirtí CST arna leithdháileadh ag CAI	5,109,457	5,044,920
Iomlán	5,109,457	5,044,920

Is ionann é seo agus dliteanas an Bhainc Ceannais don CAI i leith leithdháileadh Ceart Speisialta Tarraingthe (CSTanna) ar Éirinn. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shócmhainní CST an Bhainc Ceannais de thoradh oibríochtaí iasachtaithe an CAI nó de thoradh mhalartuithe CSTanna ar airgeadra eachtrach leis an CAI féin, le comhaltáí eile den CAI agus le sealbhóirí oifigiúla eile CSTanna. Féadfar go dtiocfaidh athrú ar shealúchais CST freisin mar thoradh ar íocaíochtaí úis arna ndéanamh ag an CAI ar Shuíomh Cúlchiste an Bhainc Ceannais sa CAI agus ar shealúchais CST an Bhainc Ceannais glan ar leithdháileadh CST (Nóta 1(c)(x), Nóta 11(i)).

Nóta 28: Dliteanais a bhaineann le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras

	2022 €000	2021 €000
Dliteanas de réir ualú an Bhainc i scála caipitil BCE	20,088,531	18,127,664
Dliteanas arna eascairt as scair BCE de nótaí bainc euro i gcúrsaíocht	2,129,636	2,092,182
Iomlán	22,218,167	20,219,846

Cuimsíonn an mhír seo dliteanas an Bhainc Ceannais i leith an Eurochórais maidir le leithdháileadh nótaí bainc euro laistigh den Eurochóras. Léiríonn sé an difríocht idir luach na nótaí bainc euro arna n-eisiúint go hiarbhair ag an mBanc Ceannais agus a scair scála caipitil d'eisiúint iomlán an Eurochórais (Nóta 1(c)(ii), (c)(iii) agus (c)(iv), Nóta 22). Déantar an luach

saothair i leith an dliteanais sin a ríomh go laethúil de réir an ráta úis is déanaí arna úsáid ag an Eurochóras ina chuid tairiscintí le haghaidh príomhoibríochtaí athmhaoinithe (Nóta 2(xiii)).

Nóta 29: Dliteanais Eile

	2022 €000	2021 €000
Taisce Chiste Ranníocach SRT (i)	884,050	154,112
Leithghabháil Brabúis & Caillteanais (ii)	500,121	1,067,573
Fabhruithe Úis (iii)	206,060	172,300
An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (iv)	60,704	1
Taisce Ciste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólaigh		
Infheistíochta (v)	49,248	-
Fabhruithe Eile (vi)	36,314	27,622
Dliteanais Eile (vii)	32,393	42,549
Taisce Ciste Cúitimh Árachais (viii)	27,531	53,244
Iomlán	1,796,421	1,517,401

- (i) Faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéimeanna Ráthaíochta Taiscí) 2015 (I.R. Uimh. 516 de 2015) (Rialacháin SRT), bhunaigh an Banc Ceannais Ciste Ranníocach SRT in 2016. Ní mór don Scéim Ráthaíochta Taiscí acmhainní airgeadais arb ionann iad agus 0.8% de thaiscí cumhdaithe a bhaint amach faoi 2024. Chun an spriocleibhéal seo a bhaint amach, ceanglaítear ar institiúidí creidmheasa ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh leis an gciste bunaithe ar a dtaiscí cumhdaithe agus ar a leibhéal riosca (Nóta 2(xii)).

Faoi Rialachán 18(1) de Rialacháin SRT, bainisteoidh agus riarfaidh an t-údarás ainmnithe (an Banc Ceannais) Ciste Ranníocach SRT agus faoi Rialachán 18(2), infheisteadh an t-údarás ainmnithe an Ciste ar mhodh atá sách éagsúlaithe agus lena ngabhann riosca íseal. Ullmhaíonn an Banc Ceannais ráitis leithleacha airgeadais neamhreachtúil don scéim.

Gluaiseacht ar Thaisce Chiste Ranníocach SRT	2022 €000	2021 €000
Iarmhéid Tosaigh leis an mBanc Ceannais	154,112	140,532
Ranníocaíochtaí	167,560	150,915
Íocaíochtaí	(21)	(84)
Ús - Ioncam/(Caiteachas)	1,399	(70)
Díbhinní (a)	-	1,819
Clár Nóta Stáitchiste GBCN (b)	561,000	(139,000)
Iarmhéid Deiridh leis an mBanc Ceannais	884,050	154,112

- (a) Níor aistríodh aon díbhinní chuig Ciste Ranníocach SRT in 2022 (2021: €1.8m) mar a shonraítear thíos:

Díbhinní	2022 €000	2021 €000
Comhar Creidmheasa Berehaven	-	1,500
Comhar Creidmheasa an Rois	-	319
Iomlán	-	1,819

- (b) I mí na Samhna 2022, rinneadh cistí SRT a bhí á sealbhú roimhe seo i Nótaí Stáitchiste a thabhairt ar ais don Bhanc Ceannais.
- (ii) Léiríonn sé méid an Ioncaim Barrachais is iníoctha leis an Stáitchiste (Nóta 1(o), Nóta 9).
- (iii) Baineann an figiúr seo go príomha leis an úschostas ar Thaiscí Rialtais, ar Thaiscí Institiúidí Creidmheasa agus luach saothair ar iarmhéideanna Nótaí Bainc de bharr méaduithe ar phríomhrátaí úis an Eurochórais le linn 2022 (Nóta 1(c)(iv), Nóta 2(viii)(xiii), Nóta 20(vi)).
- (iv) Bunaíodh Ciste Réitigh Foras Creidmheasa in 2011 faoi Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Seasann iarmhéid €60.7m (2021: €0.01m) do thaiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste. Léiríonn an méadú ar an iarmhéid tabhairt ar ais na gcistí don Bhanc Ceannais. Tá an Banc Ceannais freagrach as an gCiste a bhainistiú agus a riaradh agus ullmhaíonn an Banc ráitis airgeadais ar leith don Chiste (Nóta 2(xviii)).
- (v) Bunaíodh an Ciste Réitigh do Bhainc agus do Ghnólachtaí Infheistíochta in 2015 faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Téarnamh agus Réiteach Banc) 2015. Seasann iarmhéid €49.2m (2021: €Nialas) do thaiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste. Léiríonn an méadú ar an iarmhéid tabhairt ar ais na gcistí don Bhanc Ceannais. Tá an Banc Ceannais freagrach as an gCiste a bhainistiú agus a riaradh agus ullmhaíonn an Banc ráitis airgeadais ar leith don Chiste (Nóta 2(xix)).
- (vi) I bhFabhrúithe Eile, áirítear fabhrú €9.9m (2021: €11.4m) i leith saoire bhliantúil nár glacadh (Nóta 8(i)), fabhrúithe tionscadal caipitiúil €11.9m (2021: €5.3m) agus costais chomhroinnte a bhaineann le tionscadail de chuid an Eurochórais atá fós le sonrascadh €6.3m (2021: €4.1m).
- (vii) An ghluaiseacht i ndlíteanais eile, baineann sí go príomha le laghdú €14.2m ar chuntas an Chiste Aoisliúntais de bharr íocaíochtaí a rinneadh in 2022 ar iarratas chuige sin ó iontaobhaithe na scéime Aoisliúntais.
- (viii) San Acht Árachais 1964, rinneadh socrú chun an Ciste Cúitimh Árachais a bhunú faoi chomhair dlíteanas áirithe de chuid árachóirí dócmhainneacha, chun deontas agus iasachtaí a bheith le tabhairt don Chiste ag an Aire Airgeadais agus ranníocaíochtaí a bheith le tabhairt don Chiste ag árachóirí agus chun na gcríocha sin agus críocha eile do leasú agus do leathnú na nAchtanna Árachais 1909 go 1961 (Nóta 2(xi), Nóta 37(iv)).
- I gcomhréir le halt 2(2) d'Acht 1964, déantar an Ciste a chothabháil agus a riaradh faoi urláimh Uachtarán na hArd-Chúirte ag gníomhú dó nó di tríd an gCuntasóir. San Acht

Árachais (Leasú) 2018, rinneadh socrú maidir le riarachán an Chiste Cúitimh Árachais a aistriú chuig an mBanc Ceannais. Ghlac an Banc Ceannais freagracht as riarachán an Chiste Cúitimh Árachais an 25 Lúnasa 2018. Ullmhaíonn an Banc Ceannais tuarascáil ar leith don Chiste dá ngairtear Tuarascáil maidir le Riaradh agus Gluaiseacht an Chiste Cúitimh Árachais.

Seasann iarmhéid €27.5m (2021: €53.2m) do thaiscí atá leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste.

Nóta 30: Sochair Scoir

Nochtann an Banc Ceannais an costas a bhaineann le soláthar sochar i gcomhréir le FRS 102. Rinne Lane Clark Peacock (LCP), achtúirí an Bhainc, tuarascáil achtúireach iomlán a thabhairt chun críche ar an 31 Nollaig 2022 chun ceanglais maidir le nochtadh faoi FRS 102 a chomhlíonadh.

Déantar luacháil iomlán achtúireach ar an Scéim ar bhonn tríbhlíantúil. Rinneadh an luacháil achtúireach iomlán dheireanach ar an 31 Nollaig 2019 d'fhonn alt 56 d'Acht na bPinsean a chomhlíonadh. Tá an chéad luacháil achtúireach iomlán eile le tabhairt chun críche ar an 31 Nollaig 2022.

(i) Méid arna ghearradh ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála

	Brabús agus Caillteanas 2022 €000	Brabús agus Caillteanas 2021 €000
Toradh Ionchais ar Shócmhainní	9,500	5,000
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin	(16,100)	(10,200)
Costas Seirbhíse Reatha (i)	(66,000)	(75,100)
Costas Iarseirbhíse	-	(6,500)
Costas Iomlán Pinsin na Scéime Sochair Sainithe	(72,600)	(86,800)

- (i) B'ionann agus €66.0m na costais Seirbhíse Reatha arna muirearú ar an gCuntas Brabúis, Caillteanais agus Leithghabhála in 2022 (2021: €75.1m) agus tá sé bunaithe ar thoisimhí achtúireacha a shocraítear ag tús gach bliana. Bhí an laghdú ar an muirear i gcomparáid le 2021 inchurtha go príomha don mhéadú ar an ráta lascaire ó 0.60% ar an 31 Nollaig 2020 go dtí 1.00% ar an 31 Nollaig 2021 agus don mhéadú leanúnach ar líon na foirne atá ag obair sa Bhanc Ceannais ón 1 Eanáir 2013 ar aghaidh, ar comhaltaí de scéim CARE iad (Meántuilleamh Athluacháilte Gairme).

B'ionann an toradh ar an gciste in 2022 agus -8.6% (2021: 10.7%).

Amhail ar an 31 Nollaig 2022, ní raibh aon bharrachas gan aithint roimhe sin asbhainte ó shocraíochtaí nó ó chiorrúcháin ná ní raibh gnóchain nó caillteanais ar shocraíochtaí nó ar chiorrúcháin.

(ii) Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar an Scéim Pinsin

An bhliain dar chríoch 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000	2020 €000	2019 €000	2018 €000
Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach ar an dliteanas pinsin	734,014	178,361	(231,228)	(291,921)	622
Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach ar shócmhainní an phlean	(90,372)	83,490	15,094	68,211	(34,533)
Iomlán	643,642	261,851	(216,134)	(223,710)	(33,911)

(iii) Aithint sa Chlár Comhardaithe

An bhliain dar chríoch 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000	2020 €000	2019 €000	2018 €000
Luach láithreach Oibleagáidí atá maoinithe go hiomlán nó go páirteach (iv)	(953,902)	(1,608,408)	(1,697,988)	(1,393,987)	(1,043,408)
Luach cóir shócmhainní an phlean (v)	893,740	945,093	829,418	783,815	679,157
Dlitéanas Glanphinsin	(60,162)	(663,315)	(868,570)	(610,172)	(364,251)

Déantar sócmhainní scéime pinsin a mheas ar luach cóir. Déantar dliteanas na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh “an aonaid réamh-mheasta”.

Barrachas de dhliteanas na scéime thar shócmhainní na scéime, léirítear é ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas.

Tá an laghdú suntasach ar an nglandlitéanas pinsin in 2022 á spreagadh go príomha ag an méadú mór ar an ráta lascaire a úsáideadh do 2022, is é sin 3.6% (2021: 1.0%) a d’easair as méadú ar thorthaí bannaí. Is ionann an glanchoigeartú ar chúlchistí an Bhainc Ceannais agus gnóthachan €643.6m (2021: €261.9m), atá inchurtha go príomha don ghluaiseacht ar an ráta lascaire a fhritháirítear go páirteach le caillteanas ar shócmhainní na Scéime agus caillteanas ar dhliteanas pinsin.

(iv) Gluaiseacht in Oibleagáidí na Scéime

	2022 €000	2021 €000	2020 €000	2019 €000	2018 €000
Luach Láithreach Tosaigh Oibleagáidí na Scéime	(1,608,408)	(1,697,988)	(1,393,987)	(1,043,408)	(993,442)
Costas Seirbhíse Reatha	(66,000)	(75,100)	(59,500)	(37,900)	(39,300)
Iarseirbhís (Cotas)	-	(6,500)	-	-	-
Pinsin Íoctha	17,943	17,273	15,442	14,691	14,519
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(14,991)	(13,930)	(13,062)	(13,843)	(6,632)
Aistrithe Faighte	(360)	(324)	(353)	(706)	(275)
Ús ar Dhliteanas na Scéime Pinsin	(16,100)	(10,200)	(15,300)	(20,900)	(18,900)
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	734,014	178,361	(231,228)	(291,921)	622
Luach Láithreach Deiridh Oibleagáidí na Scéime	(953,902)	(1,608,408)	(1,697,988)	(1,393,987)	(1,043,408)

(v) Gluaiseacht i Luach Cóir Shócmhainní an Phlean

	2022 €000	2021 €000	2020 €000	2019 €000	2018 €000
Luach Cóir Tosaigh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana)	945,093**	829,418	783,815	679,157	687,561
Toradh Ionchais	9,500	5,000	8,600	13,600	13,100
Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach	(90,372)	83,490	15,094	68,211	(34,533)
Ranníocaíochtaí an Fhostóra	32,111	30,204	23,936	22,989	20,641
Ranníocaíochtaí Fostaithe	14,991	13,930	13,062	13,843	6,632
Pinsin Íoctha	(17,943)	(17,273)	(15,442)	(14,691)	(14,519)
Aistrithe Faighte	360	324	353	706	275
Luach Cóir Deiridh Shócmhainní an Phlean (Luach Tairisceana)*	893,740	945,093**	829,418	783,815	679,157

* Ar áireamh i luach cóir shócmhainní an phlean, cuimsítear dhá chuntas bainc - Cuntas Caipitil Aoisliúntais agus Cuntas Oibre Aoisliúntais atá á sealbhú leis an mBanc Ceannais. B'ionann agus €0.1m an t-iarmhéid ar an gCuntas Caipitil Aoisliúntais agus ar an gCuntas Oibre Aoisliúntais amhail ar an 31 Nollaig 2022 (2021: €14.7m) agus €7.4m (2021: €6.9m) faoi seach.

** Luach measta sócmhainne a úsáideadh an 31 Nollaig 2021. Luach sócmhainne iarbhir a úsáideadh sna blianta roimhe seo. Luach sócmhainne iarbhir a úsáideadh do 2022.

(vi) Toimhdí Airgeadais

	2022 %	2021 %	2020 %	2019 %	2018 %
Ráta Lascaine	3.60	1.00	0.60	1.10	2.00
Ráta an Mhéadaithe ar Thuarastail Inphinsin	Boilsciú +1.40%	3.40	3.30	3.30	3.30
Ráta an Mhéadaithe ar Phinsin	Boilsciú +1.40%	3.40	3.30	3.30	3.30
Ráta Boilscithe Praghsanna	2.00^	2.00	1.90	1.90	1.90

^ D'fhonn freagairt d'ionchais maidir le boilsciú sa ghearrthéarma, cuirtear boilsciú toimhdithe praghsanna san áireamh de 6.3% do 2023 agus 3.4% do 2024, agus ansin 2.0% in aghaidh na bliana.

Ba é a bheadh mar iarmhairt ar mhéadú/laghdú 0.1% ar an ráta lascaine, laghdú/méadú comhréireach de thuairim is 2.2%/2.2% (2021: 2.7%/2.8%) ar dhliteanas na scéime.

Toimhdí Déimeagrafacha agus Toimhdí Eile

Is éard atá in ILT15 (fireann) & ILT15 (baineann), táblaí básmhairachta foilsithe arna n-ullmhú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Ríomhtar na hionchais saoil trí úsáid a bhaint as na rátaí báis sna táblaí seo.

	2022	2021
Básmhaireacht Réamhscoir	73% PNFL15 (fireann) 77% PNFL15 (baineann)	73% PNFL15 (fireann) 77% PNFL15 (baineann)
Básmhaireacht larscoir	58% PNFL15 (fireann) 62% PNFL15 (baineann)	58% PNFL15 (fireann) 62% PNFL15 (baineann)
Liúntas d'fheabhsúithe amach anseo ar bhásmhaireacht Scoir	Dearfach Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)	Dearfach Scoir leata go cothrom thar aois 60 go 65 (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)
Scor ar fhorais drochshláinte	Curtha san áireamh	Curtha san áireamh
Luathscor	As an áireamh	As an áireamh
Tarraingthe Siar	As an áireamh	As an áireamh
Céatadán atá pósta	90%	90%
Difríocht aoise idir chéilí	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile	Glactar leis go bhfuil fireannach 3 bliana níos sine ná a chéile
Ionchas Saoil Idir 60 agus 65 bliain d'aois agus seirbhís 40 bliain curtha isteach (dóibh siúd a bhfuil rogha acu dul ar scor ag aois 60)	Fireannach: 87.1 Baineannach: 89.4	Fireannach: 86.9 Baineannach: 89.3

(vii) Sócmhainní Phlean na Scéime

Aicme	Dáileadh	Dáileadh Fadtéarmach
	%	%
Bannaí	40.9	40.0
Cothromas	37.7	40.0
Maoín	10.9	10.0
Cistí ilsócmhainne (MAF)	9.2	10.0
Airgead Tirim	1.3	-
Iomlán	100.0	100.0

In 2014, d'fhorbair Coimisiún an Bhainc Ceannais cinneadh chun an cóimheas um dháileadh sócmhainní a athrú ó 50:50 bannaí/cothromas go dtí 40:40:10:10 bannaí/cothromas/réadmhaoín/MAF. In 2015, cuireadh tús leis an straitéis infheistíochta a bhain leis an gcomhdhéanamh nua agus tugadh chun críche í sa chéad leath de 2016. In 2020, d'athfhorbair an Coimisiún dáileadh fadtéarmach na sócmhainní agus d'fhorbair sé athdháileadh meántéarmach 5% ó chothromais go maoín. Rinneadh an t-athdháileadh seo tríd

an gciste roghnaithe réadmhaoine a thabhairt chun críche in 2022. Ní dhéanann an ciste infheistíocht dhíreach i maoin atá a háitiú ag an mBanc Ceannais.

Nóta 31: Soláthairtí

Foráladh do na méideanna seo a leanas an 31 Nollaig 2022:

	Iarmhéid Tosaigh			Scaoilte chuig B&C	Iarmhéid Deiridh
	2022	Cruthaithe	Úsáidte		2022
	€000	€000	€000	€000	€000
Soláthar i leith rioscaí airgeadais (i)	1,800,000	1,200,000	-	-	3,000,000
Nótaí Neamhfhuascailte an Phuint Éireannaigh (ii)	4,017	-	(514)	-	3,503
Soláthar um Athstruchtúrú (iii)	2,214	-	(1,112)	(811)	291
Iomlán	1,806,231	1,200,000	(1,626)	(811)	3,003,794

- (i) Tá soláthar ag an mBanc Ceannais i leith rioscaí airgeadais (Nóta 35). Bunaíodh an soláthar tar éis measúnú cuimsitheach ar na rioscaí airgeadais ábhartha a bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta orthu agus a thagann faoi raon feidhme na Treoirlíne. Sa mheasúnú sin, aithníodh neamhréir ráta úis ar an gClár Comhardaithe, rud a chiallaíonn go bhfuil an Banc Ceannais neamhchosanta ar chás ina méadódh rátaí úis ar dhliteanais níos tapúla ná sócmhainní thar an meántéarma, agus comhfhreagraíonn an soláthar do chás den sórt sin. Rinneadh an anailís bunaithe ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais ag deireadh na bliana agus baineadh leas as samhail airgeadais chun raon figiúirí caillteanas féideartha a bhain leis an riosca seo a chainníochtú. I bhfianaise na móréiginnteachta a bhaineann le rioscaí ráta úis a thomhas thar an meántéarma, baineadh úsáid as breithniúnas agus meastachán chun an riosca a mheasúnú agus chun soláthar iomchuí a chinneadh.

Áirítear soláthar €3,000.0m sa ráiteas cuntas don bhliain 2022, arb ionann é agus méadú €1,200.0m i gcomparáid leis an soláthar a rinneadh don riosca céanna in 2021 (2021: €1,800.0m). Tá an méadú á spreagadh go príomha ag rioscaí níos airde a eascraíonn as an neamhréir ráta úis ar an gClár Comhardaithe, rud a fhágann go bhfuil leibhéal méadaithe riosca ráta úis ann don Bhanc Ceannais (Nóta 1(m)(ii)).

- (ii) Scor nótaí an phuint Éireannaigh arna n-eisiúint ag an mBanc Ceannais roimhe seo de bheith ina nótaí dlíthairgthe le héifeacht ón 9 Feabhra 2002. Ó shin i leith, tá soláthar arna chothabháil ag an mBanc Ceannais i leith nótaí bainc IEP. Fuasclaíodh €0.5m as an soláthar sin in 2022, rud a fhágann gurbh é €3.5m an t-iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2022 (2021: €4.0m) (Nóta 34 (iii)).
- (iii) Baineann an soláthar um athstruchtúrú le cur chun feidhme samhla oibriúcháin athbhreithnithe airgid sa Lárionad Airgeadra, agus as sin úsáideadh €1.1m in 2022, scaoileadh €0.8m in 2022, agus baineann méid €0.3m atá fágtha le ceithre hiomarcaíocht chomhaontaithe atá le híoc in 2023 (Nóta 1(m)(iii)).

Nóta 32: Cuntais Athluachála

	2022 €000	2021 €000	Glanghluaiseacht ar Ghnóthachain Neamhréadaithe €000
Urrúis (i)	963,053	3,403,188	(2,440,135)
Airgeadra Eachtrach (ii)	495,154	316,466	178,688
Ór (iii)	300,675	268,814	31,861
Ciste Cothromais (iv)	133,690	182,395	(48,705)
Réadmhaoin Infheistíochta (Nóta 20(v))	(3,009)	5,192	(8,201)
Amhail ar an 31 Nollaig	1,889,563	4,176,055	(2,286,492)

- (i) Baineann an athluacháil urrús go príomha le gluaiseachtaí ar ghnóthachain caipitil neamhréadaithe a thig as luacháil dheireadh na bliana 2022 ar na hurrúis a fuarthas i ndiaidh leachtú IBRC. Tá an laghdú inchurtha do dhíolacháin NRCanna in 2022 arbh ionann a luach ainmniúil agus €3.0bn, mar aon le laghdú ar phraghsanna NRC. (Nóta 1 (j)(i), Nóta 16(ii)(a)).
- (ii) Tá an méadú ar luach airgeadra eachtraigh ag deireadh na bliana 2022 inchurtha go príomha do rátaí malairte eachtraí níos ísle ar airgeadraí USD agus SGD i gcomparáid le deireadh na bliana 2021 (Nóta 1(j)(i), Nóta 3(ii)(iii), Nóta 11(ii)(a), Nóta 12 (ii), Nóta 20(ii), (vii), Nóta 35).
- (iii) Tá an méadú ar an iarmhéid óir ag deireadh 2022 inchurtha don athrú ar mhargadhluach sealúchas óir mar aon le méadú ar shealúchais óir ó dheireadh na bliana 2021 go 2022 (Nóta 1 j(iv), Nóta 10).
- (iv) Tá an laghdú ar luach an chiste cothromais inchurtha do phraghsanna níos ísle cothromais ag deireadh na bliana 2022 i gcomparáid le deireadh na bliana 2021 (Nóta 1(j)(ii), (k), Nóta 20(iii), Nóta 35).

Is iad seo a leanas na rátaí malairte eachtraí a úsáidtear vis-à-vis an euro do luachálacha dheireadh na bliana 2022:

Airgeadra	2022 Ráta	2021 Ráta
Dollar na hAstráile	1.5693	1.5615
Dollar Ceanada	1.4440	1.4393
Yuan Renminbi na Síne	7.3582	7.1947
Krone na Danmhairge	7.4365	7.4364
Yen na Seapáine	140.6600	130.3800
CST	0.7989	0.8091
Dollar Shingepór	1.4300	1.5279
Steirling	0.8869	0.8403
Krona na Sualainne	11.1218	10.2503
Franc na hEilvéise	0.9847	1.0331
Dollar SA	1.0666	1.1326

Ba iad seo na praghsanna óir a úsáideadh:

Euro in aghaidh an unsa fhíneáilte

1,706.075 1,609.483

Nóta 33: Caipiteal agus Cúlchistí

	Caipiteal (i) €000	Cúlchiste Ginearálta €000	Cúlchiste Airgeadra €000	Iomlán €000
Amhail ar an 31 Nollaig 2020	30	4,632,414	351,648	4,984,092
Brabús coinnithe don bhliain (ii)	-	253,894	-	253,894
Gnóthachan Achtúireach ar an Scéim Pinsin (ii)	-	261,851	-	261,851
Amhail ar an 31 Nollaig 2021	30	5,148,159	351,648	5,499,837

	Caipiteal (i) €000	Cúlchiste Ginearálta €000	Cúlchiste Airgeadra €000	Iomlán €000
Amhail ar an 31 Nollaig 2021	30	5,148,159	351,648	5,499,837
Brabús coinnithe don bhliain (ii)	-	74,885	-	74,885
Gnóthachan Achtúireach ar an Scéim Pinsin (ii)	-	643,642	-	643,642
Scaoileadh an Chúlchiste Sócmhainní Dochta	-	(31)	-	(31)
Amhail ar an 31 Nollaig 2022	30	5,866,655	351,648	6,218,333

- (i) Faoi Alt 9(1) d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (arna leasú), socraítear caipiteal údaraithe an Bhainc Ceannais mar €50,790. Is ionann agus €30,474 an caipiteal atá eisithe agus íoctha agus a bhfuil gach cuid de ar seilbh ag an Aire Airgeadais. Beidh an t-iarmhéid iníoctha mar a aontóidh agus nuair a aontóidh an Coimisiún agus an tAire Airgeadais é.
- (ii) Faoi Rialacháin Bhanc Ceannais na hÉireann (Ioncam Barrachais) 1943, cheadaigh an Coimisiún go n-aistreofaí €718.5m chuig an gCúlchiste Ginearálta. Beidh an tsuim sin comhdhéanta de €74.9m ón gcuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála agus de ghnóthachan achtúireach de €643.6m a aithníodh sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais agus Leithghabhála (Nóta 30 (ii)).

Nóta 34: Dliteanais Theagmhasacha agus Ceangaltais**Dliteanais Theagmhasacha****(i) An Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta**

Sealbhaíonn an Banc Ceannais 8,564 scair sa Bhanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, mar atá 2,564 díobh láníoctha. Tá dliteanas teagmhasach ag an mBanc Ceannais i leith an iarmhéid (Nóta 1(r), Nóta 5(i), Nóta 20(vii)).

(ii) Sócmhainní Caipitil agus Cúlchiste Sócmhainní Eachtracha atá Geallta do BCE

Faoi Reacht CEBC, féadfar go n-iarrfar ar an mBanc Ceannais amach anseo, mar aon leis na BCNanna rannpháirteacha eile go léir, méideanna breise caipitil (Airteagal 28) agus cúlsócmhainní eachtracha (Airteagal 30) a aistriú chuig BCE (Nóta 1(r), Nóta 17, Nóta 18).

(iii) Nótaí Puint Éireannacha

Tá an Banc Ceannais faoi dhliteanas teagmhasach i leith nótaí puint nach bhfuil ina nótaí dlíthairgthe a thuilleadh ach a bhféadfaí a thíolacadh dó amach anseo. Amhail ar an 31 Nollaig 2022, bhí nótaí an phuint Éireannaigh arbh ionann a luach agus €223.2m fós amuigh (2021: €223.7m), a bhfuil soláthar €3.5m ag an mBanc ina leith (2021: €4.0m) (Nóta 1(r), Nóta 31(ii)).

(iv) Dlithíocht

Tá trí chás dlí ar siúl faoi láthair ag an mBanc Ceannais (2021: trí chás) a bhféadfaidh dliteanas don Bhanc Ceannais a bheith mar thoradh orthu i gcás ina bhfuil éilimh á ndéanamh i gcoinne an Bhainc Ceannais. Tá na caingne seo á gcosaint ag an mBanc Ceannais faoi láthair. Tá sé róluath toradh na gcaingne a chinneadh agus ní féidir eis-sreabhadh féideartha acmhainní eacnamaíocha a mheas go cruinn, dá bhrí sin, ní aithnítear aon soláthairtí dlíthiúla sna Ráitis Cuntas i leith na gcásanna sin (2021: Ceann ar bith) (Nóta 1(r)).

Ceangaltais

(i) Léasanna Oibriúcháin

Ní dheachaigh an Banc Ceannais faoi aon léas oibriúcháin nua in 2022 (Nóta 1(r)).

Íocaíochtaí Íosta Léasa amach anseo

	2022 €000	2021 €000
Tráth nach déanaí ná aon bhliain	93	102
Tar éis aon bhliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana	374	374
Tar éis cúig bliana	514	608
Iomlán	981	1,084
Íocaíochtaí Léasa Iarbhír	102	96

Nóta 35: Bainistíocht Riosca Airgeadais

Tá Clár Comhardaithe an Bhainc Ceannais neamhchosanta ar rioscaí airgeadais a éiríonn as feidhmiú a ról reachtúil i dtéarmaí an méid seo a leanas (i) beartas airgeadaíochta a chur chun feidhme laistigh den earnáil airgeadais intíre, (ii) gníomhaíochtaí infheistíochta a bhaineann le bainistiú chúlchistí an Bhainc Ceannais, (iii) gníomhaíochtaí íocaíochta agus socraíochta a oibriú agus (iv) páirt a ghlacadh mar bhanc ceannais de chuid an Eurochórais i dtionscnaimh níos leithne beartais airgeadaíochta amhail an APP agus an PEPP. I dtéarmaí an Chláir Chomhardaithe fhoriomláin, folaíonn na rioscaí seo go minic rioscaí a bhaineann le creidmheas, ráta úis, leachtacht agus ráta malairte eachtraí.

Féachann an Banc Ceannais leis na neamhchosaintí sin a rialú trí raon próiseas bainistíochta riosca a chothabháil chun rioscaí a shainaithint, a mheas, a bhainistiú agus chun faireachán a

dhéanamh orthu, laistigh de bheartais shainithe inmheánacha bainistíochta riosca agus faoi threoir creataí agus nósanna imeachta bainistíochta riosca de chuid an Eurochórais i gcás inar iomchuí. Bíonn gníomhaíochtaí an Bhainc Ceannais um bainistíocht riosca airgeadais á bhformhaoirsiú ag Coiste Riosca an Choimisiúin, a mbíonn an Coiste Bainistíochta Riosca (RMC) ag tacú leis, agus ag an Meitheal um Riosca Airgeadais (FRWG), rud a chinntíonn go gcloítear le caighdeáin agus beartais fhormheasta. Tá an RMC faoi chathaoirleacht an Leas-Ghobharnóra (Cobhsaíocht Airgeadaíochta agus Airgeadais).

Bíonn ceithre phríomhrannán sa Bhanc Ceannais i mbun rioscaí airgeadais an Bhainc Ceannais a bhainistiú ar bhonn gníomhach. Seolann an Rannán um Margaí Airgeadais (FMD) oibríochtaí beartais airgeadaíochta thar ceann BCE (lena n-áirítear ceannach sócmhainní faoin APP), déanann sé faireachán ar staid leachtachta na mbanc intíre agus cuireann sé gníomhaíochtaí infheistíochta i gcrích chun sócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais agus scair leithdháilte an Bhainc Ceannais i bpunann infheistíochta BCE a bhainistiú. Tá an Rannán um Íocaíochtaí agus Socraíochtaí Urrús (PSSD) freagrach, *inter alia*, as an méid seo a leanas: socraíochtaí íocaíochta euro laistigh de chreat an Chórais Ollsocráíochtaí Fíor-ama (TARGET2), forghníomhú gníomhaíochtaí cúloifige a bhaineann le hidirbhearta comhthaobhachta arna n-eascairt as cur chun feidhme beartais airgeadaíochta agus as socraíocht idirbheart a bhaineann le bainistiú phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais féin agus bainistiú scair an Bhainc Ceannais i bpunann infheistíochta BCE. Cinntíonn an Rannán um Rialú Airgeadais (FCD) go bhfuil cuntasáíocht staid airgeadais agus tuairisciú airgeadais an Bhainc Ceannais cruinn.

Mar an dara líne cosanta, is é an Rannán um Riosca Eagraíochtúil (ORD) atá freagrach, *inter alia*, as na beartais bainistíochta riosca a shainiú mar aon le measúnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí airgeadais i gcomhar leis na rannáin eile. Sainíonn an Banc Ceannais na creataí do theorainneacha infheistíochta, déanann sé dícheall cuí maidir le comhthaobhacht, déanann sé faireachán ar chomhlíonadh beartais airgeadaíochta agus beartais infheistíochta araon, agus déanann sé measúnú ar rioscaí reatha agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais. I gcomhréir le Téarmaí Tagartha Choiste Riosca an Choimisiúin, tá saor-rochtain rúnda ag Ceannasaí an Rannáin um Riosca Eagraíochtúil ar Chathaoirleach an Choiste, agus tá an t-údarás ag an gCoiste a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha agus rochtain leordhóthanach ag an rannán ar fhaisnéis chun a fheidhm a chomhlíonadh go héifeachtach agus go neamhspleách.

Anseo thíos, cuirtear síos ar bheartais agus ar bhearta bainistíochta riosca a fheidhmítear maidir le gach ceann de phríomh-neamhchosaintí airgeadais an Bhainc Ceannais.

Riosca Creidmheasa

Is ionann riosca creidmheasa agus riosca caillteanais a eascraíonn as mainneachtain ar thaobh iasachtaí, eistheora nó contrapháirtí a chuid oibleagáidí don Bhanc Ceannais a chomhlíonadh. Tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca creidmheasa a bhaineann le gníomhaíochtaí infheistíochta an Bhainc Ceannais trí bhíthin oibríochtaí beartais airgeadaíochta, lena n-áirítear bearta neamhchaighdeánacha amhail APP agus PEPP.

Déantar riosca creidmheasa i bpunanna infheistíochta an Bhainc Ceannais a rialú trí chóras de theorainneacha atá faofa ag an gCoimisiún agus atá bunaithe go príomha ar rátálacha seachtracha creidmheasa arna gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí áirithe rátála. Déantar an neamhchosaint chreidmheasa ar shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais a mhaolú trí chreat formheasta beartais infheistíochta a chur chun feidhme agus a chothabháil. Déantar rioscaí creidmheasa a eascraíonn as cur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais a rialú trí chritéir dhochta incháilitheachta do chontrapráirtithe a chur i bhfeidhm agus trí fhorálacha Airteagal 18.1 de Reacht CEBC a chomhlíonadh, lena n-áirithítear go bhfuil gach ceann d'oibríochtaí creidmheasa an Eurochórais (i.e. oibríochtaí beartais airgeadaíochta chun leachtacht a sholáthar agus creidmheas ionlae) bunaithe ar chomhthaobhacht leordhóthanach. Chun an riosca seo a rialú tuilleadh, áirithítear le Creat Measúnaithe Creidmheasa an Eurochórais (ECAE) go gcomhlíonfar ceanglas an Eurochórais maidir le hardchaighdeán chreidmheasa i leith na sócmhainní comhthaobhachta incháilithe go léir. De bhreis air sin, cuirtear bearta leanúnacha um rialú riosca i bhfeidhm freisin lena n-áirítear ciorruithe luachála, éarlais tosaigh agus athrúcháin. Más infheidhme, déantar an riosca creidmheasa don Bhanc Ceannais a mhaolú tuilleadh le sásraí roinnte caillteanas an Eurochórais lena ndéantar aon chaillteanas arna n-eascairt as oibríochtaí beartais airgeadaíochta a leithdháileadh i gcomhréir le scála caipitil BCNanna. I gcás oibríochtaí beartais airgeadaíochta arna gcomhthaobhú le hÉilimh Bhreise Chreidmheasa (i gcás an Bhainc Ceannais, comhthiomsú iasachtaí morgáiste Éireannacha le haghaidh tithe cónaithe), is é an BCN a ghlacann leis an gcomhthaobhacht ábhartha a iompróidh an riosca. Sa chás sin, déantar rioscaí a mhaolú tuilleadh trí mheasúnú bliantúil tiomnaithe díchill chuí a dhéanamh ar na hiasachtaí foluiteacha.

Riosca creidmheasa i ndáil le punanna a bhaineann le beartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta an Eurochórais, déantar é a bhainistiú i gcomhréir le creataí ábhartha an Eurochórais. Is é an Banc Ceannais a iompróidh, ar bhonn scair scála caipitil, caillteanas ionchasacha ar urrúis arna sealbhú mar chomhiomlán ag an Eurochóras i CMU, i CSPP agus i CBPP3, i dteannta le cion áirithe de PSPP agus PEPP. Ar leithligh, tá sealúcháis an Bhainc Ceannais in urrúis rialtas na hÉireann faoi PSPP agus PEPP ar seilbh ar bhonn riosca dílse.

Riosca Ráta Úis

Tagraíonn riosca ráta úis do riosca caillteanas ó athruithe díobhálacha i rátaí úis. Bíonn punanna infheistíochta an Bhainc Ceannais á mbainistiú i gcomhréir le paraiméadair bainistíochta riosca agus le creataí rialachais agus rialaithe arna bhformheas ag an gCoimisiún. Déantar comhlíonadh agus feidhmíocht i ndáil leis na beartais sin a fhíorú agus a thuairisciú don FRWG, don RMC agus Choiste Riosca an Choimisiúin.

Ceann de phríomhfhoinsí na neamhchosanta ar riosca ráta úis is ea íogaireacht luach shócmhainní airgeadais an Bhainc Ceannais i leith athruithe ar rátaí úis. Maolaíonn an Banc Ceannais an ghné seo den neamhchosaint ar riosca ráta úis ar chuid den phunann infheistíochta trí leithdháileadh chuig punann coinnithe go dtí aibíocht. Déantar sainroghanna bainistíochta riosca i ndáil leis an gcuid eile de na sócmhainní infheistíochta a shainiú trí

thagarmharc arna thiomsú go seachtrach, agus déantar na punanna infheistíochta a mheas agus a bhainistiú ina choinne sin. Déantar riosca ráta úis ar phunanna marcáil ón margadh de chuid an Bhainc Ceannais a ríomh agus a bhainistiú trí úsáid a bhaint as marthanacht leasaithe lena meastar íogaireacht luach punainne infheistíochta i leith athruithe ar thorthaí bannaí. Úsáidtear Luach faoi Riosca (LfR) agus Easnamh Ionchasach mar thomhas forlíontach ar riosca margaidh i leith phunanna an Bhainc Ceannais.

Ina theannta sin, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar riosca ráta úis ar a phunann de bhannaí caighdeánacha inmhargaidh Rialtas na hÉireann (nótaí ráta chomhlúthaigh nó NRCanna) a fuarthas i ndiaidh leachtú GNBS (Nóta 16(ii)(a)). De bhreis air sin, níl punanna atá á sealbhú ar chostas amúchta íogaireach do ghluaiseachtaí ráta úis, folaíonn sé seo neamhchosaintí an Bhainc Ceannais ar bheartas neamhchaighdeánach airgeadaíochta APP agus PEPP de chuid an Eurochórais.

Tagraíonn riosca ráta úis freisin do riosca reatha nó do riosca amach anseo do chaipitil agus do thuillimh an Bhainc Ceannais de thoradh gluaiseachtaí i rátaí úis a dhéanann difear do shuíomhanna a Chláir Chomhardaithe. Sa cháil seo, tá an Banc Ceannais neamhchosanta ar neamhréir ionchasach rátaí úis mar gheall ar shealúchais sócmhainní ráta sheasta faoi APP agus faoi PEPP, fad atá a dhliteannais ghaolmhara nasctha le rátaí (athraitheacha) beartais airgeadaíochta. D'fhonn an riosca seo a mheasúnú, déanann an Banc Ceannais measúnú rialta ar shuíomhanna a Chláir Chomhardaithe i gcomhthéacs gluaiseachtaí féideartha ar rátaí úis sna blianta atá le teacht, agus ríomhann sé raon staidrimh um thomhas riosca ó thorthaí leithdháilte brabúis. Mar chuid de seo, baintear úsáid as Luach faoi Riosca agus Easnamh Ionchasach, i dteannta le breithiúnas saineolach, chun leibhéal an riosca ráta úis ar Chlár Comhardaithe an Bhainc Ceannais a thomhas. Mar chuid dá mheasúnú ar riosca ráta úis, agus chun neamhréir ionchasach rátaí úis a shainaithint, measann an Banc Ceannais gur críonna an mhaise dó a sholáthar i leith rioscaí airgeadais a mhéadú faoi €1,200.0m go €3,000m do 2022 (Nóta 31).

Riosca Malairte Eachtraí

Tagraíonn riosca malairte eachtraí do riosca caillteanais de bharr athruithe ar rátaí malairte eachtraí. I gcomhthéacs a bhallraíochta sa limistéar euro agus an chur chuige dá réir sin maidir le hidirghabháil malairte eachtraí, tá formhór shócmhainní infheistíochta an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro. Déantar leithdháileadh straitéiseach chuig sealúchais sócmhainní ioncaim sheasta arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, ar bhonn fálaíthe agus neamhfhálaíthe araon, i gcomhthéacs phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais. Bunaíodh leithdháileadh airgeadra na punainne infheistíochta trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí cainníochtúla, as LfR agus tástáil struis mar aon le tosca cáilíochtúla éagsúla eile. Ag deireadh na bliana 2022, bhí punanna an Bhainc Ceannais ainmnithe in euro don chuid is mó, i dteannta le neamhchosaint ar shócmhainní áirithe ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn fálaíthe, agus neamhchosaint ar shócmhainní ioncaim sheasta in airgeadra eachtrach ar bhonn neamhfhálaíthe, agus sealúchais óir. Tá an Banc Ceannais neamhchosanta freisin ar riosca airgeadra trí shuíomh glansócmhainne i CSTanna an CAI. Bhí an neamhchosaint seo á sealbhú ar bhonn páirt-fhálaíthe in 2022 (Nóta 11, Nóta 12, Nóta 27).

Riosca Leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca a eascraíonn as easpa indíoltachta i dtaca le hinfheistíocht nach féidir a cheannach nó a dhíol sách sciobtha chun caillteanas a sheachaint nó a íoslaghdú i gcás athruithe díobhálacha ar phraghas. Maolaítear riosca leachtachta trí chuid de phunann infheistíochta an Bhainc Ceannais a leithdáileadh chuig punann leachtach marcáil ón margadh. D'fhonn comhchruinniú iomarcach a sheachaint, tá infheistíochtaí sa phunann marcáil ón margadh faoi réir teorainneacha eisiúna, rud a íoslaghdóidh neamhchosaint ar aon saincheist ar leith a d'fhéadfadh riosca géar leachtachta a chruthú i gcás inar gá an tsócmhainn a dhíol. Ina theannta sin, déantar teorainneacha eisiúna a chomhcheangal le rátálacha creidmheasa íosta chun go maolófar an dóchúlacht go dtarlódh diúscairtí neamhsceidéalta mar gheall ar an bhféidearthacht go ndéanfar eisiúint a íosghrádú faoi bhun thairseach fhormheasta an Bhainc Ceannais maidir le grád infheistíochta.

Cistí a Bhainistítear go Seachtrach

Ó 2018 i leith, tá punann cothromais á sealbhú ag an mBanc Ceannais atá faoi réir gluaiseachtaí ar phraghsanna cothromais (riosca praghaís). In 2021, bhunaigh an Banc Ceannais sealúchais i gcistí bannaí a bhainistítear go seachtrach agus atá faoi réir riosca malairte eachtraí, riosca creidmheasa, agus riosca ráta úis. Déantar rioscaí a bhaineann le cistí seachtracha a bhainistiú trí éagsúlú, trí shainorduithe infheistíochta dea-shainithe agus teorainneacha riosca, agus déanann an Banc Ceannais agus na bainisteoirí infheistíochta faireachán ar na rioscaí go rialta.

Nóta 36: Míreanna Lasmuigh den Chlár Comhardaithe

(i) Conarthaí Neamhaibithe in Airgeadra Eachtrach

	31 Nollaig 2022			31 Nollaig 2021		
	EUR 000	JPY 000	CST 000	EUR 000	JPY 000	CST 000
Ceannacháin Neamhaibithe	900,823	3,611	-	1,273,232	43,692	-
Díolacháin Neamhaibithe	(25)	(104,662,970)	(136,627)	(334)	(122,743,740)	(273,027)
Ceannacháin agus Díolacháin Neamhaibithe	900,798	(104,659,359)	(136,627)	1,272,898	(122,700,048)	(273,027)

Baineann na méideanna atá fós amuigh le conarthaí in airgeadra eachtrach arna n-úsáid chun neamhchosaintí malairte eachtraí a fhálú.

Tá na conarthaí malairte eachtraí go léir ceaptha teacht in aibíocht faoin 20 Iúil 2023.

(ii) Conarthaí Neamhaibithe i dToghchaithe

	2022 €000	2021 €000
Ceannacháin Neamhaibithe	775,000	860,000
Ceannacháin Neamhaibithe	775,000	860,000

Baintear úsáid as na conarthaí seo chun neamhchosaint ráta úis a fhálú agus chun infheistíochtaí a dhéanamh laistigh de theorainneacha formheasta. Níl ach infheistíochtaí EUR ar áireamh sna hiarmhéideanna.

Tháinig na conarthaí go léir in aibíocht faoin 8 Márta 2023.

Nóta 37: Páirtithe Gaolmhara

- (i) Cuireann an Banc Ceannais cuid mhór seirbhísí ar fáil don Aire Airgeadais, a scairshealbhóir aonair, agus do ranna agus do chomhlachtaí eile Rialtais.

Ba iad seo a leanas na príomhsheirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na bliana anuas go dtí an 31 Nollaig 2022:

- seirbhísí baincéireachta a sholáthar lena n-áirítear príomhchuntais an Rialtais a shealbhú (Nóta 25(ii))
- Monaí a sholáthar agus a eisiúint (Nóta 25(ii))
- An Clár d'urrúis Rialtas na hÉireann a choinneáil agus a chothabháil
- Oibríochtaí Eurochórais a riar chun iasachtaí a fháil agus a thabhairt lena n-áirítear fáil cistí faoi Chlár SURE, an ionstraim shealadach arna bunú ag an gCoimisiún Eorpach chun dul i ngleic le hiarmhairt COVID-19, trí iasachtaí a sholáthar do na Ballstáit a ndearnadh difear dóibh
- Gníomhú mar Thaisclann agus mar Ghníomhaire Fioscach i ndáil le comhaltas na hÉireann den CAI.

- (ii) Mar bhall rannpháirteach den CEBC, bíonn caidreamh leanúnach ag an mBanc Ceannais lei BCNanna eile agus le BCE. Is iad seo a leanas na príomh-iarmhéideanna a bhaineann le BCNanna eile agus le BCE:

- Ioncam úis agus úschostas ar mhíreanna a bhaineann le cur chun feidhme beartais airgeadaíochta (Nóta 2, Nóta 6, Nóta 14, Nóta 16, Nóta 23).
- Scair de bhrabúis BCE (Nóta 5(ii))
- Leas rannpháirteachais i gcaipiteal an BCE (Nóta 17)
- Éilimh atá coibhéiseach le haistriú cúlchistí eachtracha chuig an BCE (Nóta 18)
- Iarmhéid TARGET2 (Nóta 19)
- Nótaí bainc i gcúrsaíocht (Nóta 22, Nóta 28)
- Soláthairtí (Nóta 31)

- (iii) Tá an Banc Ceannais ar cheann de thrí scairshealbhóir sa “Chuideachta um Chúiteamh d’Infheisteoirí DAC” (ICCL) agus soláthraíonn sé seirbhísí riaracháin agus eile di, a ndéantar a gcostais a ghnóthú ón ICCL. Is é an Banc Ceannais an t-údarás maoirseachta chun críocha an Achta um Chúiteamh d’Infheisteoirí, 1998. Riarann an ICCL an scéim chúitimh d’infheisteoirí d’fhonn cliaint de chuid gnólachtaí infheistíochta teipthe a chúiteamh go páirteach. Le linn 2022, ghnóthaigh an Banc costais €0.8m (2021: €1.0m).

Amhail ar an 31 Nollaig 2022, bhí iarmhéid €73,381 dlite ón ICCL (2021: €63,648) (Nóta 20(vi)). Ullmhaíonn ICCL a Thuarascáil Bhliantúil agus a Ráitis Airgeadais iniúchta féin.

- (iv) Tá an Banc Ceannais freagrach as riaradh an Chiste Cúitimh Árachais de bhun an Achta Árachais (Leasú) 2018 a achtaíodh an 24 Iúil 2018. Bhí iarmhéid €27.5m (2021: €0.01m) á shealbhú leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2022 (Nóta 29(vi)).
- (v) Tá an Banc freagrach as an gCiste Réitigh Foras Creidmheasa a bhainistiú agus a riaradh de bhun alt 11(1) d'Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011. Bhí iarmhéid €60.7m (2021: €0.01m) á shealbhú leis an mBanc Ceannais thar ceann an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2022 (Nóta 29(iv)).
- (vi) An 1 Deireadh Fómhair 2008, bhunaigh an Banc Ceannais scéim mhaoinithe pinsin faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann 2003. Is é an Banc Ceannais a bhainistíonn agus a riarann an scéim ar mhaithe le leas a chuid fostaithe. I Nóta 30, leagtar amach sonraí maidir le ranníocaíochtaí an Bhainc Ceannais leis na cistí pinsin.
- (vii) Le linn dó réadmhaoin a cheannach i bhforbairt ilaonad, ceanglaíodh ar an mBanc Ceannais a bheith ina chomhalta de *Dublin Landings (Estate Management) Company Designated Activity Company*, cuideachta a bhainistíonn na comhlimistéir thart ar áitreabh an Bhainc Ceannais ag Cé an Phoirt Thuaidh. Le linn 2018, mar chuid de na struchtúir dhlíthiúla arna gcomhaontú an tráth a fuarthas an foirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh, bhí muirear ainmniúil arbh ionann é agus €100 i leith leas léasach i gcomhlimistéir atá tadhlach leis an bhfoirgneamh ag Cé an Phoirt Thuaidh á ghearradh ag an mBanc Ceannais ar *Dublin Landings (Estate Management) Company Designated Activity Company*. Tá an méid seo fós amuigh ag deireadh na bliana 2022.
- (viii) Le linn dó na foirgnimh ar a dtugtar *Dublin Landings 4* agus *Dublin Landings 5* (an t-áitreabh ar Shráid an Mhéara) agus atá lonnaithe i bhforbairt ilaonad a cheannach, ceanglaíodh ar an mBanc Ceannais a bheith ina chomhalta de *Dublin Landings (Estate Management) Company Designated Activity Company*, cuideachta a bhainistíonn na comhlimistéir thart ar áitreabh an Bhainc Ceannais ag Cé an Phoirt Thuaidh.

Nóta 38: Teagmhais i ndiaidh Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

(i) An Chróit ag teacht isteach san Eurochóras

De bhun Cinneadh 2022/1211/AE an 12 Iúil 2022 ón gComhairle, agus i gcomhréir le hAirteagal 140(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ghlac an Chróit an t-airgeadra aonair an 1 Eanáir 2023. I gcomhréir le hAirteagal 48.1 de Reachtaíocht CEBC, agus leis

na gníomhartha dlíthiúla arna nglacadh ag an gComhairle Rialaithe an 30 Nollaig 2022⁸⁶, d'íoc Hrvatska Narodna Banka an chuid a bhí fágtha dá shuibscríbhinn chaipitil le BCE. I gcomhréir le hAirteagal 48.1 agus le hAirteagal 30.1 de Reacht CEBC, d'aistrigh Hrvatska Narodna Banka a chuid cúlsócmhainní eachtracha chuig BCE arbh ionann iad agus a scair den chaipiteal suibscríofa. De thoradh an athraithe ar an scála caipitil tar éis do Hrvatska Narodna Banka teacht isteach san Eurochóras, tá scair an Bhainc Ceannais i gcaipiteal láníochta BCE (scála caipitil) gan athrú ag 1.3772%, fad a laghdaíodh scála caipitil an Bhainc Ceannais san Eurochóras ó 1.6934% go 1.6798% (Nóta 1(c)(iii)).

⁸⁶ Cinneadh BCE /2023/135 an 30 Nollaig 2022 ar láníoc caipitil, aistriú cúlsócmhainní eachtracha agus ranníocaíochtaí ag Hrvatska Narodna Banka chuig cúlchistí agus soláthair an Bhainc Ceannais IO L 17/94, 30 Nollaig 2022 Ich. 3; Comhaontú an 30 Nollaig 2022 idir Hrvatska Narodna Banka agus an Banc Ceannais Eorpach maidir leis an éileamh a chreidiúnaítear do Hrvatska Narodna Banka ag an mBanc Ceannais Eorpach faoi 30.3 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, IO L 17/96, 30 Nollaig 2022 Nollaig 2022 Ich. 4.

Nóta 39: Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais

			2022	2021
			€000	€000
Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais a Mhaoiniú	Ioncam Tobhaigh	Tobhaigh na bliana reatha Easnamh na bliana roimhe sin Ioncam Tobhaigh larchurtha a Fhorchúiteamh (i) Ioncam Tobhaigh larchurtha (ii) Ioncam Tobhaigh (iii) Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhráithe (iv) Ioncam Tobhaigh Iomlán	191,418 4,135 (5,964) 725 190,314 3,048 193,362	190,730 457 (5,964) - 185,223 858 186,081
	Soláthairtí	Soláthairtí Tosaigh do Thobhaigh Neamhíochta Tobhaigh Dhíscríofa Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíochta (v) Muirear don Bhliain	2,819 (517) (2,137) 165	3,377 (1,303) (2,819) (745)
	Glanmhaoiniú Thionscal na Rialála Airgeadais (Nóta 7(ii))		193,527	185,336
	Ioncam Eile	Táillí Margaidh Urrús Tobhach Breise Maoirseachta Ilghnéitheach Ioncam Eile (Nóta 7) Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhráithe (iv) Ioncam Eile Iomlán	3,498 2,071 22 5,591 (215) 5,376	2,304 2,164 244 4,712 - 4,712
	Ioncam Iomlán		198,903	190,048
	Fóirdheontas	Gníomhaíochtaí um Maoirseacht ar Mhargáí Urrús Costais Rialála Airgeadais eile nár gnóthaíodh Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhráithe (iv) Fóirdheontas ón mBanc Ceannais (vi)	8,185 16,242 (3,393) 21,034	9,723 18,318 (1,604) 26,437
	Maoiniú Iomlán Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais		219,937	216,485
Costais Ghníomhaíochtaí na Rialála Airgeadais	Caiteachais Dhíreacha	Tuarastail/Liúntais ÁSPC Soláthar Pinsin Caiteachais Foirne	85,652 8,891 16,537 111,080	83,502 8,640 16,053 108,195
		Oiliúint & Comhdhálacha Taisteal Gnó Táillí Gairmiúla Neamhphá eile Cumarsáid & TF Saoráidí, Cíos, Dímhéas Caiteachais Oibríochtúla Neamhphá	218 284 2,415 1,803 707 1,219 6,646	156 5 3,952 1,557 666 1,570 7,906
	Caiteachais Dhíreacha Iomlána		117,726	116,101
	Seirbhísí Tacaíochta	Áitribh & Saoráidí Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise Acmhainní Daonna Seirbhísí eile Seirbhísí Tacaíochta Iomlána (vii)	16,164 41,603 7,297 37,761 102,825	15,731 42,990 7,014 35,411 101,146
	Soláthairtí	Muirear um Athstruchtúrú don Bhliain	16	-
	Ioncam Eile	Fáltais Ilghnéitheacha	(329)	(127)
	Costais athdháilte	Costais tobhaigh NCID Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhráithe (iv)	(318) 17	(378) (257)
	Costais Iomlána Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais		219,937	216,485

(i) Ioncam Tobhaigh Iarchurtha a Fhorchúiteamh

Rinne an Banc Ceannais costais pinsin a thobhach ó 2015 go 2018 ar mhodh leata d'fhonn iarmhairt luaineachta pinsin thar thréimhse rollach deich mbliana a laghdú, rud a d'fhág go raibh ioncam tobhaigh €17.9m iarchurtha. In 2019, d'athraigh an Banc Ceannais an modh inar toibhíodh costais pinsin ó chostas seirbhíse leata reatha chuig bonn ranníocaíochta airgid. Tá an t-iarmhéid gan íoc d'ioncam tobhaigh iarchurtha, arb ionann é agus €17.9m, á ghnóthú ón tionscal thar thimthriallacha tobhaigh 2020 go 2022 agus, ar an gcaoi sin, déanfar difear do thobhaigh sna blianta féilire 2021 go 2023. Ar an mbonn sin, déanfar €6.0m a ghnóthú ón Tionscal i dtimthriall tobhaigh 2022.

(i) Ioncam Tobhaigh Iarchurtha

Bhí méaduithe suntasacha ar chostais rialála in earnáil na nGnólachtaí Creidmheasa Miondíola & Frithdhílse Teaghais (RCF/CSF) in 2021 de bharr formhaoirsiú méadaithe rialála agus maoirseachta. Ghlac an Banc Ceannais cinneadh chun cuid de thobhach RCF/CSF 2021 a iarchur, a bhain go príomha le hobair ar Fhiachas Anásta, agus chun an méid sin a bhailiú i dtráthchodanna cothroma i dTobhach 2022 agus i dTobhach 2023. Dá bhrí sin, déanfar €0.6m (50% de 2021, méid iarchurtha €1.1m) a ghnóthú i dTobhach 2022. Déanfaidh an Banc athbhreithniú ar chostais 2022 arna dtabhú laistigh den earnáil seo agus cinnfidh sé an nglacfar cur chuige comhchosúil maidir le Tobhach 2022. Bunaithe ar thoirimhdí 2021, áirítear iarchur ioncaim tobhaigh measta do 2022 arb ionann é agus €1.3m. Dá bhrí sin, áirítear iarchur ioncaim tobhaigh measta iomlán arb ionann é agus €0.7m (€1.3m-€0.6m), rud a laghdaíonn ioncam tobhaigh 2022.

(iii) Ioncam Tobhaigh

Seasann Ioncam Tobhaigh do mheastachán ar thobhaigh a bhilleálfar bunaithe ar chostais iarbhír na bliana reatha agus rátaí gnóthaithe formheasta. Déantar é seo a choigeartú i leith ghnóthú an ioncaim tobhaigh (i) ioncam tobhaigh iarchurtha (ii) agus aon bharrachas/easnamh tugtha ar aghaidh. Sa tábla thíos, tá miondealú ar ioncam tobhaigh iarbhír 2021.

	Ioncam Tobhaigh Measta 2022	Ioncam Tobhaigh Iarbhír 2021 A (C+D-B) €000	Easnamh/ (Barrachas) 2020 B €000	Méid a toibhíodh i leith Thobhaigh 2021 C €000	Easnamh/ (Barrachas) 2021 D €000
Institiúidí Creidmheasa		75,979	(47)	76,048	(116)
Gnóthais Árachais		48,718	1,514	50,564	(332)
Idirghabhálaithe & Gnólachtaí Bainistithe Fiachais		6,044	(1,687)	7,583	(3,226)
Gnólachtaí Urrús agus Infheistíochta		37,052	(83)	37,233	(264)
Cistí Infheistíochta		12,550	(301)	12,497	(248)
Comhair Chreidmheasa		6,042	(1)	6,041	-
Iasachtóirí Airgid		571	17	588	-
Comhlachtaí Gairmiúla Ceadaithe		10	-	10	-
Bureaux de Change		15	1	16	-
Gnólachtaí Frithdhílse Teaghais, Creidmheasa Miondíola & Seirbhísithe Creidmheasa		2,641	103	2,700	44
Seirbhísí Íocaíochta & Institiúidí Ríomh-Airgid		3,561	27	3,581	7
Maoiniú Iomlán	195,553	193,183	(457)	196,861	(4,135)
Ioncam Tobhaigh Pinsin larchurtha a Fhorchúiteamh (i)	(5,964)	(5,964)			
Ioncam Tobhaigh larchurtha (ii)	725	1,052			
Ioncam Tobhaigh	190,314	188,271			

(iv) Athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe

Is ionann athraitheas na bliana roimhe sin ar bhonn fabhraithe agus an difríocht idir ioncam tobhaigh 2021 a fabhraíodh i gCuntaí Bhliantúla 2021 agus an ceanglas maoiniúcháin deiridh chun costais 2021 a chumhdach. Baineann an chuid is mó den difríocht idir an ceanglas maoiniúcháin measta agus deiridh do 2021 le toimhdí athbhreithnithe maidir le samhail tobhaigh deiridh 2021.

	2021 Deiridh €000	Fabhraithe 2021 €000	Athraitheas €000
Tobhaigh na Bliana Reatha	192,726	190,730	1,996
Barrachas na Bliana Roimhe sin	457	457	-
Ceanglas Maoiniúcháin	193,183	191,187	1,996
Ioncam Tobhaigh Pinsin larchurtha a Fhorchúiteamh	(5,964)	(5,964)	-
Ioncam Tobhaigh larchurtha	1,052	-	1,052
Ioncam Tobhaigh 2021	188,271	185,223	3,048
Athraitheas na Bliana roimhe sin ar bhonn Fabhraithe	858	858	-
Ioncam Tobhaigh Iomlán	189,129	186,081	3,048
Muirear Soláthar	(168)	(745)	577
Ioncam Eile	4,497	4,712	(215)
Fóirdheontas ón mBanc Ceannais	23,044	26,437	(3,393)

Maoiniú Iomlán Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais	216,502	216,485	17
Costais Iomlána Gníomhaíochtaí Rialála Airgeadais	216,502	216,485	17

(v) Soláthairtí Deiridh do Thobhaigh Neamhíochta

Coinníonn an Banc Ceannais soláthairtí i leith tobhach a bheidh fós gan íoc ag deireadh na bliana. Bíonn tobhaigh dlite laistigh de 28 lá tar éis na sonraisc a eisiúint agus tuairiscítear mar thobhaigh gan íoc iad ó lá 29 ar aghaidh. Is é is cuspóir don bheartas soláthar iomlán a dhéanamh i leith tobhach a bhaineann leis na blianta roimhe sin agus soláthar páirteach a dhéanamh i leith tobhach gan íoc a bhaineann leis an mbliain reatha. Téitear sa tóir ar thobhaigh gan íoc mar chuid den phróiseas leanúnach aisghabhála fiachais.

(vi) Fóirdheontas ón mBanc Ceannais

Le comhaontú an Aire Airgeadais, tá an cion ábhartha de chostais iomlána gníomhaíochtaí rialála airgeadais á íoc ó 2007 i leith trí thobhaigh a ghearradh ar an tionscal. Soláthraíonn an Banc Ceannais iarmhéid na gcostas iomlán bliantúil i gcomhréir le hAlt 32I d'Acht an Bhainc Cheannais 1942 (mar atá arna leasú).

Ó 2007 i leith, thabhaigh an Banc Ceannais, le ceadú an Aire airgeadais, costais i leith gníomhaíochtaí áirithe maoirseachta ar mhargaí urrús (a bhaineann leis an Treoir Réamheolaire, an Treoir um Dhrochúsáid Margaidh, an Treoir Trédhearcachta agus an Treoir um Dhíol Folamh) a dhéantar san eagraíocht. Déantar costas iomlán na ngníomhaíochtaí sin don Bhanc Ceannais a laghdú le táillí Margaidh Urrús a áirítear faoi Ioncam Eile. Déantar na costais mheasta atá fágtha i dtaca le maoirseacht ar mhargaí urrús, arb ionann iad agus €8.2m (2021: €9.7m), a áireamh in Fóirdheontas.

(vii) Seirbhísí Tacaíochta

Faigheann na Stiúrthóireachtaí Rialála Airgeadais seirbhísí éagsúla lena n-áirítear áitreabh, riarachán acmhainní daonna, cuntasáíocht, iniúcháireacht inmheánach, seirbhísí staidrimh agus teicneolaíochta faisnéise ó stiúrthóireachtaí seirbhísí tacaíochta sa Bhanc Ceannais. Is ionann costas measta na seirbhísí sin sa bhliain reatha agus €102.8m (2021: €101.0m).

Nóta 40: Comparáidí

Rinneadh faisnéis chomparáideach áirithe a athaicmiú chun go mbeadh sí comhsheasmhach le nochtadh faisnéise na bliana reatha (Nóta 2(ii), Nóta 2(viii), Nóta 2(ix), Nóta 2(xv), Nóta 7(iii), Nóta 21(i), Nóta 21(ii)).

Nóta 41: Faomhadh na gCuntas

D'fhaomh an Coimisiún an Ráiteas Cuntas an 18 Aibreán 2023.

T: +353 (0)1 224 6000
www.centralbank.ie
publications@centralbank.ie

Bosca PO 559, Baile Átha Cliath 1, Éire
PO Box 559, Dublin 1, Ireland